ISSN 1977-0839

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

**Eagrán Speisialta ***

**2 Márta 2013**

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta** ([1]) ..... 1

★ **Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair** ([1]) 52

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ

2013/106/AE:

★ **Cinneadh ón gComhairle Eorpach an 11 Bealtaine 2012 maidir le comhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát do dhéanamh scrúdú ar an leasú ar na Conarthaí arna mholadh ag Rialtas na hÉireann i bhfoirm Prótacail maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan Coinbhinsiún a chomóradh** ..... 129

**Prótacal maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin** ..... 131

(ar leanúint ar an gcéad leathanach eile)

**Praghas: EUR 7**

([1]) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 60 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

**Ceartúchán**

★ **Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú** (IO L 201, 27.7.2012) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge) ........................ 140

GA

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) Uimh. 167/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 5 Feabhra 2013**

**maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) D'fhonn an margadh inmheánach a chur chun cinn, rinneadh córas cuimsitheach cineálcheadaithe Aontais le haghaidh tarracóirí, a leantóirí agus trealaimh idirmhalartaithe ar tarraingt a bhunú le Treoir 2003/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le cineálcheadú tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta, a leantóirí agus innealra idirmhalartaithe ar tarraingt, mar aon lena gcórais, lena gcomhpháirteanna agus lena n-aonaid theicniúla ar leithligh [3].

(2) Chun críocha fhorbairt agus oibriú mhargadh inmheánach an Aontais, is iomchuí nós imeachta cineálcheadaithe de chuid an Aontais, arna bhunú ar phrionsabal an chomhchuibhithe iomláin, a chur in ionad na gcóras ceadaithe atá ag na Ballstáit, agus ag an am céanna cúrsaí costais is tairbhe a chur san áireamh go cuí agus aird ar leith a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

(3) Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa agus é mar aidhm glacadh na reachtaíochta maidir le cineálcheadú a shimpliú agus a luathú, tugadh isteach cur chuige rialaitheach nua i reachtaíocht cineálcheadú feithicle an Aontais ar i gcomhréir leis a dhéanann an reachtóir sa ghnáthnós imeachta reachta na rialacha bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha amháin a leagan amach agus an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le tuilleadh mionsonraí teicniúla a tharmligean chuig an gCoimisiún. Maidir le ceanglais shubstainteacha, níor cheart, dá bhrí sin, nach ndéanfaí leis an Rialachán seo ach forálacha bunúsacha maidir le sábháilteacht fheidhmiúil, le sábháilteacht cheirde agus le feidhmíocht chomhshaoil a leagan síos agus ba cheart go ndéanfaí an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na sonraíochtaí teicniúla a leagan síos i ngníomhartha tarmligthe.

(4) Tá ceanglais an Rialacháin seo i gcomhréir leis na prionsabail atá cumhdaithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2002 dar teideal "Plean gníomhaíochta 'An timpeallacht rialála a shimpliú agus a fheabhsú'".

(5) Tá sé tábhachtach go háirithe, go gcomhlíonfaidh bearta todhchaí a bheartófar ar bhonn an Rialacháin seo nó nósanna imeachta a bheidh le cur chun feidhme agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm na prionsabail sin atá athdhearbhaithe sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún sa bhliain 2006 dar teideal "CARS 21: Córas Rialúcháin Iomaíoch Feithicleach don 21ú hAois", ("CARS 21"). Chun críocha rialála níos fearr agus chun críocha an tsimplithe, agus chun síor-uasdátú a sheachaint ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le saincheisteanna faoi shonraíochtaí teicniúla, ba cheart, go háirithe, tagairt a dhéanamh sa Rialachán seo do na caighdeáin idirnáisiúnta agus do na rialacháin idirnáisiúnta atá ar fáil don phobal cheana gan iad a atáirgeadh i gcreat dlí an Aontais.

---

[1] IO C 54, 19.2.2011, lch. 42.

[2] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2012. (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2013.

[3] IO L 171, 9.7.2003, lch. 1.

(6) Ós rud é nach bhforáiltear i dTreoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh i gcoinne astaíocht truailleán gásach agus cáithníneach ó innill dó inmheánach atá le suiteáil in innealra soghluaiste neamhbhóthair ([1]) ná i dTreoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra ([2]) ná sa Rialachán seo do cheanglais deartha agus tógála chun sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú d'innealra soghluaiste neamhbhóthair féinghluaiste atá ceaptha lena úsáid go sonrach i dtalmhaíocht agus i bhforaoiseacht, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dlíthe na mBallstát sin a chomhchuibhiú sa réimse sin, agus breithniú a dhéanamh i dtaobh beart reachtach a thogradh chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana féin á cur san áireamh.

(7) Ba cheart don Rialachán seo bheith gan dochar do bhearta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta a úsáid ar an mbóthar, amhail ceanglais shonracha maidir le ceadúnais tiománaithe, teorainneacha leis an uasluas nó bearta lena rialáiltear an rochtain ar bhóithre áirithe.

(8) Mar chéim thosaigh, chuir Treoir 2003/37/CE teorainn le cur i bhfeidhm éigeantach nós imeachta cineálcheadaithe feithicle iomláine CE do chatagóirí feithiclí T1, T2 agus T3 agus níor fhoráladh léi do na ceanglais uile ba ghá chun cur isteach ar chineálcheadú feithicle iomláine CE ar bhonn deonach le haghaidh catagóirí eile. Chun an margadh inmheánach a chomhlánú agus chun a áirithiú go n-oibríonn sé i gceart, ba cheart don Rialachán seo cead a thabhairt do mhonaróirí cur isteach ar bhonn deonach ar chineálcheadú feithicle iomláine AE do na catagóirí uile atá cumhdaithe leis an Rialachán seo, rud a d'fhágfadh go mbeidís in ann leas a bhaint as na sochair a ghabhann leis an margadh inmheánach trí bhíthin cineálcheadú AE.

(9) Foráladh le Treoir 2003/37/CE do chineálcheadú feithicle iomláine CE d'fheithiclí uile-raon agus feithiclí taobh le taobh mar tharracóirí. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfaí na cineálacha sin feithiclí a chumhdach freisin leis an Rialachán seo, ar choinníoll go dtagann an cineál feithicle lena mbaineann laistigh de chatagóir feithiclí amhail dá dtagraítear sa Rialachán seo agus go bhfuil ceanglais uile an Rialacháin seo á gcomhlíonadh acu.

(10) Tá oibleagáidí na n-údarás náisiúnta a leagtar síos sna forálacha um fhaireachas margaidh sa Rialachán seo níos sainiúla ná na forálacha comhfhreagracha atá i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú ([3]).

(11) Chun ardleibhéal sábháilteachta feidhmiúla, ardleibhéal sábháilteachta ag an obair agus ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú, ba cheart comhchuibhiú a dhéanamh ar na ceanglais theicniúla agus ar na caighdeáin chomhshaoil is infheidhme maidir le feithiclí, le córais, le comhpháirteanna agus le haonaid theicniúla ar leithligh, faoi mar a bhaineann na nithe sin le cineálcheadú.

(12) Is iomchuí prionsabal a bhunú nach foláir feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ar bhealach a íoslaghdaíonn an riosca gortaithe do dhaoine atá i bhfeithicil agus d'úsáideoirí eile bóthair. Chun na críche sin, is gá go n-áirithíonn monaróirí go gcomhlíonann na feithiclí na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh ceanglais i ndáil le sláine struchtúr na feithicle, le córais a chuideodh le smacht an tiománaí ar an bhfeithicil, le córais a sholáthródh infheictheacht agus faisnéis don tiománaí faoi staid na feithicle agus faoin spás a thimpeallaíonn í, le córais soilsithe feithicle, le córais cosanta do dhaoine atá i bhfeithicil, leis an taobh amuigh den fheithicil agus le gabhálais de chuid feithicle, le maiseanna agus toisí na feithicle, le boinn na feithicle agus le hardchórais feithicle agus le nithe éagsúla eile san áireamh sna forálacha sin, ach gan a bheith teoranta do na ceanglais sin.

(13) D'fhonn a áirithiú go bhfuil an nós imeachta chun faireachán a dhéanamh ar an gcomhréireacht táirgeachta, atá ar cheann de bhunchlocha chóras cineálcheadaithe an AE, curtha chun feidhme i gceart agus go bhfeidhmíonn sé mar is ceart, ba cheart d'údarás inniúil nó do sheirbhís theicniúil a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aici agus a ainmníodh chun na críche sin na monaróirí a sheiceáil go rialta.

(14) I gcásanna áirithe ar cásanna iad atá teoranta, is iomchuí cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga a cheadú. Ba cheart an méid sin a shrianadh do líon teoranta feithiclí, áfach. Dá bhrí sin, is gá coincheap na sraithe bige a shainmhíniú go beacht i dtéarmaí líon na bhfeithiclí a bheidh le táirgeadh.

(15) Is é príomhchuspóir reachtaíocht an Aontais maidir le ceadú feithiclí a áirithiú go soláthraíonn feithiclí nua, comhpháirteanna nua agus aonaid theicniúla ar leithligh nua a chuirtear ar an margadh ardleibhéal sábháilteachta agus ardleibhéal cosanta comhshaoil. Níor cheart dochar a dhéanamh don chuspóir sin trí pháirteanna áirithe nó trí threalamh áirithe a fheistiú tar éis do na feithiclí a bheith curtha ar an margadh nó a bheith curtha i

([1]) IO L 59, 27.2.1998, lch. 1.
([2]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.
([3]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 30.

seirbhís. Dá bhrí sin, ba cheart bearta iomchuí a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh páirteanna agus trealamh ar féidir iad a fheistiú i bhfeithiclí agus a d'fhéadfadh dochar suntasach a dhéanamh d'fheidhmiú na gcóras atá riachtanach le haghaidh sábháilteachta nó le haghaidh chosaint an chomhshaoil, faoi réir rialú roimh ré ag údarás ceadaithe sula gcuirtear ar an margadh iad. Ba cheart forálacha teicniúla maidir leis na ceanglais ar gá do na páirteanna nó don trealamh sin iad a chomhlíonadh a bheith mar chuid de na bearta sin.

(16) Níor cheart feidhm a bheith ag bearta den chineál sin ach amháin maidir le líon teoranta páirteanna agus trealaimh, ar cheart don Choimisiún an liosta díobh a bhunú i ngníomh cur chun feidhme tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara. Ba cheart a áirithiú leis na bearta nach ndéanann na páirteanna nó an trealamh atá i gceist dochar do shábháilteacht nó d'fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle agus, ag an am céanna, iomaíocht a chaomhnú sa mhargadh iardhíola aon uair is féidir.

(17) Is páirtí conarthach é an tAontas i gComhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantais fhrithpháirtigh i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ("Comhaontú Leasaithe 1958") ([1]). Chun an reachtaíocht maidir le cineálcheadú a shimpliú i gcomhréir leis na moltaí i dtuarascáil CARS 21, is iomchuí gach Treoir ar leithligh a aisghairm gan an leibhéal cosanta a laghdú. Ba cheart na ceanglais a leagtar amach sna Treoracha sin a thabhairt anonn go dtí an Rialachán seo nó go dtí na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus ba cheart, i gcás inarb iomchuí, tagairtí do na rialacháin chomhfhreagracha de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE) ar vótáil an tAontas ina bhfabhar nó dá bhfuil an tAontas aontaithe, agus atá i gceangal le Comhaontú Leasaithe 1958, a chur ina n-ionad. Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le próiseas an chineálcheadaithe a laghdú, ba cheart cead a thabhairt do mhonaróirí feithiclí cineálcheadú a lorg i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí, go díreach trí cheadú a fháil faoi rialacháin ábhartha CENAE dá dtagraítear in Iarscríbhinn I nó sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

(18) Dá thoradh sin, ba cheart rialacháin CENAE maille leis na leasuithe orthu ar vótáil an tAontas ina bhfabhar, i bhfeidhmiú Chinneadh 97/836/CE, a ionchorprú i reachtaíocht cineálcheadaithe an AE. Dá réir sin, ba cheart an chumhacht chun na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán nó ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a tharmligean chuig an gCoimisiún.

([1]) Treoir 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

(19) De rogha air sin, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh i ngníomhartha tarmligthe do Chóid arna mbunú ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) nó do chaighdeáin CEN/Cenelec nó do chaighdeáin ISO atá ar fáil go díreach don phobal agus a bhfuil tagairt díobh iontu.

(20) Tá sé tábhachtach go soláthraíonn monaróirí faisnéis ábhartha d'úinéirí feithiclí chun mí-úsáid feistí sábháilteachta a chosc.

(21) Chun ligean do mhonaróirí comhpháirteanna nó do mhonaróirí aonad teicniúil ar leithligh iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE le haghaidh comhpháirteanna nó le haghaidh aonad teicniúil ar leithligh nó le haghaidh údaraithe, is tábhachtach freisin go mbeidh rochtain ag na monaróirí sin ar fhaisnéis áirithe nach féidir a fháil ach amháin ó mhonaróir na feithicle, amhail an fhaisnéis theicniúil, lena n-áirítear léaráidí, faisnéis is gá chun páirteanna a fhorbairt le haghaidh an mhargaidh iardhíola.

(22) Tá gá le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis faoi dheisiú feithiclí, trí fhormáid chaighdeánaithe ar féidir í a úsáid chun an fhaisnéis theicniúil a aisghabháil, agus le hiomaíocht éifeachtach ar an margadh do sheirbhísí a bhaineann le deisiú feithiclí agus le faisnéis chothabhála faoi fheithiclí chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, go háirithe maidir le saorghluaiseacht earraí, saoirse bhunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar. Baineann sciar mór den fhaisnéis sin le córais dhiagnóiseacha ar bord agus leis an gcaoi a n-oibríonn siad le córais eile san fheithicil. Is iomchuí sonraíochtaí teicniúla a leagan síos ar cheart do shuíomhanna gréasáin na monaróirí cloí leo, mar aon le spriocbhearta a leagan síos chun a áirithiú go mbíonn rochtain réasúnach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide.

(23) Ina theannta sin, ba cheart go dtabharfaí de chead do mhonaróirí feithiclí a n-oibleagáidí chun rochtain a bheith ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil maidir leis na prótacail chumarsáide idir tarracóirí agus trealamh ar tarraingt nó trealamh suiteáilte, mar a shainítear in ISO 11783, trí nasc do láithreán gréasáin arna chur ar bun go comhpháirteach ag roinnt monaróirí nó ag cuibhreannas monaróirí a sholáthar ar láithreán gréasáin an mhonaróra.

(24) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ([2]).

([2]) IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(25) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le tuilleadh sonraí breise, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le sábháilteacht fheidhmiúil, ceanglais tógála, feidhmíocht rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil agus ceapadh cúraimí údaraithe sonracha seirbhísí teicniúla. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas aige, a áirithiú go ndéantar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(26) Ba cheart do Bhallstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus ar fhorálacha na ngníomhartha tarmligthe nó na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(27) Cé nach ndéantar, le haon ní atá sa Rialachán seo, cosc a chur ar Bhallstáit leanúint de bheith ag cur a gcuid córas ceadaithe aonair féin i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoibriú na gcóras náisiúnta sin, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit, chun go bhféadfaí athmhachnamh a dhéanamh ar an gceist i dtaobh an ndéanfar togra reachtach maidir le comhchuibhiú na gcóras ceadaithe aonair ar leibhéal an Aontais a thíolacadh.

(28) Mar thoradh ar fheidhmiú an chórais rialúcháin nua atá leagtha síos leis an Rialachán seo, ba cheart na Treoracha seo a leanas a aisghairm:

— Treoir 2003/37/CE,

— Treoir 74/347/CEE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1974 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis an raon radhairc agus leis na cuimilteoirí gaothscátha do tharracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta [1],

— Treoir 76/432/CEE ón gComhairle an 6 Aibreán 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí coscánaithe tarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta [2],

— Treoir 76/763/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le suíocháin phaisinéirí le haghaidh tarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta [3],

— Treoir 77/537/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh i gcoinne astaíochtaí truailleán ó innill díosail atá le húsáid i dtarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta [4],

— Treoir 78/764/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le suíochán an tiománaí ar tharracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí [5],

— Treoir 80/720/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1980 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis an spás oibriúcháin, le rochtain ar an suíomh tiomána agus le dorais agus le fuinneoga i dtarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí [6],

— Treoir 86/297/CEE ón gComhairle an 26 Bealtaine 1986 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cumhachtdúiseacht agus le cosaint tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí [7],

— Treoir 86/298/CEE ón gComhairle an 26 Bealtaine 1986 maidir le struchtúir chosanta iompaithe cúlsuite do tharracóirí caolriain talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí [8],

— Treoir 86/415/CEE ón gComhairle an 24 Iúil 1986 maidir le suiteáil, suíomh, oibriú agus sainaithint rialtán tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí [9],

— Treoir 87/402/CEE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1987 maidir le struchtúir chosanta iompaithe do tharracóirí caolriain talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí atá suite chun tosaigh ar shuíochán an tiománaí [10],

— Treoir 2000/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2000 maidir leis an ngníomhaíocht atá le glacadh i gcoinne astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach ó innill atá ceaptha chun tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí a chumhachtú [11],

— Treoir 2009/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann le struchtúir chosanta iompaithe do tharracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí [12],

[1] IO L 191, 15.7.1974, lch. 5.
[2] IO L 122, 8.5.1976, lch. 1.
[3] IO L 262, 27.9.1976, lch. 135.
[4] IO L 220, 29.8.1977, lch. 38.
[5] IO L 255, 18.9.1978, lch. 1.
[6] IO L 194, 28.7.1980, lch. 1.
[7] IO L 186, 8.7.1986, lch. 19.
[8] IO L 186, 8.7.1986, lch. 26.
[9] IO L 240, 26.8.1986, lch. 1.
[10] IO L 220, 8.8.1987, lch. 1.
[11] IO L 173, 12.7.2000, lch. 1.
[12] IO L 261, 3.10.2009, lch. 1.

— Treoir 2009/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann le feiste chúplála agus cúlú tarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta ([1]),

— Treoir 2009/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann le scátháin chúlfhéachana do tharracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta ([2]),

— Treoir 2009/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann le huasluas dearaidh tarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta agus maidir le hardáin iompair dóibh ([3]),

— Treoir 2009/61/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann le feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil ar tharracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta ([4]),

— Treoir 2009/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann le páirteanna agus saintréithe áirithe de chuid tarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta ([5]),

— Treoir 2009/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le cosc a chur le trasnaíocht raidió arna táirgeadh ag tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach) ([6]),

— Treoir 2009/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le trealamh stiúrtha tarracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta ([7]),

— Treoir 2009/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le cineálcheadú comhpháirte a dhéanamh ar fheistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta ar tharracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí ([8]),

— Treoir 2009/75/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le struchtúir chosanta iompaithe tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí (tástáil statach) ([9]),

— Treoir 2009/76/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis an leibhéal torainn a bhraitheann tiománaithe ó tharracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta ([10]),

— Treoir 2009/144/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le comhpháirteanna agus saintréithe áirithe tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta le rothaí ([11]).

(29) Is tábhachtach do na páirtithe leasmhara uile tuiscint shoiléir a bhunú ar an ngaol idir an Rialachán seo agus Treoir 2006/42/CE, chun forluí a sheachaint agus na ceanglais is gá do tháirge sonrach a chomhlíonadh a bhunú go soiléir.

(30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis na ceanglais riaracháin agus theicniúla do chineálcheadú agus d'fhaireachas margaidh i gcás feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr, dá bhrí sin, mar gheall ar a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

**ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE**

*Airteagal 1*

## Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear na ceanglais riaracháin agus theicniúla le haghaidh chineálcheadú AE a dhéanamh ar gach feithicil nua, gach córas nua, gach comhpháirt nua agus gach aonad teicniúil ar leithligh nua dá dtagraítear in Airteagal 2(1).

Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceadú feithiclí aonair. Glacfaidh Ballstáit a dheonaíonn na ceaduithe aonair den sórt sin, áfach, le haon chineálcheadú ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh a dheonaítear faoin Rialachán seo in ionad glacadh leis faoi na forálacha ábhartha náisiúnta.

([1]) IO L 198, 30.7.2009, lch. 4.
([2]) IO L 198, 30.7.2009, lch. 9.
([3]) IO L 198, 30.7.2009, lch. 15.
([4]) IO L 203, 5.8.2009, lch. 19.
([5]) IO L 214, 19.8.2009, lch. 23.
([6]) IO L 216, 20.8.2009, lch. 1.
([7]) IO L 201, 1.8.2009, lch. 11.
([8]) IO L 203, 5.8.2009, lch. 52.
([9]) IO L 261, 3.10.2009, lch. 40.
([10]) IO L 201, 1.8.2009, lch. 18.
([11]) IO L 27, 30.1.2010, lch. 33.

2. Bunaítear leis an Rialachán seo na ceanglais maidir le faireachas margaidh ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúil ar leithligh atá faoi réir a gceadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin na ceanglais maidir le faireachas margaidh ar pháirteanna agus ar threalamh d'fheithiclí den sórt sin.

3. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

*Airteagal 2*

**Raon Feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, mar a thuairiscítear in Airteagal 4, arna ndearadh agus arna dtógáil i gcéim amháin nó níos mó, agus maidir le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, chomh maith le páirteanna agus trealamh, arna ndearadh agus arna dtógáil d'fheithiclí den sórt sin.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go sonrach maidir leis na feithiclí seo a leanas:

(a) tarracóirí (earnáil T agus earnáil C);

(b) leantóirí (earnáil R); agus

(c) trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt (earnáil S).

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hinnealra idirmhalartaithe a ardaítear go hiomlán ón talamh nó nach féidir altú timpeall ar ais ingearach nuair a bhíonn an fheithicil lena bhfuil sé ceangailte in úsáid ar bhóthar.

3. Maidir leis na feithiclí seo a leanas, tá rogha ag an monaróir an ndéanfaidh sé iarratas ar chineálcheadú faoin Rialachán seo nó an gcomhlíonfaidh sé na ceanglais ábhartha náisiúnta:

(a) leantóirí (catagóir R) agus trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt (catagóir S);

(b) tarracóirí snámhaíochta (catagóir C);

(c) tarracóirí sainchuspóireacha ar rothaí (catagóir T4.1 agus T4.2).

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha na ngníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I ach amháin má fhoráiltear a mhalairt iontu, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "cineálcheadú" an nós imeachta trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(2) ciallaíonn "cineálcheadú feithicle iomláine" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann cineál feithicle neamhiomlán, iomlán nó lánchríochnaithe na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(3) ciallaíonn "cineálcheadú córais" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann córas atá ionsuite i gcineál sonrach feithicle na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(4) ciallaíonn "cineálcheadú comhpháirte" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go s gcomhlíonann comhpháirt gan spleáchas d'fheithicil na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(5) ciallaíonn "cineálcheadú aonaid theicniúil ar leithligh" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann aonad teicniúil ar leithligh na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha maidir le cineál amháin sonraithe feithicle nó níos mó;

(6) ciallaíonn "cineálcheadú náisiúnta" nós imeachta cineálcheadaithe arna leagan síos faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, ar cineálcheadú é atá srianta do chríoch an Bhallstáit sin, agus don chríoch sin amháin;

(7) ciallaíonn "cineálcheadú AE" an nós imeachta trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh forálacha riaracháin ábhartha agus ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo;

(8) ciallaíonn "tarracóir" aon fheithicil talmhaíochta nó foraoiseachta atá innealta, ar rothaí nó ar rian, a bhfuil ar a laghad dhá acastóir uirthi agus nach lú a huasluas dearaidh ná 6 km san uair, arb é a cumhacht tarraingthe an phríomhfheidhm léi agus ar dearadh í chun trealamh idirmhalartaithe áirithe, a dearadh chun obair thalmhaíochta nó fhoraoiseachta a dhéanamh, a tharraingt, a bhrú, a iompar agus a ghníomhú, nó chun leantóirí nó trealamh talmhaíochta nó foraoiseachta a tharraingt; is féidir an fheithicil a chur in oiriúint chun ualach a iompar i gcomhthéacs obair thalmhaíochta nó foraoiseachta agus/nó is féidir suíochán paisinéara amháin nó níos mó a bheith inti;

(9) ciallaíonn "leantóir" aon fheithicil talmhaíochta nó foraoiseachta atá ceaptha go príomha le bheith ar tarraingt ag tarracóir agus arb é is príomhaidhm léi ualaí a iompar chun ábhair a phróiseáil sa chás go bhfuil an cóimheas idir an uasmhais ualaithe atá ceadaithe go teicniúil agus mais na feithicle sin gan ualach cothrom le nó níos mó ná 3,0;

(10) ciallaíonn "trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt" aon fheithicil a úsáidtear i gcúrsaí talmhaíochta nó foraoiseachta agus a dearadh le bheith ar tarraingt ag tarracóir, a athraíonn feidhmeanna an tarracóra nó a chuireann leo, a ionchorpraíonn uirlis go buan nó a dearadh chun ábhair a phróiseáil, lena n-áirítear ardán iompair arna dhearadh agus arna thógáil chun glacadh le haon uirlisí agus le haon fhearais is gá chun na gcríoch sin agus chun aon ábhair a tháirgtear nó a theastaíonn le linn na hoibre a stóráil go sealadach agus a bhfuil an cóimheas idir an uasmhais ualaithe atá ceadaithe go teicniúil agus mais na feithicle sin gan ualach níos lú ná 3,0;

(11) ciallaíonn "feithicil" tarracóir, leantóir, nó trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt mar a shainmhínítear iad i bpointe 8, pointe 9 agus pointe 10;

(12) ciallaíonn "bonnfheithicil" aon fheithicil a úsáidtear ag an gcéim thosaigh i bpróiseas cineálcheadaithe ilchéime;

(13) ciallaíonn "feithicil neamhiomlán" aon fheithicil nach mór céim chríochnaithe amháin, ar a laghad, a dhéanamh uirthi chun ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

(14) ciallaíonn "feithicil lánchríochnaithe" feithicil ar toradh í ar phróiseas cineálcheadaithe ilchéime agus a chomhlíonann ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo;

(15) ciallaíonn "feithicil iomlán" aon fheithicil nach gá a chríochnú d'fhonn ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

(16) ciallaíonn "feithicil ceann sraithe" aon fheithicil ar cuid de stoc í nach féidir a chur ar fáil ar an margadh nó nach féidir a chur ar fáil ar an margadh a thuilleadh, nach féidir a chlárú ná a chur i seirbhís toisc go bhfuil ceanglais theicniúla nua nár ceadaíodh í dá réir ag teacht i bhfeidhm;

(17) ciallaíonn "córas" cóimeáil d'fheistí arna gcur le chéile chun feidhm shonrach amháin nó níos mó a dhéanamh i bhfeithicil agus atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo nó faoi réir cheanglais aon cheann de na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo;

(18) ciallaíonn "comhpháirt" feiste atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo nó faoi réir cheanglais aon cheann de na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus atá ceaptha le bheith ina páirt d'fheithicil agus a fhéadfar a chineálcheadú go neamhspleách ar fheithicil i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo sa chás go bhforáiltear go sainráite le gníomhartha den sórt sin go ndéanfar amhlaidh;

(19) ciallaíonn "aonad teicniúil ar leithligh" feiste atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo nó faoi réir aon cheann de na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus atá ceaptha a bheith ina pháirt d'fheithicil a fhéadfar a chineálcheadú ar leithligh, ach amháin maidir le cineál sonraithe amháin feithicle nó níos mó i gcás ina bhforáiltear go sonrach dó sin sna gníomhartha sin;

(20) ciallaíonn "páirteanna" earraí a úsáidtear chun feithicil a chóimeáil, mar aon le páirteanna spártha;

(21) ciallaíonn "trealamh" aon earraí, seachas páirteanna, is féidir a chur le feithicil nó a shuiteáil ar fheithicil;

(22) ciallaíonn "páirteanna bunaidh nó trealamh bunaidh" páirteanna nó trealamh a mhonaraítear de réir na sonraíochtaí agus na gcaighdeán táirgthe a sholáthraíonn monaróir na feithicle le haghaidh tháirgeadh na bpáirteanna nó an trealaimh chun an fheithicil atá i gceist a chóimeáil; áirítear leis seo na páirteanna sin nó an trealamh sin a mhonaraítear ar an líne tháirgthe chéanna leis na páirteanna seo, nó leis an trealamh sin; mura gcruthófar a mhalairt, toimhdeofar gur páirteanna bunaidh nó trealamh bunaidh iad páirteanna nó trealamh má dheimhníonn an monaróir go bhfuil siad den cháilíocht chéanna is atá na comhpháirteanna a úsáideadh chun an fheithicil atá i gceist a chóimeáil agus a monaraíodh i gcomhréir le sonraíochtaí agus caighdeáin tháirgthe mhonaróir na feithicle;

(23) ciallaíonn "páirteanna spártha" earraí atá le suiteáil i bhfeithicil nó ar fheithicil ionas go ngabhfadh siad ionad pháirteanna bunaidh na feithicle sin, lena n-áirítear earraí ar nós bealaí a bhfuil gá leo in úsáid na feithicle, cé is moite de bhreosla;

(24) ciallaíonn "sábháilteacht fheidhmiúil" gan aon riosca do-ghlactha díobhála coirp nó damáiste do shláinte daoine nó do mhaoin a bheith ann de thoradh guaiseacha arbh é iompar mífheidhmiúil córais de chineál meicniúil, hiodrálach, neomatach, leictreach nó leictreonach, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh ba chúis leo;

(25) ciallaíonn "monaróir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach don údarás ceadaithe as gach gné den chineálcheadú nó den phróiseas údaraithe as comhréireacht táirgeachta a áirithiú agus atá freagrach freisin as cúraim a bhaineann le faireachas margaidh ó thaobh na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh a tháirgtear, is cuma cé acu atá baint dhíreach ag an duine nádúrtha nó dlítheanach le gach céim de dhearadh agus de thógáil na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh is ábhar don phróiseas ceadaithe, nó nach bhfuil;

(26) ciallaíonn "ionadaí monaróra" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha go hiomchuí ag an monaróir chun a bheith ina ionadaí thar ceann an mhonaróra os comhair an údaráis ceadaithe nó os comhair an údaráis um fhaireachas margaidh agus chun gníomhú thar ceann an mhonaróra in ábhair atá cumhdaithe leis an Rialachán seo;

(27) ciallaíonn "údarás ceadaithe" údarás Ballstáit arna bhunú nó arna cheapadh ag an mBallstát agus ar chuir an Ballstát an Coimisiún ar an eolas ina leith agus atá inniúil maidir le gach gné a bhaineann le cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a cheadú, maidir leis an bpróiseas údaraithe, maidir le deimhnithe ceadaithe a eisiúint agus, más iomchuí, iad a tharraingt siar nó a dhiúltú, maidir le gníomhú mar phointe teagmhála d'údaráis cheadaithe Bhallstáit eile, maidir leis na seirbhísí teicniúla a ainmniú agus maidir lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an monaróir a chuid oibleagáidí i leith chomhréireacht na táirgeachta;

(28) ciallaíonn "seirbhís theicniúil" eagraíocht nó comhlacht arna ainmniú ag údarás ceadaithe Ballstáit mar shaotharlann tástála chun tástálacha a dhéanamh, nó mar chomhlacht measúnaithe comhréireachta chun an measúnú tosaigh agus tástálacha nó cigireachtaí eile a dhéanamh, thar ceann an údaráis ceadaithe agus gur féidir leis an údarás ceadaithe é féin na feidhmeanna sin a dhéanamh;

(29) ciallaíonn "féintástáil" tástálacha a dhéanamh i saoráidí an mhonaróra féin, torthaí na dtástálacha sin a chlárú agus monaróir do chur tuarascáil ina bhfuil conclúidí a chur isteach chuig an údarás ceadaithe, ar monaróir é a ainmníodh mar sheirbhís theicniúil chun comhlíonadh ceanglas áirithe a mheasúnú, do chur tuarascáil ina bhfuil conclúidí faoi bhráid an údaráis ceadaithe;

(30) ciallaíonn "modh fíorúil tástála" ionsamhlúcháin ar ríomhaire, lena n-áirítear ríomhanna lena thaispeáint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ceanglais theicniúla gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 27(6) gan gá le feithicil fhisiciúil, córas fisiciúil, comhpháirt fhisiciúil nó aonad teicniúil ar leithligh fisiciúil a úsáid;

(31) ciallaíonn "deimhniú ar chineálcheadú" an doiciméad trína ndeimhníonn an t-údarás ceadaithe go hoifigiúil go bhfuil cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh ceadaithe;

(32) ciallaíonn "deimhniú ar chineálcheadú AE" an deimhniú arna bhunú ar an teimpléad a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo nó an fhoirm chumarsáide a leagtar amach i rialacháin ábhartha CENAE dá dtagraítear sa Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo;

(33) ciallaíonn "deimhniú comhréireachta" an doiciméad a eisíonn an monaróir, lena ndeimhnítear go bhfreagraíonn an fheithicil táirgthe don chineál feithicle atá ceadaithe;

(34) ciallaíonn "córas diagnóiseach ar bord" nó "córas DAB" córas a bhfuil sé de chumas ann réimse dóchúil na mífheidhme a shainaithint trí bhíthin lochtchóid a stóráiltear i gcuimhne ríomhaire;

(35) ciallaíonn "faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithicle" gach faisnéis is gá chun diagnóis, seirbhísiú, iniúchadh, faireachán tréimhsiúil, deisiú, athchlárú nó atúsú a dhéanamh ar an bhfeithicil, faisnéis a sholáthraíonn na monaróirí dá ndéileálaithe údaraithe agus dá ndeisitheoirí údaraithe lena n-áirítear gach leasú nó forlíonadh iardain ar an bhfaisnéis sin; áirítear san fhaisnéis sin an fhaisnéis uile is gá chun páirteanna agus trealamh a fheistiú d'fheithiclí;

(36) ciallaíonn "oibreoir neamhspleách" gnóthais seachas déileálaithe údaraithe agus deisitheoirí údaraithe atá páirteach go díreach nó go neamhdhíreach i ndeisiú agus i gcothabháil feithiclí, go háirithe deisitheoirí, monaróirí nó dáileoirí trealaimh dheisiúcháin, uirlisí nó páirteanna spártha, foilsitheoirí faisnéise teicniúla, clubanna gluaisteán, oibreoirí cabhrach ar thaobh an bhóthair, oibreoirí a thairgeann seirbhísí iniúchta agus tástála, oibreoirí a thairgeann oiliúint do shuiteálaithe, do mhonaróirí agus do dheisitheoirí trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ionadúil;

(37) ciallaíonn "feithicil nua" feithicil nár cláraíodh riamh nó nár cuireadh i seirbhís;

(38) ciallaíonn "clárú" údarú riaracháin a thabhairt d'fheithicil dul i seirbhís, lena n-áirítear i dtrácht bóthair, arb é atá ann an fheithicil sin a shainaithint agus sraithuimhir a eisiúint di, rud dá ngairfear "cláruimhir", bíodh sé sin ar bhonn buan, sealadach nó ar feadh tréimhse ghearr;

(39) ciallaíonn "cur ar an margadh" feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh a chur ar fáil den chéad uair san Aontas;

(40) ciallaíonn "cur i seirbhís" an chéad úsáid san Aontas, le haghaidh na críche a ceapadh di nó dó, a bhaintear as feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh;

(41) ciallaíonn "allmhaireoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a chuireann feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(42) ciallaíonn "dáileoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir agus an t-allmhaireoir, a chuireann feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh ar fáil ar mhargadh an Aontais;

(43) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" an monaróir, ionadaí an mhonaróra, an t-allmhaireoir nó an dáileoir;

(44) ciallaíonn "faireachas margaidh" gníomhaíochtaí a dhéanann údaráis náisiúnta, agus bearta a ghlacann siad, lena áirithiú go gcomhlíonann feithiclí, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais na ceanglais a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais agus nach bhfuil siad ina riosca do shláinte, do shábháilteacht nó d'aon ghné eile de chosaint an leasa phoiblí;

(45) ciallaíonn "údarás um fhaireachas margaidh" údarás de chuid Ballstáit atá freagrach as faireachas margaidh a dhéanamh ina chríoch;

(46) ciallaíonn "údarás náisiúnta" údarás ceadaithe nó aon údarás eile a bhfuil baint aige le agus atá freagrach as faireachas margaidh, rialú teorann nó clárú i mBallstát i ndáil le feithiclí, córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna ar leithligh nó trealamh ar leithligh;

(47) ciallaíonn "cur ar fáil ar an margadh" aon soláthar feithicle, córais, comhpháirte, aonaid theicniúil ar leithligh, páirte nó trealaimh lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais, mar chuid de ghníomhaíocht tráchtála, bíodh sé sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(48) ciallaíonn "cineál feithicle" grúpa feithiclí, lena n-áirítear malairtí agus leaganacha den chatagóir chéanna nach bhfuil aon difríocht eatarthu i leith na ngnéithe fíor-riachtanacha seo a leanas ar a laghad:

— catagóir,

— monaróir,

— an tuairisc cineáil arna tabhairt ag an monaróir,

— saintréithe bunúsacha tógála agus deartha,

— fonnadh crann taca/fonnadh le fráma taoibh/fonnadh altach (difríochtaí bunúsacha agus follasacha),

— le haghaidh chatagóir T: acastóirí (líon) nó, le haghaidh chatagóir C: acastóirí/rianta (líon),

— i gcás feithiclí ar tógadh go hilchéimiúil iad, monaróir agus cineál na feithicle roimhe sin;

(49) ciallaíonn "malairt" feithiclí den chineál céanna nach bhfuil éagsúil le chéile maidir leis na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) le haghaidh tarracóirí:

— coincheap struchtúrach na cabhlach nó an cineál oibre cabhlach,

— céim críochnaithe,

— inneall (dóchán inmheánach/hibrideach/leictreach/hibrideach-leictreach),

— prionsabal oibriúcháin,

— líon agus socrú sorcóirí,

— difríocht chumhachta nach mó ná 30 % (ní bheidh an chumhacht is airde níos mó ná 1,3 oiread na cumhachta is ísle),

— difríocht toillte na sorcóirí nach mó ná 20 % (ní bheidh an figiúr is airde níos mó ná 1,2 oiread an fhigiúir is ísle),

— acastóirí arna gcumhachtú (líon, ionad, idirnasc),

— acastóirí arna stiúradh (líon agus ionad),

— difríocht nach mó ná 10 % idir na huasmhaiseanna ualaithe,

— traiseoladh (cineál),

— struchtúr cosanta iompaithe,

— acastóirí a bhfuil coscáin orthu (líon);

(b) le haghaidh leantóirí nó trealaimh idirmhalartaithe ar tarraingt:

— acastóirí arna stiúradh (líon, ionad, idirnasc),

— difríocht nach mó ná 10 % idir na huasmhaiseanna ualaithe,

— acastóirí a bhfuil coscáin orthu (líon);

(50) ciallaíonn "feithicil hibrideach" feithicil chumhachtaithe a bhfuil ar a laghad dhá thiontaire fuinnimh éagsúla agus dhá chóras stórála fuinnimh éagsúla feistithe air (san fheithicil) chun críche an fheithicil a thiomáint;

(51) ciallaíonn "feithicil leictreach hibrideach" feithicil, a tharraingíonn fuinneamh, ar mhaithe le tiomáint mheicniúil, ón dá cheann de na foinsí fuinnimh/cumhachta stóráilte seo a leanas atá san fheithicil;

(a) breosla inídithe;

(b) ceallra, toilleoir, roth lústair/gineadóir nó feiste eile stórála fuinnimh leictrigh nó cumhachta eile.

Áirítear leis an sainmhíniú seo freisin feithiclí a tharraingíonn fuinneamh as breosla inídithe chun an feiste stórála fuinnimh leictrigh/cumhachta a athluchtú agus chun na críche sin amháin;

(52) ciallaíonn "feithicil iomlán leictreach" feithicil atá cumhachtaithe ag córas ina bhfuil feiste stórála fuinnimh leictrigh amháin nó níos mó, feiste comhoiriúnaithe cumhachta leictrí amháin nó níos mó agus meaisín leictreach amháin nó níos mó a dhéanann fuinneamh stóráilte leictreach a thiontú go fuinneamh meicniúil a sheoltar ag na rothaí chun an fheithicil a thiomáint;

(53) ciallaíonn "leagan de mhalairt" feithiclí ina bhfuil teaglaim d'eilimintí arna dtaispeáint sa phacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24(10).

Léifear tagairtí sa Rialachán seo do cheanglais, do nósanna imeachta nó do shocruithe a leagtar síos sa Rialachán seo mar thagairtí do na ceanglais, na nósanna imeachta nó na socruithe sin a leagtar síos sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 4*

**Catagóirí feithiclí**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na catagóirí feithiclí seo a leanas:

(1) cuimsíonn "catagóir T" gach tarracóir ar rothaí; déantar gach catagóir tarracóra ar rothaí a thuairiscítear i bpointe 2 go pointe 8 a fhorlíonadh ag an deireadh le hinnéacs "a" nó "b" de réir a luas dearaidh:

(a) "a" le haghaidh tarracóirí ar rotha ag a bhfuil uasluas dearaidh is lú ná 40 km/h nó cothrom leis;

(b) "b" le haghaidh tarracóirí ar rotha ag a bhfuil uasluas dearaidh is mó ná 40 km/h;

(2) cuimsíonn "catagóir T1" tarracóirí ar rothaí, nach lú ná 1 150 mm leithead rian an acastóra is gaire don tiománaí, ar mó ná 600 kg an mhais gan ualach agus iad in ord reatha, agus nach mó ná 1 000 mm an scóip ón talamh;

(3) cuimsíonn "earnáil T2" tarracóirí ar rothaí ar lú ná 1 150 mm leithead íosta na rianta, ar mó ná 600 kg an mhais gan ualach agus iad réidh chun imeachta, nach mó ná 600 mm an scóip ón talamh; i gcásanna inar airde mheáchanlár an tarracóra (arna tomhas i gcoibhneas leis an talamh) arna roinnt ar mheánleithead íosta rian gach acastóra ar leithligh ná 0,90 agus, beidh teorainn 30 km/h leis an uasluas dearaidh;

(4) cuimsíonn "catagóir T3"tarracóirí ar rothaí ag a bhfuil mais gan ualach nach mó ná 600 kg, agus iad in ord reatha;

(5) cuimsíonn "earnáil T4" tarracóirí sainchuspóireacha ar rothaí;

(6) cuimsíonn "earnáil T4.1" (tarracóirí ardscóipe) tarracóirí arna ndearadh chun oibriú le barra a fhásann go hard, ar nós fíniúnacha. Bíonn fonnadh ardaithe nó cuid den fhonnadh ardaithe iontu, rud a fhágann gur féidir leo dul ar aghaidh i gcomhthreo leis an mbarr agus na rothaí ar gach aon taobh den líne bairr nó de na línte bairr. Tá sé beartaithe iad a úsáid le huirlisí a iompar nó a oibriú, uirlisí is féidir a shocrú ar aghaidh an tarracóra, idir na hacastóirí, ar a chúl, nó ar ardán. Nuair a bhíonn an tarracóir sa staid oibre, is mó ná 1 000 mm an scóip ón talamh go hingearach leis na línte bairr. Má tá airde mheáchanlár an tarracóra, arna tomhas i gcoibhneas leis an talamh, agus ag úsáid bonn atá socraithe mar is iondúil, arna roinnt ar mheánleithead íosta rian gach acastóra ar leithligh níos mó ná 0,90, bíonn teorainn 30 km/h leis an uasluas dearaidh;

(7) cuimsíonn "earnáil T4.2" (tarracóirí ríleathana) tarracóirí arb iad a saintréith an mhéid mhór atá iontu, agus atá beartaithe go príomha chun obair a dhéanamh ar limistéir mhóra de thalamh feirme;

(8) cuimsíonn "earnáil T4.3" (tarracóirí ísealscóipe) tarracóirí faoi thiomáint ceithre roth a bhfuil a dtrealamh idirmhalartaithe beartaithe le haghaidh úsáide talmhaíochta nó foraoiseachta agus arb iad a saintréithe fráma tacaíochta, atá feistithe le cumhachtdúiseacht amháin nó níos mó, agus mais nach mó ná 10 dtonna atá ceadaithe go teicniúil, agus ar lú ná 2,5 an cóimheas idir an mhais sin agus an uasmhais gan ualach agus iad in ord reatha ag a bhfuil an meáchanlár is lú ná 850mm arna tomhas i gcoibhneas leis an talamh ag úsáid bonn atá socraithe mar is iondúil;

(9) cuimsíonn "earnáil C" tarracóirí leagtha bóthair a ghluaiseann ar rianta éigríochta nó ar theaglaim de rothaí agus de rianta éigríochta, agus sainítear fochatagóirí de réir analaí le hearnáil T;

(10) cuimsíonn "earnáil R" leantóirí; déantar gach leantóra a thuairiscítear i bpointe 11 go pointe 14 a fhorlíonadh ag an deireadh le hinnéacs "a" nó "b" de réir a luas dearaidh:

(a) "a" le haghaidh leantóirí ar cothrom le nó ar lú ná 40 km/h an t-uasluas dearaidh;

(b) "b" le haghaidh leantóirí ar mó ná 40 km/h an t-uasluas dearaidh;

(11) cuimsíonn "earnáil R1" leantóirí nach sáraíonn suim na maiseanna atá ceadaithe go teicniúil in aghaidh an acastóra 1 500 kg;

(12) cuimsíonn "earnáil R2" leantóirí ar mó ná 1 500 kg ach nach sáraíonn 3 500 kg suim na maiseanna atá ceadaithe go teicniúil in aghaidh an acastóra;

(13) cuimsíonn "earnáil R3" leantóirí ar mó ná 3 500 kg ach nach sáraíonn 21 000 kg suim na maiseanna atá ceadaithe go teicniúil in aghaidh an acastóra;

(14) cuimsíonn "earnáil R4" leantóirí ar mó ná 21 000 kg suim na maiseanna atá ceadaithe go teicniúil in aghaidh an acastóra;

(15) cuimsíonn "earnáil S" trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt.

Déantar gach catagóir de threalamh idirmhalartaithe ar tarraingt a fhorlíonadh ar deireadh de réir a luais dearaidh:

(a) “a” le haghaidh trealaimh idirmhalartaithe ar tarraingt ar cothrom le nó ar lú ná 40 km/h an t-uasluas dearaidh;

(b) “b” le haghaidh trealaimh idirmhalartaithe ar tarraingt ar mó ná 40 km/h an t-uasluas dearaidh;

(16) cuimsíonn “earnáil S1” trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt nach sáraíonn suim na maiseanna atá ceadaithe go teicniúil in aghaidh an acastóra 3 500 kg;

(17) cuimsíonn “earnáil S2” trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt ar mó ná 3 500 kg suim na maiseanna atá ceadaithe go teicniúil in aghaidh an acastóra.

CAIBIDIL II

## OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA

*Airteagal 5*

### Oibleagáidí na mBallstát

1. Déanfaidh na Ballstáit na húdaráis ceadaithe, a bheidh inniúil i nithe a bhaineann le ceadú, agus na húdaráis um fhaireachas margaidh, a bheidh inniúil i nithe a bhaineann le faireachas margaidh, a bhunú nó a cheapadh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Coimisiún maidir le bunú agus ceapadh na n-údarás sin.

Áireofar san fhógra i dtaobh na n-údarás ceadaithe agus na n-údarás um fhaireachas margaidh a n-ainm, a seoladh, lena n-áirítear a seoladh leictreonach, agus a réimse. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta de na húdaráis ceadaithe mar aon le mionsonraí ina dtaobh.

2. Déanfaidh na Ballstáit cur ar an margadh, clárú nó cur i seirbhís na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo, agus iad sin amháin, a cheadú.

3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, clárú feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh, ná a gcur ar an margadh ná a gcur i seirbhís, a thoirmeasc a shrianadh ná a bhacadh ar fhorais a bhaineann le gnéithe dá dtógáil agus dá bhfeidhmiú atá cumhdaithe ag an Rialachán seo, má chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo.

4. Déanfaidh na Ballstáit faireachas margaidh agus rialuithe a eagrú agus a chur i gcrích ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh a thagann isteach sa mhargadh i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

*Airteagal 6*

### Oibleagáidí na n-údarás ceadaithe

1. Áiritheoidh na húdaráis ceadaithe go ndéanfaidh na monaróirí a dhéanann iarratas ar chineálcheadú a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

2. Ní cheadóidh na húdaráis ceadaithe ach na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh sin a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo.

*Airteagal 7*

### Bearta um fhaireachas margaidh

1. I gcás feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá cineálcheadaithe, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, ar scála leordhóthanach, seiceálacha iomchuí doiciméadacha, agus prionsabail seanbhunaithe an mheasúnaithe riosca, gearáin agus faisnéis eile á gcur san áireamh.

Féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha cibé doiciméid agus faisnéis a chur ar fáil a measann siad gá a bheith leo chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh.

Más rud é go dtugann oibreoirí eacnamaíocha deimhnithe comhréireachta ar aird, beidh aird chuí ag na húdaráis um fhaireachas margaidh ar na deimhnithe sin.

2. Maidir le páirteanna agus trealamh seachas iad sin atá clúdaithe i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 19(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ina iomláine.

*Airteagal 8*

### Oibleagáidí monaróirí

1. Áiritheoidh monaróirí, nuair a bheidh a bhfeithiclí, a gcórais, a gcomhpháirteanna nó a n-aonaid theicniúla ar leithligh á gur ar an margadh nó á gcur i seirbhís, go mbeidh siad monaraithe agus ceadaithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

2. I gcás cineálcheadaithe ilchéime, beidh gach monaróir freagrach as ceadú agus as comhréireacht táirgeachta na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh a chuirtear leis an bhfeithicil ag céim críochnaithe na feithicle atá á láimhseáil ag an monaróir. Aon mhonaróir a mhodhnaíonn comhpháirteanna nó córais a ceadaíodh roimhe sin ag céimeanna níos túisce, beidh sé freagrach as ceadú agus as comhréireacht táirgeachta na gcomhpháirteanna modhnaithe agus na gcóras modhnaithe sin.

3. Aon mhonaróirí a mhodhnaíonn feithicil neamhiomlán sa chaoi is gurb incháilithe faoi chatagóir eile feithicle í agus a mbeidh mar thoradh ar an modhnú sin go dtagann athrú ar na ceanglais dhlíthiúla a ndearnadh measúnú orthu cheana le linn céime ceadaithe roimhe sin, beidh siad freagrach freisin as na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcatagóir feithicle dá gcáilíonn an fheithicil mhodhnaithe a chomhlíonadh.

4. Chun críocha feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla atá cumhdaithe ag an Rialachán seo a cheadú, ceapfaidh monaróirí atá bunaithe taobh amuigh den Aontas ionadaí amháin a bheidh bunaithe laistigh den Aontas chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann os comhair an údaráis ceadaithe.

5. Thairis sin, ceapfaidh monaróirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ionadaí amháin a bheidh bunaithe laistigh den Aontas chun críocha faireachais mhargaidh, a bhféadfadh gurb é an t-ionadaí dá dtagraítear i mír 4 é nó a bhféadfadh gurb ionadaí breise de chuid an duine sin é.

6. Beidh monaróirí freagrach don údarás ceadaithe as gach gné den phróiseas ceadaithe agus as comhréireacht táirgeachta a áirithiú, is cuma cibé acu atá baint dhíreach acu le gach céim de thógáil na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh nó nach bhfuil.

7. I gcomhréir leis an Rialacháin seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh an táirgeadh sraithe comhréireach i gcónaí leis an gcineál a ceadaíodh. Aon athruithe ar dhearadh feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh nó ar shaintréithe agus aon athruithe ar na ceanglais a ndearbhaítear feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a bheith i gcomhréir leo, cuirfear san áireamh i gcomhréir le Caibidil VI iad.

8. De bhreis ar an marcáil reachtúil agus na marcanna cineál-cheadaithe arna suí dá bhfeithiclí, dá gcomhpháirteanna nó dá n-aonaid theicniúla ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 34, déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh san Aontas ag a bhféadfar teagmháil a dhéanamh leo a lua ar a bhfeithiclí, ar a gcomhpháirteanna nó ar a n-aonaid theicniúla ar leithligh a chuirtear ar fáil ar an margadh, nó mura bhfuil sé sin indéanta, luafar iad ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an gcomhpháirt nó leis an aonad teicniúil ar leithligh.

9. Áiritheoidh monaróirí, fad atá feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar a gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála ná iompair comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.

*Airteagal 9*

**Oibleagáidí monaróirí maidir lena dtáirgí nach bhfuil i gcomhréireacht nó a mbaineann riosca tromchúiseach leo**

1. Aon mhonaróirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh dá chuid atá curtha ar an margadh nó atá curtha i seirbhís ar neamhréir leis an Rialachán seo nó leis na gníomhartha tarmligthe nó leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, déanfaidh siad láithreach na bearta ceartaitheacha is gá chun go mbeidh an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin comhréireach, nó chun é tharraingt siar, nó chun é a aisghlaoch, de réir mar is iomchuí.

Cuirfidh an monaróir an neamh-chomhréireacht agus aon bhearta ceartaitheacha in iúl láithreach don údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú, agus, go háirithe, tabharfaidh sé mionsonraí ina thaobh.

2. I gcás ina bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leis an bhfeithicil, leis an gcóras, leis an gcomhpháirt, leis an aonad teicniúil ar leithligh, leis an bpáirt nó leis an trealamh, déanfaidh monaróirí é sin a chur in iúl láithreach d'údaráis cheadaithe agus d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina ndearnadh an fheithicil, an córas, an chomhpháirt, an t-aonad teicniúil ar leithligh, an pháirt nó an trealamh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, agus luafaidh siad, go háirithe, mionsonraí na neamh-chomhréireachta agus mionsonraí aon bhirt cheartaithigh a rinne siad.

3. Déanfaidh monaróirí an pacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24(10) agus, sa bhreis air sin, déanfaidh monaróir na feithicle cóip de na deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 33 a choimeád ar fáil do na húdaráis ceadaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis feithicil a chur ar an margadh agus ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar an margadh.

4. Tar éis iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, déanfaidh monaróirí cóip den deimhniú cineálcheadaithe AE nó den údarú dá dtagraítear in Airteagal 46(1) agus (2) lena léirítear comhréireacht na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh a sholáthar don údarás sin tríd an údarás ceadaithe, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Comhoibreoidh monaróirí leis an údarás náisiúnta maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun na rioscaí a chothaíonn na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh dá gcuid atá curtha ar an margadh, atá cláraithe nó atá curtha i seirbhís a dhíchur.

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí ionadaithe monaróra maidir le faireachas margaidh**

Is é ionadaí an mhonaróra maidir le faireachas margaidh a dhéanfaidh na cúraimí a shonraítear sa sainordú a fuarthas ón monaróir. Leis an sainordú sin ligfear d'ionadaí na nithe a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(a) rochtain a bheith aige ar an bhfillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 22 agus ar na deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 33 ionas go bhféadfar iad a chur ar fáil do na húdaráis ceadaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana i ndiaidh feithicil a chur ar an margadh agus ar feadh tréimhse cúig bliana i ndiaidh córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar an margadh;

(b) ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás ceadaithe, gach faisnéis agus doiciméad is gá chun léiriú a thabhairt ar chomhréireacht táirgeachta feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a sholáthar don údarás sin;

(c) comhoibriú leis na húdaráis ceadaithe nó leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun an riosca tromchúiseach a chothaíonn feithiclí, córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna nó trealamh atá cumhdaithe lena sainordú a dhíchur.

*Airteagal 11*

**Oibleagáidí allmhaireoirí**

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh ach feithiclí comhlíontacha, córais chomhlíontacha, comhpháirteanna comhlíontacha nó aonaid theicniúla ar leithligh comhlíontacha a bhfuil cineálcheadú AE faighte acu nó a chomhlíonann na ceanglais do cheadú náisiúnta, nó páirteanna nó trealamh atá go hiomlán faoi réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

2. Sula gcuirfear feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh atá cineálcheadaithe ar an margadh, áiritheoidh allmhaireoirí gurb ann do phacáiste faisnéise a chomhlíonann Airteagal 24(10), agus go mbeidh an marc cineálcheadaithe a éilítear ar an gcóras, ar an gcomhpháirt, nó ar an aonad teicniúil ar leithligh agus go gcomhlíonfaidh an méid sin Airteagal 8(8). I gcás feithicle, fíoróidh an t-allmhaireoir go bhfuil an deimhniú comhréireachta a éilítear ag gabháil leis an bhfeithicil.

3. I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, agus go háirithe nach bhfreagraíonn sé dá chineálcheadú, ní dhéanfaidh siad an fheithicil, an córas, an chomhpháirt ná an t-aonad teicniúil ar leithligh a chur ar an margadh, ní cheadóidh siad é nó í a chur i seirbhís ná ní chláróidh siad é nó í go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás ina measann siad, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go gcothaíonn an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh riosca tromchúiseach, cuirfidh siad é sin in iúl don mhonaróir agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh. I gcás feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá cineálcheadaithe, cuirfidh siad in iúl chomh maith don údarás ceadaithe a bhfuil an ceadú deonaithe aige chuige sin.

4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh ag a bhféadfar teagmháil a dhéanamh leo a lua ar an bhfeithicil, ar an gcóras, ar an gcomhpháirt, ar an aonad teicniúil ar leithligh, ar an bpáirt nó ar an trealamh, nó, mura bhfuil sé sin indéanta, luafar ar an bpacáistíocht iad nó i ndoiciméad a ghabhann leis an gcóras, leis an gcomhpháirt, leis an aonad teicniúil ar leithligh, leis an bpáirt nó leis an trealamh.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí go mbeidh na treoracha agus an fhaisnéis, a cheanglaítear a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 51, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na mBallstát lena mbaineann, ag gabháil leis an bhfeithicil, leis an gcóras, leis an gcomhpháirt, nó leis an aonad teicniúil ar leithligh.

6. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad atá feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh faoina bhfreagracht, nach ndéanfaidh dálaí stórála nó iompair comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.

7. Nuair a mheastar é a bheith iomchuí i dtaca leis na rioscaí tromchúiseacha atá á gcothú ag feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh, déanfaidh allmhaireoirí, chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, imscrúdú agus, más gá, coimeádfaidh siad clár um ghearáin maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna nó trealamh, agus ar aisghlaoch na nithe sin, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoin bhfaireachán sin.

*Airteagal 12*

**Oibleagáidí allmhaireoirí maidir lena dtáirgí nach bhfuil i gcomhréireacht nó a chothaíonn riosca tromchúiseach**

1. Aon allmhaireoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh sé láithreach na bearta ceartaitheacha is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin a thabhairt chun comhréireachta, nó chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghlaoch, de réir mar is iomchuí.

2. I gcás ina gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, cuid nó trealamh riosca tromchúiseach, déanfaidh allmhaireoirí é sin a chur in iúl láithreach don mhonaróir, agus d'údaráis cheadaithe agus d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina ndearna siad í nó é a chur ar an margadh. Déanfaidh an t-allmhaireoir iad a chur ar an eolas freisin i dtaobh cibé gníomh a rinneadh, agus, ina theannta sin tabharfaidh sé, go háirithe, mionsonraí an riosca thromchúisigh agus mionsonraí aon bhearta cheartaitheacha a rinne an monaróir.

3. Déanfaidh allmhaireoirí, ar feadh tréimhse 10 mbliana i ndiaidh an fheithicil a chur ar an margadh agus ar feadh tréimhse cúig bliana amhail ón tráth a gcuirtear córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar an margadh, cóip den deimhniú comhréireachta a choimeád ar fáil do na húdaráis ceadaithe agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus áiritheoidh siad go bhféadfar an pacáiste faisnéise amhail dá dtagraítear in Airteagal 24(10) a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh.

4. Ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, déanfaidh allmhaireoirí gach faisnéis agus doiciméad is gá chun comhréireacht feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a léiriú, a sholáthar dó i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Comhoibreoidh allmhaireoirí leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun an riosca a chothaíonn feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh atá curtha ar an margadh acu a dhíchur.

*Airteagal 13*

**Oibleagáidí dáileoirí**

1. Le linn dóibh feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh a chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí leis an gcúram is cuí i ndáil leis na ceanglais an rialacháin seo.

2. Sula ndéanfaidh siad feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís, fíoróidh dáileoirí go bhfuil an mharcáil reachtach nó an marc reachtach cineálcheadaithe a éilítear orthu, go bhfuil ag gabháil leo na doiciméid a éilítear agus treoracha agus faisnéis sábháilteachta i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh le cur ar fáil ar an margadh, agus gur chomhlíon an t-allmhaireoir agus an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(2) agus (4), agus Airteagal 34(1) agus (2).

3. Áiritheoidh dáileoirí, fad atá feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar a gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála nó iompair comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.

*Airteagal 14*

**Oibleagáidí dáileoirí maidir lena dtáirgí nach bhfuil i gcomhréireacht nó a chothaíonn riosca tromchúiseach**

1. Más rud é go measann dáileoirí, nó go bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar neamh-chomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, ní dhéanfaidh siad an fheithicil, an córas, an chomhpháirt ná an t-aonad teicniúil ar leithligh a chur ar fáil, a chlárú ná a chur i seirbhís go dtí go mbeidh siad tugtha chun comhréireachta.

2. Aon dáileoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh atá curtha ar an margadh nó cláraithe acu nó a bhfuil siad freagrach as a gcur i seirbhís ar neamh-chomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh siad é sin in iúl don mhonaróir nó d'ionadaí an mhonaróra chun a áirithiú go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a thabhairt chun comhréireachta, nó chun iad a aisghlaoch, más iomchuí, a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9(1) nó le hAirteagal 12(1).

3. I gcás ina gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh riosca tromchúiseach, déanfaidh dáileoirí an méid sin a chur in iúl láithreach don mhonaróir, don allmhaireoir agus d'údaráis cheadaithe agus údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina ndearna siad é nó í a chur ar fáil ar an margadh. Cuirfidh an dáileoir ar an eolas iad chomh maith maidir le haon ghníomhaíocht a glacadh agus tabharfaidh sé, go háirithe, mionsonraí an riosca thromchúisigh agus le mionsonraí aon bhearta ceartaitheacha a rinne an monaróir.

4. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás náisiúnta, áiritheoidh dáileoirí go soláthróidh an monaróir an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 9(4) don údarás náisiúnta nó go soláthróidh an t-allmhaireoir an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 12(3) don údarás náisiúnta. Comhoibreoidh siad leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun na rioscaí a chothaíonn an fheithicil, an córas, an chomhpháirt, an t-aonad teicniúil ar leithligh, an pháirt nó an trealamh atá curtha ar fáil ar an margadh acu a dhíchur.

*Airteagal 15*

**Cásanna ina mbaineann oibleagáidí monaróirí le hallmhaireoirí agus le dáileoirí**

Measfar gur monaróir é allmhaireoir nó dáileoir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 8 go hAirteagal 10 i gcás ina ndéanann an t-allmhaireoir nó an dáileoir feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chlárú faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina bhfuil sé freagrach as iad a chur i seirbhís faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina modhnaíonn sé feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar shlí go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme.

*Airteagal 16*

**Sainaithint oibreoirí eacnamaíocha**

Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh sin, céannacht na n-oibreoirí seo a leanas a chur in iúl do na húdaráis ceadaithe agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh, ar feadh tréimhse cúig bliana:

(a) aon oibreoir eacnamaíoch a sholáthair feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh dóibh;

(b) aon oibreoir eacnamaíoch ar sholáthair siad feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh dóibh.

CAIBIDIL III

**CEANGLAIS SHUBSTAINTEACHA**

*Airteagal 17*

**Ceanglais um shábháilteacht fheidhmiúil feithiclí**

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéantar na feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ar bhealach a íoslaghdaíonn an riosca gortaithe do dhaoine atá i bhfeithicil agus do dhaoine eile atá sa spás a thimpeallaíonn an fheithicil.

2. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonann na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh na ceanglais ábhartha atá leagtha amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) sláine struchtúr na feithicle;

(b) córais a chabhraíonn le smacht an tiománaí an bhfeithicil, go háirithe maidir le córais stiúrtha agus córais choscánaithe, lena n-áirítear ardchórais choscánaithe agus córais leictreonacha rialaithe cobhsaíochta;

(c) córais trína soláthraítear infheictheacht agus faisnéis don tiománaí faoi staid na feithicle agus faoin spás a thimpeallaíonn í, lena n-áirítear gloiniú, scátháin agus córais faisnéise don tiománaí;

(d) córais soilsiúcháin feithicle;

(e) cosaint do dhaoine atá i bhfeithicil, lena n-áirítear feistis inmheánacha, ceannbhaic, criosanna sábhála, doirse na feithicle;

(f) an taobh amuigh den fheithicil agus na gabhálais;

(g) comhoiriúnacht leictreamaighnéadach;

(h) feistí rabhaidh inchloiste;

(i) córais téimh;

(j) feistí chun úsáid neamhúdaraithe a chosc;

(k) córais sainaitheanta feithicle;

(l) maiseanna agus toisí;

(m) sábháilteacht leictreach, lena n-áirítear leictreachas statach;

(n) struchtúir chosanta ag cúl na feithicle;

(o) cosaint chliathánach;

(p) ardáin iompair;

(q) feistí tarraingthe;

(r) boinn;

(s) córais choiscthe sprae;

(t) giar cúlaithe;

(u) rianta;

(v) cúpláin mheicniúla; lena n-áirítear cosaint in aghaidh earráidí maidir le feistiú.

3. Maidir le comhpháirteanna feithiclí a bhfuil na guaiseanna de chineál leictreach a bhaineann leo cumhdaithe faoi na gníomhartha tarmligthe nó faoi na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ní bheidh siad faoi réir Theoir 2006/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach atá ceaptha lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais ([1]).

4. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 maidir le feithiclí, agus le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh na bhfeithiclí sin, má tá siad infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

5. Chun a áirithiú go mbainfear ardleibhéal sábháilteachta feidhmiúla amach, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 maidir leis na ceanglais theicniúla mhionsonraithe le haghaidh na n-ábhar a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo, leana n-áirítear nósanna imeachta tástála agus luachanna teorann, i gcás inarb infheidhme. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

Beidh na ceanglais mhionsonraithe de chineál a mhéadóidh leibhéal na sábháilteachta feidhmiúla dá bhforáiltear sna Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 76(1) agus in Airteagal 77, nó ar a laghad an leibhéal sin a choimeád, agus áiritheofar an méid seo a leanas leo:

(a) go gcomhlíonann feithiclí ag a bhfuil uasluas dearaidh níos mó ná 40 km/h leibhéal coibhéiseach sábháilteachta feidhmiúla maidir le feidhmíocht choscánaithe agus, i gcás inarb iomchuí, córais choscánaithe frithghlasála mar mhótarfheithiclí agus a leantóirí;

(b) nach mó an t-uasbhrú teagmhála a chuireann boinn nó rianta i bhfeidhm ar chruadhromchla bóthair ná 0,8 MPa.

*Airteagal 18*

**Ceanglais um shábháilteacht ceirde**

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéantar na feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ar bhealach a íoslaghdaíonn an riosca gortaithe do dhaoine a oibríonn ar an bhfeithicil nó leis an bhfeithicil.

2. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonann na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh na ceanglais ábhartha atá leagtha amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) struchtúir chosanta iompaithe ("ROPS");

(b) struchtúir chosanta ar rudaí atá ag titim ("FOPS");

(c) suíocháin phaisinéara;

(d) neamhchosaint an tiománaí ar leibhéal torainn;

(e) suíochán an tiománaí;

(f) spás oibriúcháin agus rochtain ar an suíomh tiomána, lena n-áirítear cosaint ar sciorradh, ar thuisliú nó ar thitim;

(g) cumhachtdúiseachtaí;

(h) cosaint ar chomhpháirteanna tiomána;

(i) pointí ancaireachta criosanna sábhála;

(j) criosanna sábhála;

(k) cosaint an tiománaí ar rudaí treáiteacha (Struchtúir Chosanta le haghaidh an Oibreora "OPS");

(l) cosaint an tiománaí ar shubstaintí guaiseacha;

(m) Cosaint óna bheith neamhchosanta ar pháirteanna nó ar ábhair ag teochtaí foircneacha;

([1]) IO L 374, 27.12.2006, lch. 10.

(n) an lámhleabhar don oibreoir;

(o) rialuithe, lena n-áirítear sábháilteacht agus iontaofacht córas rialaithe, feistí éigeandála agus feistí do stopadh uathoibríoch;

(p) cosaint ar ghuaiseacha meicniúla seachas na cinn a luaitear i bpointí (a), (b), (g), (k), lena n-áirítear cosaint ar dhromchlaí garbha, cosaint ar chiumhaiseanna géara agus ar uillinneacha géara, cosaint ar réabadh na bpíobán ina n-iompraítear sreabháin agus cosaint ar ghluaiseacht gan smacht na feithicle;

(q) oibriú agus cothabháil, lena n-áirítear glanadh sábháilte na feithicle;

(r) sciatha agus feistí cosanta;

(s) faisnéis, rabhaidh agus marcálacha;

(t) ábhair agus táirgí;

(u) ceallraí.

3. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 maidir le feithiclí, agus le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh na bhfeithiclí sin, más rud é go bhfuil siad infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

4. Chun a áirithiú go mbainfear ardleibhéal sábháilteachta feidhmiúla amach, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 maidir leis na ceanglais theicniúla mhionsonraithe le haghaidh na n-ábhar a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo, leana n-áirítear nósanna imeachta tástála agus luachanna teorann, i gcás inarb infheidhme. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

Beidh na ceanglais theicniúla mhionsonraithe sin de chineál a mhéadóidh an leibhéal sábháilteachta ag an obair dá bhforáiltear leis na Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 76(1) agus in Airteagal 77, nó ar a laghad a choimeádfaidh an leibhéal sin, agus eirgeanamaíocht (lena n-áirítear cosaint ar mhí-úsáid intuartha, inúsáidteacht córas rialaithe, inrochtaineacht na rialaitheoirí chun gníomhachtúchán neamhthoiliúil a sheachaint, oiriúnú chomhéadan an duine/na feithicle do shaintréithe intuartha an tiománaí, do chreathanna agus d'idirghabháil an oibreora), cobhsaíocht agus sábháilteacht dóiteáin á gcur san áireamh.

*Airteagal 19*

**Ceanglais um fheidhmíocht chomhshaoil**

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéantar na feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ar bhealach a íoslaghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol.

2. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonann na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh na ceanglais ábhartha atá leagtha amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) astaíochtaí truailleán;

(b) leibhéal fuaime seachtraí.

3. Beidh feidhm ag na luachanna teorann, ag na nósanna imeachta tástála agus ag na ceanglais le haghaidh astaíochtaí truailleán atá leagtha síos le haghaidh innealra shoghluaiste i dTreoir 97/68/CE.

4. Ní fhéadfaidh na luachanna teorann do na leibhéil shonracha fuaime seachtraí a bheith níos mó ná na leibhéil seo a leanas:

(a) 89 dB(A) do tharracóirí ag a bhfuil mais gan ualach nach mó ná 1 500 kg, agus iad in ord reatha;

(b) 85 dB(A) do tharracóirí ag a bhfuil mais gan ualach nach mó ná 1 500 kg, agus iad in ord reatha.

Tomhaisfear iad i gcomhréir leis an nós imeachta tástála a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 6.

5. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 maidir le feithiclí, agus le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh na bhfeithiclí sin, más rud é go bhfuil siad infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 maidir leis na ceanglais theicniúla mhionsonraithe i ndáil leis an leibhéal fuaime seachtraí, lena n-áirítear nósanna imeachta tástála, agus i ndáil le hinnill a bheidh ceadaithe i dtaca le hastaíochtaí truailleán a shuiteáil i bhfeithicil agus i dtaca leis na forálacha gaolmhara le haghaidh solúbthachta chun a áirithiú go mbainfear amach ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil. Déanfar na chéad gníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

Beidh na ceanglais theicniúla shonracha de chineál a mhéadóidh leibhéal na feidhmíochta comhshaoil dá bhforáiltear sna Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 76(1) agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 77, nó ar a laghad an leibhéal sin a choimeád.

CAIBIDIL IV

**NÓSANNA IMEACHTA CINEÁLCHEADAITHE AE**

*Airteagal 20*

**Nósanna imeachta le haghaidh chineálcheadú AE**

1. Agus monaróir ag cur isteach ar chineálcheadú feithicle ina hiomláine, féadfaidh sé ceann amháin de na nósanna imeachta a leanas a roghnú:

(a) cineálcheadú céim ar chéim;

(b) cineálcheadú aonchéime;

(c) cineálcheadú measctha.

De bhreis air sin, féadfaidh an monaróir cineálcheadú ilchéime a roghnú.

I gcás cineálcheadú córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh, is é an nós imeachta do chineálcheadú aonchéime amháin a bheidh infheidhme.

2. Is éard a bheidh sa chineálcheadú céim ar chéim bailiú le chéile, céim ar chéim, tacar iomlán na ndeimhnithe ar chineálcheadú AE do na chórais, do na comhpháirteanna agus do na haonaid theicniúla ar leithligh ar cuid den fheithicil iad, agus as a leanann, ag an gcéim deiridh, ceadú na feithicle ina hiomláine.

3. Is éard a bheidh sa chineálcheadú aonchéime ceadú na feithicle ina hiomláine trí oibríocht aonair.

4. Is éard atá sa chineálcheadú measctha nós imeachta cineálcheadaithe céim ar chéim trína mbaintear amach ceadú córais amháin nó níos mó le linn chéim dheireanach cheadú na feithicle iomláine, gan gá le deimhnithe ar chineálcheadú AE a eisiúint le haghaidh na gcóras sin.

5. I nós imeachta cineálcheadaithe ilchéime, deimhníonn údarás ceadaithe amháin nó níos mó, ag brath ar staid chríochnaithe na feithicle, go gcomhlíonann cineál feithicle neamhiomláine nó cineál feithicle lánchríochnaithe forálacha riaracháin ábhartha agus ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo.

Déanfar cineálcheadú ilchéime a dheonú i leith cineál feithicle neamhiomláine nó lánchríochnaithe a chomhlíonann na sonraí san fhillteán faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 22 agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla a leagtar síos sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I, ag cur staid chríochnaithe na feithicle san áireamh.

6. Ní dheonófar an cineálcheadú i leith na céime deiridh den chríochnú ach amháin go dtí tar éis don údarás ceadaithe a dheimhniú go gcomhlíonann an fheithicil arna cineálcheadú ag an gcéim dheiridh na ceanglais theicniúla uile is infheidhme ag an tráth sin. Áiritheofar leis an méid sin seiceáil dhoiciméadach ar na ceanglais go léir atá clúdaithe ag cineálcheadú d'fheithicil neamhiomlán arna dheonú le linn an nós imeachta ilchéime, fiú nuair a dhéantar é a dheonú do (fho-)chatagóir feithicle éagsúil.

7. Ní dhéanfaidh an nós imeachta ceadaithe a roghnófar difear do na ceanglais shubstainteacha is infheidhme ar gá don chineál feithicle iad a chomhlíonadh tráth a eisítear cineálcheadú na feithicle iomláine.

8. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 maidir le socruithe mionsonraithe a bhaineann le nósanna imeachta cineálcheadaithe. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

*Airteagal 21*

**Iarratas ar chineálcheadú**

1. Déanfaidh an monaróir an t-iarratas ar chineálcheadú a chur faoi bhráid an údaráis ceadaithe.

2. Ní fhéadfar ach aon iarratas amháin a chur isteach i leith cineál ar leithligh feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, agus ní fhéadfar é a chur isteach ach in aon Bhallstát amháin.

3. Cuirfear isteach iarratas ar leithligh le haghaidh gach cineáil atá le ceadú.

*Airteagal 22*

**Fillteán faisnéise**

1. Soláthróidh an t-iarratasóir fillteán faisnéise don údarás ceadaithe.

2. Beidh na nithe seo a leanas san fhillteán faisnéise:

(a) doiciméad faisnéise;

(b) gach sonra, líníocht, grianghraf agus faisnéis eile;

(c) i gcás feithiclí, léiriú ar an nós imeachta nó na nósanna imeachta arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 20(1);

(d) aon fhaisnéis bhreise a iarrann an t-údarás ceadaithe i gcomhthéacs an nós imeachta iarratais.

3. Féadfar an fillteán faisnéise a sholáthar ar pháipéar nó i bhformáid leictreonach ar formáid í atá inghlactha ag an tseirbhís theicniúil agus ag an údarás ceadaithe.

4. Déanfaidh an Coimisiún teimpléid a leagan síos don doiciméad faisnéise agus don fhillteán faisnéise trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

*Airteagal 23*

**Ceanglais shonracha maidir le faisnéis atá le soláthar san iarratas ar chineálcheadú faoi nósanna imeachta éagsúla**

1. Beidh ag gabháil leis an iarratas ar chineálcheadú céim ar chéim fillteán faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 22 agus sraith iomlán na ndeimhnithe ar chineálcheadú is gá de bhun gach gnímh ar leithligh is infheidhme agus atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

Maidir le cineálcheadú córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, de bhun na ngníomhartha is infheidhme atá liostaithe in Iarscríbhinn I, beidh rochtain ag an údarás ceadaithe ar an bhfillteán faisnéise gaolmhar go dtí go n-eisítear cineálcheadú nó go dtí go ndiúltaítear do chineálcheadú.

2. Beidh ag gabháil le hiarratas ar chineálcheadú aonchéime fillteán faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 22 ar fillteán é ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo, i ndáil leis na gníomhartha sin is infheidhme.

3. I gcás nós imeachta cineálcheadaithe mheasctha, beidh ag gabháil leis an bhfillteán faisnéise ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe ar chineálcheadú a cheanglaítear a dhéanamh de bhun gach ceann de na gníomhartha is infheidhme a liostaítear in Iarscríbhinn I agus beidh ar áireamh san fhillteán sin, a mhéid is nach gcuirtear aon deimhniú ar chineálcheadú i láthair, an fhaisnéis ábhartha i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, maidir leis na gníomhartha sin is infheidhme.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 ná do mhír 3, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas chun críocha cineálcheadaithe ilchéime:

(a) sa chéad chéim, na codanna sin den fhillteán faisnéise agus de na deimhnithe ar chineálcheadú AE a bhaineann le staid chríochnaithe na bonnfheithicle;

(b) sa dara céim agus sna céimeanna ina dhiaidh sin, na codanna sin den fhillteán faisnéise agus de dheimhnithe ar chineálcheadú AE a bhaineann leis an gcéim reatha tógála, móide cóip de dheimhniú ar chineálcheadú AE le haghaidh na feithicle a eisíodh sa chéim tógála roimhe sin mar aon le mionsonraí iomlána maidir le haon athruithe a rinne an monaróir ar an bhfeithicil nó maidir le haon ní a chuir an monaróir léi.

Féadfar an fhaisnéis atá sonraithe i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo a sholáthar i gcomhréir le mír 3.

5. Féadfaidh an t-údarás ceadaithe, trí iarraidh réasúnaithe, a cheangal ar an monaróir aon fhaisnéis eile is gá chun go bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir leis na tástálacha nach mór a dhéanamh, nó chun déanamh na dtástálacha sin a éascú.

CAIBIDIL V

## SEOLADH NÓSANNA IMEACHTA CINEÁLCHEADAITHE AE

*Airteagal 24*

### Forálacha ginearálta

1. Ní thabharfaidh na húdaráis ceadaithe cineálcheadú AE ach amháin tar éis dóibh a áirithiú go bhfuil na socruithe a bhaineann le comhréireacht táirgeachta dá dtagraítear in Airteagal 28 curtha chun feidhme agus má chomhlíonann an cineál feithicle, an cineál córais, an cineál comhpháirte nó an cineál aonaid theicniúil ar leithligh na ceanglais is infheidhme.

2. Tabharfar cineálcheaduithe AE i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

3. Má fhionnann údarás ceadaithe go ndéanann cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, cé go gcomhlíonann siad na forálacha arna gceangal, riosca tromchúiseach a chothú don tsábháilteacht nó go bhféadfadh sé díobháil mhór a dhéanamh don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí, nó go gcothaíonn sé riosca tromchúiseach don tsábháilteacht cheirde féadfaidh sé a dhiúltú cineálcheadú AE a dheonú. Sa chás sin, déanfaidh sé comhad mionsonraithe a sheoladh láithreach bonn chuig údaráis cheadaithe na mBallstát eile agus chuig an gCoimisiún ina míneofar na cúiseanna atá leis an gcinneadh agus ina leagfar amach an fhianaise lena fhionnachtana.

4. Déanfar deimhnithe ar chineálcheadú AE a uimhriú i gcomhréir le córas comhchuibhithe arna leagan ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

5. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe, laistigh de mhí amháin ó eisiúint an deimhnithe ar chineálcheadú AE, cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE, chomh maith leis na ceangaltáin, a sheoladh trí chóras leictreonach malairte comhchoiteann slán chuig údaráis cheadaithe na mBallstát eile le haghaidh gach cineál feithicle atá ceadaithe aige. Féadfaidh an chóip sin a bheith i bhfoirm comhaid leictreonaigh shláin freisin.

6. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe údaráis cheadaithe na mBallstát eile ar an eolas gan mhoill maidir le haon cheadú feithicle a diúltaíodh nó a tarraingíodh siar, chomh maith leis na fáthanna leis an gcinneadh.

7. Ar eatraimh thrí mhí, seolfaidh an t-údarás ceadaithe chuig údaráis cheadaithe na mBallstát eile liosta de na cineálcheaduithe AE do chórais, do chomhpháirteanna agus d'aonaid theicniúla ar leithligh a dheonaigh sé, a leasaigh sé, a dhiúltaigh sé a dheonú nó a tharraing sé siar le linn na tréimhse roimhe sin.

8. Má iarrann údarás ceadaithe Ballstáit eile cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, an deimhniú cineálcheadaithe AE a iarradh, in éineacht leis na ceangaltáin, a sheoladh trí chóras leictreonach malairte comhchoiteann slán chuig údarás ceadaithe an Bhallstáit sin. Féadfaidh an chóip sin a bheith i bhfoirm comhaid leictreonaigh shláin freisin.

9. Má iarrann an Coimisiún amhlaidh, cuirfidh an t-údarás ceadaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 go mír 8 chuig an gCoimisiún freisin.

10. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe pacáiste faisnéise le chéile ina mbeidh an fillteán faisnéise móide na tuarascálacha ar na tástálacha agus gach doiciméad eile a chuir an tseirbhís theicniúil nó an t-údarás ceadaithe leis an bhfillteán faisnéise le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. San fhillteán faisnéise beidh innéacs ina liostófar a inneachar agus uimhreacha cuí nó marcanna eile air chun na leathanaigh uile a dhéanamh so-aitheanta, agus leagfar amach an doiciméad sin i bhformáid a thaispeánfaidh na céimeanna i ndiaidh a chéile a tugadh i mbainistiú an chineálcheadaithe AE, go háirithe na dátaí ar a ndearnadh athbhreithnithe agus nuashonrú. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe an fhaisnéis atá sa phacáiste faisnéise a choimeád ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis críoch bhailíocht an cheadaithe lena mbaineann.

*Airteagal 25*

**Forálacha sonracha maidir leis an deimhniú ar chineálcheadú AE**

1. Beidh an méid seo a leanas, i bhfoirm cheangaltán, ag gabháil leis an deimhniú ar chineálcheadú AE:

(a) an pacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24(10);

(b) torthaí na dtástálacha;

(c) ainm(neacha) agus cóip(eanna) samplach(a) de shíniú(de shínithe) an duine(na ndaoine) atá údaraithe chun deimhnithe comhréireachta a shíniú agus ráiteas faoina bpost sa chuideachta;

(d) i gcás cineálcheadaithe AE don fheithicil ina hiomláine, cóip shamplach den deimhniú comhréireachta agus í comhlánaithe.

2. Eiseofar an deimhniú ar chineálcheadú AE ar bhonn an teimpléid arna leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

3. Maidir le gach cineál feithicle, déanfaidh an t-údarás ceadaithe na nithe seo a leanas:

(a) na ranna ábhartha uile den deimhniú ar chineálcheadú AE a chomhlánú, lena n-áirítear bileog thorthaí na tástála atá i gceangal leis an deimhniú;

(b) an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise a thiomsú;

(c) an deimhniú comhlánaithe, chomh maith leis na ceangaltáin a ghabhann leis, a eisiúint don iarratasóir gan mhoill.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad a leagan síos do bhileog thorthaí na tástála dá dtagraítear i bpointe (a). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

4. I gcás cineálcheadú AE ar forchuireadh, i gcomhréir le hAirteagal 35, srianta ar a bhailíocht, nó a ndearnadh forálacha áirithe den Rialachán seo nó de na gníomhartha tarmligthe agus de na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a tharscaoileadh ina leith, sonrófar na srianta nó na tarscaoiltí sin sa deimhniú ar chineálcheadú AE.

5. I gcás ina ndéanann an monaróir nós imeachta an chineálcheadaithe mheasctha a roghnú, comhlánóidh an t-údarás ceadaithe sa phacáiste faisnéise na tagairtí do na tuarascálacha ar na tástálacha, arna mbunú leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 27(1), nach bhfuil aon deimhniú ar chineálcheadú AE ar fáil lena n-aghaidh.

6. I gcás ina roghnaíonn an monaróir nós imeachta an chineálcheadaithe aonchéime, bunóidh an t-údarás ceadaithe liosta ceanglas nó gníomhartha is infheidhme agus cuirfidh sé an liosta sin i gceangal leis an deimhniú ar chineálcheadú AE. Déanfaidh an Coimisiún teimpléad don liosta sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

*Airteagal 26*

**Forálacha sonracha maidir le córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leith**

1. Tabharfar cineálcheadú AE do chórais atá i gcomhréir leis na sonraí san fhillteán faisnéise agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla atá leagtha síos sna gníomhartha ábhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

2. Déanfar cineálcheadú AE a dheonú do chomhpháirt nó d'aonad teicniúil ar leithligh i dtaca le comhpháirt nó le haonad teicniúil ar leithligh atá i gcomhréir leis na sonraí san fhillteán faisnéise agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla atá leagtha síos sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I.

3. I gcás ina bhfuil comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, bíodh siad le deisiú, le seirbhísiú, le cothabháil nó ná bíodh, cumhdaithe freisin ag cineálcheadú córais a bhaineann le feithicil, ní bheidh gá le haon cheadú comhpháirte nó le haon cheadú aonaid theicniúil ar leithligh eile ach amháin má fhoráiltear dó sin sna gníomhartha ábhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

4. I gcás ina gcomhlíonann comhpháirt aonad teicniúil ar leithligh nó comhpháirt an fheidhm atá leis nó léi nó mura bhfuil sé nó sí ina s(h)ainghné ach amháin nuair a oibríonn sé nó sí i gcomhcheangal le páirteanna eile de chuid na feithicle, rud a fhágann nach féidir a fhíorú go gcomhlíonann an t-aonad teicniúil ar leithligh nó an chomhpháirt na ceanglais ach amháin nuair a bhíonn sé nó sí ag obair i gcomhcheangal leis na páirteanna eile sin de chuid na feithicle, cuirfear srian dá réir le raon fheidhme an chineálcheadaithe AE i leith na comhpháirte sin nó i leith an aonaid theicniúil ar leithligh sin.

Sna cásanna sin, sonrófar sa deimhniú ar chineálcheadú AE aon srianta ar úsáid na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh agus luafar ann na coinníollacha speisialta maidir lena suiteáil.

I gcás ina bhfeistíonn monaróir na feithicle a leithéid de chomhpháirt nó d'aonad teicniúil ar leithligh, fíorófar le linn don fheithicil a bheith á ceadú go bhfuil an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin i gcomhréir le haon srianta is infheidhme maidir lena n-úsáid nó le haon choinníollacha is infheidhme maidir lena suiteáil.

*Airteagal 27*

**Tástálacha arna gceangal le haghaidh chineálcheadú AE**

1. Léireofar comhlíonadh na saintreoracha atá leagtha síos sa Rialachán seo agus sna gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I trí bhíthin tástálacha iomchuí arna ndéanamh ag seirbhísí teicniúla ainmnithe.

Is sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I a leagfar síos na nósanna imeachta tástála dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus an trealamh sonrach agus na huirlisí sonracha a fhorordaítear chun na tástálacha sin a dhéanamh.

Déanfaidh formáid na tuarascála ar an tástáil na ceanglais ghinearálta arna leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

2. Cuirfidh an monaróir ar fáil don údarás ceadaithe a oiread sin feithiclí, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh a cheanglaítear air a chur ar fáil faoi na gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I chun na tástálacha a éilítear a dhéanamh.

3. Déanfar na tástálacha riachtanacha ar fheithiclí, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh atá ionadaíoch don chineál atá le ceadú.

Féadfaidh an monaróir, áfach, le comhaontú an údaráis ceadaithe, feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a roghnú nach bhfuil ionadaíoch don chineál atá le ceadú ar chuntar go mbeidh roinnt de na gnéithe is neamhfhabhraí inti ó thaobh an leibhéil feidhmíochta atá ag teastáil. Féadfar úsáid a bhaint as modhanna fíorúla tástála chun cabhrú le cinnteoireacht le linn an phróisis roghnaithe.

4. Faoi réir chomhaontú an údaráis ceadaithe, féadfar modhanna fíorúla tástála a úsáid in ionad na nósanna imeachta tástála dá dtagraítear i mír 1 arna iarraidh sin don mhonaróir maidir leis na ceanglais sin a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 6.

5. Comhlíonfaidh na modhanna fíorúla tástála na coinníollacha a bhunaítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 6.

6. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na torthaí a gheofar trí na modhanna fíorúla tástála chomh bailí céanna leis na torthaí a gheofar trí thástáil fhisiciúil, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais is féidir a chur faoi thástáil fhíorúil agus na dálaí a mbeidh an tástáil sin le déanamh fúthu. Nuair a ghlacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin, beidh mar bhonn aige na ceanglais agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (An Chreat Treoir) ([1]), de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 28*

**Socruithe maidir le comhréireacht táirgeachta**

1. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe a thugann cineálcheadú AE na bearta is gá, i gcomhar le húdaráis cheadaithe na mBallstát eile más gá, chun a fhíorú go bhfuil socruithe leordhóthanacha déanta lena áirithiú go bhfuil na feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a tháirgtear i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

2. Maidir le húdarás ceadaithe a dheonaíonn cineálcheadú d'fheithicil ina hiomláine, déanfaidh sé na bearta is gá chun a fhíorú go bhfuil na deimhnithe comhréireachta a eisíonn an monaróir i gcomhréir le hAirteagal 33. Chuige sin, fíoróidh an t-údarás ceadaithe go bhfuil líon dóthanach samplaí de dheimhnithe comhréireachta ann atá ar comhréir le hAirteagal 33 agus go bhfuil socruithe dóthanacha déanta ag an monaróir lena áirithiú go bhfuil na sonraí sna deimhnithe comhréireachta i gceart.

3. Maidir le húdarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, déanfaidh sé na bearta is gá, i gcomhar le húdaráis cheadaithe na mBallstát eile más gá, chun a fhíorú go bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 dóthanach i gcónaí ionas go leanfaidh feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtáirgeadh de bheith i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus go leanfaidh deimhnithe comhréireachta de bheith ag comhlíonadh Airteagal 33.

([1]) IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.

4. D'fhonn a fhíorú go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, féadfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE aon cheann de na seiceálacha nó de na tástálacha, ar tástálacha iad a éilítear le haghaidh chineál cheadú AE is ábhar do chineálcheadú AE, a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil in áitreabh an mhonaróra, lena n-áirítear saoráidí táirgthe.

5. Nuair a shuíonn údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE nach bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcur i bhfeidhm, nó go n-imíonn siad go mór ó na socruithe agus ó na pleananna rialaithe a comhaontaíodh, nó gur stopadh de bheith á gcur i bhfeidhm nó go meastar nach bhfuil siad dóthanach a thuilleadh, cé go bhfuiltear ag leanúint den táirgeadh, déanfaidh an t-údarás ceadaithe sin na bearta is gá chun a áirithiú go leanfar i gceart an nós imeachta um chomhréireacht táirgeachta, nó déanfaidh sé an cineálcheadú a tharraingt siar.

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 i dtaobh na socruithe mionsonraithe maidir le comhréireacht táirgeachta. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

CAIBIDIL VI

## LEASUITHE AR CHINEÁLCHEADUITHE AE

*Airteagal 29*

### Forálacha ginearálta

1. Cuirfidh an monaróir an t-údarás ceadaithe a thug cineálcheadú AE ar an eolas gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí a taifeadadh sa phacáiste faisnéise.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe sin cinneadh maidir le cé acu de na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 30 a leanfar.

I gcás inar gá, féadfaidh an t-údarás ceadaithe a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an monaróir, go ndeonófar cineálcheadú AE nua.

2. Is chuig an údarás ceadaithe a thug cineálcheadú AE, agus chuige sin amháin a chuirfear iarratas ar chineálcheadú AE a leasú.

3. Má fhionnann an t-údarás ceadaithe, chun críocha leasú á dhéanamh, gur gá cigireachtaí nó tástálacha a athdhéanamh, cuirfidh sé an monaróir ar an eolas faoin méid sin dá réir sin.

Ní bheidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 30 ach amháin, ar bhonn na gcigireachtaí agus na dtástálacha, má thagann an t-údarás ceadaithe ar an tátal go bhfuiltear ag leanúint de na ceanglais a bhaineann le cineálcheadú AE a chomhlíonadh.

*Airteagal 30*

### Cineálcheaduithe AE a athbhreithniú agus a fhadú

1. Má tá athrú tagtha ar na sonraí a taifeadadh sa phacáiste faisnéise, agus mura bhfuil gá le cigireachtaí nó le tástálacha a athdhéanamh, tabharfar "athbhreithniú" ar an leasú sin.

I gcásanna den sórt sin, eiseoidh an t-údarás ceadaithe na leathanaigh athbhreithnithe den phacáiste faisnéise de réir mar is gá, agus marcálfaidh sé gach ceann de na leathanaigh athbhreithnithe chun an cineál athraithe agus dáta na hatheisiúna a léiriú. Measfar go ndéanann leagan comhdhlúite nuashonraithe den phacáiste, móide tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe, an ceanglas sin a chomhlíonadh.

2. "Fadú" a thabharfar ar an leasú nuair atá athrú tagtha ar shonraí a taifeadadh sa phacáiste faisnéise nuair a tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) is gá cigireachtaí nó tástálacha breise a dhéanamh;

(b) athraíodh faisnéis sa deimhniú ar chineálcheadú AE, cé is moite d'fhaisnéis sna ceangaltáin;

(c) tá feidhm tagtha le ceanglais nua faoi aon ghníomh a liostaítear in Iarscríbhinn I, ar ceanglais iad is infheidhme maidir leis an gcineál feithicle nó maidir leis an gcóras, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh atá ceadaithe.

I gcás fadú, eiseoidh an t-údarás ceadaithe deimhniú nuashonraithe ar chineálcheadú AE a mbeidh uimhir an fhadaithe luaite air, ar uimhir í a ardaíonn de réir líon na bhfaduithe leantacha atá deonaithe cheana. Taispeánfar go soiléir ar an deimhniú ceadaithe sin an chúis a bhí leis an bhfadú agus an dáta a atheisíodh é.

3. Nuair a eisítear leathanaigh leasaithe nó leagan comhdhlúite nuashonraithe, leasófar dá réir sin an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise a ghabhann leis an deimhniú ceadaithe chun dáta an tsínithe is déanaí nó dáta an athbhreithnithe is déanaí, nó dáta an chomhdhlúthaithe is déanaí den leagan nuashonraithe, a thaispeáint.

4. Ní bheidh gá le haon leasú ar chineálcheadú feithicle más rud é, ó thaobh na teicneolaíochta de, nach mbaineann na ceanglais nua dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 leis an gcineál sin feithicle nó go mbaineann siad le catagóirí feithicle seachas an chatagóir lena mbaineann sé.

*Airteagal 31*

### Leasuithe a eisiúint agus a fhógairt

1. I gcás sínithe, nuashonrófar gach roinn ábhartha den deimhniú ar chineálcheadú AE, na ceangaltáin a ghabhann leis, agus an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise. Eiseofar an deimhniú nuashonraithe agus na ceangaltáin a ghabhann leis don iarratasóir gan mhoill.

2. I gcás athbhreithnithe, déanfaidh an t-údarás ceadaithe na doiciméid athbhreithnithe nó an leagan comhdhlúite nuashonraithe, de réir mar is cuí, lena n-áirítear an t-innéacs athbhreithnithe a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise a eisiúint don iarratasóir gan mhoill.

3. I gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in Airteagal 24, déanfaidh an t-údarás ceadaithe fógra faoi aon leasú arna dhéanamh ar chineálcheaduithe AE a thabhairt d'údaráis cheadaithe na mBallstát eile.

CAIBIDIL VII

**BAILÍOCHT CHINEÁLCHEADÚ AE**

*Airteagal 32*

**Bailíocht a fhoirceannadh**

1. Eiseofar cineálcheaduithe AE ar feadh tréimhse gan teorainn.

2. Tiocfaidh cineálcheadú AE chun bheith neamhbhailí in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) más rud é, go dtagann ceanglais nua chun bheith éigeantach, ar ceanglais iad is infheidhme maidir leis an gcineál feithicle ceadaithe, maidir le feithiclí a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís agus más rud é nach féidir an cineálcheadú a nuashonrú dá réir;

(b) má scoirtear go críochnúil agus go deonach de bheith ag táirgeadh na feithicle ceadaithe;

(c) má imíonn bailíocht an cheadaithe in éag de bhun sriain speisialta i gcomhréir le hAirteagal 35(6);

(d) má dhéantar an ceadú a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 28(5), le hAirteagal 44(1) nó le hAirteagal 47(4).

3. Mura dtagann ach malairt amháin laistigh de chineál nó leagan amháin laistigh de mhalairt chun bheith neamhbhailí, ní chaillfidh cineálcheadú AE na feithicle atá i gceist bailíocht ach amháin a mhéid a bhaineann leis an malairt áirithe nó leis an leagan áirithe atá i gceist.

4. Nuair a scoirtear go críochnúil de bheith ag táirgeadh cineál áirithe feithicle, tabharfaidh an monaróir fógra faoi sin don údarás ceadaithe a thug cineálcheadú AE le haghaidh na feithicle sin.

Laistigh de mhí amháin tar éis dó an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE don fheithicil é sin a chur in iúl d'údaráis cheadaithe na mBallstát eile.

5. Gan dochar do mhír 4, i gcásanna ina mbeidh cineálcheadú AE i leith feithicle le teacht chun bheith neamhbhailí, tabharfaidh an monaróir fógra faoin méid sin don údarás ceadaithe a thug cineálcheadú AE.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE gach faisnéis ábhartha a chur gan mhoill chuig údaráis cheadaithe na mBallstát eile ionas go bhféadfar, i gcás inarb iomchuí, Airteagal 39 a chur i bhfeidhm.

Sonrófar san fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír, go háirithe, an dáta táirgthe agus an uimhir aitheantais feithicle don fheithicil is deireanaí a táirgeadh.

CAIBIDIL VIII

**AN DEIMHNIÚ COMHRÉIREACHTA AGUS MARCANNA**

*Airteagal 33*

**Deimhniú comhréireachta**

1. Déanfaidh an monaróir, ina cháil mar shealbhóir ar chineálcheadú feithicle, deimhniú comhréireachta a sheachadadh mar dhoiciméad páipéir a bheidh ag gabháil le gach feithicil, bíodh sí iomlán, neamhiomlán nó lánchríochnaithe, arna monarú i gcomhréir leis an gcineál feithicle ceadaithe.

Seachadfar deimhniú den sórt sin saor in aisce ar an gceannaitheoir in éineacht leis an bhfeithicil. Ní fhéadfaidh seachadadh an deimhnithe a bheith ag brath ar iarraidh shainráite a dhéanamh ar an monaróir nó ar fhaisnéis bhreise a chur isteach chuige.

Arna iarraidh sin ag úinéir na feithicle, déanfaidh an monaróir feithicle, go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis dháta táirgthe na feithicle dúblach den deimhniú comhréireachta a eisiúint ar íocaíocht nach mó ná costas na heisiúna. Beidh an focal "dúblach" le feiceáil go soiléir ar éadan aon deimhnithe dhúblaigh.

2. Úsáidfidh an monaróir an teimpléad le haghaidh deimhnithe comhréireachta arna ghlacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Ceapfar an deimhniú comhréireachta sa chaoi is go gcoiscfear brionnú. Chuige sin, forálfar sna gníomhartha cur chun feidhme go mbeidh an páipéar a úsáidtear sa deimhniú cosanta ag roinnt gnéithe éagsúla de chlódóireacht slándála. Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

3. Déanfar an deimhniú comhréireachta a tharraingt suas i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais. Féadfaidh aon Bhallstát a iarraidh go ndéanfaí an deimhniú comhréireachta a aistriú go dtí a theanga oifigiúil nó go dtí a theangacha oifigiúla féin.

4. Is in eagraíocht an mhonaróra a bheidh an duine/na daoine a bheidh údaraithe chun deimhnithe comhréireachta a shíniú agus beidh an duine/na daoine sin údaraithe go cuí ag an mbainistíocht chun freagracht dhlíthiúil an mhonaróra a ghlacadh chucu féin i ndáil le dearadh agus tógáil na feithicle nó i ndáil le comhréireacht táirgeachta na feithicle.

5. Déanfar an deimhniú comhréireachta a chomhlánú ina iomláine agus ní bheidh srianta ann maidir le húsáid na feithicle seachas na srianta sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó in aon cheann de na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

6. I gcás feithicle neamhiomláine nó i gcás feithicle lánchríochnaithe, ní chomhlánóidh an monaróir ach amháin na míreanna sin den deimhniú comhréireachta ar cuireadh leis an bhfeithicil iad nó ar athraíodh iad ag an gcéim reatha ceadaithe agus, más infheidhme, cuirfidh sé i gceangal leis an deimhniú gach deimhniú comhréireachta a seachadadh ag na céimeanna roimhe sin.

7. I gcás feithiclí a cheadaítear i gcomhréir le hAirteagal 35(2), beidh, i dteideal an deimhnithe comhréireachta, an frása a leanas: "Le haghaidh feithiclí iomlána/feithiclí lánchríochnaithe arna gcineálcheadú i bhfeidhmiú Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (ceadú sealadach).".

8. I gcás feithiclí arna gcineálcheadú i gcomhréir le hAirteagal 37, beidh, i dteideal an deimhnithe chomhréireachta mar atá leagtha amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, an frása seo a leanas "Le haghaidh feithiclí iomlána/feithiclí lánchríochnaithe arna gcineálcheadú i sraitheanna beaga", agus in aice leis sin an bhliain táirgthe agus uimhir sheicheamhach ina diaidh, uimhir idir 1 agus an teorainn atá sonraithe sa tábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, agus lena gcuirfear in iúl, maidir le gach bliain táirgthe, staid na feithicle sin laistigh den táirgeadh arna chionroinnt le haghaidh na bliana sin.

9. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an monaróir an deimhniú comhréireachta a sheoladh go leictreonach chuig údarás clárúcháin aon Bhallstáit.

*Airteagal 34*

**Pláta reachtúil le marcáil iomchuí feithiclí agus marc cineálcheadaithe comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh**

1. Déanfaidh monaróir feithicle pláta reachtúil leis an marcáil iomchuí a cheanglaítear a dhéanamh leis an ngníomh cur chun feidhme ábhartha arna ghlacadh de bhun mhír 3 a ghreamú de gach feithicil arna monarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

2. Monaróir comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, bíodh an chomhpháirt nó an t-aonad sin ina chuid de chóras nó ná bíodh, déanfaidh sé marc an chineálcheadaithe a éilítear leis an ngníomh cur chun feidhme ábhartha arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo nó de bhun rialachán ábhartha CENAE nó de bhun Chód ECFE a ghreamú de gach comhpháirt nó de gach aonad teicniúil ar leithligh arna monarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

I gcás nach n-éilítear marc cineálcheadaithe den sórt sin, déanfaidh an monaróir trádainm nó trádmharc an mhonaróra, uimhir an chineáil nó uimhir aitheantais a ghreamú.

3. Beidh pláta reachtúil agus marc an chineálcheadaithe AE i gcomhréir leis an tsamhail arna leagan amach ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

CAIBIDIL IX

**DÍOLÚINTÍ DO THEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA NÓ DO CHOINCHEAPA NUA**

*Airteagal 35*

**Díolúintí le haghaidh teicneolaíochtaí nua nó le haghaidh coincheap nua**

1. Féadfaidh an monaróir iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE maidir le cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua nach bhfuil ag luí le ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

2. Deonóidh an t-údarás ceadaithe cineálcheadú AE dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina mbeidh gach ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

(a) luaitear ar an iarratas na cúiseanna a fhágann na teicneolaíochtaí nó na coincheapa atá i gceist nach bhfuil an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh ag luí le ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I;

(b) tuairiscítear ar an iarratas na himpleachtaí sábháilteachta agus comhshaoil a ghabhann leis an teicneolaíocht nua agus na bearta a rinneadh lena áirithiú go mbeidh ar a laghad leibhéal sábháilteachta agus leibhéal cosanta comhshaoil ann atá coibhéiseach leis an leibhéal dá bhforáiltear leis na ceanglais óna bhfuiltear ag iarraidh díolúine;

(c) cuirtear i láthair tuairiscí ar na tástálacha agus na torthaí a chruthaíonn go gcomhlíontar an coinníoll i bpointe (b).

3. Beidh deonú cineálcheadaithe AE den sórt sin lena ndéantar díolúine a thabhairt maidir le teicneolaíochtaí nua nó le coincheapa nua faoi réir údarú ón gCoimisiún. Tabharfar an t-údarú sin trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

4. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le húdarú, féadfaidh an t-údarás ceadaithe cineálcheadú AE a eisiúint idir an dá linn maidir le cineál feithicle a chuimsítear faoin díolúine atá á lorg, ach beidh an cineálcheadú sin sealadach agus ní bheidh sé bailí ach i gcríoch an Bhallstáit sin. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe an Coimisiún agus na Ballstát eile ar an eolas faoi sin gan mhoill trí bhíthin comhaid ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2.

Beidh an nádúr sealadach agus an bhailíocht theoranta chríochach le feiceáil ón gceannteideal a bheidh ar dheimhniú cineálcheadaithe agus ó cheannteideal an deimhnithe comhréireachta. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun foráil a dhéanamh do theimpléid chomhchuibhithe le haghaidh an deimhnithe cineálcheadaithe agus le haghaidh an deimhnithe comhréireachta chun críocha na míre seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

5. Féadfaidh údaráis cheadaithe eile a chinneadh glacadh i scríbhinn leis an gceadú sealadach dá dtagraítear i mír 4 laistigh dá gcríoch féin.

6. I gcás inarb iomchuí, sonrófar leis an údarú ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3 cé acu atá sé faoi réir srianta nó nach bhfuil. I ngach cás, beidh an cineálcheadú bailí go ceann 36 mhí ar a laghad.

7. Má chinneann an Coimisiún údarú a dhiúltú, tabharfaidh an t-údarás ceadaithe fógra láithreach do shealbhóir an chineálcheadaithe shealadaigh dá dtagraítear i mír 3 go ndéanfar an ceadú sealadach a chúlghairm sé mhí tar éis dáta an diúltaithe ón gCoimisiún.

Maidir le feithiclí a mhonarófar i gcomhréir leis an gceadú sealadach sula scoirfidh sé de bheith bailí, áfach, féadfar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís in aon Bhallstát a mbeidh an ceadú sealadach glactha acu.

*Airteagal 36*

**Oiriúnú iardain ar ghníomhartha tarmligthe agus ar ghníomhartha cur chun feidhme**

1. I gcás ina n-údaraíonn an Coimisiún díolúine a dheonú de bhun Airteagal 35, déanfaidh sé na céimeanna is gá a ghlacadh láithreach chun na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann a oiriúnú d'fhorbairtí teicneolaíocha.

I gcás ina mbaineann an díolúine faoi Airteagal 35 le rialachán CENAE, molfaidh an Coimisiún leasú ar an rialachán CENAE is ábhartha i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme faoi Chomhaontú Leasaithe 1958.

2. A luaithe a bheidh na gníomhartha ábhartha leasaithe, cuirfear i leataobh aon srian sa chinneadh ón gCoimisiún lenar údaraíodh an díolúine.

Mura ndéantar na céimeanna is gá chun na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme a oiriúnú, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don Bhallstát a dheonaigh an ceadú, a údarú don Bhallstát an cineálcheadú a fhadú, trí chinneadh i bhfoirm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

CAIBIDIL X

**FEITHICLÍ A THÁIRGTEAR I SRAITHEANNA BEAGA**

*Airteagal 37*

**Cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga**

1. Féadfaidh an monaróir iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú náisiúnta i leith sraithe bige de chineál feithicle laistigh de na teorainneacha cainníochtúla bliantúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II. Beidh feidhm ag na teorainneacha sin maidir le feithiclí den chineál ceadaithe a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís ar mhargadh gach Ballstáit in aon bhliain ar leith.

Maidir le cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga, féadfaidh an t-údarás ceadaithe, má tá forais réasúnta aige leis, ceann amháin nó níos mó de na forálacha i gceann amháin nó níos mó de na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a tharscaoileadh, ar choinníoll go sonróidh sé ceanglais mhalartacha.

2. Déanfar a áirithiú leis na ceanglais mhalartacha dá dtagraítear i mír 1 leibhéal feidhmeach sábháilteachta ar bhóithre agus leibhéal cosanta comhshaoil agus leibhéal sábháilteachta ag an obair atá coibhéiseach, a mhéid is féidir, leis an leibhéal dá bhforáiltear leis an ngníomhartha ábhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

3. Maidir le cineálcheadú náisiúnta feithiclí faoin Airteagal seo, glacfar le córais, le comhpháirteanna nó le haonaid theicniúla ar leithligh a dhéantar a chineálcheadú i gcomhréir leis na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I.

4. Déanfar an deimhniú ar chineálcheadú le haghaidh feithiclí a dhéantar a chineálcheadú i gcomhréir leis an Airteagal seo a dhréachtú i gcomhréir leis an teimpléad dá dtagraítear in Airteagal 25(2), ach ní bheidh "Deimhniú ar chineálcheadú feithicle AE" mar cheannteideal air agus sonrófar ann inneachar na dtarscaoiltí a dheonaítear de bhun mhír 1. Déanfar deimhnithe cineálcheadaithe a uimhriú i gcomhréir leis an gcóras comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 24(4).

5. Ní bheidh cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga bailí ach i gcríoch an Bhallstáit sin ar dheonaigh a údarás ceadaithe an ceadú.

6. Arna iarraidh sin ag an monaróir, áfach, déanfar cóip den deimhniú ar chineálcheadú agus de na ceangaltáin a ghabhann leis a sheoladh trí phost cláraithe nó trí phost leictreonach chuig údaráis ceadaithe na mBallstát a bheidh ainmnithe ag an monaróir.

7. Laistigh de trí mhí tar éis dóibh an iarraidh dá dtagraítear i mír 6 a fháil, cinnfidh údaráis ceadaithe na mBallstát a bheidh ainmnithe ag an monaróir cibé acu a ghlacfaidh siad leis an gcineálcheadú nó nach nglacfaidh. Cuirfidh siad a gcinneadh in iúl go foirmiúil don údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga.

8. Glacfaidh údaráis ceadaithe na mBallstát leis an gcineálcheadú náisiúnta ach amháin má bhíonn forais réasúnta acu le creidiúint nach bhfuil na ceanglais theicniúla náisiúnta ar ceadaíodh an fheithicil i gcomhréir leo coibhéiseach lena gcuid ceanglais theicniúla féin.

9. Arna iarraidh sin ag iarratasóir ar mian leis feithicil le cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga a chur ar an margadh nó a chlárú i mBallstát eile, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú náisiúnta sraitheanna beaga cóip den deimhniú ar chineálcheadú, lena n-áirítear an pacáiste faisnéise, a sholáthar d'údarás náisiúnta an Bhallstáit eile. Beidh feidhm ag mír 7 agus ag mír 8.

CAIBIDIL XI

## CUR AR FÁIL AR AN MARGADH, CLÁRÚ NÓ CUR I SEIRBHÍS

*Airteagal 38*

### Feithiclí a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís

1. Gan dochar d'Airteagal 41 agus Airteagal 44, na feithiclí sin a bhfuil cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine éigeantach lena n-aghaidh nó a bhfuil cineálcheadú den sórt sin faighte ag an monaróir lena n-aghaidh faoin Rialachán seo, ní dhéanfar iad a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú, ná a chur i seirbhís, ach amháin má tá deimhniú comhréireachta bailí, arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 33, ag gabháil leo.

I gcás gur feithiclí neamhiomlána iad na feithiclí sin, ceadaítear feithiclí den sórt sin a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, ach féadfaidh na húdaráis atá freagrach as clárú feithiclí sna Ballstáit diúltú cead a thabhairt na feithiclí sin a chlárú nó iad a úsáid ar an mbóthar.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le feithiclí atá beartaithe le húsáid ag na seirbhísí armtha, ag cosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin nó fórsaí atá freagrach as ord poiblí a choimeád agus ní bheidh feidhm aici maidir le feithiclí arna gcineálcheadú i gcomhréir le hAirteagal 37.

*Airteagal 39*

### Feithiclí ceann sraithe a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís

1. Faoi réir na dteorainneacha d'fheithiclí ceann sraithe agus faoi réir na teorann ama a shonraítear i mír 2 agus i mír 4, féadfar feithiclí atá i gcomhréir le cineál feithicle a bhfuil a chineálcheadú AE tagtha chun bheith neamhbhailí de bhun Airteagal 32 a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le feithiclí laistigh de chríoch an Aontais a bhí cumhdaithe ag deimhniú bailí ar chineálcheadú AE tráth a dtáirgthe, ach nár cuireadh ar fáil, nár cláraíodh nó nár cuireadh i seirbhís sular scoir an deimhniú sin ar chineálcheadú AE de bheith bailí.

2. Beidh feidhm ag mír 1, i gcás feithiclí iomlána, go ceann tréimhse 24 mhí ón dáta a tháinig cineálcheadú AE chun bheith neamhbhailí agus, i gcás feithiclí lánchríochnaithe, go ceann tréimhse 30 mí ón dáta sin.

3. Aon mhonaróir ar mian leis leas a bhaint as mír 1, cuirfidh sé iarraidh chuig údarás náisiúnta gach Ballstáit ina bhfuil na feithiclí atá i gceist le cur ar fáil ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís. Sonrófar san iarraidh sin aon chúiseanna teicniúla nó eacnamaíocha a chuireann bac ar na feithiclí sin na ceanglais nua maidir le cineálcheadú a chomhlíonadh.

Laistigh de thrí mhí tar éis dóibh an t-iarraidh a fháil, cinnfidh na húdaráis náisiúnta lena mbaineann cibé acu a cheadóidh siad clárú na bhfeithiclí sin ina gcríocha nó nach gceadóidh agus, má cheadóidh, cinnfidh siad an líon feithiclí a chlárófar.

4. Ní bheidh líon na bhfeithiclí ceann sraithe níos airde ná 10 % den líon feithiclí a cláraíodh sa dá bhliain roimhe sin nó 20 feithicil in aghaidh an Bhallstáit, cibé acu sin is airde.

5. Déanfar iontráil speisialta lena gcáileofar na feithiclí sin mar fheithiclí "ceann sraithe" a chur ar dheimhniú comhréireachta na bhfeithiclí a chuirtear i seirbhís faoin nós imeachta seo.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán éifeachtach ar líon na bhfeithiclí atá le cur ar fáil ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís faoin nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo.

7. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le scor táirgthe ach amháin más toradh é an scor táirgthe ar fhoirceannadh bhailíocht an chineálcheadaithe sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(2).

*Airteagal 40*

### Comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís

1. Ní fhéadfar comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais na ngníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I agus go bhfuil siad marcáilte go cuí i gcomhréir le hAirteagal 34.

2. Ní bhfeidhm feidhm ag mír 1 maidir le comhpháirteanna nó le haonaid theicniúla ar leithligh a tógadh nó a dearadh go sonrach le haghaidh feithiclí nua nach bhfuil cumhdaithe leis an Rialachán seo.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís má bhí na comhpháirteanna nó na haonaid sin díolmhaithe ó cheann amháin nó níos mó d'fhorálacha an Rialacháin seo faoi Airteagal 35 nó má tá siad ceaptha lena suiteáil ar fheithiclí atá cumhdaithe ag ceaduithe arna ndeonú faoi Airteagal 37, ar ceaduithe iad a bhaineann leis an gcomhpháirt nó leis an aonad teicniúil ar leithligh atá i gceist.

4. De mhaolú ar mhír 1, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo nó i gceann de na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, más comhpháirteanna nó aonaid iad atá ceaptha lena suiteáil ar fheithiclí agus nár ceanglaíodh leis an Rialachán seo ná le Treoir 2003/37/CE cineálcheadú AE a dhéanamh orthu tráth a rinneadh iad a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís.

CAIBIDIL XII

**CLÁSAIL CHOSANTA**

*Airteagal 41*

**Nós imeachta chun déileáil le feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá ina n-ábhar riosca thromchúisigh ar an leibhéal náisiúnta**

1. I gcás ina ngníomhóidh údaráis um fhaireachas margaidh de chuid Ballstáit amháin de bhun Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, nó i gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach acu lena chreidiúint go gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá cumhdaithe leis an Rialachán seo riosca tromchúiseach do shláinte nó sábháilteacht daoine nó do ghnéithe eile de chosaint leasanna poiblí atá cumhdaithe leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaíonn an ceadú meastóireacht i dtaca leis an bhfeithicil, leis an gcóras, leis an gcomhpháirt nó leis an aonad teicniúil ar leithligh atá i gceist, ar meastóireacht í a chumhdóidh na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha go hiomlán leis na húdaráis ceadaithe agus/nó leis na húdaráis um fhaireachas margaidh.

Más rud é, agus an mheastóireacht sin á déanamh, go bhfionnann an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú nach gcomhlíonann an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh sé gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh chun go gcomhlíonfaidh an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh na ceanglais sin, nó ceanglóidh sé ar an oibreoir an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a tharraingt siar ón margadh, nó a aisghlaoch laistigh de thréimhse réasúnta, ar gníomhaíocht í a bheidh comhréireach leis an gcineál riosca atá ann.

Beidh feidhm ag Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 maidir leis na bearta dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo.

2. I gcás ina measann na húdaráis ceadaithe nach bhfuil an neamh-chomhréireacht srianta dá gcríoch náisiúnta féin, déanfaidh siad torthaí na meastóireachta, chomh maith leis an ngníomhaíocht a cheanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh, a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar gach beart ceartaitheach is iomchuí maidir leis na feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh neamh-chomhlíontacha go léir a chuir sé ar an margaidh, a chláraigh sé nó a raibh sé freagrach as a gcur i seirbhís san Aontas.

4. I gcás nach ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch beart ceartaitheach dóthanach laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, déanfaidh na húdaráis náisiúnta gach beart iomchuí chun cur ar fáil ar an margadh, clárú nó cur i seirbhís feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh atá neamh-chomhlíontach a chosc nó a shrianadh ar a margadh náisiúnta, nó chun iad a tharraingt siar ón margadh sin nó chun iad a aisghlaoch.

5. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas gan mhoill faoi na bearta dá bhforáiltear i mír 4.

Áiritheofar san fhaisnéis a sholáthrófar gach mionsonra atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh neamh-chomhlíontach a shainaithint, sonraí maidir lena thionscnamh, an cineál neamh-chomhréireachta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, mar aon le cineál agus ré na mbeart náisiúnta a glacadh agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh. Go háirithe, cuirfidh na húdaráis ceadaithe in iúl cibé ar ceachtar díobh seo a leanas is cúis leis an neamh-chomhréireacht:

(a) an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh gan a bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le sláinte nó sábháilteacht daoine, le cosaint an chomhshaoil nó le gnéithe eile de chosaint leasanna poiblí atá cumhdaithe faoin Rialachán seo;

(b) easnaimh sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I.

6. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, laistigh de mhí amháin, aon bhearta atá glactha acu agus aon fhaisnéis bhreise atá ar fáil dóibh maidir le neamh-chomhréireacht na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh i gceist agus, mura n-aontaíonn siad leis an mbeart náisiúnta ar tugadh fógra ina leith, cuirfidh siad a n-agóidí in iúl.

7. Más rud é, laistigh de mhí amháin tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a fháil, go ndéanann Ballstát eile nó an Coimisiún agóid maidir le beart a ghlac Ballstát, déanfaidh an Coimisiún an beart sin a mheas i gcomhréir le hAirteagal 42.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta sriantacha iomchuí maidir leis an bhfeithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh lena mbaineann, amhail an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a tharraingt siar ón margadh, gan mhoill.

*Airteagal 42*

**Nós imeachta cosanta an Aontais**

1. Más rud é, le linn an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 41(3) agus (4), go ndéantar agóidí i gcoinne birt a ghlac Ballstát, nó má mheasann an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an mbeart náisiúnta gan mhoill tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Bunaithe ar thorthaí na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2), cibé an meastar go bhfuil call leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil.

Cuirfidh an Coimisiún a chinneadh in iúl do na Ballstáit uile agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

2. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh atá neamh-chomhlíontach a tharraingt siar óna margadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas ina thaobh sin. Má mheastar nach bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart a tharraingt siar nó a oiriúnú, i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1.

3. I gcás ina meastar go bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta agus gur toradh é sin ar easnaimh sa Rialachán seo sna gníomhartha tarmligthe nó sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, molfaidh an Coimisiún bearta iomchuí mar seo a leanas:

(a) sa chás gur gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo atá i gceist, molfaidh an Coimisiún na leasuithe is gá ar an ngníomh lena mbaineann;

(b) sa chás gur rialacháin CENAE atá i gceist, molfaidh an Coimisiún na dréacht-leasuithe is gá ar na rialacháin ábhartha de chuid CENAE i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme faoi Chomhaontú Leasaithe 1958.

*Airteagal 43*

**Feithiclí comhlíontacha, córais chomhlíontacha, comhpháirteanna comhlíontacha nó aonaid theicniúla ar leithligh chomhlíontacha a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo**

1. Más rud é, tar éis dó meastóireacht a dhéanamh faoi Airteagal 41(1), go bhfionnann Ballstát go gcothaíonn feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, cé go bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh acu nó cé go bhfuil an mharcáil cheart orthu, riosca tromchúiseach maidir le sábháilteacht nó go bhféadfaidís dochar mór a dhéanamh don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcothóidh na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh lena mbaineann riosca a thuilleadh nuair a dhéantar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís, agus ceanglófar ar an oibreoir an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a tharraingt siar ón margadh nó a aisghlaoch laistigh de thréimhse réasúnta, a bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca. Féadfaidh an Ballstát diúltú feithiclí den sórt sin a chlárú go dtí go mbeidh na bearta iomchuí go léir déanta ag an monaróir feithicle.

2. Maidir le feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh amhail dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar gníomh ceartaitheach maidir le gach feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh den sórt sin a chuirtear ar an margadh, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís san Aontas.

3. Cuirfidh an Ballstát dá dtagraítear i mír 1 an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas laistigh de mhí amháin maidir le gach mionsonra atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh lena mbaineann a shainaithint, tionscnamh agus slabhra soláthair na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh, an cineál riosca lena mbaineann agus cineál agus fad na mbeart náisiúnta a ghlacadh.

4. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, gan mhoill, leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, agus go háirithe leis an údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú, agus déanfaidh sé meastóireacht ar na bearta náisiúnta arna nglacadh. Ar bhonn na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún an féidir a mheas go bhfuil údar maith leis na bearta náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, nó nach bhfuil agus, i gcás inar gá, molfaidh sé bearta iomchuí.

5. Déanfaidh an Coimisiún a chinneadh a dhíriú chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

*Airteagal 44*

**Feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh nach bhfuil i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe**

1. Maidir le feithiclí nua, córais nua, comhpháirteanna nua nó aonaid theicniúla ar leithligh nua lena ngabhann deimhniú comhréireachta nó ar a bhfuil marc ceadaithe, mura bhfuil siad i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá, lena n-áirítear an cineálcheadú a tharraingt siar, chun a áirithiú go ndéantar feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtáirgeadh, a thabhairt i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

2. Chun críocha mhír 1, má imítear ó na sonraí atá i ndeimhniú ar chineálcheadú AE nó atá sa phacáiste faisnéise, measfar gurb ionann sin agus mainneachtain bheith i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

3. Má léiríonn údarás ceadaithe nach bhfuil feithiclí, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh nua lena ngabhann deimhniú comhréireachta, nó ar a bhfuil marc ceadaithe a eisíodh i mBallstát eile, i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, féadfaidh sé a iarraidh ar an údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE a fhíorú go bhfuil feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtáirgeadh i gcomhréir i gcónaí leis an gcineál ceadaithe. Ar an iarraidh sin a fháil dó, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE gach beart is gá a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

4. Iarrfaidh an t-údarás ceadaithe ar an údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE do chóras, do chomhpháirt, d'aonad teicniúil ar leithligh nó d'fheithicil neamhiomlán an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar feithiclí a bhfuiltear i mbun a dtáirgthe a thabhairt ar ais chun comhréireachta sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás cineálcheadú feithicle AE, más féidir neamhchomhréireacht feithicle a lua go heisiach le neamhchomhréireacht córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh;

(b) maidir le cineálcheadú ilchéime, i gcás ina bhfuil neamhchomhréireacht feithicle lánchríochnaithe inchurtha go heisiach i leith neamh-chomhréireacht córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh ar cuid den fheithicil neamhiomlán é nó í nó i leith neamh-chomhréireacht na feithicle neamhiomláine féin.

5. Ar an iarraidh sin a fháil dó, déanfaidh an t-údarás ceadaithe lena mbaineann an ghníomhaíocht is gá, i gcomhar leis an údarás ceadaithe a rinne an iarraidh, más gá, a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

6. I gcás ina suitear gur ann do neamh-chomhréireacht, déanfaidh údarás ceadaithe an Bhallstáit a dheonaigh cineálcheadú AE don chóras, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh nó don fheithicil neamhiomlán na bearta a leagtar amach i mír 1.

Cuirfidh na húdaráis ceadaithe a chéile ar an eolas laistigh de mhí amháin faoi aon tarraingt siar de chineálcheadú AE agus faoi na cúiseanna atá leis an tarraingt siar sin.

7. Má dhíospóideann an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE an neamh-chomhréireacht ar tugadh fógra dó ina leith, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann a ndícheall an díospóid a réiteach. Coimeádfar an Coimisiún ar an eolas agus, i gcás inar gá, reáchtálfaidh sé comhairliúcháin chuí d'fhonn teacht ar réiteach.

*Airteagal 45*

**Páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chothú do dhea-fheidhmiú córas atá fíor-riachtanach a chur ar an margadh agus a chur i seirbhís**

1. Páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chothú do dhea-fheidhmiú córas atá fíor-riachtanach ó thaobh shábháilteacht nó fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle de, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís agus déanfar iad a thoirmeasc mura rud é go bhfuil siad údaraithe ag údarás ceadaithe i gcomhréir le hAirteagal 46(1), (2) agus (4).

2. Chun a áirithiú go ndéanfar mír 1 a chur i bhfeidhm ar bhealach comhionann, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta de na páirteanna nó den trealamh sin a tharraingt suas bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus go háirithe faisnéis a bheidh curtha in iúl ag na Ballstáit maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a thromchúisí atá an riosca do shábháilteacht nó d'fheidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí ar a bhfuil na páirteanna nó an trealamh i gceist feistithe;

(b) an tionchar féideartha a bheadh ar thomhaltóirí agus ar mhonaróirí iarmhargaidh dá ndéanfaí ceanglas údaraithe féideartha maidir le páirteanna nó trealamh a fhorchur faoin Airteagal seo.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le páirteanna bunaidh nó trealamh bunaidh ná maidir le páirteanna nó trealamh a dhéantar a chineálcheadú i gcomhréir le haon cheann de na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I, ach amháin sa chás go mbaineann an ceadú le gnéithe eile seachas na gnéithe sin atá cumhdaithe faoi mhír 1.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 maidir leis na ceanglais a chaithfidh na páirteanna agus an trealamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

5. Féadfaidh na ceanglais sin a bheith bunaithe ar na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I nó d'fhéadfadh sé gurb éard a bheadh iontu ná comparáid a dhéanamh idir na páirteanna nó an trealamh agus feidhmíocht shábháilteachta nó chomhshaoil na feithicle bunaidh, nó aon cheann dá páirteanna, de réir mar is iomchuí. I gceachtar cás díobh, áiritheoidh na ceanglais nach ndéanfaidh na páirteanna nó an trealamh dochar d'fheidhmiú na gcóras sin atá fíor-riachtanach do shábháilteacht nó d'fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle.

*Airteagal 46*

**Páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chothú d'fheidhmiú ceart córas fíor-riachtanach — ceanglais ghaolmhara**

1. Chun críocha Airteagal 45(1), déanfaidh monaróir páirteanna nó trealaimh iarratas mar aon le tuarascáil ar thástálacha, arna dréachtú ag seirbhís theicniúil a ceapadh chuige sin, a chur chuig an údarás ceadaithe, lena ndeimhneofear go gcomhlíonann na páirteanna nó an trealamh dá bhfuiltear ag lorg údarú na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 45(4). Ní fhéadfaidh an monaróir ach aon iarratas amháin in aghaidh an chineáil i gcomhair gach cineál páirte a chur faoi bhráid údaráis cheadaithe amháin.

Má iarrann údarás inniúil Ballstáit eile cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, an deimhniú ar chineálcheadú AE a iarradh, in éineacht leis na ceangaltáin, a sheoladh trí chóras leictreonach malairte comhchoiteann slán chuig an údarás inniúil sin. Féadfaidh an chóip sin a bheith i bhfoirm comhaid leictreonaigh shláin freisin.

2. Beidh san iarratas mionsonraí maidir le monaróir na bpáirteanna nó an trealaimh, cineál, uimhreacha aitheantais agus uimhreacha pháirteanna na bpáirteanna nó an trealaimh, ainm mhonaróir na feithicle, an cineál feithicle agus, más iomchuí, an bhliain ina ndearnadh í nó aon fhaisnéis eile a shainaithníonn an fheithicil a bhfuil na páirteanna nó an trealamh le feistiú uirthi.

Nuair is deimhin leis an údarás ceadaithe, tar éis dó an tuarascáil ar thástálacha agus fianaise eile a chur san áireamh, go gcomhlíonann na páirteanna nó an trealamh atá i gceist na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 45(4), údaróidh sé na páirteanna nó an trealamh a chur ar an margadh agus a chur i seirbhís faoi réir an dara fomhír de mhír 4 den Airteagal seo.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe deimhniú a eisiúint don mhonaróir gan mhoill.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléad agus córas uimhríochta a leagan síos le haghaidh an deimhnithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

4. Cuirfidh an monaróir an t-údarás ceadaithe a thug an t-údarú ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar na coinníollacha faoinar eisíodh é. Cinnfidh an t-údarás ceadaithe sin cibé acu an gá an t-údarú a athbhreithniú nó a atheisiúint, agus cibé acu an gá tuilleadh tástálacha a dhéanamh.

Beidh an monaróir freagrach as a áirithiú go ndéantar na páirteanna nó an trealamh sin a tháirgeadh, nó go leantar de bheith á dtáirgeadh, faoi na coinníollacha faoinar eisíodh an t-údarú.

5. Roimh dó aon údarú a thabhairt, fíoróidh an t-údarás ceadaithe go bhfuil socruithe agus nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm chun rialú éifeachtach ar an gcomhréireacht táirgeachta a áirithiú.

I gcás ina bhfionnann an t-údarás ceadaithe nach bhfuil na coinníollacha faoinar eisíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh, iarrfaidh sé ar an monaróir na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na páirteanna nó an trealamh a thabhairt chun comhréireachta. Más gá, déanfaidh sé an t-údarú a tharraingt siar.

6. Cuirfidh údaráis cheadaithe ó Bhallstát éagsúla an Coimisiún ar an eolas faoi aon easaontú maidir leis an údarú dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis ceadaithe, déanfaidh an Coimisiún na bearta is iomchuí d'fhonn an t-easaontú a réiteach, lena n-áirítear, i gcás inar gá, an t-údarú a tharraingt siar.

7. Go dtí go mbunófar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 45(2), féadfaidh na Ballstáit a gcuid forálacha náisiúnta maidir le páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú ceart córas atá fíor-riachtanach ó thaobh shábháilteacht nó feidhmíocht chomhshaoil na feithicle de a choimeád ar bun.

*Airteagal 47*

**Feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a aisghlaoch**

1. Más rud é go gcuirtear d'oibleagáid ar mhonaróir ar deonaíodh chineálcheadú AE feithicle ina hiomláine dó, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, feithiclí a cuireadh ar an margadh, a chláraíodh nó a bhfuil an monaróir freagrach as a gcur i seirbhís a aisghlaoch, toisc gur riosca tromchúiseach do shábháilteacht, don tsláinte phoiblí nó do chosaint an chomhshaoil é córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá feistithe ar an bhfeithicil sin, bíodh siad ceadaithe mar is iomchuí i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ná bíodh, nó toisc gur riosca tromchúiseach do shábháilteacht, don tsláinte phoiblí nó do chosaint an chomhshaoil é páirt nach bhfuil faoi réir aon cheanglas sonrach faoin reachtaíocht cineálcheadaithe, cuirfidh an monaróir sin an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú feithicle ar an eolas faoi sin láithreach.

2. Más rud é go gcuirtear d'oibleagáid ar mhonaróir córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh ar deonaíodh cineálcheadú AE dó, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a cuireadh ar an margadh nó a bhfuil an monaróir freagrach as a gcur i seirbhís a aisghlaoch toisc go gcothaíonn siad sin riosca tromchúiseach do shábháilteacht, do shábháilteacht ag an obair, don tsláinte phoiblí nó do chosaint an chomhshaoil, bíodh siad ceadaithe go cuí i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ná bíodh, cuirfidh an monaróir an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú ar an eolas faoi láithreach.

3. Molfaidh an monaróir tacar leigheasanna iomchuí don údarás ceadaithe chun an riosca tromchúiseach dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a réiteach. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe na leigheasanna molta in iúl d'údaráis cheadaithe na mBallstát eile gan mhoill.

Áiritheoidh na húdaráis ceadaithe go ndéanfar na leigheasanna a chur chun feidhme go héifeachtach ina mBallstáit faoi seach.

4. Má mheasann an t-údarás ceadaithe lena mbaineann nach leor na bearta leighis nó nach bhfuil siad á gcur chun feidhme tapa go leor, cuirfidh sé an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE ar an eolas faoi gan mhoill.

Ina dhiaidh sin, cuirfidh an t-údarás ceadaithe a thug cineálcheadú AE an monaróir ar an eolas faoi. Mura molann an monaróir bearta ceartaitheacha éifeachtacha agus mura gcuireann sé chun feidhme iad, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a thug cineálcheadú AE gach beart cosanta is gá, lena n-áirítear cineálcheadú AE a tharraingt siar. I gcás ina ndéantar cineálcheadú AE a tharraingt siar, déanfaidh an t-údarás ceadaithe, laistigh de mhí amháin ón tarraingt siar sin, fógra a thabhairt don mhonaróir, d'údaráis cheadaithe na mBallstát eile agus don Choimisiún i litir chláraithe nó trí mhodh coibhéiseach leictreonach.

*Airteagal 48*

**Fógra faoi chinntí agus faoi leigheasanna atá ar fáil**

1. Maidir le gach cinneadh a dhéantar de bhun an Rialacháin seo agus gach cinneadh lena ndéantar cineálcheadú AE a dhiúltú nó a tharraingt siar nó, lena ndéantar cur ar an margadh, clárú, cur i seirbhís feithicle a dhiúltú, a thoirmeasc nó a shrianadh nó lena gceanglaítear feithicil a tharraingt siar ón margadh, luafar iontu go mionchruinn na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe.

2. Tabharfar fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don pháirtí lena mbaineann agus cuirfear an páirtí sin ar an eolas, ag an am céanna, faoi na leigheasanna atá ar fáil dó faoi na dlíthe atá i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann agus faoi na teorainneacha ama a cheadaítear chun na leigheasanna sin a fheidhmiú.

CAIBIDIL XIII

**RIALACHÁIN IDIRNÁISIÚNTA**

*Airteagal 49*

**Rialacháin CENAE atá riachtanach le haghaidh chineálcheadú AE**

1. Maidir le rialacháin CENAE nó leasuithe orthu ar vótáil an tAontas ina bhfabhar nó dá bhfuil an tAontas tar éis aontú agus atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, is cuid de cheanglais maidir le cineálcheadú feithicle AE iad.

2. Glacfaidh údaráis cheadaithe na mBallstát leis na ceaduithe a thugtar i gcomhréir leis na Rialacháin CENAE dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, leis na marcanna ceadaithe a ghabhann leo, in ionad na gceaduithe comhfhreagracha agus na marcanna ceadaithe comhfhreagracha a thugtar i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

3. I gcás ina mbeidh vótáil déanta ag an Aontas i bhfabhar rialacháin CENAE nó na leasuithe a ghabhann leis ar mhaithe le cineálcheadú feithicle AE, déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun rialachán CENAE nó leasuithe air, de réir mar is iomchuí, a dhéanamh éigeantach agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú nó chun na gníomhartha tarmligthe a leasú arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a leasú, de réir mar is iomchuí.

Déanfar na dátaí ar a gcuirfear an rialachán CENAE nó leasuithe air i bhfeidhm go sainordaitheach a shonrú sa ghníomh tarmligthe sin agus déanfar forálacha idirthréimhseacha a áireamh ann i gcás inarb iomchuí.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe ar leithligh a ghlacadh ina léireofar cur i bhfeidhm sainordaitheach rialacháin CENAE.

*Airteagal 50*

**Tuarascálacha ECFE ar thástálacha a aithint chun críche chineálcheadú AE**

1. Gan dochar do cheanglais eile an Rialacháin seo, sa chás go ndéantar tagairt do Chóid OECD sa Rialachán seo, féadfaidh cineálcheadú AE a bheith bunaithe ar thuarascálacha iomlána ar na tástálacha arna n-eisiúint ar bhonn na ngnáthChóid ECFE mar rogha ar na tuarascálacha ar thástálacha a tharraingítear suas faoin Rialachán seo nó faoi na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

2. D'fhonn a bheith inghlactha chun críocha chineálcheadú AE, ní foláir an tuarascáil ar thástálacha dá dtagraítear i mír 1 a bheith ceadaithe i gcomhréir le Foscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Feabhra 2012 ó Chomhairle ECFE lena n-athchóirítear gnáthChóid ECFE maidir le tástáil oifigiúil tarracóra talmhaíochta agus foraoiseachta, arna leasú.

CAIBIDIL XIV

**FAISNÉIS THEICNIÚIL A SHOLÁTHAR**

*Airteagal 51*

**Faisnéis atá ceaptha d'úsáideoirí**

1. Ní féidir leis an monaróir aon fhaisnéis theicniúil a sholáthar a bhaineann leis na sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, nó sna gníomhartha tarmligthe nó sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo nach bhfuil i gcomhréir leis na sonraí arna gceadú ag an údarás ceadaithe.

2. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ngníomh tarmligthe nó i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, déanfaidh an monaróir an fhaisnéis ábhartha uile agus gach treoir riachtanach a chuireann síos ar choinníollacha nó ar shrianta speisialta a bhaineann le húsáid feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a chur ar fáil d'úsáideoirí.

3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an fheithicil le cur ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís. Soláthrófar í, tar éis don údarás ceadaithe glacadh léi, i lámhleabhar an úinéara.

*Airteagal 52*

**Faisnéis atá ceaptha do mhonaróirí comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh**

1. Cuirfidh monaróir na feithicle ar fáil do mhonaróirí na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh na sonraí uile atá riachtanach le haghaidh chineálcheadaithe AE ar chomhpháirteanna nó ar aonaid theicniúla ar leithligh, nó atá riachtanach chun údarú a fháil faoi Airteagal 45 lena n-áirítear, nuair is infheidhme, léaráidí dá dtagraítear sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

Féadfaidh monaróir na feithicle comhaontú ceangailteach a fhorchur ar mhonaróirí na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh rúndacht aon fhaisnéise nach bhfuil san fhearann poiblí, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, a chosaint.

2. Déanfaidh monaróir na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh, ina cháil mar shealbhóir deimhnithe ar chineálcheadú AE lena n-áirítear, i gcomhréir le hAirteagal 26(4), srianta ar úsáid nó coinníollacha speisialta a bhaineann le suiteáil nó an dá rud, an fhaisnéis mhionsonraithe uile ina leith a sholáthar do mhonaróir na feithicle.

Má fhoráiltear amhlaidh i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, soláthróidh monaróir na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh, in éineacht leis na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh a tháirgtear, treoracha a bhaineann le srianta ar úsáid nó coinníollacha speisialta maidir le suiteáil nó an dá rud.

CAIBIDIL XV

**ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOI DHEISIÚ AGUS FAOI CHOTHABHÁIL**

*Airteagal 53*

**Oibleagáidí monaróirí**

1. Déanfaidh monaróirí rochtain neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a sholáthar do dhéileálaithe údaraithe, do dheisitheoirí údaraithe agus d'oibreoirí neamhspleácha trí shuíomhanna gréasáin ina n-úsáidtear formáid chaighdeánaithe ar bhealach sorochtana agus pras. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid seo má tá feithicil ceadaithe mar fheithicil sraithe bige.

Féadfar bogearraí atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú ceart an chórais sábháilteachta agus rialaithe comhshaoil a chosaint ar oibriú neamhúdaraithe. Maidir le haon oibriú ar na córais sin, áfach, a bhfuil gá leis ar mhaithe le deisiú agus cothabháil nó atá inrochtana do dhéileálaithe údaraithe nó do dheisitheoirí údaraithe, déanfar rochtain orthu a chur ar fáil d'oibreoirí neamhspleácha ar mhodh neamh-idirdhealaitheach.

2. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún formáid chaighdeánaithe le haghaidh soláthar na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, déanfar an fhaisnéis sin a chur isteach ar bhealach comhsheasmhach ar féidir le hoibreoirí neamhspleácha í a phróiseáil le hiarracht réasúnach.

Déanfaidh na monaróirí rochtain, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ar ábhar oiliúna agus ar uirlisí oibre ábhartha a sholáthar do dhéileálaithe údaraithe, do dheisitheoirí údaraithe agus d'oibreoirí neamhspleácha. Áiritheofar ar an rochtain sin, i gcás inarb infheidhme, oiliúint dhóthanach i ndáil le bogearraí a íoslódáil, bainistiú ar chóid dhiagnóiseacha ainghléis agus úsáid uirlisí oibre.

3. Gan dochar do mhír 1, áiritheofar san fhaisnéis dá dtagraítear inti:

(a) cineál agus múnla an tarracóra;

(b) uimhir aitheantais aonchiallach feithicle;

(c) lámhleabhair seirbhíse, lena n-áirítear taifid do dheisiú agus do chothabháil agus sceidil seirbhíse;

(d) lámhleabhair theicniúla agus feasacháin don tseirbhís theicniúil;

(e) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (amhail íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(f) léaráidí den sreangú;

(g) cóid dhiagnóiseacha ainghléis, lena n-áirítear cóid shonracha an mhonaróra;

(h) an fhaisnéis go léir is gá chun bogearraí nua nó nuashonraithe a shuiteáil ar fheithicil nua nó ar chineál feithicle nua (mar shampla uimhir pháirte an bhogearra);

(i) faisnéis a bhaineann le huirlisí agus trealamh dílsithe agus a chuirtear ar fáil tríothu;

(j) faisnéis faoi thaifead sonraí, sonraí tástála agus aon fhaisnéis theicniúil eile (amhail sonraí faireacháin déthreo, más infheidhme don teicneolaíocht atá in úsáid);

(k) aonaid oibre nó tréimhsí ama caighdeánaithe i gcomhair cúraimí deisiúcháin agus cothabhála má chuirtear ar fáil iad, go díreach nó trí thríú páirtí, do dhéilálaithe údaraithe agus do dheisitheoirí údaraithe na monaróirí.

4. Maidir le déileálaithe údaraithe nó deisitheoirí údaraithe a bhaineann le córas dáileacháin monaróra áirithe feithiclí, measfar gur oibreoirí neamhspleácha iad chun críocha an Rialacháin seo a mhéid a sholáthraíonn siad seirbhísí deisithe nó cothabhála le haghaidh feithiclí nuair nach comhaltaí iad de chóras dáileacháin an mhonaróra feithiclí sin.

5. Beidh faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil i gcónaí, ach amháin nuair atá gá léi chun cothabháil a dhéanamh ar an gcóras faisnéise.

6. Chun páirteanna athsholáthair nó páirteanna seirbhíse atá comhoiriúnach le DAB, mar aon le huirlisí diagnóiseacha agus trealamh tástála, a mhonarú agus a sheirbhísiú, cuirfidh na monaróirí an fhaisnéis ábhartha DAB agus an fhaisnéis ábhartha faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach d'aon mhonaróir nó deisitheoir leasmhar comhpháirteanna, uirlisí diagnóiseacha nó trealaimh tástála.

7. Chun trealamh mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí breosla ionadúil a dhearadh agus a mhonarú, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis ábhartha DAB agus an fhaisnéis ábhartha faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach d'aon mhonaróir, suiteálaí nó deisitheoir leasmhar trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ionadúil.

8. Agus iarratas ar chineálcheadú AE nó ar chineálcheadú náisiúnta á dhéanamh aige, cuirfidh an monaróir cruthúnas ar fáil don údarás ceadaithe go gcomhlíonann sé an Rialachán seo maidir leis an bhfaisnéis is gá faoin Airteagal seo.

Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, nó sa chás nach bhfuil sí i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus atá infheidhme tráth a bheidh iarratas á dhéanamh ar chineálcheadú AE aige, déanfaidh an monaróir an fhaisnéis sin a sholáthar laistigh de shé mhí ó dháta an cheadaithe.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléad a leagan síos le haghaidh deimhniú do rochtain ar fhaisnéis DAB agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí lena soláthraítear an cruthúnas comhréireachta sin don údarás ceadaithe. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

9. Mura ndéanfar an cruthúnas sin ar chomhlíonadh a sholáthar laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 8, déanfaidh an t-údarás ceadaithe bearta iomchuí a ghlacadh chun comhlíonadh a áirithiú.

10. Cuirfidh an monaróir leasuithe agus forlíontaí ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar a shuíomh gréasáin an tráth céanna a chuirfear ar fáil do dheisitheoirí údaraithe iad.

11. I gcás ina gcoimeádtar taifid deisithe agus chothabhála feithicle i mbunachar sonraí lárnach de chuid an mhonaróra feithicle nó thar a cheann, beidh rochtain shaor in aisce ag deisitheoirí neamhspleácha ar na taifid sin agus beidh siad in ann faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a rinne siad féin a iontráil ann.

12. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 lena leagtar síos mionsonraí na gceanglas maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil, go háirithe sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leis an gcaoi a soláthrófar faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí.

13. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 12, na ceanglais faisnéise a leagtar síos san Airteagal seo a oiriúnú, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leis an gcaoi a mbeidh faisnéis le soláthar, ionas go mbeidh sí comhréireach agus aird á tabhairt go háirithe ar an gcás sainiúil go bhfuil méid sách beag den chineál feithicle lena mbaineann á tháirgeadh ag an monaróir, agus na teorainneacha d'fheithiclí sraitheanna beaga, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II é, á gcur san áireamh. I gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh díolúine ón gceanglas faisnéis a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe leanúint as an oiriúnú sin. Áiritheoidh oiriúnú nó díolúine féideartha, in aon chás, go bhféadfar cuspóirí an Airteagail seo a bhaint amach.

*Airteagal 54*

**Oibleagáidí maidir le sealbhóirí éagsúla cineálcheadaithe**

I gcás cineálcheadú céim ar chéim, cineálcheadú measctha agus cineálcheadú ilchéime, beidh an monaróir atá freagrach as an gcineálcheadú faoi seach freagrach freisin as an monaróir deiridh agus na hoibreoirí neamhspleácha araon a chur ar an eolas maidir le faisnéis faoi dheisiú a bhaineann leis an gcóras áirithe sin, leis an gcomhpháirt áirithe sin, nó leis an aonad teicniúil ar leithligh áirithe sin nó leis an gcéim áirithe sin.

Beidh an monaróir deiridh freagrach as faisnéis faoin bhfeithicil ina hiomláine a chur ar fáil do na hoibreoirí neamhspleácha.

*Airteagal 55*

**Táillí maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí**

1. Féadfaidh monaróirí táillí réasúnta agus comhréireacha a ghearradh ar rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, ar uirlisí oibre agus ar chúrsaí oiliúna a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ní mheasfar táille a bheith réasúnta ná comhréireach má dhéanann sí rochtain a dhíspreagadh toisc nach gcuirtear san áireamh léi an méid a úsáideann an t-oibreoir neamhspleách an fhaisnéis sin.

2. Cuirfidh monaróirí faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn laethúil, míosúil agus bliantúil, agus athrófar na táillí don rochtain ar an bhfaisnéis sin de réir na dtréimhsí faoi seach a ndeonófar rochtain ina leith.

*Airteagal 56*

**Fóram maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoi Fheithiclí**

Déanfar raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanann an Fóram maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoi Fheithiclí, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear chun feidhme agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí [1] a leathnú go dtí feithiclí atá clúdaithe ag an Rialachán seo.

Ar bhonn fianaise ar mhí-úsáid faisnéise faoi DAB feithicle agus faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithicle, bíodh an mhí-úsáid sin á déanamh d'aon ghnó nó go neamhdheonach, tabharfaidh an Fóram dá dtagraítear sa chéad mhír comhairle don Choimisiún faoi bhearta a chuirfeadh cosc ar mhí-úsáid faisnéise den sórt sin.

CAIBIDIL XVI

**SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA A AINMNIÚ AGUS A FHÓGAIRT**

*Airteagal 57*

**Ceanglais maidir le seirbhísí teicniúla**

1. Déanfaidh údaráis cheadaithe ainmniúcháin, sula n-ainmneoidh siad seirbhís theicniúil de bhun Airteagal 59, a áirithiú go gcomhlíonann an tseirbhís theicniúil sin na ceanglais a leagtar síos i mír 2 go mír 9 den Airteagal seo.

2. Gan dochar d'Airteagal 60(1), bunófar seirbhís theicniúil faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

3. Beidh seirbhís theicniúil ina comhlacht tríú páirtí atá neamhspleách ar phróiseas deartha, monaróireachta, soláthair nó cothabhála na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh atá á measúnú aici.

Maidir le comhlacht a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais atá páirteach i ndearadh, monarú, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh atá á measúnú, á dtástáil nó á n-imscrúdú ag an gcomhlacht, féadfar a mheas go bhfuil an comhlacht sin ag comhlíonadh cheanglais na chéad fhomhíre, ar choinníoll go léireofar go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa i gceist.

4. Maidir le seirbhís theicniúil, lucht a hardbhainistíochta nó an pearsanra atá freagrach as na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil siad ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 59(1) a dhéanamh, ní hiad a bheidh mar dhearthóir, monaróir, soláthróir nó cothabhálaí na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh atá á measúnú acu, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtithe a ghabhann do na gníomhaíochtaí sin. Ní chuirfidh an méid sin bac ar úsáid a bhaint as feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, a bhfuil measúnú déanta orthu agus a bhfuil gá leo le haghaidh oibriú na seirbhíse teicniúla ná úsáid a bhaint as feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh den sórt sin chun críocha pearsanta.

Áiritheoidh seirbhís theicniúil nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a fochuideachtaí nó a fochonraitheoirí difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht nó do neamhchlaontacht na gcatagóirí gníomhaíochtaí a bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair.

5. Déanfaidh seirbhís theicniúil agus a pearsanra na catagóirí gníomhaíochtaí a bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair leis an oiread ionracais ghairmiúil agus is féidir agus leis an inniúlacht theicniúil is fearr sa réimse sonrach atá i gceist agus beidh sí saor ó gach brú nó gach aslach, go háirithe de chineál airgeadais, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a breithiúnas nó ar thorthaí a cuid gníomhaíochtaí measúnaithe, go háirithe aon bhrú nó aon aslach ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh seirbhís theicniúil ábalta na catagóirí gníomhaíochtaí uile a bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair, i gcomhréir le hAirteagal 59(1), a chomhlíonadh trína léiriú, chun sástachta an údaráis ceadaithe ainmniúcháin, go bhfuil an méid seo a leanas aici:

(a) pearsanra ag a bhfuil na scileanna iomchuí, eolas teicniúil sainiúil agus gairmoiliúint mar aon le taithí leordhóthanach agus iomchuí chun an cúram a dhéanamh;

(b) tuairiscí ar nósanna imeachta is ábhartha do na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ag lorg ainmniú, lena n-áiritheofar trédhearcacht agus in-atáirgeacht na nósanna imeachta sin;

(c) nósanna imeachta maidir le feidhmíocht na gcatagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ag lorg ainmniú, ar nósanna imeachta iad ina dtugtar aird chuí ar a chasta atá teicneolaíocht na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh atá i gceist agus ar chineál olltáirgthe nó sraitheach an phróisis táirgeachta; agus

(d) an acmhainn is gá chun na cúraimí a bhaineann leis na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ag lorg ainmniú a dhéanamh ar mhodh iomchuí agus go bhfuil rochtain aici ar gach trealamh nó saoráid is gá.

Sa bhreis air sin, léireoidh sí don údarás ceadaithe ainmniúcháin go bhfuil sí ag comhlíonadh na gcaighdeán a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 61 agus atá ábhartha do na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sé ainmnithe.

[1] IO L 199, 28.7.2008, lch. 1.

7. Ráthófar neamhchlaontacht na seirbhísí teicniúla, lucht a hardbhainistíochta agus an phearsanra measúnaithe. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le neamhspleáchas a mbreithiúnais nó a n-ionracas i ndáil le catagóirí gníomhaíochtaí ar ina leith a ainmnítear iad.

8. Gheobhaidh seirbhísí teicniúla árachas dliteanais a bhaineann lena ngníomhaíochtaí mura rud é go ngabhann an Ballstát dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó go bhfuil an Ballstát féin freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.

9. Déanfaidh pearsanra seirbhíse teicniúla rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear i gcomhlíonadh a gcuid cúraimí dóibh faoin Rialachán seo nó faoi aon fhoráil de chuid an dlí náisiúnta a thugann éifeacht dó, ach amháin a mhéid a bhaineann leis an údarás ceadaithe ainmniúcháin nó i gcás ina n-éilítear an fhaisnéis le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta. Déanfar cearta dílseánaigh a chosaint.

*Airteagal 58*

**Fochuideachtaí seirbhísí teicniúla agus fochonraitheoireacht ag seirbhísí teicniúla**

1. Ní fhéadfaidh seirbhísí teicniúla cuid dá ngníomhaíochtaí dá bhfuil siad ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 59(1) a ligean ar fochonradh ná na gníomhaíochtaí sin a chur á ndéanamh ag fochuideachta ach le comhaontú a n-údarás ceadaithe ainmniúcháin.

2. I gcás ina ndéanann seirbhís theicniúil cúraimí sonracha a bhaineann leis an gcatagóir gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ainmnithe a ligean ar fochonradh nó i gcás ina dtéann sí ar iontaoibh fochuideachta, áiritheoidh sí go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 57 agus cuirfidh sí an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin ar an eolas dá réir sin.

3. Glacfaidh seirbhísí teicniúla lánfhreagracht as na cúraimí a dhéanann aon cheann dá gcuid fochonraitheoirí nó dá gcuid fochuideachtaí, cibé áit ina bhfuil siad bunaithe.

4. Déanfaidh seirbhísí teicniúla na doiciméid ábhartha a bhaineann le measúnú cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus a bhaineann leis na cúraimí a dhéanann siad a coimeád ar fáil don údarás ceadaithe ainmniúcháin.

*Airteagal 59*

**Seirbhísí teicniúla a ainmniú**

1. Déanfar seirbhísí teicniúla a ainmniú i leith ceann amháin nó níos mó de na catagóirí gníomhaíochtaí seo a leanas, ag brath ar a réimse inniúlachta:

(a) catagóir A: seirbhísí teicniúla a dhéanann na tástálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I ina saoráidí féin;

(b) catagóir B: seirbhísí teicniúla a dhéanann maoirseacht ar na tástálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I, nuair a dhéantar na tástálacha sin i saoráidí an mhonaróra nó i saoráidí de chuid tríú páirtí;

(c) catagóir C: seirbhísí teicniúla a dhéanann measúnú agus faireachán ar bhonn rialta ar nósanna imeachta an mhonaróra maidir le comhréireacht táirgeachta a rialú;

(d) catagóir D: seirbhísí teicniúla a dhéanann tástálacha nó cigireachtaí nó a dhéanann maoirseacht ar thástálacha nó ar chigireachtaí maidir le faireachas ar chomhréireacht táirgeachta.

2. Féadfar údarás ceadaithe a ainmniú mar sheirbhís theicniúil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le seirbhísí teicniúla tríú tír, cé is moite díobh sin arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 60, féadfar fógra a thabhairt dóibh chun críocha Airteagal 63, ach ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach amháin má fhoráiltear do ghlacadh seirbhísí teicniúla den sórt sin le comhaontú déthaobhach idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann. Ní chuirfidh an méid sin cosc ar sheirbhís theicniúil arna bunú faoi dhlí náisiúnta Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 57(2) ó fhochuideachtachaí a bhunú i dtríú tíortha, ar choinníoll go ndéanann an tseirbhís theicniúil ainmnithe na fochuideachtaí sin a bhainistiú agus a rialú go díreach.

*Airteagal 60*

**Seirbhísí teicniúla creidiúnaithe intí an mhonaróra**

1. Ní fhéadfar seirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí monaróra a ainmniú ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí de chatagóir A maidir le ceanglais theicniúla a bhfuil féintástáil ceadaithe lena n-aghaidh trí bhíthin gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo. Beidh an tseirbhís theicniúil sin ina cuid leithleach agus sainiúil den ghnóthas agus ní bheidh baint aici le dearadh, monaróireacht, soláthar ná cothabháil na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh atá á measúnú aici.

2. Comhlíonfaidh seirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí na ceanglais seo a leanas:

(a) sa bhreis ar a bheith ainmnithe ag údarás ceadaithe Ballstáit, beidh sí creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta de réir mar a shainítear é i bpointe 11 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus i gcomhréir leis na caighdeáin agus an leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 61 den Rialachán seo;

(b) beidh an tseirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí agus a pearsanra inaitheanta ó thaobh eagraíochta de agus beidh modhanna tuairiscithe acu, laistigh den ghnóthas ar cuid de iad, a áiritheoidh go bhfuil siad neamhchlaonta agus a léireoidh a neamhchlaontacht don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta ábhartha;

(c) ní ghabhfaidh an tseirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí ná a pearsanra d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le neamhspleáchas a mbreithiúnais nó a n-ionracas i ndáil leis na catagóirí gníomhaíochtaí ar ina leith a ainmnítear iad;

(d) ní chuirfidh an tseirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí a cuid seirbhísí ar fáil ach amháin don ghnóthas ar cuid de í.

3. Ní gá fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le seirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí chun críocha Airteagal 63, ach déanfaidh an gnóthas ar cuid de í nó an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faisnéis maidir le creidiúnú na seirbhíse teicniúla creidiúnaithe intí a thabhairt don údarás ceadaithe ainmniúcháin, arna iarraidh sin don údarás sin.

*Airteagal 61*

**Nósanna imeachta maidir le caighdeáin fheidhmíochta agus le measúnú seirbhísí teicniúla**

Chun a áirithiú go mbaineann na seirbhísí teicniúla an t-ardleibhéal céanna de chaighdeáin fheidhmíochta amach i ngach Ballstát, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 maidir leis na caighdeáin nach mór do na seirbhísí teicniúla a chomhlíonadh agus maidir leis an nós imeachta chun iad a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 62 agus chun iad a chreidiúnú i gcomhréir le hAirteagal 60.

*Airteagal 62*

**Measúnú a dhéanamh ar scileanna na seirbhísí teicniúla**

1. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin tuarascáil measúnúcháin a tharraingt suas lena léireofar go bhfuil measúnú déanta ar an tseirbhís theicniúil is iarrthóir maidir lena bheith ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo agus cheanglais na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Féadfar deimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe a áireamh sa tuarascáil sin.

2. An measúnú ar a bhfuil an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 bunaithe, déanfar é i gcomhréir leis na forálacha a bheidh leagtha síos i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 61. Déanfar athbhreithniú ar an tuarascáil measúnúcháin gach trí bliana ar a laghad.

3. Má iarrtar amhlaidh, cuirfear an tuarascáil measúnúcháin in iúl don Choimisiún. I gcásanna den sórt sin, agus i gcás nach bhfuil an measúnú bunaithe ar dheimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta lena bhfianaítear go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag an tseirbhís theicniúil, déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin fianaise dhoiciméadach a sholáthar don Choimisiún lena bhfianaítear inniúlacht na seirbhíse teicniúla agus na socruithe atá ann lena áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin faireachán rialta ar an tseirbhís theicniúil agus go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

4. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe a bhfuil sé i gceist aige a bheith ainmnithe mar sheirbhís theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 59(2) a chruthú le doiciméid go bhfuil sé ag comhlíonadh na gceanglas trí mheasúnú arna dhéanamh ag iniúchóirí neamhspleácha ar an ngníomhaíocht atá faoi mheasúnú. Féadfaidh na hiniúchóirí sin a bheith ag obair san eagraíocht chéanna ar choinníoll go ndéantar iad a bhainistiú ar leithligh ón bpearsanra atá i mbun na gníomhaíochta atá faoi mheasúnú.

5. Comhlíonfaidh seirbhís theicniúil intí chreidiúnaithe forálacha ábhartha an Airteagail seo.

*Airteagal 63*

**Nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt**

1. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh ainm, seoladh lena n-áirítear seoladh leictreonach, na daoine atá freagrach agus an chatagóir gníomhaíochta i ndáil le gach seirbhís theicniúil atá ainmnithe acu, chomh maith le haon mhodhnuithe a dhéantar ina dhiaidh sin ar na hainmniúcháin sin. Luafar sa ghníomh fógartha cé na hábhair atá liostaithe in Iarscríbhinn I ar ainmníodh na seirbhísí teicniúla lena n-aghaidh.

2. Ní fhéadfaidh seirbhís theicniúil na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) a dhéanamh thar ceann an údaráis ceadaithe ainmniúcháin atá freagrach as an gcineál-cheadú ach amháin i gcás ina dtugtar fógra ina leith don Choimisiún roimh ré i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

3. Féadfaidh roinnt údarás ceadaithe ainmniúcháin an tseirbhís theicniúil chéanna a ainmniú agus féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt dóibh i dtaobh na n-údarás ceadaithe ainmniúcháin sin, gan spleáchas don chatagóir gníomhaíochta nó do na catagóirí gníomhaíochta a dhéanfaidh sí i gcomhréir le hAirteagal 59(1).

4. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon athruithe ábhartha a dhéantar ar an ainmniú ina dhiaidh sin.

5. Más rud é gur gá eagraíocht shonrach nó comhlacht inniúil a dhéanann gníomhaíocht nach n-áirítear i measc na ngníomhaíochtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 59(1) a ainmniú agus gníomh a liostaítear in Iarscríbhinn I á chur i bhfeidhm, déanfar an fógra sin i gcomhréir leis an Airteagal seo.

6. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta de na seirbhísí teicniúla a dtugtar fógra ina dtaobh i gcomhréir leis an Airteagal seo, mar aon le mionsonraí ina dtaobh.

*Airteagal 64*

**Athruithe ar ainmnithe**

1. I gcás ina bhfionnfaidh údarás ceadaithe ainmniúcháin, nó i gcás ina gcuirfear in iúl dó, nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh a thuilleadh ag seirbhís theicniúil atá ainmnithe aige, nó go mainníonn sí a hoibleagáidí a chomhlíonadh, déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin an t-ainmniú a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, ag brath ar a thromchúisí atá an mhainneachtain na ceanglais sin nó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Cuirfidh an Ballstát a thug fógra don tseirbhís theicniúil sin an Coimisiún ar an eolas dá réir láithreach. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis fhoilsithe dá dtagraítear in Airteagal 63(6) a mhodhnú dá réir.

2. I gcás ina ndéantar an t-ainmniú a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, nó i gcás ina scoireann seirbhís theicniúil dá gníomhaíochtaí, glacfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin céimeanna iomchuí chun a áirithiú go mbeidh comhaid na seirbhíse teicniúla sin á bpróiseáil ag seirbhís theicniúil eile nó go gcoimeádfar ar fáil iad don údarás ceadaithe ainmniúcháin nó do na húdaráis inniúla um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh.

*Airteagal 65*

**Agóid i gcoinne inniúlacht seirbhísí teicniúla**

1. Imscrúdóidh an Coimisiún gach cás ina bhfuil amhras air, nó ina dtugtar le fios dó go bhfuil amhras ann, maidir le hinniúlacht seirbhíse teicniúla nó maidir leis an gcaoi a bhfuil na ceanglais agus na freagrachtaí atá ar an tseirbhís theicniúil á gcomhlíonadh go leanúnach aici.

2. Déanfaidh Ballstát an údaráis ceadaithe ainmniúcháin gach faisnéis a bhaineann le bunús an ainmnithe nó le coinneáil ainmniú na seirbhíse teicniúla lena mbaineann a chur ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin air.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go gcaithfear le gach faisnéis íogair a fhaightear le linn a chuid imscrúduithe ar mhodh rúin.

4. I gcás ina suíonn an Coimisiún nach gcomhlíonann seirbhís theicniúil na ceanglais dá ainmniú, nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh aici a thuilleadh, cuirfidh sé Ballstát an údaráis ceadaithe ainmniúcháin ar an eolas dá réir, d'fhonn go ndéanfaí – i gcomhar leis an mBallstát sin – na bearta ceartaitheacha is gá a bhunú, agus iarrfaidh sé ar an mBallstát sin na bearta ceartaitheacha sin a dhéanamh, lena n-áirítear an t-ainmniú a tharraingt siar más gá.

*Airteagal 66*

**Oibleagáidí oibriúcháin na seirbhísí teicniúla**

1. Déanfaidh seirbhísí teicniúla, thar ceann an údaráis ceadaithe ainmniúcháin, na catagóirí gníomhaíochta dá bhfuil siad ainmnithe a thabhairt i gcrích, agus déanfaidh siad é sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta measúnaithe agus tástála dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Is iad na seirbhísí teicniúla féin a dhéanfaidh na tástálacha agus a dhéanfaidh maoirseacht ar na tástálacha a cheanglaítear a dhéanamh le haghaidh ceadaithe nó le haghaidh cigireachtaí faoi mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad nó i gceann de na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I, ach amháin sa chás ina gceadaítear a mhalairt de nósanna imeachta. Ní dhéanfaidh na seirbhísí teicniúla tástálacha, measúnúcháin ná cigireachtaí a sheoladh nach bhfuil siad ainmnithe go cuí ag a n-údarás ceadaithe lena ndéanamh.

2. Déanfaidh na seirbhísí teicniúla ag gach tráth:

(a) a cheadú dá n-údarás ceadaithe ainmniúcháin an tseirbhís theicniúil a fhianú le linn an mheasúnaithe comhréireachta, de réir mar is iomchuí; agus

(b) gan dochar d'Airteagal 57(9) agus d'Airteagal 67, a sholáthar dá n-údarás ceadaithe ainmniúcháin an fhaisnéis sin maidir lena gcatagóirí gníomhaíochtaí a thig faoi raon feidhme an Rialacháin seo, de réir mar a fhéadfar é sin a iarraidh.

3. I gcás ina bhfionnann seirbhís theicniúil nár chomhlíon monaróir na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfaidh sí an méid sin a thuairisciú chuig an údarás ceadaithe ainmniúcháin d'fhonn go gcuirfidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin de cheangal ar an monaróir bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus dá éis gan deimhniú ar chineálcheadú a eisiúint mura rud é go mbeidh na bearta ceartaitheacha iomchuí déanta chun sástachta an údaráis ceadaithe.

4. Más rud é, agus faireachán á dhéanamh ar chomhréireacht na táirgeachta i ndiaidh deimhniú ar chineálcheadú a eisiúint, go bhfionnnann seirbhís theicniúil, ag gníomhú di thar ceann an údaráis ceadaithe ainmniúcháin, nach bhfuil feithicil, córas, comhpháirt ná aonad teicniúil ar leithligh ag comhlíonadh an Rialacháin seo a thuilleadh, déanfaidh sí an méid sin a thuairisciú don údarás ceadaithe ainmniúcháin. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe na bearta iomchuí amhail dá bhforáiltear in Airteagal 28.

*Airteagal 67*

**Oibleagáidí faisnéise de chuid seirbhísí teicniúla**

1. Cuirfidh seirbhísí teicniúla a n-údarás ceadaithe ainmniúcháin ar an eolas faoin méid seo a leanas:

(a) aon neamh-chomhréireacht a thagann chun cinn a d'fhéadfadh a fhágáil gur gá deimhniú ar chineálcheadú a dhiúltú, a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar;

(b) aon tosca a dhéanfaidh difear do raon feidhme a n-ainmnithe agus do na coinníollacha faoina dtugtar ainmniú dóibh;

(c) aon iarraidh ar fhaisnéis a gheobhaidh siad ó údaráis um fhaireachas margaidh maidir lena ngníomhaíochtaí.

2. Arna iarraidh sin dá n-údarás ceadaithe ainmniúcháin, soláthróidh seirbhísí teicniúla faisnéis faoina ngníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme a n-ainmnithe agus faoi aon ghníomhaíocht eile a dhéantar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus fochonraitheoireachta.

CAIBIDIL XVII

## GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 68*

### Gníomhartha cur chun feidhme

Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus chun coinníollacha comhionanna a leagan síos chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2), gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) na teimpléid don doiciméad faisnéise agus don fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 22;

(b) an córas uimhrithe le haghaidh deimhnithe ar chineál-cheadú AE dá dtagraítear in Airteagal 24(4);

(c) an teimpléad le haghaidh deimhnithe ar chineálcheadú AE dá dtagraítear in Airteagal 25(2);

(d) an teimpléad le haghaidh bileog thorthaí na tástála a chuirtear i gceangal le deimhniú ar chineálcheadú AE dá dtagraítear i bpointe a d'Airteagal 25(3);

(e) an teimpléad le haghaidh an liosta ceanglas nó gníomhartha infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 25(6);

(f) na ceanglais ghinearálta d'fhormáid na tuarascála tástála dá dtagraítear in Airteagal 27(1);

(g) an teimpléad don deimhniú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 33(2);

(h) an tsamhail don mharc cineálcheadaithe AE dá dtagraítear in Airteagal 34;

(i) na húdaruithe chun cineálcheaduithe AE a dheonú lena ndéantar teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua a dhíolmhú, dá dtagraítear in Airteagal 35(3);

(j) na teimpléid le haghaidh an deimnithe cineálcheadaithe agus an deimhnithe comhréireachta i ndáil le teicneo-laíochtaí nua nó le coincheapa nua dá dtagraítear in Airteagal 35(4);

(k) na húdaruithe do na Ballstáit chun cineálcheadú a fhadú, dá dtagraítear in Airteagal 36(2);

(l) an liosta de na páirteanna agus den trealamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 45(2);

(m) an teimpléad agus córas uimhrithe don deimhniú, dá dtagraítear in Airteagal 46(3), maille le gach gné a bhaineann leis an nós imeachta maidir le húdarú, dá dtagraítear san Airteagal sin;

(n) an teimpléad do dheimhniú lena soláthraítear cruthúnas comhréireachta don údarás cineálcheadaithe, amhail dá dtagraítear in Airteagal 53(8).

*Airteagal 69*

### Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh "An Coiste Teicniúil — Feithiclí Talmhaíochta" (TC-AV) cúnamh don Choimisiún. Tá an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 70*

### Na hIarscríbhinní a leasú

Gan dochar d'fhorálacha eile an Rialacháin seo a bhaineann lena Iarscríbhinní a leasú, cumhachtófar don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71, maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn I chun tagairtí do ghníomh rialála agus chun ceartúcháin a chur san áireamh.

*Airteagal 71*

### An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(5), Airteagal 18(4), Airteagal 19(6), Airteagal 20(8), Airteagal 27(6), Airteagal 28(6), Airteagal 45(4), Airteagal 49(3), Airteagal 53(12), Airteagal 61 agus Airteagal 70 a thabhairt don Choimsiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 22 Márta 2013.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17(5), Airteagal 18(4), Airteagal 19(6), Airteagal 20(8), Airteagal 27(6), Airteagal 28(6), Airteagal 45(4), Airteagal 49(3), Airteagal 53(12), Airteagal 61 agus Airteagal 70 a chúlghairm tráth ar bith. Maidir leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17(5), Airteagal 18(4), Airteagal 19(6), Airteagal 20(8), Airteagal 27(6), Airteagal 28(6), Airteagal 45(4), Airteagal 49(3), Airteagal 53(12), Airteagal 61 agus Airteagal 70 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL XVIII

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 72*

### Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis ar oibreoirí eacnamaíocha i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirtear na pionóis i bhfeidhm. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin 23 Márta 2015 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear do na forálacha sin.

2. Ar na cineálacha sáruithe a bheidh faoi réir pionóis, beidh:

(a) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh le linn na nósanna imeachta ceadaithe nó le linn nósanna imeachta as a leanann aisghlaoch;

(b) falsú a dhéanamh ar thorthaí tástála le haghaidh chineálcheadaithe nó le haghaidh comhréireachta inseirbhíse;

(c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla a choinneáil siar a bhféadfadh aisghlaoch, diúltú nó tarraingt siar an chineálcheadaithe leanúint astu;

(d) feistí sáraithe a úsáid;

(e) diúltú rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil;

(f) feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá faoi réir a gceadaithe a bheith á gcur ar fáil ar an margadh ag oibreoirí eacnamaíocha agus gan an ceadú sin a bheith acu nó doiciméid nó marcálacha a bheith á bhfalsú acu chun na críche sin.

*Airteagal 73*

### Forálacha idirthréimhseacha

1. Gan dochar d'fhorálacha eile an Rialacháin seo, ní dhéanfaidh an Rialachán seo aon chineálcheadú AE arna dheonú d'fheithiclí nó do chórais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh roimh an 1 Eanáir 2016 a chur ó bhail.

2. Leanfaidh údaráis cheadaithe d'fhadú a dheonú maidir le ceaduithe na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le Treoir 2003/37/CE agus i gcomhréir le haon cheann de na treoracha a liostaítear in Airteagal 76(1). Ní dhéanfar na ceaduithe sin a úsáid, áfach, chun cineálcheadú feithicle ina hiomláine a fháil faoin Rialachán seo.

3. De mhaolú ar an Rialachán seo, maidir le córais nua, comhpháirteanna nua, aonaid theicniúla ar leithligh nua nó feithiclí nua a bhfuil cineálcheadú feithicle ina hiomláine faighte acu de bhun Threoir 2003/37/CE, féadfar leanúint de bheith á gclárú, á gcur ar an margadh nó á gcur i seirbhís go dtí an 31 Nollaig 2017. Maidir le feithiclí nua de chineálacha nach raibh faoi réir a gcineálcheadaithe faoi Threoir 2003/37/CE, féadfar leanúint freisin de bheith á gclárú nó á gcur i seirbhís faoin dáta sin i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ina gcuirtear i seirbhís iad nó ina gcláraítear iad.

I gcás den sórt sin, ní dhéanfaidh údaráis náisiúnta clárú, cur ar an margadh nó cur i seirbhís na bhfeithiclí a chomhlíonann an cineálcheadú a thoirmeasc, a shrianadh ná a bhac.

*Airteagal 74*

### Tuarascáil

1. Faoin 31 Nollaig 2019, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chur i bhfeidhm na nósanna imeachta cineálcheadaithe a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. Ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear faoi mhír 1, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoin 31 Nollaig 2020.

*Airteagal 75*

### Athbhreithniú

1. Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na hábhair dá dtagraítear i mír 3.

2. Déanfar an tuarascáil a bhunú ar chomhairliúchán le geallsealbhóirí ábhartha agus déanfar caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta gaolmhara atá ann cheana a chur san áireamh inti.

3. Faoin 31 Nollaig 2021, tuairisceoidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) líon na gceaduithe aonair, in aghaidh na bliana, ón 1 Eanáir 2016, a ndearna údaráis náisiúnta an Bhallstáit sin iad a dheonú d'fheithiclí a chumhdaítear leis an Rialachán seo roimh a gcéadchlárú;

(b) na critéir náisiúnta ar a raibh na ceaduithe sin bunaithe a mhéid gur imigh na critéir sin ó na ceanglais éigeantacha le haghaidh chineálcheadú AE.

4. Beidh tograí reachtacha, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil sin agus scrúdófar inti cibé a dhéanfar, ar bhonn ceanglas comhchuibhithe, ceaduithe aonair a áireamh sa Rialachán seo.

*Airteagal 76*

**Aisgairm**

1. Gan dochar d'Airteagal 73(2) den Rialachán seo, déanfar Treoir 2003/37/CE chomh maith le Treoracha 74/347/CEE, 76/432/CEE, 76/763/CEE, 77/537/CEE, 78/764/CEE, 80/720/CEE, 86/297/CEE, 86/298/CEE, 86/415/CEE, 87/402/CEE, 2000/25/CE, 2009/57/CE, 2009/58/CE, 2009/59/CE, 2009/60/CE, 2009/61/CE, 2009/63/CE, 2009/64/CE, 2009/66/CE, 2009/68/CE; 2009/75/CE, 2009/76/CE agus 2009/144/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2016.

2. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad, maidir le Treoir 2003/37/CE, i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 77*

**Leasú ar Threoir 2006/42/CE**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce de phointe (e) d'Airteagal 1(2) de Threoir 2006/42/CE:

"— tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta, cé is moite d'innealra a shuiteáiltear ar na feithiclí sin,".

*Airteagal 78*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2016.

Amhail ón 22 Márta 2013, ní dhiúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheadú AE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú do chineál nua feithicle ná ní fhéadfaidh siad clárú, cur ar an margadh nó cur i seirbhís a thoirmeasc i gcás feithicle nua más rud é go gcomhlíonann an fheithicil i dtrácht an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, má iarrann monaróir an deonú, an clárú, an cur ar an margadh nó an cur i seirbhís sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 5 Feabhra 2013.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
L. CREIGHTON

*IARSCRÍBHINN I*

**LIOSTA DE CHEANGLAIS CHUN CRÍOCHA CINEÁLCHEADAITHE AE AR FHEITHICILÍ**

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 1 | 17(2)(a) | Sláine struchtúr na feithicle | RVFSR | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | X | X | X | X | X |
| 2 | 17(2)(b) | Uasluas deartha, rialtóir luais agus feistí luasteorann | RVFSR | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA | X |
| 3 | 17(2)(b) | Feistí coscánaithe agus cúplán coscán leantóra | RVBR | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 4 | 17(2)(b) | Stiúradh le haghaidh tarracóirí sciobtha | RVFSR (bunaithe ar ECE 79 REV [uimhir nua]) | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | I | NA | NA | NA | NA | NA |
| 5 | 17(2)(b) | Stiúradh | RVFSR | Y | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | I | NA | NA | NA | NA | NA |
| 6 | 17(2)(b) | Luasmhéadar | | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 7 | 17(2)(c) | Raon radhairc agus cuimilteoirí gaothscátha | RVFSR (bunaithe ar ECE 71 REV. 1) | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 8 | 17(2)(c) | Gloiniú | RVFSR (bunaithe ar ECE 43 Rev2 Am3 Sup11) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 9 | 17(2)(c) | Scátháin chúlfhéachana | RVFSR | Y | X | X | X | X | NA | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 10 | 17(2)(c) | Córais faisnéise don tiománaí | RVFSR | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 11 | 17(2)(d) | Feistí soilsiúcháin, feistí solaschomharthaíochta agus a bhfoinsí solais | RVFSR (bunaithe ar ECE 3 Rev3 Am1 Sup11; ECE 4 Rev4 Sup14; ECE 5 Forlíonadh 7 a ghabhann le sraith leasuithe 02; ECE 6 Rev4 Sup17; ECE 7 Rev4 Sup15; ECE 19 Rev5 Sup1; ECE 23 Rev2 Sup15; ECE 31 Forlíonadh 7 a ghabhann le sraith leasuithe 02; ECE 37 Forlíonadh 36 a ghabhann le sraith leasuithe 03; ECE 38 Rev2 Sup14; ECE 98 Rev1 Sup11; ECE 99 Forlíonadh 6 a ghabhann leis an leagan bunaidh den Rialachán; ECE 112 sraith leasuithe 01; ECE 113 Forlíonadh 9 a ghabhann leis an leagan bunaidh den Rialachán;) | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 12 | 17(2)(d) | Suiteáil soilse | RVFSR (bunaithe ar ECE 86 Am [uimhir nua]) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | X | X | X | X |
| 13 | 17(2)(e) | Cosaint do dhaoine atá i bhfeithicil, lena n-áirítear feistis inmheánacha, ceannbhaic, criosanna sábhála, doirse na feithicle | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 14 | 17(2)(f) | An taobh amuigh den fheithicil agus na gabhálais | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 15 | 17(2)(g) | Comhoiriúnacht leictreamaigh-néadach | RVFSR | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 16 | 17(2)(h) | Feiste rabhaidh inchloiste | RVFSR | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 17 | 17(2)(i) | Córais téimh | RVFSR | Y | X | X | X | X | X | NA | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 18 | 17(2)(j) | Feistí chun úsáid neamhúdaraithe a chosc | RVFSR | Y (do chatagóirí T agus C amháin) | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | Z | Z | X | X |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 19 | 17(2)(k) | Pláta clárúcháin | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | X | X | X | X |
| 20 | 17(2)(k) | Pláta agus marcáil reachtúil | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | X | X | X | X |
| 21 | 17(2)(l) | Toisí agus mais an leantóra | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | X | X | X | X |
| 22 | 17(2)(l) | Uasmhais ualaithe | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 23 | 17(2)(l) | Maiseanna ballasta | RVFSR | | X | X | X | X | NA | NA | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 24 | 17(2)(m) | Sábháilteacht na gcóras leictreach | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 25 | 17(2)(a), 17(2)(m), 18(2)(l) | Umar breosla | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 26 | 17(2)(n) | Struchtúir chosanta cúil | RVFSR | | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | X | X | NA | NA |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 27 | 17(2)(o) | Cosaint chliathánach | RVFSR | | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | X | NA | NA |
| 28 | 17(2)(p) | Ardáin iompair | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 29 | 17(2)(q) | Feistí tarraingthe | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 30 | 17(2)(r) | Boinn | RVFSR (bunaithe ar ECE 106 Am5 Sup6) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | X | X | X | X |
| 31 | 17(2)(s) | Córais choiscthe sprae | RVFSR | Y | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | X | NA | NA | NA | X | NA | NA |
| 32 | 17(2)(t) | Giar cúlaithe | RVFSR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 33 | 17(2)(u) | Rianta | RVFSR | | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 34 | 17(2)(v) | Cúpláin mheicniúla | RVFSR | | X | X | X | X | X | | X | X | X | X | X | X | I | I | X | X | X | X |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarf-heithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 35 | 18(2)(a) | ROPS | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chód ECFE 3, arna leasú) | | X | X | NA | NA | NA | NA | NA | NA | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA | NA | NA |
| 36 | 18(2)(a) | ROPS (tarracóir snámhaíochta) | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chód ECFE 8, arna leasú) | | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | NA | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 37 | 18(2)(a) | ROPS (tástáil statach) | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chód ECFE 4, arna leasú) | | X | X | NA | NA | NA | NA | NA | NA | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 38 | 18(2)(a) | ROPS, tulsuite (tarracóirí caolriain) | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chód ECFE 6, arna leasú) | | NA | NA | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA | X | X | NA | NA | NA | NA | NA | NA |
| 39 | 18(2)(a) | ROPS, cúlsuite (tarracóirí caolriain) | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chód ECFE 7, arna leasú) | | NA | NA | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA | X | X | NA | NA | NA | NA | NA | NA |
| 40 | 18(2)(b) | FOPS, Struchtúr cosanta ar rudaí atá ag titim | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chód ECFE 10, arna leasú) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 41 | 18(2)(c) | Suíocháin phaisinéara | RVCR | | X | X | NA | NA | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 42 | 18(2)(d) | An tiománaí faoi lé ag leibhéal torainn | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 43 | 18(2)(e) | Suíochán an tiománaí agus suíomh an tsuíocháin | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 44 | 18(2)(f) | Spás oibriúcháin, rochtain ar an suíomh tiomána | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 45 | 18(2)(g) | Cumhachtdúi-seachtaí | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 46 | 18(2)(h) | Cosaint ar chomhpháirteanna tiomána | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 47 | 18(2)(i) | Pointí ancaireachta criosanna sábhála | RVCR (tuarascáil tástála mar mhalairt ar an gceann faoi réim réimse chur chun feidhme Chóid ECFE 3, 4, 6, 7, 8 arna leasú) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 48 | 18(2)(j) | Criosanna sábhála | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarf-heithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 49 | 18(2)(k) | OPS, Cosaint ar rudaí treáiteacha | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 50 | 18(2)(l) | Sceithchóras | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 51 | 18(2)(l), 18(2)(m), 18(2)(q), 18(4) | An lámhleabhar don oibreoir | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | Z | Z | X | X |
| 52 | 18(2)(n) | Rialuithe, lena n-áirítear go háirithe feistí éigeandála agus feistí do stopadh uathoi-bríoch | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 53 | 18(2)(p) | Cosaint ar ghuaiseacha meicniúla seachas na cinn a luaitear in Airteagal 18(2) (a), (b), (g), (k), lena n-áirítear cosaint ar réabadh na bpíobán ina n-iompraítear sreabháin agus cosaint ar ghluai-seacht gan smacht na feithicle | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | Z | Z | X | X |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarfheithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 54 | 18(2)(r), 18(2)(p) | Sciatha agus feistí cosanta | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | Z | Z | X | X |
| 55 | 18(2)(l), 18(2)(s), 18(2)(q), 18(4) | Faisnéis, rabhaidh agus marcálacha | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | Z | Z | X | X |
| 56 | 18(2)(t) | Ábhair agus táirgí | RVCR | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 57 | 18(2)(u) | Ceallraí | RVCR | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 58 | 18(4) | Bealach éalaithe | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 59 | 18(2)(l), 18(4) | Córas aeraithe agus scagaithe an chábáin | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |
| 60 | 18(4) | Ráta dó ábhar an chábáin | RVCR | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Mótarf-heithiclí | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | T1a | T1b | T2a | T2b | T3a | T3b | T 4.1a | T4.1b (+) | T 4.2a | T 4.2b (+) | T 4.3a | T 4.3b | Ca | Cb (++) | Ra | Rb | Sa | Sb |
| 61 | 19(2)(a) | Astaíochtaí truailleán | REPPR (céimeanna astaíochtaí ó 2000/25/CE agus 97/68/CE) | | X | X | X | X | X Má tá sé laistigh de raon feidhme na Treorach | X Má tá sé laistigh de raon feidhme na Treorach | X | X | X | X | X | X | X | X | NA | NA | NA | NA |
| 62 | 19(2)(b) | Leibhéal fuaime (seachtrach) | REPPR (luachanna teorann ó 2009/63/CE) | Y | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | I | I | NA | NA | NA | NA |

Eochair:

(+) = má chruthaítear fochatagóir den sórt sin faoin gcatagóir
(++) = sa chás go bhfreagraíonn na fochatagóirí do na catagóirí b-innéacsaithe faoi chatagóir T, agus sa chás sin amháin
X = infheidhme
I = mar an gcéanna le T de réir na catagóire
Y = glactar leis gur coibhéiseach na gníomhartha ábhartha le haghaidh mótarfheithiclí, de réir mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe
Z = ní infheidhme ach amháin maidir le trealamh idirmhalartaithe ar tarraingt a thig faoi chatagóir R de bharr an uasmhais ualaithe atá ceadaithe go teicniúil i gcóimheas leis an mais gan ualach a bheith comhionann le nó níos mó ná 3,0 (Airteagal 3, sainmhíniú 9)
NA = ní infheidhme
RVFSR = Rialachán maidir le Ceanglais i leith Sábháilteachta Feidhmiúla Feithicle (gníomh tarmligthe)
RVCR = Rialachán maidir le Ceanglais i leith Thógáil Feithiclí (gníomh tarmligthe)
REPPR = Rialachán maidir le Ceanglais ar Fheidhmíocht Chomhshaoil agus Modha Tiomána (gníomh tarmligthe)
RVBR = Rialachán maidir le Ceanglais Choscánaithe Feithiclí (gníomh tarmligthe)

*IARSCRÍBHINN II*

**TEORAINNEACHA DO SHRAITHEANNA BEAGA**

Maidir leis an líon aonad laistigh de chineál atá le cur ar fáil ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís gach bliain i ngach Ballstát, ní rachaidh sé thar an luach a thaispeántar thíos le haghaidh na catagóire feithiclí atá i gceist.

| Catagóir | Aonaid (le haghaidh gach cineáil) |
|---|---|
| T | 150 |
| C | 50 |

*IARSCRÍBHINN III*

**Tábla comhghaoil**

**(dá dtagraítear in Airteagal 76)**

| Treoir 2003/37/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 agus Airteagal 2 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 | Airteagal 20 go hAirteagal 23 |
| Airteagal 4 | Airteagal 22, Airteagal 24 agus Airteagal 26 |
| Airteagal 5 | Airteagal 29 go hAirteagal 31 |
| Airteagal 6 | Airteagal 33 agus Airteagal 34 |
| Airteagal 7 | Airteagal 5, Airteagal 38 agus Airteagal 40 |
| Airteagal 8(1)<br>Airteagal 8(2) | Airteagal 38(2)<br>Airteagal 35 go hAirteagal 37 agus Airteagal 39 |
| Airteagal 9 | Airteagal 37 |
| Airteagal 10 | Airteagal 39 |
| Airteagal 11 | Airteagal 35 agus Airteagal 36 |
| Airteagal 12 | Airteagal 49 agus Airteagal 50 |
| Airteagal 13 | Airteagal 8 agus Airteagal 28 |
| Airteagal 14 | Airteagal 24 |
| Airteagal 15 | Airteagal 41 go hAirteagal 48 |
| Airteagal 16 | Airteagail 41 agus Airteagal 44 |
| Airteagal 17 | Airteagal 44 |
| Airteagal 18 | Airteagal 48 |
| Airteagal 19 | Airteagal 68, Airteagal 70 agus Airteagal 71 |
| Airteagal 20 | Airteagal 69 |
| Airteagal 21 | Airteagal 5 agus Airteagal 57 go hAirteagal 67 |
| Airteagal 22 | — |
| Airteagal 23 | — |
| Airteagal 24 | — |
| Airteagal 25 | — |
| Airteagal 26 | — |

# RIALACHÁN (AE) Uimh. 168/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Eanáir 2013

## maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is éard atá sa mhargadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina gcaithfear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. Chun na críche sin, bunaíodh córas cuimsitheach cineálcheadaithe CE i gcomhair feithiclí dhá nó trí roth le Treoir 2002/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] maidir le feithiclí den sórt sin a chineálcheadú. Ba cheart go leanfadh na prionsabail sin d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Rialachán seo agus maidir leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

(2) Ba cheart go mbeadh an margadh inmheánach bunaithe ar rialacha trédhearcacha, simplí agus comhleanúnacha lena dtugtar deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil óna bhféadfaidh gnólachtaí agus tomhaltóirí araon tairbhiú.

(3) Agus é mar aidhm leis glacadh na reachtaíochta maidir le cineálcheadú a shimpliú agus a luathú, tugadh cur chuige nua rialála isteach i reachtaíocht AE cineálcheadaithe feithiclí a fhágann gurb iad na rialacha bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha amháin a leagann an reachtóir amach sa ghnáthnós imeachta reachtach agus go ndéanann sé leagan síos tuilleadh mionsonraí teicniúla a tharmligean chuig an gCoimisiún. Dá bhrí sin, maidir le ceanglais shubstainteacha, is iad na forálacha bunúsacha maidir le sábháilteacht fheidhmiúil agus maidir le feidhmíocht chomhshaoil amháin ba cheart a leagan síos leis an Rialachán seo, agus ba cheart a chumhachtú don Choimisiún na sonraíochtaí teicniúla a leagan síos.

(4) Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do bhearta, ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, maidir le feithiclí de chatagóir L a úsáid ar an mbóthar, amhail ceanglais shonracha maidir le ceadúnais tiomána, teorainneacha le luas uasta nó bearta lena ndéantar rochtain ar bhóithre áirithe a rialáil.

(5) Ba cheart faireachas margaidh in earnáil na ngluaisteán, agus go háirithe in earnáil na bhfeithiclí de chatagóir L, a fheabhsú trí na forálacha dlíthiúla lena rialaítear comhréireacht táirgeachta agus lena sonraítear oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha sa slabhra soláthair a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart ról agus freagrachtaí na n-údarás sna Ballstáit a bhfuil cineálcheadú agus faireachas margaidh de chúram orthu a shoiléiriú, agus ba cheart na ceanglais a bhaineann le hinniúlacht, le hoibleagáidí agus le feidhmíocht na seirbhísí teicniúla a dhéanann tástálacha do chineálcheadú feithiclí a athneartú. Ba cheart comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta maidir le cineálcheadú agus le comhréireacht táirgeachta lena rialaítear earnáil na ngluaisteán a bheith i gcónaí ar an bpríomhfhreagracht atá ar na húdaráis ceadaithe, agus fós go bhféadfadh faireachas margaidh a bheith ina inniúlacht a roinnfí ar údaráis náisiúnta éagsúla. Ba cheart comhordú agus faireachán ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a imlonnú chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis ceadaithe agus na húdaráis um fhaireachas margaidh na bearta nua a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

(6) Tá oibleagáidí na n-údarás náisiúnta a leagtar síos sna forálacha um fhaireachas margaidh sa Rialachán seo níos sainiúla ná na forálacha comhfhreagracha atá i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú [4].

(7) Ba cheart ceanglais shubstainteacha a bheith sa Rialachán seo maidir le cosaint chomhshaoil agus maidir le sábháilteacht fheidhmiúil feithiclí. Tá na príomheilimintí de cheanglais ábhartha an Rialacháin seo bunaithe ar thorthaí mheasúnú iarmharta an 4 Deireadh Fómhair 2010 a rinne an Coimisiún lena ndearnadh anailís ar na roghanna éagsúla atá ann trí bhuntáistí agus míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil, na sábháilteachta agus na sochaí de a liostú. Rinneadh idir ghnéithe cáilíochtúla agus ghnéithe cainníochtúla a chur san áireamh san anailís sin. Tar éis comparáid a bheith déanta idir na roghanna éagsúla, sainaithníodh na roghanna is fearr agus úsáideadh mar bhonn don Rialachán seo iad.

---

[1] IO C 84, 17.3.2011, lch. 30.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Nollaig 2012.

[3] IO L 124, 9.5.2002, lch. 1.

[4] IO L 218, 13.8.2008, lch. 30.

(8) Tá sé mar aidhm ag an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir le cineálcheadú feithiclí de chatagóir L, d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Is é is feithiclí de chatagóir L ann feithiclí dhá, trí nó ceithre roth, amhail feithiclí cumhachtaithe dhá roth, trírothaigh agus cuadrothair. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Rialachán seo an creat dlíthiúil reatha a shimpliú, na hastaíochtaí ó fheithiclí de chatagóir L a laghdú, a mbeadh sciar níos comhréirí d'astaíochtaí ó fheithiclí de chatagóir L i gcomparáid leis na hastaíochtaí foriomlána ó iompar de bhóthar mar thoradh air, an leibhéal foriomlán sábháilteachta a ardú, oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus na rialacha maidir le faireachas margaidh a neartú.

(9) Chun a áirithiú gur ann d'ardleibhéal sábháilteachta feidhmiúla feithiclí, d'ardleibhéal sábháilteachta san ionad oibre agus d'ardleibhéal cosanta comhshaoil, ba cheart comhchuibhiú i dtaca le cineálcheadú a dhéanamh ar na ceanglais theicniúla agus ar na caighdeáin chomhshaoil is infheidhme maidir le feithiclí, le córais, le comhpháirteanna agus le haonaid theicniúla ar leithligh.

(10) Níor cheart go ndéanfadh feistiú córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh áirithe tar éis d'fheithiclí a bheith curtha ar an margadh, cláraithe nó curtha i seirbhís, difear do chuspóirí an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh is féidir a fheistiú ar fheithiclí, agus a d'fheadfadh dochar mór a dhéanamh d'fheidhmiú na gcóras atá riachtanach ó thaobh cosanta comhshaoil nó sábháilteachta feidhmiúla de, faoi réir rialú roimh ré ag údarás ceadaithe sula ndéantar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís.

(11) Le Treoir 95/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Feabhra 1995 maidir le huasluas dearaidh, uas-chasmhóimint agus uas-ghlanchumhacht innill mótarfheithiclí dhá nó trí roth [1] tugadh an rogha do Bhallstáit diúltú do chlárú tosaigh nó d'aon chláruithe ina dhiaidh sin laistigh dá gcríoch ar fheithiclí ag a bhfuil uas-ghlanchumhacht níos mó ná 74 kW. Maidir leis an gcomhghaolmhaireacht a mbeifí ag súil léi idir sábháilteacht agus teorannú na dearbhchumhachta, ní rabhthas in ann é a dhearbhú i roinnt staidéar eolaíochta. Ar an gcúis sin, agus chun bacainní inmheánacha sa trádáil ar mhargadh an Aontais a bhaint, níor cheart an rogha sin a choimeád a thuilleadh. Ba cheart bearta sábháilteachta eile, atá níos éifeachtaí, a thabhairt isteach chun cabhrú le laghdú a dhéanamh ar líon ard na mbásanna agus na ngortuithe a bhaineann do lucht úsáide feithiclí cumhachtaithe dhá roth i dtimpistí bóthair san Aontas.

(12) Leagtar síos sa Rialachán seo ceanglais chomhshaoil i gcomhair dhá chéim, agus beidh an dara céim (Euro 5) éigeantach le haghaidh cineálacha nua feithiclí amhail ón 1 Eanáir 2020, agus ar an gcaoi sin cruthaítear intuarthacht phleanála fhadtéarmach do mhonaróirí feithiclí agus don tionscal soláthair. Bunaithe ar shonraí a bheidh ar fáil amach anseo, ba cheart go bhforálfadh staidéar ar an tionchar ar an gcomhshaol, arna éileamh ag an Rialachán seo, d'fhothacú breise trí shamhaltú agus trí anailís ar indéantacht theicniúil agus ar chostéifeachtúlacht bunaithe ar na sonraí is déanaí a bheidh ar fáil. Thairis sin, ba cheart go ndéanfadh an staidéar, *inter alia*, measúnú ar indéantacht agus ar chostéifeachtacht na gceanglas tástála um chomhréir in-seirbhíse, ar na ceanglais astaíochta lasmuigh den timthriall agus ar theorainn astaíochta líon cáithníní do (fho)chatagóirí áirithe. Bunaithe ar thorthaí an staidéir, ba cheart go mbreithneodh an Coimisiún an ndéanfaidh sé togra a thíolacadh lena dtabharfaí isteach na heilimintí nua seo i reachtaíocht cineálcheadaithe todhchaí a bheadh infheidhme tar éis na gcéimeanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(13) Tá sé beartaithe le córas cineálcheadaithe an AE cur ar chumas gach Ballstát a dheimhniú go ndearnadh na seiceálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i ngníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlactar de bhun an Rialacháin seo, ar gach cineál feithicle, agus go bhfuil deimhniú ar chineálcheadú faighte ag a mhonaróir. Ina theannta sin, cuireann an córas oibleagáid ar mhonaróirí deimhniú comhréireachta a eisiúint do gach feithicil arna dtáirgeadh i gcomhréir leis an gcineálcheadú. Nuair a ghabhann deimhniú den sórt sin le feithicil, ba cheart go gceadófaí í a chur ar fáil ar an margadh agus a chlárú lena húsáid ar fud an Aontais.

(14) Chun a áirithiú go mbeidh an nós imeachta trína ndéantar faireachán ar chomhréireacht táirgeachta, atá ar cheann de bhunchlocha chóras cineálcheadaithe an AE, curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú mar is ceart, ba cheart na monaróirí a sheiceáil go rialta ag údarás inniúil nó ag seirbhís theicniúil a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aici, agus a ainmníodh chun na críche sin.

(15) Is é atá sa Rialachán seo tacar de cheanglais shonracha sábháilteachta agus de cheanglais shonracha chomhshaoil. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach forálacha a leagan síos chun a áirithiú, i gcásanna ina bhfuil riosca tromchúiseach do lucht a húsáide nó don chomhshaol ag baint le feithicil, go mbeidh bearta cosanta déanta ag an monaróir nó ag aon oibreoir eacnamaíoch eile sa slabhra soláthair, lena n-áirítear feithiclí a aisghlaoch, de réir bhrí Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Ba cheart do na húdaráis ceadaithe, dá bhrí sin, a bheith in ann a mheasúnú an bhfuil na bearta leordhóthanach.

(16) I gcásanna teoranta áirithe, is iomchuí cineálcheadú náisiúnta d'fheithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga a cheadú. Chun cosc a chur ar mhí-úsáid, ba cheart go ndéanfaí aon nós imeachta simplithe d'fheithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga a theorannú do chásanna táirgeachta fíortheoranta. Is gá, dá bhrí sin, an coincheap i dtaobh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga a shainmhíniú go beacht i dtéarmaí líon na bhfeithiclí arna dtáirgeadh.

[1] IO L 52, 8.3.1995, lch. 1.

(17) Is páirtí conarthach é an tAontas i gComhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantais fhrithpháirtigh i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ("Comhaontú Leasaithe 1958") ([1]). Chun an reachtaíocht cineálcheadaithe a shimpliú i gcomhréir leis na moltaí sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún in 2006 dár teideal "CARS 21: Córas Rialúcháin Iomaíoch Feithicleach don 21ú hAois", is iomchuí gach Treoir ar leithligh a aisghairm ach gan an leibhéal cosanta a laghdú. Ba cheart na ceanglais a leagtar amach sna Treoracha sin a thabhairt anonn go dtí an Rialachán seo nó go dtí na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus ba cheart, i gcás inarb iomchuí, tagairtí do na rialacháin chomhfhreagracha de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE) ar vótáil an tAontas ina bhfabhar nó dá bhfuil an tAontas aontaithe, agus atá i gceangal le Comhaontú Leasaithe 1958, a chur ina n-ionad. Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le próiseas an chineálcheadaithe a laghdú, ba cheart cead a thabhairt do mhonaróirí feithiclí cineálcheadú a lorg i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí, go díreach trí cheadú a fháil faoi rialacháin ábhartha CENAE dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo.

(18) Dá thoradh sin, ba cheart rialacháin CENAE, maille leis na leasuithe orthu, ar vótáil an tAontas ina bhfabhar, agus Cinneadh 97/836/CE á chur i bhfeidhm, a ionchorprú i reachtaíocht cineálcheadaithe AE. Dá réir sin, ba cheart an chumhacht chun na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo nó ar na gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo a tharmligean chuig an gCoimisiún.

(19) Tá gá le rochtain neamhshrianta ar fhaisnéis faoi dheisiú feithiclí, via formáid chaighdeánaithe is féidir a úsáid chun faisnéis theicniúil a aisghabháil, agus le hiomaíocht éifeachtach ar an margadh do sheirbhísí a bhaineann le deisiú agus le faisnéis faoi fheithiclí chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, go háirithe maidir le saorghluaiseacht earraí, saoirse bhunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar. Baineann sciar mór den fhaisnéis sin le córais dhiagnóiseacha ar bord agus leis an gcaoi a n-oibríonn siad le córais eile san fheithicil. Is iomchuí sonraíochtaí teicniúla a leagan síos ar cheart do shuíomhanna gréasáin na monaróirí cloí leo, mar aon le spriocbhearta a leagan síos chun rochtain réasúnach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a áirithiú.

(20) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ([2]).

(21) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le tuilleadh mionsonraí teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus tiomána, le sábháilteacht fheidhmiúil agus le tógáil feithiclí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(22) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme i gcás sáruithe ar an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireacht agus athchomhairleach.

(23) Chun go mbeifear in ann measúnú agus cinneadh a dhéanamh cibé a dhéanfar feistiú éigeantach ardchóras coscánaithe a leathnú chuig catagóirí breise de ghluaisrothair, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a bheidh bunaithe, *inter alia*, ar shonraí faoi thionóiscí bóthair arna gcur ar fáil ag Ballstáit.

(24) Cé nach ndéantar, le haon ní atá sa Rialachán seo, cosc a chur ar Bhallstáit leanúint de bheith ag cur a gcuid córas ceadaithe aonair féin i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoibriú na gcóras náisiúnta sin, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit, chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist cibé a dhéanfar togra reachtach a thíolacadh maidir le comhchuibhiú na gcóras ceadaithe aonair ar leibhéal an Aontais Eorpach.

(25) I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin, a cheadú ([3]), ba cheart an dealú idir an Rialachán seo agus Treoir 2007/46/CE a mheas i bhfianaise na taithí atá ag na Ballstáit ó thaobh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe chun iomaíocht chothrom idir catagóirí feithiclí a áirithiú.

([1]) Treoir 97/836/CE ón gComhairle (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

([2]) IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

([3]) IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.

(26) Ar mhaithe le soiléireacht, intuarthacht, réasúntacht agus simpliú, agus chun an t-ualach ar mhonaróirí feithiclí a laghdú, níor cheart go mbeadh sa Rialachán seo ach líon teoranta de chéimeanna cur chun feidhme le haghaidh leibhéal nua astaíochtaí agus ceanglas nua sábháilteachta a thabhairt isteach. Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt don tionscal chun oiriúnú do na forálacha nua a leagtar síos sa Rialachán seo agus do na sonraíochtaí teicniúla agus forálacha riaracháin a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Tá sé sár-riachtanach go ndéanfaí sainmhíniú tráthúil ar cheanglais chun aga tionscanta leordhóthanach a áirithiú do mhonaróirí chun réitigh theicniúla a fhorbairt, a thástáil agus a chur i bhfeidhm ar fheithiclí a tháirgtear i tsraith agus chun aga tionscanta leordhóthanach a áirithiú do mhonaróirí agus d'údaráis ceadaithe sna Ballstáit chun na córais riaracháin is gá a chur ar bun.

(27) Rinneadh Treoir 2002/24/CE agus na Treoracha ar leithligh dá dtagraítear sa Treoir sin a leasú go substainteach roinnt uaireanta. Ar mhaithe le soiléireacht, réasúntacht agus simpliú, ba cheart Treoir 2002/24/CE agus na Treoracha ar leithligh dá dtagraítear sa Treoir sin a aisghairm agus aon Rialachán amháin mar aon le líon beag gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a chur ina n-ionad. Áiritheofar trí rialachán a ghlacadh go mbeidh na forálacha lena mbaineann infheidhme go díreach agus go bhféadfar iad a nuashonrú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla le go gcuirfí dul chun cinn teicniúil san áireamh ar bhealach níos fearr.

(28) Ba cheart na Treoracha seo a leanas a aisghairm:

— Treoir 2002/24/CE,

— Treoir 93/14/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir leis an gcoscánú ar mhótarfheithiclí dhá nó trí roth ([1]),

— Treoir 93/30/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí rabhaidh inchloiste ar mhótarfheithiclí dhá nó trí roth ([2]),

— Treoir 93/33/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí cosanta atá ceaptha chun an úsáid neamhúdaraithe mótarfheithiclí dhá nó trí roth a chosc ([3]),

— Treoir 93/93/CEE ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 1993 maidir le maiseanna agus toisí mótarfheithiclí dhá nó trí roth ([4]),

— Treoir 95/1/CE,

— Treoir 97/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1997 maidir le comhpháirteanna agus airíonna áirithe mótarfheithiclí dhá nó trí roth ([5]),

— Treoir 2000/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le luasmhéadair le haghaidh mótarfheithiclí dhá nó trí roth ([6]),

— Treoir 2002/51/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir leis an leibhéal d'astaíochtaí truailleán ó mhótarfheithiclí dhá nó trí roth a laghdú ([7]),

— Treoir 2009/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 a bhaineann leis an spás chun pláta clárúcháin cúil mótarfheithiclí dhá nó trí roth a fheistiú ([8]),

— Treoir 2009/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil ar mhótarfheithiclí dhá nó trí roth ([9]),

— Treoir 2009/78/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le seastáin i gcomhair mótarfheithiclí dhá roth ([10]),

— Treoir 2009/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le greamáin lámh do phaisinéirí ar mhótarfheithiclí dhá roth ([11]),

— Treoir 2009/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialaitheoirí, nodchomharthaí agus táscairí a shainaithint le haghaidh mótarfheithiclí dhá nó trí roth ([12]),

— Treoir 2009/139/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le marcanna reachtúla le haghaidh mótarfheithiclí dhá nó trí roth ([13]).

(29) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchuibhithe a leagan síos ar cheanglais riaracháin agus theicniúla do chineálcheadú feithiclí de chatagóir L agus d'fhaireachas margaidh ar fheithiclí den sórt sin, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr, dá bhrí sin, mar gheall ar a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

([1]) IO L 121, 15.5.1993, lch. 1.
([2]) IO L 188, 29.7.1993, lch. 11.
([3]) IO L 188, 29.7.1993, lch. 32.
([4]) IO L 311, 14.12.1993, lch. 76.
([5]) IO L 226, 18.8.1997, lch. 1.
([6]) IO L 106, 3.5.2000, lch. 1.
([7]) IO L 252, 20.9.2002, lch. 20.
([8]) IO L 198, 30.7.2009, lch. 20.
([9]) IO L 222, 25.8.2009, lch. 1.
([10]) IO L 231, 3.9.2009, lch. 8.
([11]) IO L 201, 1.8.2009, lch. 29.
([12]) IO L 202, 4.8.2009, lch. 16.
([13]) IO L 322, 9.12.2009, lch. 3.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

**ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE**

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear na ceanglais riaracháin agus na ceanglais theicniúla le haghaidh cineálcheadú AE a dhéanamh ar gach feithicil nua, gach córas nua, gach comhpháirt nua agus gach aonad teicniúil ar leithligh nua dá dtagraítear in Airteagal 2(1).

Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le cineálcheadú agus ceadú feithiclí aonair. Glacfaidh Ballstáit a dheonaíonn na ceaduithe aonair den sórt sin, áfach, le haon chineálcheadú ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh a dheonaítear faoin Rialachán seo in ionad glacadh leis faoi na forálacha ábhartha náisiúnta.

2. Bunaítear leis an Rialachán seo na ceanglais maidir le faireachas margaidh ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh, ar nithe iad atá faoi réir a gceadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin na ceanglais maidir le faireachas margaidh ar pháirteanna agus ar threalamh d'fheithiclí den sórt sin.

3. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

*Airteagal 2*

**Raon Feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach feithicil dhá nó trí roth agus gach cuadrothar mar a aicmítear in Airteagal 4 agus in Iarscríbhinn I ("feithiclí chatagóir L"), ar feithiclí iad atá ceaptha do thaisteal ar bhóithre poiblí, lena n-áirítear feithiclí a bhfuil céim amháin nó níos mó ina ndearadh agus ina dtógáil, agus beidh feidhm aige maidir leis na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh, chomh maith le páirteanna agus trealamh, arna ndearadh agus arna dtógáil le haghaidh feithiclí den sórt sin.

Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le ghluaisrothair enduro (L3e-AxE (x = 1, 2 nó 3)), trial-ghluaisrothair (L3e-Axt (x = 1, 2 nó 3)) agus cuaid uileraoin throma (L7e-B) mar a aicmítear in Airteagal 4 agus in Iarscríbhinn I.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na feithiclí a leanas:

(a) feithiclí ag a bhfuil uasluas dearaidh nach mó ná 6 km/h;

(b) feithiclí atá ceaptha lena n-úsáid go heisiach ag daoine faoi mhíchumas coirp;

(c) feithiclí atá ceaptha go heisiach lena n-oibriú ag coisithe;

(d) feithiclí atá ceaptha go heisiach lena n-úsáid i gcomórtais;

(e) feithiclí atá deartha agus tógtha lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choimeád agus ag seirbhísí éigeandála liachta;

(f) feithiclí talmhaíochta nó foraoiseachta atá faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta [1], meaisíní atá faoi réir Threoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta i gcoinne astaíocht truailleán gásach agus cáithíneach ó innill dócháin inmheánaigh atá le suiteáil in innealra soghluaiste neamhbhóthair [2] agus faoi réir Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra [3] agus mótarfheithiclí atá faoi réir Threoir 2007/46/CE;

(g) feithiclí atá ceaptha go príomha le haghaidh úsáide eisbhóthair agus atá deartha le haghaidh taistil ar dhromchlaí nach bhfuil pábháilte;

(h) rothair cos le troitheáil chuidithe ar a bhfuil mótar cúnta leictreach feistithe ag a bhfuil uas-chumhacht rátaithe leantach níos lú ná nó cothrom le 250 W, ar mótar é ina múchann an chumhacht nuair a stadann an rothaí den troitheáil, nó a laghdaíonn de réir a chéile agus a stopann faoi dheireadh sula sroicheann luas na feithicle 25 km/h;

(i) feithiclí féinchothromaithe;

(j) feithiclí nach bhfuil feistithe le hionad suí amháin ar a laghad;

(k) feithiclí atá feistithe le haon ionad suí don tiománaí nó don mharcach ag a bhfuil airde R-phointe ≤ 540 mm i gcás chatagóirí L1e, L3e agus L4e nó ≤ 400 mm i gcás chatagóirí L2e, L5e, L6e agus L7e.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha na ngníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt iontu, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(1) ciallaíonn "cineálcheadú" an nós imeachta trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

---

[1] Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.
[2] IO L 59, 27.2.1998, lch. 1.
[3] IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.

(2) ciallaíonn "deimhniú ar chineálcheadú" an doiciméad trína ndeimhníonn an t-údarás ceadaithe go hoifigiúil go bhfuil cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh ceadaithe;

(3) ciallaíonn "cineálcheadú feithicle iomláine" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann cineál feithicle neamhiomlán, iomlán nó lánchríochnaithe na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(4) ciallaíonn "cineálcheadú AE" an nós imeachta trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh forálacha riaracháin ábhartha agus ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo;

(5) ciallaíonn "deimhniú ar chineálcheadú AE" an deimhniú arna bhunú ar an teimpléad a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo nó an fhoirm chumarsáide a leagtar amach i rialacháin ábhartha CENAE dá dtagraítear sa Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo;

(6) ciallaíonn "cineálcheadú córais" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann córas atá ionsuite i gcineál sonrach feithicle na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(7) ciallaíonn "cineálcheadú aonaid theicniúil ar leithligh" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann aonad teicniúil ar leithligh na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha maidir le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha feithiclí a shonraítear;

(8) ciallaíonn "cineálcheadú comhpháirte" cineálcheadú trína ndeimhníonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann comhpháirt, gan spleáchas d'fheithicil, na forálacha riaracháin ábhartha agus na ceanglais theicniúla ábhartha;

(9) ciallaíonn "cineálcheadú náisiúnta" nós imeachta cineál-cheadaithe arna leagan síos faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, ar cineálcheadú é atá srianta do chríoch an Bhallstáit sin, agus don chríoch sin amháin;

(10) ciallaíonn "deimhniú comhréireachta" an doiciméad a eisíonn an monaróir, lena ndeimhnítear go bhfreagraíonn an fheithicil táirgthe don chineál feithicle atá ceadaithe;

(11) ciallaíonn "bonnfheithicil" aon fheithicil a úsáidtear ag an gcéim thosaigh i bpróiseas cineálcheadaithe ilchéime;

(12) ciallaíonn "feithicil neamhiomlán" aon fheithicil nach mór céim chríochnaithe amháin, ar a laghad a dhéanamh uirthi chun ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

(13) ciallaíonn "feithicil lánchríochnaithe" feithicil ar toradh í ar phróiseas cineálcheadaithe ilchéime í agus a chomhlíonann ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo;

(14) ciallaíonn "feithicil iomlán" aon fheithicil nach gá a chríochnú d'fhonn ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

(15) ciallaíonn "córas" cóimeáil d'fheistí arna gcur le chéile chun feidhm shonrach amháin nó níos mó a dhéanamh i bhfeithicil agus atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo nó faoi réir cheanglais aon cheann de na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo;

(16) ciallaíonn "comhpháirt" feiste atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo nó faoi réir cheanglais aon cheann de na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus atá ceaptha le bheith ina páirt d'fheithicil agus a fhéadfar a chineálcheadú go neamhspleách ar fheithicil i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo sa chás go bhforáiltear go sainráite le gníomhartha den sórt sin go ndéanfar amhlaidh;

(17) ciallaíonn "aonad teicniúil ar leithligh" feiste atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo nó faoi réir aon cheann de na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus atá ceaptha a bheith ina pháirt d'fheithicil, a fhéadfar a chineálcheadú ar leithligh, ach amháin maidir le cineál sonraithe amháin feithicle nó níos mó i gcás ina bhforáiltear go sonrach dó sin sna gníomhartha sin;

(18) ciallaíonn "páirteanna" earraí a úsáidtear chun feithicil a chóimeáil, mar aon le páirteanna spártha;

(19) ciallaíonn "trealamh" aon earraí, seachas páirteanna, is féidir a chur le feithicil nó a shuiteáil ar fheithicil;

(20) ciallaíonn "páirteanna bunaidh nó trealamh bunaidh" páirteanna nó trealamh a mhonaraítear de réir na sonraíochtaí agus na gcaighdeán táirgthe a sholáthraíonn monaróir na feithicle le haghaidh tháirgeadh na bpáirteanna nó an trealaimh chun an fheithicil atá i gceist a chóimeáil; áirítear leis seo na páirteanna sin nó an trealamh sin a mhonaraítear ar an líne tháirgthe chéanna leis na páirteanna sin, nó leis an trealamh sin; mura gcruthófar a mhalairt, toimhdeofar gur páirteanna bunaidh nó trealamh bunaidh iad páirteanna nó trealamh má dheimhníonn an monaróir go bhfuil siad den cháilíocht chéanna is atá na comhpháirteanna a úsáideadh chun an fheithicil atá i gceist a chóimeáil agus a monaraíodh i gcomhréir le sonraíochtaí agus caighdeáin tháirgthe mhonaróir na feithicle;

(21) ciallaíonn "páirteanna spártha" earraí atá le suiteáil i bhfeithicil nó ar fheithicil ionas go ngabhfadh siad ionad pháirteanna bunaidh na feithicle sin, lena n-áirítear earraí ar nós bealaí a bhfuil gá leo in úsáid na feithicle, ach breosla mar eisceacht;

(22) ciallaíonn "sábháilteacht fheidhmiúil" gan aon riosca doghlactha díobhála coirp nó damáiste do shláinte daoine nó do mhaoin a bheith ann de thoradh guaiseacha arbh é iompar mífheidhmiúil córais, de chineál meicniúil, hiodrálach, neomatach, leictreach nó leictreonach, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh ba chúis leo;

(23) ciallaíonn "ardchóras coscánaithe" córas coscánaithe frithghlasála, córas comhcheangailte coscánaithe nó an dá cheann acu sin;

(24) ciallaíonn "córas coscánaithe frithghlasa" córas a dhéanann sciorradh rotha a bhrath agus a mhodhnaíonn go huathoibríoch an brú a dhéanann na fórsaí coscánaithe ag an roth/na rothaí chun méid an sciorrtha rotha a theorannú;

(25) ciallaíonn "córas comhcheangailte coscánaithe":

(a) maidir le feithiclí de chatagóirí L1e agus L3e: córas príomhchoscáin ina n-oibrítear ar a laghad dhá choscán ar rothaí éagsúla trí rialaitheoir amháin a ghníomhú;

(b) maidir le feithiclí de chatagóir L4e: córas príomhchoscáin ina n-oibrítear, ar a laghad, na coscáin ar na rothaí tosaigh agus cúil trí rialaitheoir amháin a ghníomhú (má dhéantar coscánú ar an roth cúil agus ar roth an taobhchairr leis an gcóras coscánaithe céanna, meastar gurb é sin an coscán cúil);

(c) maidir le feithiclí de chatagóirí L2e, L5e, L6e agus L7e: córas príomhchoscáin ina n-oibrítear na coscáin ar na rothaí uile trí rialaitheoir amháin a ghníomhú;

(26) ciallaíonn "soilse a lasadh go huathoibríoch" córas soilsiúcháin a lastar nuair atá an lasc adhainte nó lasc ann/as an innill sa suíomh "ann";

(27) ciallaíonn "feiste rialaithe truaillithe" na comhpháirteanna sin d'fheithicil a rialaíonn nó a laghdaíonn astaíochtaí sceithphíopa agus/nó astaíochtaí galaithe;

(28) ciallaíonn "feiste rialaithe truaillithe athsholáthair" feiste rialaithe truaillithe nó cóimeáil feistí den sórt sin atá ceaptha lena chur in ionad feiste bunaidh rialaithe truaillithe agus ar feiste í is féidir a cheadú mar aonad teicniúil ar leithligh;

(29) ciallaíonn "ionad suí":

(a) diallait don tiománaí nó do phaisinéir, a úsáidtear trí shuí uirthi i gcois dá leith; nó

(b) aon suíochán atá in ann, ar a laghad, duine a ghlacadh atá ar mhéid riochtáin antrapamorfaigh de 50ú peirceintíl fir fásta, i gcás an tiománaí;

(30) ciallaíonn "inneall adhainte comhbhrú" nó "inneall AC" inneall dócháin a fheidhmíonn de réir phrionsabail na timthriallach "Díosal";

(31) ciallaíonn "inneall adhainte deimhní" nó "inneall AD" inneall dócháin a fheidhmíonn de réir phrionsabail na timthriallach "Otto";

(32) ciallaíonn "feithicil hibrideach" feithicil chumhachtaithe a bhfuil ar a laghad dhá thiontaire fuinnimh éagsúla agus dhá chóras stórála fuinnimh éagsúla feistithe air (san fheithicil) chun críche an fheithicil a thiomáint;

(33) ciallaíonn "feithicil leictreach hibrideach" feithicil a tharraingíonn fuinneamh, ar mhaithe le tiomáint mheicniúil, ón dá cheann de na foinsí fuinnimh/cumhachta stóráilte seo a leanas atá san fheithicil:

(a) breosla inídithe;

(b) ceallra, toilleoir, roth lústair/gineadóir nó feiste stórála fuinnimh leictrigh nó cumhachta eile.

Áirítear leis an sainmhíniú seo freisin feithiclí a tharraingíonn fuinneamh as breosla inídithe chun an feiste stórála fuinnimh leictrigh/cumhachta a athluchtú agus chun na críche sin amháin;

(34) ciallaíonn "modh tiomána" inneall dócháin, inneall leictreach, aon fheidhm hibrideach nó aon chomhcheangal de na cineáil innill sin nó d'aon chineál eile innill;

(35) ciallaíonn "uaschumhacht rátaithe leantach" na tríocha nóiméad uasta cumhachta ag seafta aschuir inneall leictrigh de réir mar a leagtar amach i Rialachán CENAE Uimh. 85;

(36) ciallaíonn "uas-ghlanchumhacht" cumhacht uasta innill dócháin is féidir a fháil ar bhinse tástála ag ceann na cromfhearsaide nó ag ceann comhpháirte coibhéisí;

(37) ciallaíonn "feiste sáraithe" aon eilimint dearaidh lena mothaítear an teocht, luas na feithicle, luas agus/nó ualach an innill, giar traiseolta, folús ilphíobáin nó aon pharaiméadar eile lena ngníomhachtaítear, lena modhnaítear, lena moillítear nó lena ndíghníomhachtaítear oibriú aon chuid den chóras rialaithe astaíochta agus iarchóireála sceite agus a laghdaíonn éifeachtúlacht an chórais rialaithe astaíochta i gcoinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo faoi ghnáthdhálaí oibre agus úsáide feithicle;

(38) ciallaíonn "marthanacht" cumas seasmhachta comhpháirteanna agus córas chun go mbeidh an fheidhmíocht chomhshaoil, amhail a leagtar síos in Airteagal 23 agus in Iarscríbhinn V, fós á comhlíonadh tar éis míleáiste, amhail a shainmhínítear in Iarscríbhinn VII, a bheith déanta agus chun go n-áiritheofar sábháilteacht fheidhmiúil feithicle, má úsáidtear an fheithicil faoi ghnáthchúinsí nó faoi na cúinsí a ceapadh di agus má dhéantar seirbhís uirthi i gcomhréir le moltaí an mhonaróra;

(39) ciallaíonn "toilleadh innill":

(a) i gcás inneall loiní frithingeacha, scuab-thoirt ainmniúil na sorcóirí;

(b) i gcás inneall loine rothlaigh (Wankel), dhá oiread scuab-thoirt ainmniúil na sorcóirí;

(40) ciallaíonn "astaíochtaí galaithe" na gala hidreacarbóin a chailltear i gcóras stórála agus soláthair breosla mótarfheithicle, nach astaíochtaí sceithphíopa iad;

(41) ciallaíonn "tástáil SHED" tástáil feithicle in áras séalaithe chun galú a dhearbhú, a ndéantar tástáil speisialta ar astaíochtaí galaithe lena linn;

(42) ciallaíonn "córas breosla ghásaigh" córas ina bhfuil stóráil breosla ghásaigh, soláthar breosla, comhpháirteanna méadrúcháin agus rialaithe agus atá feistithe ar inneall ionas go bhféadfaidh an t-inneall feidhmiú le gás peitriliam leachtaithe, le gás nádúrtha comhbhrúite nó le hidrigin mar fheidhm mhonabhreosla, dhébhreosla nó ilbhreosla;

(43) ciallaíonn "truailleán gásach" astaíochtaí gáis sceite aonocsaíde carbóin (CO), ocsaídí de nítrigin ($NO_x$) arna sloinneadh i gcoibhéis dé-ocsaíde nítrigine ($NO_2$), agus hidreacarbóin (HC);

(44) ciallaíonn "astaíochtaí sceithphíopa" astú truailleán gásach agus ábhar cáithníneach as sceithphíopa na feithicle;

(45) ciallaíonn "ábhar cáithníneach" comhábhair den ghás sceite a bhaintear den ghás sceite caolaithe ag uasteocht 325 K (52 °C) trí bhíthin na scagairí a bhfuil tuairisc orthu sa nós imeachta tástála chun meánastaíochtaí sceithphíopa a sheiceáil;

(46) ciallaíonn "Timthriall Tástála Domhanda comhchuibhithe do Ghluaisrothair" nó "WMTC" an timthriall tástála saotharlainne domhanda comhchuibhithe maidir le hastaíochtaí WTMC arna sainiú le Rialachán teicniúil domhanda CENAE Uimh. 2;

(47) ciallaíonn "monaróir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach don údarás ceadaithe as gach gné den chineálcheadú nó den phróiseas údaraithe as comhréireacht táirgeachta a áirithiú agus atá freagrach freisin as cúraim a bhaineann le faireachas margaidh ó thaobh na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh a tháirgtear, is cuma cé acu atá baint dhíreach ag an duine nádúrtha nó dlítheanach le gach céim de dhearadh agus de thógáil na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh is ábhar don phróiseas ceadaithe, nó nach bhfuil;

(48) ciallaíonn "ionadaí monaróra" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha go hiomchuí ag an monaróir chun a bheith ina ionadaí thar ceann an mhonaróra os comhair an údaráis ceadaithe nó os comhair an údaráis um fhaireachas margaidh agus chun gníomhú thar ceann an mhonaróra i leith ábhar atá cumhdaithe leis an Rialachán seo;

(49) ciallaíonn "allmhaireoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a chuireann feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh ó thríú tír ar an margadh;

(50) ciallaíonn "dáileoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra sólathair, seachas an monaróir agus an t-allmhaireoir, a chuireann feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh ar fáil ar an margadh;

(51) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" an monaróir, ionadaí an mhonaróra, an t-allmhaireoir nó an dáileoir;

(52) ciallaíonn "clárú" údarú riaracháin a thabhairt d'fheithicil dul i seirbhís i dtrácht bóthair arb é atá ann an fheithicil sin a shainaithint agus sraithuimhir a eisiúint di, rud dá ngairfear "cláruimhir", bíodh sé sin ar bhonn buan, sealadach nó ar feadh tréimhse giorra;

(53) ciallaíonn "cur i seirbhís" an chéad úsáid san Aontas, chun na críche a ceapadh dó nó di, a bhaintear as feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh;

(54) ciallaíonn "cur ar an margadh" feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh a chur ar fáil den chéad uair san Aontas;

(55) ciallaíonn "cur ar fáil ar an margadh" aon soláthar feithicle, córais, comhpháirte, aonaid theicniúil ar leithligh, páirte nó trealaimh lena dháileadh nó lena úsáid ar an margadh, mar chuid de ghníomhaíocht tráchtála, bíodh sé sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(56) ciallaíonn "údarás ceadaithe" údarás Ballstáit arna bhunú nó arna cheapadh ag an mBallstát, ar chuir an Ballstát an Coimisiún ar an eolas ina leith agus atá inniúil maidir le gach gné a bhaineann le cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a cheadú, maidir leis an bpróiseas údaraithe, maidir le deimhnithe ceadaithe a eisiúint agus, más iomchuí, iad a tharraingt siar nó a dhiúltú, maidir le gníomhú mar phointe teagmhála d'údaráis ceadaithe Bhallstáit eile, maidir leis na seirbhísí teicniúla a ainmniú agus maidir lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an monaróir a chuid oibleagáidí i leith chomhréireacht na táirgeachta;

(57) ciallaíonn "údarás um fhaireachas margaidh" údarás de chuid Ballstáit atá freagrach as faireachas margaidh a dhéanamh ina chríoch;

(58) ciallaíonn “faireachas margaidh” gníomhaíochtaí a dhéanann údaráis náisiúnta, agus bearta a ghlacann siad, lena áirithiú go gcomhlíonann feithiclí, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chuirtear ar fáil ar an margadh na ceanglais a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais agus nach bhfuil siad ina mbaol do shláinte, do shábháilteacht nó d'aon ghné eile de chosaint an leasa phoiblí;

(59) ciallaíonn “údarás náisiúnta” údarás ceadaithe nó aon údarás eile a bhfuil baint aige le agus atá freagrach as faireachas margaidh, rialú teorann nó clárú i mBallstát i ndáil le feithiclí, córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna ar leithligh nó trealamh ar leithligh;

(60) ciallaíonn “seirbhís theicniúil” eagraíocht nó comhlacht arna ainmniú ag údarás ceadaithe Ballstáit mar shaotharlann tástála chun tástálacha a dhéanamh, nó mar chomhlacht measúnaithe comhréireachta chun an measúnú tosaigh agus tástálacha nó cigireachtaí eile a dhéanamh, thar ceann an údaráis ceadaithe, agus gur féidir leis an údarás ceadaithe é féin na feidhmeanna sin a dhéanamh;

(61) ciallaíonn “féintástáil” tástálacha a dhéanamh i saoráidí an mhonaróra féin, torthaí na dtástálacha sin a chlárú agus tuarascáil ina bhfuil conclúidí a chur faoi bhráid an údaráis ceadaithe, arna dhéanamh sin ag monaróir a ainmníodh mar sheirbhís theicniúil chun comhlíonadh ceanglas áirithe a mheasúnú;

(62) ciallaíonn “modh fíorúil tástála” ionsamhlúcháin ríomhaire, lena n-áirítear ríomhanna, lena thaispeáint cé acu an chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ceanglais theicniúla gnímh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 32(6), gan gá a bheith le feithicil fhisiciúil, córas fisiciúil, comhpháirt fhisiciúil ná aonad teicniúil ar leithligh fisiciúil a úsáid;

(63) ciallaíonn “córas diagnóiseach ar bord” nó “córas DAB” córas a bhfuil sé de chumas ann réimse dóchúil na mífheidhme a shainaithint trí bhíthin lochtchóid a stóráiltear i gcuimhne ríomhaire;

(64) ciallaíonn “faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí” gach faisnéis is gá chun diagnóis, seirbhísiú, iniúchadh, faireachán tréimhsiúil, deisiú, athchlárú nó atúsú a dhéanamh ar an bhfeithicil, ar faisnéis í a sholáthraíonn monaróirí dá ndéileálaithe údaraithe agus dá ndeisitheorí údaraithe, lena n-áirítear gach leasú agus forlíonadh iardain ar an bhfaisnéis sin; áirítear san fhaisnéis sin an fhaisnéis ar fad is gá chun páirteanna agus trealamh a fheistiú ar fheithiclí;

(65) ciallaíonn “oibreoir neamhspleách” gnóthais seachas déileálaithe údaraithe agus deisitheoirí údaraithe atá páirteach go díreach nó go neamhdhíreach i ndeisiú agus i gcothabháil feithiclí, go háirithe deisitheoirí, monaróirí nó dáileoirí trealaimh dheisiúcháin, uirlisí nó páirteanna spártha, foilsitheoirí faisnéise teicniúla, clubanna gluaisteán, oibreoirí cabhrach ar thaobh an bhóthair, oibreoirí a thairgeann seirbhísí iniúchta agus tástála, oibreoirí a thairgeann oiliúint do shuiteálaithe, do mhonaróirí agus do dheisitheoirí trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ailtéarnaigh;

(66) ciallaíonn “deisitheoir údaraithe” soláthróir seirbhísí deisithe agus cothabhála le haghaidh feithiclí a bhíonn ag oibriú laistigh den chóras dáiliúcháin atá curtha ar bun ag soláthróir na bhfeithiclí;

(67) ciallaíonn “feithicil ceann sraithe” aon fheithicil ar cuid de stoc í nach féidir a chur ar fáil ar an margadh nó nach féidir a chur ar fáil ar an margadh a thuilleadh, nach féidir a chlárú ná a chur i seirbhís de bharr theacht i bhfeidhm ceanglas teicniúil nua nár ceadaíodh í dá réir;

(68) ciallaíonn “dé-rothach cumhachtaithe” nó “PTW” feithicil chumhachtaithe dhá roth, lena n-áirítear rothair chumhachtaithe dhá roth, móipéidí dhá roth agus gluaisrothair dhá roth;

(69) ciallaíonn “trírothach cumhachtaithe” feithicil chumhachtaithe trí roth a chomhlíonann na critéir aicmiúcháin maidir le feithiclí de chatagóir L5e;

(70) ciallaíonn “cuadrothar” feithicil ceithre roth a chomhlíonann na critéir aicmiúcháin maidir le feithiclí de chatagóir L6e nó L7e;

(71) ciallaíonn “feithicil fhéinchothromaithe” feithicil a bhfuil an coincheap di bunaithe ar chothromaíocht éagobhsaí fhréimhíochta agus a bhfuil córas cúnta rialaithe de dhíth uirthi chun go bhfanfaidh sí ar mheá chothrom, lena n-áirítear feithiclí cumhachtaithe aonroth nó feithiclí cumhachtaithe dhá roth dériain;

(72) ciallaíonn “rothaí cúplacha” dhá roth feistithe ar an acastóir céanna a meastar gur aon roth amháin iad agus a bhfuil an fad idir lár a ndromchla teagmhála leis an talamh comhionann le nó níos lú ná 460 mm;

(73) ciallaíonn “cineál feithicle” grúpa feithiclí, lena n-áirítear malairtí agus leaganacha de chatagóir áirithe nach bhfuil aon difríocht eatarthu i leith na ngnéithe bunúsacha seo a leanas ar a laghad:

(a) catagóir agus fochatagóir;

(b) monaróir;

(c) fonnadh, fráma, fofhráma, painéal urláir nó struchtúr a gceanglaítear comhpháirteanna de;

(d) an tuairisc cineáil a thug an monaróir dóibh;

(74) ciallaíonn "malairt" feithicil den chineál céanna a bhfuil na rudaí thíos fíor ina taobh:

(a) is ionann saintréithe bunúsacha chruth na cabhlach;

(b) is ionann an tiomáint agus an chumraíocht tiomána;

(c) má tá inneall dócháin mar chuid den tiomáint, is ionann an timthriall oibriúcháin innill;

(d) is ionann an líon agus an socrú sorcóirí iontu;

(e) is ionann an cineál giarbhosca;

(f) nach bhfuil an difríocht ó thaobh maise in ord reatha idir an luach is ísle agus an luach is airde níos mó ná 20 % den luach is ísle;

(g) nach bhfuil an difríocht ó thaobh uasmhaise ceadaithe idir an luach is ísle agus an luach is airde níos mó ná 20 % den luach is ísle;

(h) nach bhfuil an difríocht ó thaobh thoilleadh sorcóra an aonaid chumhachta (i gcás aonaid dócháin) idir an luach is ísle agus an luach is airde níos mó ná 30 % den luach is ísle; agus

(i) nach bhfuil an difríocht ó thaobh aschur cumhachta an aonaid chumhachta idir an luach is ísle agus an luach is airde níos mó ná 30 % den luach is ísle;

(75) ciallaíonn "leagan de mhalairt" feithicil arb é atá ann teaglaim de nithe arna dtaispeáint sa phacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 29(10);

(76) ciallaíonn "inneall dócháin sheachtraigh" inneall teasa ina bhfuil an cuasán dó agus an cuasán borrtha dealaithe go fisiceach óna chéile agus go ndéantar an sreabh oibrithe inmheánach a théamh trí dhóchán i bhfoinse seachtrach; borrann an dóchán seachtrach an sreabhán oibrithe inmheánach, agus ansin, trí bhorradh agus gníomhú ar mheicníocht an innill, cruthaíonn sé gluaisne agus obair inúsáide;

(77) ciallaíonn "gléasra cumhachta" na comhpháirteanna agus na córais de chuid feithicle a ghineann cumhacht agus a sheachadann chuig dromchla an bhóthair í, lena n-áirítear an t-inneall/na hinnill, na córais bhainistíochta innill nó aon mhodúl rialaithe eile, na feistí lena rialaítear truailliú agus cosaint chomhshaoil, lena n-áirítear na hastaíochtaí truailleán agus na córais maolaithe torainn, an tras-seoladh agus rialú an tras-seolta, bíodh sé sin ina sheafta tiomána nó ina bheilt-tiomáint nó slabhrathiomáint, na difreálaigh, an tiomáint deiridh, agus bonn an rotha tiomáinte (ga);

(78) ciallaíonn "feithicil mhonabhreosla" feithicil atá deartha ar shlí go n-imeoidh sí go príomha ar chineál amháin breosla;

(79) ciallaíonn "feithicil ghás monabhreosla" feithicil mhonabhreosla a imíonn go príomha ar LPG, ar NG/bithmheatáin nó ar hidrigin, ach a bhféadfadh córas peitril a bheith inti freisin chun críocha éigeandála nó chun na críche amháin go ndéantar í a dhúiseacht, agus nach mbíonn níos mó ná 5 lítear peitril san umar peitril;

(80) ciallaíonn "E5" cumasc breosla de 5 % eatánól ainhidriúil agus 95 % peitreal;

(81) ciallaíonn "LPG" gás peitriliam leachtaithe atá comhdhéanta de phrópán agus bútán leachtaithe trína stóráil faoi bhrú;

(82) ciallaíonn "NG" gás nádúrtha ina bhfuil inneachar an-ard meatáin;

(83) ciallaíonn "bithmheatán" gás nádúrtha in-athnuaite atá déanta as foinsí orgánacha ar "bithghás" a bhíonn ar dtús ann ach a dhéantar a ghlanadh ansin i bpróiseas ar a dtugtar "bithghás go bithmheatán" lena mbaintear as na heisíontais sa bhithghás, amhail dé-ocsaíd charbóin, sileaocsáin agus sulfaídí hidrigine ($H_2S$);

(84) ciallaíonn "feithicil débhreosla" feithicil ina bhfuil dhá chóras stórála breosla ar leithligh atá in ann imeacht cuid den am ar dhá bhreosla éagsúla agus atá deartha le himeacht ar bhreosla amháin sa turas;

(85) ciallaíonn "feithicil ghás débhreosla" feithicil débhreosla atá in ann imeacht ar pheitreal agus freisin ar LPG, NG/bithmheatán nó hidrigin;

(86) ciallaíonn "feithicil fleisc-bhreosla" feithicil ina bhfuil córas stórála breosla amháin agus atá in ann imeacht ar chumaisc éagsúla de dhá bhreosla nó níos mó;

(87) ciallaíonn "E85" cumasc breosla de 85 % eatánól ainhidriúil agus 15 % peitreal;

(88) ciallaíonn "feithicil eatánóil fleisc-bhreosla" feithicil fleisc-bhreosla atá in ann imeacht ar pheitreal nó ar mheascán de pheitreal agus eatánól suas go dtí cumasc 85 % eatánóil;

(89) ciallaíonn "$H_2NG$" cumasc breosla de hidrigin agus gás nádúrtha;

(90) ciallaíonn "feithicil fleisc-bhreosla $H_2NG$" feithicil fleisc-bhreosla atá in ann imeacht ar chumaisc éagsúla de hidrigin agus NG/bithmheatán;

(91) ciallaíonn "feithicil fleisc-bhreosla bithdhíosail" feithicil fleisc-bhreosla atá in ann imeacht ar dhíosal mianrach nó ar chumasc de dhíosal mianrach agus bithdhíosal;

(92) ciallaíonn "B5" cumasc breosla de suas go dtí 5 % bithdhíosal agus 95 % díosal peitriliam;

(93) ciallaíonn "bithdhíosal" breosla díosail atá bunaithe ar ola glasraí nó ar ola ainmhíoch ina bhfuil ailcil-eistirí fadslabhrúla a dhéantar a tháirgeadh ar shlí inbhuanaithe;

(94) ciallaíonn "feithicil iomlán leictreach" feithicil a chumhachtaítear trí:

(a) chóras ina bhfuil feiste stórála fuinnimh leictrigh amháin nó níos mó, feiste comhoiriúnaithe cumhachta leictrí amháin nó níos mó agus meaisín leictreach amháin nó níos mó a dhéanann fuinneamh stóráilte leictreach a thiontú go fuinneamh meicniúil a sheoltar ag na rothaí chun an fheithicil a thiomáint;

(b) modh tiomána cúnta leictreach a fheistítear ar fheithicil atá deartha i gcomhair troitheála;

(95) ciallaíonn "feithicil bhreosla-chille hidrigine" feithicil a chumhachtaítear le breosla-chill a thiontaíonn fuinneamh ceimiceach ó hidrigin go fuinneamh leictreach chun an fheithicil a thiomáint;

(96) ciallaíonn "R-phointe" nó "pointe tagartha an tsuí" pointe deartha atá sainithe ag an monaróir feithiclí do gach suíomh suí agus atá leagtha síos i ndáil leis an gcóras tagartha tríthoiseach.

Léifear tagairtí sa Rialachán seo do cheanglais, do nósanna imeachta nó do shocruithe a leagtar síos sa Rialachán seo mar thagairtí do na ceanglais, na nósanna imeachta nó na socruithe sin a leagtar síos sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 4*

**Catagóirí feithiclí**

1. Cuimsíonn feithiclí de chatagóir L feithiclí cumhachtaithe dhá, trí, agus ceithre roth, faoi mar atá siad aicmithe san Airteagal seo agus in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear rothair chumhachtaithe, móipéidí dhá agus trí roth, gluaisrothair dhá agus trí roth, gluaisrothair le taobhcharranna, cuaid bhóthair éadroma agus throma, agus cuadghluaisteáin éadroma agus throma.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na catagóirí agus na fochatagóirí feithiclí a leanas, amhail a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn I:

(a) feithicil de chatagóir L1e (feithicil chumhachtaithe éadrom dhá roth), arna fochatagórú mar seo:

(i) feithicil L1e-A (rothar cumhachtaithe);

(ii) feithicil L1e-B (móipéid dhá roth);

(b) feithicil de chatagóir L2e (móipéid trí roth), arna fochatagórú mar seo:

(i) feithicil L2e-P (móipéid trí roth atá deartha chun paisinéirí a iompar);

(ii) feithicil L2e-U (móipéid trí roth atá deartha chun críocha fóntais);

(c) feithicil de chatagóir L3e (gluaisrothar dhá roth), arna fochatagórú mar seo:

(i) feidhmíocht gluaisrothair [1], arna fochatagorú mar seo:

— feithicil L3e-A1 (gluaisrothar ísealfheidhmíochta),

— feithicil L3e-A2 (gluaisrothar meánfheidhmíochta),

— feithicil L3e-A3 (gluaisrothar ardfheidhmíochta);

(ii) úsáid speisialta:

— gluaisrothar "enduro" L3e-A1E, L3e-A2E nó L3e-A3E,

— trial-ghluaisrothar L3e-A1T, L3e-A2T nó L3e-A3T;

(d) feithicil de chatagóir L4e (gluaisrothar dhá roth le taobhcharr);

(e) feithicil de chatagóir L5e (trírothach cumhachtaithe), arna fochatagórú mar seo:

(i) feithicil L5e-A (trírothach): feithicil atá deartha go príomha chun paisinéirí a iompar;

(ii) feithicil L5e-B (trírothach tráchtála): trírothach fóntais atá deartha go heisiach chun earraí a iompar;

(f) feithicil de chatagóir L6e (cuadrothar éadrom), arna fochatagórú mar seo:

(i) feithicil L6e-A (cuad bóthair éadrom);

(ii) feithicil L6e-B (cuadghluaisteán éadrom), arna fochatagórú mar seo:

— feithicil L6e-BU (cuadghluaisteán éadrom chun críocha fóntais): feithicil fóntais atá deartha go heisiach chun earraí a iompar,

— feithicil L6e-BP (cuadghluaisteán éadrom chun paisinéirí a iompar): feithicil atá deartha go príomha chun paisinéirí a iompar;

(g) feithicil de chatagóir L7e (cuadrothair throma), arna fochatagórú mar seo:

---

[1] Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18); féach sainmhínithe feidhmíochta, catagóirí A1 agus A2, i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 4(3).

(i) feithicil L7e-A (cuadrothar bóthair trom), arna fochatagórú mar seo:

— L7e-A1: cuad bóthair A1,

— L7e-A2: cuad bóthair A2;

(ii) feithicil L7e-B (cuad uileraoin trom), arna fochatagórú mar seo:

— L7e-B1: cuad uileraoin,

— L7e-B2: bugaí taobh le taobh;

(iii) feithicil L7e-C (cuadghluaisteán trom), arna fochatagórú mar seo:

— feithicil L7e-CU (cuadghluaisteán trom chun críocha fóntais): feithicil fóntais atá deartha go heisiach chun earraí a iompar,

— feithicil L7e-CP: (cuadghluaisteán trom chun paisinéirí a iompar): feithicil atá deartha go príomha chun paisinéirí a iompar.

3. Déantar feithiclí de chatagóir L a liostaítear i mír 2 a fhochatagórú tuilleadh de réir modha tiomána na feithicle:

(a) feithicil faoi thiomáint innill dócháin inmheánaigh:

— adhaint chomhbhrú (CI),

— adhaint dheimhneach (PI);

(b) feithicil faoi thiomáint innill dócháin sheachtraigh, tuirbín, innill loine rothlaigh, lena meastar, chun críocha ceanglais maidir leis an gcomhshaol agus maidir le sábháilteacht fheidhmiúil a chomhlíonadh, gur mar a chéile feithicil atá feistithe le modh tiomána den sórt sin agus feithicil faoi thiomáint innill dócháin inmheánaigh PI;

(c) feithicil faoi thiomáint innill a imíonn ar aer réamhbhrúite agus nach n-eisíonn leibhéil truailleán agus/nó triathghás atá níos airde ná na leibhéil atá san aer comhthimpeallach, lena meastar, a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le sábháilteacht fheidhmiúil agus le stóráil agus soláthar breosla, gur feithicil a oibrítear le breosla gásach í feithicil den sórt sin;

(d) feithicil faoi thiomáint innill leictrigh;

(e) feithicil hibrideach ina bhfuil comhcheangal d'aon cheann de na cumraíochtaí tiomána dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó (d) den mhír seo, nó aon chomhcheangal iolrach de na cumraíochtaí tiomána sin lena n-áirítear innill ildócháin agus/nó innill leictreacha.

4. Maidir le haicmiú feithiclí de chatagóir L i mír 2, aon fheithicil nach dtagann faoi chatagóir ar leithligh toisc go sáraíonn sí ceann amháin ar a laghad de na critéir atá ina choinníoll don chatagóir sin, titfidh sí faoin gcéad chatagóir eile a gcomhlíonann sí a chritéir. Baineann sé sin leis na grúpaí catagóirí agus fochatagóirí seo a leanas:

(a) catagóir L1e agus a fochatagóirí L1e-A agus L1e-B mar aon le catagóir L3e agus a fochatagóirí L3e-A1, L3e-A2 agus L3e-A3;

(b) catagóir L2e mar aon le catagóir L5e agus a fochatagóirí L5e-A agus L5e-B;

(c) catagóir L6e agus a fochatagóirí L6e-A agus L6e-B mar aon le catagóir L7e agus a fochatagóirí L7e-A, L7e-B agus L7e-C;

(d) aon seicheamh loighiciúil catagóirí agus/nó fochatagóirí eile a mholann an monaróir agus a cheadaíonn an t-údarás ceadaithe.

5. D'ainneoin na gcritéar maidir le (fo-)aicmiúchán a leagtar amach i mír 1 go mír 4 den Airteagal seo agus in Iarscríbhinn I, beidh feidhm ag fochatagóirí breise amhail a leagtar amach in Iarscríbhinn V iad chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na nósanna imeachta tástála comhshaoil ar an leibhéal idirnáisiúnta trí thagairt do Rialacháin CENAE agus do Rialacháin theicniúla domhanda CENAE.

*Airteagal 5*

**Mais in ord reatha a chinneadh**

1. Déanfar mais in ord reatha fheithicil de chatagóir L a chinneadh trí thomhas a dhéanamh ar mhais na feithicle díluchtaithe atá réidh i gcomhair gnáthúsáide agus áiritheofar maiseanna na nithe seo a leanas:

(a) leachtanna;

(b) gnáththrealamh i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra;

(c) "breosla" san umar breosla a líonfar go dtí 90 % ar a laghad dá acmhainn.

Chun críocha an phointe seo:

(i) má dhéantar an fheithicil a thiomáint le "breosla leachtach", measfar gur "breosla" é an breosla sin;

(ii) má dhéantar feithicil a thiomáint le "meascán breosla/ola" leachtach:

— má bhíonn an breosla a úsáidtear chun an fheithicil a thiomáint agus an ola bealaidh réamh-mheasctha, ansin measfar gur breosla é an "réamh-mheascán" sin,

— má bhíonn an breosla a úsáidtear chun an fheithicil a thiomáint agus an ola bealaidh stóráilte ar leithligh óna chéile, ansin is é "breosla" a thiománann an fheithicil amháin a mheasfar mar "bhreosla"; nó

(iii) má dhéantar an fheithicil a thiomáint le breosla gásach, breosla gásach leachtaithe nó má imíonn sí ar aer comhbhrúite, féadfar mais an "bhreosla" san umar breosla gásaigh/sna humair bhreosla ghásaigh a shocrú ag 0 kg;

(d) cabhlail, an cábán, na doirse; agus

(e) an gloiniú, an cúplán, an roth spártha chomh maith leis na huirlisí.

2. Ní áiritheofar maiseanna na nithe seo a leanas i mais in ord reatha fheithicil de chatagóir L:

(a) an tiománaí (75 kg) agus an paisinéar (65 kg);

(b) na meaisíní nó an trealamh atá suiteáilte ar limistéar an ardáin lódála;

(c) i gcás feithicle hibridí nó i gcás feithicle atá go hiomlán leictreach, an ceallra tiomána;

(d) i gcás feithiclemonabhreosla, débhreosla nó ilbhreosla, an córas breosla gásach ná na humair stórála do bhreosla gásach; agus

(e) i gcás modha tiomána le haer réamh-chomhbhrúite, an t-umar stórála a úsáidtear le haghaidh stóráil an aeir comhbhrúite a chur san áireamh.

CAIBIDIL II

## OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA

*Airteagal 6*

### Oibleagáidí na mBallstát

1. Déanfaidh na Ballstáit na húdaráis ceadaithe, a bheidh inniúil i nithe a bhaineann le ceadú, agus na húdaráis um fhaireachas margaidh, a bheidh inniúil i nithe a bhaineann le faireachas margaidh, a bhunú nó a cheapadh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le bunú agus ceapadh na n-údarás sin.

Áiritheofar san fhógra i dtaobh na n-údarás ceadaithe agus na n-údarás um fhaireachas margaidh a n-ainm, a seoladh, lena n-áirítear a seoladh leictreonach, agus a réimse freagrachta. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta de na húdaráis ceadaithe mar aon le mionsonraí ina dtaobh.

2. Déanfaidh na Ballstáit cur ar an margadh, clárú nó cur i seirbhís na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo, agus iad sin amháin, a cheadú.

3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, clárú feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh, ná a gcur ar an margadh ná a gcur i seirbhís, a thoirmeasc, a shrianadh ná a bhacadh ar fhorais a bhaineann le gnéithe dá dtógáil agus dá bhfeidhmiú atá cumhdaithe ag an Rialachán seo, má chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo.

4. Déanfaidh na Ballstáit faireachas margaidh agus rialuithe a eagrú agus a chur i gcrích ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh a thagann isteach sa mhargadh i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

*Airteagal 7*

### Oibleagáidí na n-údarás ceadaithe

1. Áiritheoidh na húdaráis ceadaithe go ndéanfaidh na monaróirí a dhéanann iarratas ar chineálcheadú a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

2. Ní cheadóidh na húdaráis ceadaithe ach amháin na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh sin a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo.

*Airteagal 8*

### Bearta um fhaireachas margaidh

1. I gcás feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá cineálcheadaithe, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, ar scála leordhóthanach, seiceálacha iomchuí doiciméadacha, agus cuirfidh siad prionsabail sheanbhunaithe an mheasúnaithe riosca, gearáin agus faisnéis eile san áireamh.

Féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha cibé doiciméid agus faisnéis a chur ar fáil a measann siad gá a bheith leo chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh.

Más rud é go dtugann oibreoirí eacnamaíocha deimhnithe comhréireachta ar aird, beidh aird chuí ag na húdaráis um fhaireachas margaidh ar na deimhnithe sin.

2. Maidir le páirteanna agus trealamh seachas iad sin atá clúdaithe i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 19(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ina iomláine.

*Airteagal 9*

### Oibleagáidí na monaróirí

1. Áiritheoidh monaróirí, nuair a bheidh a bhfeithiclí, a gcórais, a gcomhpháirteanna nó a n-aonaid theicniúla ar leithligh á gur ar an margadh nó á gcur i seirbhís, go mbeidh siad monaraithe agus ceadaithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

2. I gcás cineálcheadaithe ilchéime, beidh gach monaróir freagrach as ceadú agus as comhréireacht táirgeachta na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh a chuirtear leis an bhfeithicil ag an gcéim sin de chur i gcrích na feithicle atá á láimhseáil ag an monaróir. Aon mhonaróir a mhodhnaíonn comhpháirteanna nó córais a ceadaíodh roimhe sin ag céimeanna níos túisce, beidh sé freagrach as ceadú agus as comhréireacht táirgeachta na gcomhpháirteanna modhnaithe agus na gcóras modhnaithe sin.

3. Aon mhonaróir a mhodhnaíonn feithicil neamhiomlán sa chaoi is gurb incháilithe faoi chatagóir eile feithicle í agus a mbeidh mar thoradh ar an modhnú sin go dtagann athrú ar na ceanglais dlíthiúla a ndearnadh measúnú orthu cheana le linn céime ceadaithe roimhe sin, beidh sé freagrach freisin as na ceanglas is infheidhme maidir leis an gcatagóir feithicle dá gcáilíonn an fheithicil mhodhnaithe a chomhlíonadh.

4. Chun críocha feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá cumhdaithe ag an Rialachán seo a cheadú, ceapfaidh monaróirí atá bunaithe taobh amuigh den Aontas ionadaí amháin a bheidh bunaithe laistigh den Aontas chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann os comhair an údaráis ceadaithe.

5. Thairis sin, ceapfaidh monaróirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ionadaí amháin a bheidh bunaithe laistigh den Aontas chun críocha faireachais mhargaidh, a bhféadfadh sé gurb é an t-ionadaí atá luaite i mír 4 é nó a bhféadfadh sé gur ionadaí breise de chuid an duine sin é.

6. Beidh monaróirí freagrach don údarás ceadaithe as gach gné den phróiseas ceadaithe agus as comhréireacht táirgeachta a áirithiú, is cuma cé acu atá baint dhíreach acu le gach céim de thógáil na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh nó nach bhfuil.

7. I gcomhréir leis an Rialachán seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh an táirgeadh sraithe comhréireach i gcónaí leis an gcineál a ceadaíodh. Aon athruithe ar dhearadh feithicle, córais, comhpháirte, aonaid theicniúil ar leithligh nó ar shaintréithe agus aon athruithe ar na ceanglais a ndearbhaítear feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a bheith i gcomhréir leo, cuirfear san áireamh i gcomhréir le Caibidil VI iad.

8. De bhreis ar an marcáil reachtúil agus na marcanna cineálcheadaithe a ghreamaíonn siad dá bhfeithiclí, dá gcomhpháirteanna nó dá n-aonaid theicniúla ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 39, déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus a seoladh san Aontas ag a bhféadfar teagmháil a dhéanamh leo a lua ar a bhfeithiclí, ar a gcomhpháirteanna nó ar a n-aonaid theicniúla ar leithligh a chuirtear ar fáil ar an margadh, nó mura bhfuil sé sin indéanta, luafar iad ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an gcomhpháirt nó leis an aonad teicniúil ar leithligh.

9. Áiritheoidh monaróirí, fad is atá feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar a gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála ná iompair comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí na monaróirí maidir lena dtáirgí nach bhfuil i gcomhréireacht nó a chothaíonn riosca tromchúiseach**

1. Aon mhonaróir a mheasann, nó a bhfuil cúis aige a chreidiúint, go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh dá chuid atá curtha ar an margadh nó atá curtha i seirbhís ar neamh-chomhréir leis an Rialachán seo nó leis na gníomhartha tarmligthe nó leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, déanfaidh sé láithreach na bearta ceartaitheacha is gá chun go mbeidh an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin comhréireach, nó chun é a tharraingt siar, nó chun é a aisghlaoch, de réir mar is iomchuí.

Cuirfidh an monaróir an neamh-chomhréireacht agus aon bhearta ceartaitheacha in iúl láithreach don údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú, agus, go háirithe, tabharfaidh sé mionsonraí ina thaobh.

2. I gcás ina gcothaíonn an fheithicil, an córas, an chomhpháirt, an t-aonad teicniúil ar leithligh, an pháirt nó an trealamh riosca tromchúiseach, déanfaidh monaróirí é sin a chur in iúl láithreach d'údaráis ceadaithe agus d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina ndearnadh an fheithicil, an córas, an chomhpháirt, an t-aonad teicniúil ar leithligh, an pháirt nó an trealamh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, agus luafaidh siad, go háirithe, mionsonraí na neamhchomhréireachta agus mionsonraí aon bhirt cheartaithigh a rinne siad.

3. Déanfaidh monaróirí an pacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 29(10) agus, sa bhreis air sin, déanfaidh monaróir na feithicle cóip de na deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 38 a choimeád ar fáil do na húdaráis ceadaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis feithicil a chur ar an margadh agus ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar an margadh.

4. Tar éis iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, déanfaidh monaróirí cóip den deimhniú cineálcheadaithe AE nó an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 51(1) lena léirítear comhréireacht na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh a sholáthar don údarás sin tríd an údarás ceadaithe, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Comhoibreoidh monaróirí leis an údarás náisiúnta maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun na rioscaí a chothaíonn na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh dá gcuid atá curtha ar an margadh, atá cláraithe nó atá curtha i seirbhís a dhíchur.

*Airteagal 11*

**Oibleagáidí ionadaithe an mhonaróra maidir le faireachas margaidh**

Is é ionadaí an mhonaróra maidir le faireachas margaidh a dhéanfaidh na cúraimí a shonraítear sa sainordú a fuarthas ón monaróir. Ligfidh an sainordú sin d'ionadaí na nithe seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(a) rochtain a bheith aige ar an bhfillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 27 agus ar na deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 38 ionas go bhféadfar iad a chur ar fáil do na húdaráis ceadaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana i ndiaidh feithicil a chur ar an margadh agus ar feadh tréimhse cúig bliana i ndiaidh córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar an margadh;

(b) ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás ceadaithe, gach faisnéis agus doiciméad is gá chun comhréireacht táirgeachta feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a léiriú a sholáthar don údarás sin;

(c) comhoibriú leis na húdaráis ceadaithe nó leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun an riosca tromchúiseach a chothaíonn feithiclí, córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna nó trealamh atá cumhdaithe lena sainordú a dhíchur.

*Airteagal 12*

**Oibleagáidí na n-allmhaireoirí**

1. Is feithiclí comhlíontacha, córais chomhlíontacha, comhpháirteanna comhlíontacha nó aonaid theicniúla ar leithligh comhlíontacha a bhfuil cineálcheadú AE faighte acu nó a chomhlíonann na ceanglais do cheadú náisiúnta, nó páirteanna nó trealamh atá go hiomlán faoi réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, agus iad sin amháin, a chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh.

2. Sula gcuirfidh siad feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh atá cineálcheadaithe ar an margadh, áiritheoidh allmhaireoirí gurb ann do phacáiste faisnéise a chomhlíonann Airteagal 29(10), agus go mbeidh an marc cineálcheadaithe a éilítear ar an gcóras, ar an gcomhpháirt, nó ar an aonad teicniúil ar leithligh agus go gcomhlíonann an córas, an chomhpháirt, nó an t-aonad teicniúil ar leithligh Airteagal 9(8). I gcás feithicle, fíoróidh an t-allmhaireoir go bhfuil an deimhniú comhréireachta a éilítear ag gabháil leis an bhfeithicil.

3. I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, agus go háirithe nach bhfreagraíonn siad dá chineálcheadú, ní dhéanfaidh siad an fheithicil, an córas, an chomhpháirt ná an t-aonad teicniúil ar leithligh a chur ar an margadh, ní cheadóidh siad é nó í a chur i seirbhís ná ní chláróidh siad é nó í go dtí go mbeidh sé nó sí tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás ina measann siad, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go gcothaíonn an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh riosca tromchúiseach, cuirfidh siad é sin in iúl don mhonaróir agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh. I gcás feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá cineálcheadaithe, cuirfidh siad in iúl don údarás ceadaithe go bhfuil ceadú deonaithe aige chuige sin.

4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh ag a bhféadfar teagmháil a dhéanamh leo a lua ar an bhfeithicil, ar an gcóras, ar an gcomhpháirt, ar an aonad teicniúil ar leithligh, ar an bpáirt nó ar an trealamh, nó, mura bhfuil sé sin indéanta, luafar ar an bpacáistíocht iad nó i ndoiciméad a ghabhann leis an gcóras, leis an gcomhpháirt, leis an aonad teicniúil ar leithligh, leis an bpáirt nó leis an trealamh.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí go mbeidh na treoracha agus an fhaisnéis, a cheanglaítear a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 55, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na mBallstát i dtrácht, ag gabháil leis an bhfeithicil, leis an gcóras, leis an gcomhpháirt, nó leis an aonad teicniúil ar leithligh.

6. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad is atá feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar a gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála nó iompair comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.

7. Nuair a mheastar é a bheith iomchuí i dtaca leis na rioscaí tromchúiseacha atá á gcothú ag feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh, déanfaidh allmhaireoirí, chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, imscrúdú agus, más gá, coimeádfaidh siad clár um ghearáin agus um aisghlaonna maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna nó trealamh, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoin bhfaireachán sin.

*Airteagal 13*

**Oibleagáidí na n-allmhaireoirí maidir lena dtáirgí nach bhfuil i gcomhréireacht nó a chothaíonn riosca tromchúiseach**

1. Aon allmhaireoir a mheasann, nó a bhfuil cúis aige a chreidiúint, nach bhfuil feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh sé láithreach na bearta ceartaitheacha is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin a thabhairt chun comhréireachta, nó chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghlaoch, de réir mar is iomchuí.

2. I gcás ina gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, cuid nó trealamh riosca tromchúiseach, déanfaidh allmhaireoirí é sin a chur in iúl láithreach don mhonaróir, d'údaráis ceadaithe agus d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina ndearna siad í nó é a chur ar an margadh. Déanfaidh an t-allmhaireoir iad a chur ar an eolas freisin i dtaobh cibé gníomh a rinneadh agus, ina theannta sin, tabharfaidh sé, go háirithe, mionsonraí an riosca thromchúisigh agus mionsonraí aon bheart ceartaitheach a rinne an monaróir.

3. Déanfaidh allmhaireoirí, ar feadh tréimhse 10 mbliana i ndiaidh an fheithicil a chur ar an margadh agus ar feadh tréimhse cúig bliana amhail ón tráth a gcuirtear córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar an margadh, cóip den deimhniú comhréireachta a choimeád ar fáil do na húdaráis ceadaithe agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus áiritheoidh siad go bhféadfar an pacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 29(10) a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh.

4. Ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, déanfaidh allmhaireoirí gach faisnéis agus doiciméad is gá chun comhréireacht feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh a léiriú, a sholáthar dó i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Comhoibreoidh allmhaireoirí leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun na rioscaí a chothaíonn feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh atá curtha ar an margadh acu a dhíchur.

*Airteagal 14*

**Oibleagáidí na ndáileoirí**

1. Le linn dóibh feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh a chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí leis an gcúram is cuí i ndáil le ceanglais an Rialacháin seo.

2. Sula ndéanfaidh siad feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís, fíoróidh dáileoirí go bhfuil an mharcáil reachtach nó an marc reachtach cineálcheadaithe a éilítear orthu, go bhfuil ag gabháil leo na doiciméid a éilítear agus treoracha agus faisnéis sábháilteachta i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh le cur ar fáil ar an margadh, agus gur chomhlíon an t-allmhaireoir agus an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12(2) agus (4) agus in Airteagal 39(1) agus (2).

3. Áiritheoidh dáileoirí, fad is atá feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar a gcúram, nach ndéanfaidh dálaí stórála nó iompair comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.

*Airteagal 15*

**Oibleagáidí na ndáileoirí maidir lena dtáirgí nach bhfuil i gcomhréireacht nó a chothaíonn riosca tromchúiseach**

1. Más rud é go measann dáileoirí, nó go bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar neamh-chomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, ní dhéanfaidh siad an fheithicil, an córas, an chomhpháirt ná an t-aonad teicniúil ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú ná a chur i seirbhís go dtí go mbeidh siad tugtha chun comhréireachta.

2. Aon dáileoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh atá curtha ar an margadh nó cláraithe acu, nó a bhfuil siad freagrach as a gcur i seirbhís, ar neamh-chomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh siad é sin in iúl don mhonaróir nó d'ionadaí an mhonaróra chun a áirithiú go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a thabhairt chun comhréireachta, nó chun iad a aisghlaoch, más iomchuí, a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10(1) nó le hAirteagal 13(1).

3. I gcás ina gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh riosca tromchúiseach, déanfaidh dáileoirí é sin a chur in iúl láithreach don mhonaróir, don allmhaireoir agus d'údaráis ceadaithe agus d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina ndearna siad é nó í a chur ar fáil ar an margadh. Cuirfidh an dáileoir ar an eolas iad chomh maith maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh, agus tabharfaidh sé, go háirithe, mionsonraí an riosca thromchúisigh agus mionsonraí aon bheart ceartaitheach a rinne an monaróir.

4. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás náisiúnta, áiritheoidh dáileoirí go soláthróidh an monaróir an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 10(4) don údarás náisiúnta nó go soláthróidh an t-allmhaireoir an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 13(3) don údarás náisiúnta. Comhoibreoidh siad leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun na rioscaí a chothaíonn an fheithicil, an córas, an chomhpháirt, an t-aonad teicniúil ar leithligh, an pháirt nó an trealamh atá curtha ar fáil ar an margadh a dhíchur.

*Airteagal 16*

**Cásanna ina mbaineann oibleagáidí monaróirí le hallmhaireoirí agus le dáileoirí**

Measfar gur monaróir é allmhaireoir nó dáileoir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 9 go hAirteagal 11 i gcás ina ndéanann an t-allmhaireoir nó an dáileoir feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chlárú faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina bhfuil sé freagrach as iad a chur i seirbhís faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina modhnaíonn sé feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh ar shlí go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme.

*Airteagal 17*

**Oibreoirí eacnamaíocha a shainaithint**

Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh orthu, an méid seo a leanas a shainaithint agus a chur in iúl do na húdaráis ceadaithe agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh, ar feadh tréimhse 10 mbliana i gcás feithicle agus ar feadh tréimhse cúig bliana i gcás córais, comhpháirte, aonaid theicniúil ar leithligh, páirte nó trealaimh:

(a) aon oibreoir eacnamaíoch a sholáthair feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh dóibh;

(b) aon oibreoir eacnamaíoch ar sholáthair siad feithicil, córas, comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó trealamh dóibh.

CAIBIDIL III

**CEANGLAIS SHUBSTAINTEACHA**

*Airteagal 18*

**Ceanglais ghinearálta shubstainteacha**

1. Comhlíonfaidh feithiclí de chatagóir L, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe do na feithiclí sin na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn II go hIarscríbhinn VIII is infheidhme maidir leis na (fo-)chatagóirí feithicle ábhartha.

2. Maidir le feithiclí de chatagóir L nó a gcórais, a gcomhpháirteanna nó a n-aonaid theicniúla ar leithligh, a bhfuil a gcomhoiriúnacht leictreamaighnéadach cumhdaithe sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo maidir le tógáil feithiclí agus sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, ní bheidh siad faoi réir Threoir 2004/108/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach [1].

3. Chun na ceanglais do chineálcheadú feithiclí de chatagóir L a leagtar síos sa Rialachán seo a iomlánú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 75 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus leis na nósanna imeachta tástála a bhfuil achoimre orthu in Iarscríbhinn II (A), (B) agus (C), agus ar an tslí sin áiritheofar leibhéal ard sábháilteachta agus cosanta comhshaoil amhail a shainmhínítear i bhforálacha ábhartha an Rialacháin seo. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

---

[1] IO L 390, 31.12.2004, lch. 24.

*Airteagal 19*

**Toirmeasc ar fheistí sáraithe**

Toirmiscfear úsáid a bhaint as feistí sáraithe a laghdaíonn a éifeachtaí atá córais sábháilteachta, comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, an córas diagnóiseach ar bord, laghdú torainn nó córais chun astaíochtaí truailleán a laghdú. Ní mheasfar gur feiste sáraithe gné den dearadh má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a leanas:

(a) go bhfuil gá leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ar dhamáiste agus ar thaismí agus chun feidhmiú sábháilte na feithicle a áirithiú;

(b) nach bhfeidhmíonn an fheiste ach le linn don inneall a bheith á dúiseacht;

(c) go gclúdaítear, cuid mhaith, na dálaí oibriúcháin sna nósanna imeachta tástála chun a fhíorú cé acu atá an fheithicil i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo nó nach bhfuil.

*Airteagal 20*

**Bearta do mhonaróirí maidir le modhnuithe a dhéanamh ar ghléasra cumhachta feithiclí**

1. Déanfaidh monaróirí feithiclí feithiclí de chatagóir L, seachas na fochatagóirí L3e-A3 agus L4e-A3, a fheistiú le gnéithe sainithe chun cosc a chur ar chur isteach ar ghléasra cumhachta feithicle, trí bhíthin sraith ceanglas teicniúil agus sonraíochtaí teicniúla a mbeidh d'aidhm acu:

(a) cosc a chur ar mhodhnuithe a d'fhéadfadh an tsábháilteacht a chur i mbaol, go háirithe trí fheidhmíocht feithicle a mhéadú trí bhíthin cur isteach ar an ngléasra cumhachta chun go méadóidh an uas-chasmhóimint agus/nó an chumhacht agus/no an t-uasluas dearaidh feithicle a rinneadh a shuíomh go cuí i rith an nós imeachta cineálcheadaithe arna leanúint ag monaróir na feithicle; agus/nó

(b) cosc a chur ar dhamáiste don chomhshaol.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 i dtaca leis na ceanglais shonracha maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus chun comhlíonadh mhír 4 a éascú. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

3. Tar éis modhnú a dhéanamh ar an ngléasra cumhachta, comhlíonfaidh feithicil ceanglais theicniúla na catagóire tosaigh feithicle agus na fochatagóire tosaigh feithicle, nó, más infheidhme, na catagóire nua feithicle agus na fochatagóire nua feithicle, a bhí i bhfeidhm nuair a rinneadh an bhunfheithicil a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear na leasuithe is déanaí ar na ceanglais.

Más rud é go ndéanann monaróir feithiclí gléasra cumhachta cineál feithicle a dhearadh ar shlí a cheadaíonn é a mhodhnú sa chaoi nach gcomhlíonann feithicil an cineál ceadaithe a thuilleadh, ach a chomhfhreagródh do mhalairt nó leagan eile, déanfaidh an monaróir feithiclí an fhaisnéis ábhartha le haghaidh gach malairte nó leagain a chruthaítear ar an gcaoi sin a áireamh san iarratas agus déanfar gach malairt nó leagan a chineálcheadú go sainráite. Má thagann an fheithicil mhodhnaithe faoi chatagóir nó faoi fhochatagóir nua, déanfar iarratas ar chineálcheadú nua.

4. Gan dochar do mhír 1, chun modhnuithe nó coigeartuithe a mbeadh éifeachtaí díobhálacha acu ar shábháilteacht fheidhmiúil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle a sheachaint, déanfaidh an monaróir gach dícheall, trí shárchleachtas innealtóireachta a úsáid, cosc a chur ar mhodhnuithe nó coigeartuithe den sórt sin a bheith indéanta go teicniúil, mura rud é go ndéantar na modhnuithe nó na coigeartuithe sin a dhearbhú go sainráite agus go bhfuil siad luaite san fhillteán faisnéise agus ar an gcaoi sin clúdaithe ag an gcineálcheadú.

*Airteagal 21*

**Ceanglais ghinearálta maidir le córais dhiagnóiseacha ar bord**

1. Déanfar feithiclí de chatagóir L a fheistiú le DAB a chomhlíonann na ceanglais fheidhmiúla agus na nósanna imeachta tástála amhail a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 5 agus ó na dátaí cur i bhfeidhm amhail a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

2. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.1 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de (fho-)chatagóirí L3e, L4e, L5e-A, L6e-A agus L7e-A a fheistiú le córas DAB céim I a dhéanann faireachán i gcomhair aon chliseadh sa chiorcad leictreach nó sa chóras leictreonaic ar an gcóras rialaithe astaíochta agus a thuairiscíonn na clisí sin arb é an toradh a bhíonn orthu go sáraítear na tairseacha astaíochta mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B1).

3. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.2 d'Iarscríbhinn IV, déanfar feithiclí de (fho-)chatagóirí L3e go L7e a fheistiú le córas DAB céim I a dhéanann faireachán i gcomhair aon chliseadh sa chiorcad leictreach nó sa chóras leictreonaic ar an gcóras rialaithe astaíochta agus a dhúisítear nuair a sháraítear na tairseacha astaíochta mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B2). Déanfaidh na córais DAB céim I do na (fo-)chatagóirí feithicle sin tuairisciú freisin ar aon uair a dhúisítear modh oibríochta a laghdaíonn casmhóimint an innill go suntasach.

4. Ó na dátaí a leagtar amach i bpointe 1.8.3 d'Iarscríbhinn IV, agus faoi réir Airteagal 23(5), déanfar (fo-)chatagóirí feithicle L3e, L5e-A, L6e-A agus L7e-A a fheistiú freisin le córas DAB céim II lena ndéantar faireachán agus tuairisciú ar chlisí agus meath sa chóras rialaithe astaíochta agus arb é an toradh a bhíonn orthu go sáraítear na tairseacha astaíochta DAB mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI (B2).

5. Chun comhchuibhiú a dhéanamh ar thuairisciú ag an gcóras DAB ar shábháilteacht fheidhmiúil nó ar fhabhtanna sa chóras rialaithe astaíochta agus chun deisiúchán éifeachtach agus éifeachtúil feithicle a éascú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais mhionsonraithe theicniúla a bhaineann le córas diagnóiseach ar bord, lena n-áirítear ceanglais fheidhmiúla DAB agus nósanna imeachta tástála i gcás na n-ábhar a liostaítear i mír 1 go mír 4 agus amhail dá dtagraítear in Iarscríbhinn II (C)11 agus i gcineál tástála VIII dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.

*Airteagal 22*

**Ceanglais maidir le sábháilteacht fheidhmiúil feithiclí**

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar na feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil sa chaoi is go n-íoslaghdófar an riosca gortaithe do dhaoine atá i bhfeithicil agus d'úsáideoirí eile bóthair.

2. Áiritheoidh an monaróir go mairfidh sábháilteacht fheidhmiúil na feithicle ar feadh gnáth-shaolré na feithicle má úsáidtear í faoi ghnáthchoinníollacha agus má dhéantar seirbhís uirthi i gcomhréir le moltaí an mhonaróra. Soláthróidh an monaróir ráiteas san fhillteán faisnéise á dheimhniú go n-áirithítear seasmhacht na gcóras, na gcodanna agus an trealaimh atá fíor-riachtanach don tsábháilteacht fheidhmiúil trí thástáil iomchuí agus trí úsáid a bhaint as dea-chleachtas innealtóireachta.

3. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh na ceanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn VIII agus go gcomhlíonfaidh siad na nósanna imeachta tástála agus na ceanglais feidhmíochta amhail a leagtar síos i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 5.

4. Maidir le comhpháirteanna feithiclí a bhfuil na guaiseacha de chineál leictreach a bhaineann leo cumhdaithe faoi na gníomhartha tarmligthe nó faoi na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ní bheidh siad faoi réir Theoir 2006/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach atá ceaptha lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais ([1]).

5. Chun a áirithiú go mbainfear ardleibhéal sábháilteachta feidhmiúla amach, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 75 maidir leis na ceanglais shonracha a liostaítear in Iarscríbhinn II (B) maidir le sábháilteacht fheidhmiúil feithiclí, agus i gcás inarb infheidhme, beidh mar bhonn aige na ceanglais maidir le sábháilteacht fheidhmiúil fheabhsaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

6. Déanfaidh an Coimisiún i ndara céim faoin 31 Nollaig 2020 gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na ceanglais agus tástálacha, amhail a liostaítear in Iarscríbhinn II (B) 17, maidir le gnáth-shaolré chun sláine struchtúr na feithicle a áirithiú.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléid a leagan síos le haghaidh ráiteas an mhonaróra. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

*Airteagal 23*

**Ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil**

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar na feithiclí a dhearadh, a dhéanamh agus a chóimeáil sa chaoi is go n-íoslaghdófar an tionchar ar an gcomhshaol. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh feithiclí cineálcheadaithe na ceanglais feidhmíochta comhshaoil amhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II, in Iarscríbhinn V agus in Iarscríbhinn VI, agus laistigh den mhíleáiste marthanachta amhail a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

2. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfaidh feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh na nósanna imeachta tástála agus na ceanglais tástála amhail a leagtar amach in Iarscríbhinn V faoi na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus a leagfar síos i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 12 den Airteagal seo.

3. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfar na ceanglais chineálcheadaithe lena bhfíoraítear ceanglais mharthanachta. Ar rogha an mhonaróra, déanfar ceann amháin de na tástálacha marthanachta a leanas a úsáid chun fianaise a sholáthar don údarás ceadaithe go bhfuil feidhmíocht chomhshaoil feithicle cineálcheadaithe marthanach:

(a) tástáil mharthanachta iarbhír le cnuasach míleáiste iomlán:

Déanfaidh na feithiclí tástála an fad iomlán a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (A) a chnuasach go fisiceach agus déanfar iad a thástáil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i gcineál tástála V amhail a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 12 den Airteagal seo. Maidir le torthaí na tástála astaíochta, suas go dtí an fad iomlán a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (A) agus an fad sin san áireamh, beidh siad níos ísle ná na teorainneacha comhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (A).

(b) tástáil mharthanachta iarbhír le cnuasach míleáiste neamhiomlán:

Déanfaidh na feithiclí tástála íosmhéid de 50 % den fhad iomlán a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (A) a chnuasach go fisiceach agus déanfar iad a thástáil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i gcineál tástála V amhail a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 12 den Airteagal seo. De réir mar a shonraítear sa ghníomh sin, déanfar torthaí na tástála a eachtarshuíomh go dtí an fad iomlán a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (A). Beidh torthaí na tástála agus na torthaí eachtarshuite araon níos ísle ná na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (A).

(c) nós imeachta marthanachta matamaiticiúil:

I gcomhair gach comhchuid astaíochta, beidh toradh iolrú na dtosca meatha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (B) agus toradh na tástála comhshaoil a fuarthas i leith feithicle a chnuasaigh níos mó ná 100 km tar éis di a bheith curtha ar siúl den chéad uair ag ceann na líne táirgthe níos ísle ná an teorainn chomhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (A).

([1]) IO L 374, 27.12.2006, lch. 10.

4. Faoin 1 Eanáir 2016, déanfaidh an Coimisiún staidéar cuimsitheach ar an tionchar ar an gcomhshaol. Déanfar measúnú sa staidéar sin ar cháilíocht an aeir agus ar an gcion de na truailleáin ar feithiclí de chatagóir L is cúis leo agus cuimseofar ann ceanglais chineálacha tástála I, IV, V, VII agus VIII a liostaítear in Iarscríbhinn V.

Tabharfar le chéile sa staidéar sin agus déanfar measúnú ann ar na sonraí eolaíochta is déanaí, ar na torthaí taighde eolaíochta is déanaí, ar shamhaltú agus ar chúrsaí costéifeachtachta d'fhonn bearta beartais críochnaitheacha a bhunú trí chur chun feidhme Euro 5 a leagtar síos in Iarscríbhinn IV, agus ceanglais chomhshaoil Euro 5 a leagtar síos in Iarscríbhinn V, in Iarscríbhinn VI (A2), (B2) agus (C2) agus in Iarscríbhinn VII a bhaineann le míleáistí marthanachta agus tosca meatha Euro 5 a dheimhniú agus a bhunú go críochnaitheach.

5. Bunaithe ar na torthaí dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2016, tuarascáil ar an méid seo a leanas a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle:

(a) dátaí cur chun feidhme leibhéal Euro 5 dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV;

(b) teorainneacha astaíochta Euro 5 dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI (A2) agus na teorainneacha DAB in Iarscríbhinn VI (B2);

(c) go ndéanfar gach cineál feithicle nua i (bhfo-)chatagóirí L3e, L5e, L6e-A agus L7e-A, sa bhreis ar DAB céim I, a fheistiú le DAB céim II ar leibhéal Euro 5;

(d) na míleáistí marthanachta le haghaidh leibhéal Euro 5 dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII (A) agus na tosca meatha le haghaidh leibhéal Euro 5 dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII (B).

Déanfaidh an Coimisiún aon tograí reachtacha iomchuí i bhfianaise na tuarascála sin.

6. Agus torthaí an staidéir ar an tionchar ar an gcomhshaol mar bhonn aige, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 75 ina gcinnfear cé acu de na (fo-)chatagóirí L1e-A, L1e-B, L2e, L5e-B, L6e-B, L7e-B agus L7e-C, le haghaidh leibhéal Euro 5, a bheidh faoi réir tástála SHED nó faoi réir tástála maidir leis an umar breosla agus maidir le tréscaoileadh píobánra, leis na teorainneacha tástála a liostaítear in Iarscríbhinn VI (C2).

7. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonann feithiclí de chatagóir L na ceanglais tástála infheidhme maidir leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil le haghaidh ceadú agus faduithe amhail a leagtar síos in Iarscríbhinn V (A).

8. Maidir le cineál tástála I, is é a bheidh sa teorainn astaíochta ábhartha do ghluaisrothair L3e-AxE (Enduro, x = 1, 2 nó 3) agus L3e-AxT (Triail, x = 1, 2 nó 3) ná suim $L_2$ (THC) aus $L_3$ ($NO_x$) d'Iarscríbhinn VI (A). Beidh torthaí na tástála astaíochtaí ($NO_x$ + THC) níos lú nó comhionann leis an teorainn sin ($L_2 + L_3$).

9. Déanfaidh feithiclí de chatagóir L4e na ceanglais chomhshaoil a leagtar síos in Iarscríbhinn V maidir le feithiclí de chatagóir L3e a chomhlíonadh, a ndéantar ina leith sin i gcás cineálacha tástála I, IV, VII agus VIII d'Iarscríbhinn V cóimeáil iomlán an bhonnfheithicil chumachtaithe a thástáil leis an taobhcharr feistithe uirthi nó nach ndéantar ach an bhonnfheithicil chumhachtaithe a thástáil, gan an taobhcharr feistithe uirthi, de réir mar is iomchuí.

10. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar gach feiste rialaithe truaillithe athsholáthair a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís san Aontas a chineálcheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

11. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 go mír 10 maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

12. Chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe maidir le ceanglais chomhshaoil i gcás na n-ábhar dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3, 6 agus 7 den Airteagal seo, lena n-áirítear nósanna imeachta tástála.

*Airteagal 24*

**Ceanglais bhreise chomhshaoil maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach**

1. Déanfaidh an monaróir astaíochtaí $CO_2$ (dé-ocsaíd charbóin) a chinneadh tríd an timthriall tástála saotharlainne is infheidhme maidir le hastaíochtaí agus tuairisceoidh an monaróir don údarás ceadaithe iad. Déanfar ídiú breosla agus/nó ídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a ríomh ar bhonn thorthaí thástáil saotharlainne an chineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí, nó tomhaisfear iad, arna fhianú ag an tseirbhís theicniúil, agus tuairisceofar don údarás ceadaithe iad.

2. Déanfar toradh an tomhais ar $CO_2$, an t-ídiú breosla, an t-ídiú fuinnimh leictrigh agus an raon leictreach, arna ríomh nó arna thomhas, a áireamh san fhillteán faisnéise mar a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 27(4), agus luafar an fhaisnéis ábhartha ar an deimhniú comhréireachta.

Sa bhreis ar an lua ar an deimhniú comhréireachta, áiritheoidh na monaróirí go ndéanfar na sonraí maidir le hastaíochtaí $CO_2$, le hídiú breosla, le hídiú fuinnimh leictrigh agus le raon leictreach a sholáthar do cheannaitheoir na feithicle tráth a cheannaítear feithicil nua agus beidh na sonraí sin i bhformáid a mheasann siad a bheith iomchuí.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 a mhéid a bhaineann le ceanglais an nós imeachta tástála do chineál tástála VII maidir leis na modhanna chun astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a ríomh agus a thomhas.

CAIBIDIL IV

**NÓSANNA IMEACHTA CINEÁLCHEADAITHE AE**

*Airteagal 25*

**Nósanna imeachta cineálcheadaithe AE**

1. Agus monaróir ag cur isteach ar chineálcheadú feithicle ina hiomláine, féadfaidh sé ceann amháin de na nósanna imeachta seo a leanas a roghnú:

(a) cineálcheadú céim ar chéim;

(b) cineálcheadú aonchéime;

(c) cineálcheadú measctha.

De bhreis air sin, féadfaidh an monaróir catagóirí feithiclí atá leagtha síos i mír 5, cineálcheadú ilchéime a roghnú.

I gcás cineálcheadú córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh, is é an nós imeachta do chineálcheadú aonchéime amháin a bheidh infheidhme.

2. Is éard a bheidh sa chineálcheadú céim ar chéim ná bailiú le chéile, céim ar chéim, thacar iomlán na ndeimhnithe ar chineálcheadú AE do na córais, do na comhpháirteanna agus do na haonaid theicniúla ar leithligh ar cuid den fheithicil iad, agus as a leanann, ag an gcéim deiridh, cineálcheadú feithicle ina hiomláine.

3. Is éard a bheidh sa chineálcheadú aonchéime ná ceadú na feithicle ina hiomláine trí oibríocht aonair.

4. Is éard atá sa chineálcheadú measctha ná nós imeachta cineálcheadaithe céim ar chéim trína mbaintear amach ceadú córais amháin nó níos mó le linn chéim dheireanach cheadú na feithicle ina hiomláine, gan gá le deimhnithe ar chineál-cheadú AE a eisiúint le haghaidh na gcóras sin.

5. I nós imeachta cineálcheadaithe ilchéime, deimhníonn údarás ceadaithe amháin nó níos mó, ag brath ar staid chríoch-naithe na feithicle, go gcomhlíonann cineál feithicle neamhiomláine nó cineál feithicle lánchríochnaithe forálacha riaracháin ábhartha agus ceanglais theicniúla ábhartha an Rialacháin seo.

Déanfar cineálcheadú ilchéime a dheonú i leith cineál feithicle neamhiomláine nó lánchríochnaithe a chomhlíonann na sonraí san fhillteán faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 27 agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla a leagtar síos sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II, ag cur staid chríochnaithe na feithicle san áireamh.

6. Ní dheonófar an cineálcheadú i leith na céime deiridh den chríochnú go dtí tar éis don údarás ceadaithe a dheimhniú go gcomhlíonann an cineál feithicle arna cheadú ag an gcéim dheiridh na ceanglais theicniúla uile is infheidhme ag an tráth sin. Áiritheofar leis an méid sin seiceáil dhoiciméadach ar na ceanglais go léir atá clúdaithe ag cineálcheadú d'fheithicil neamhiomlán arna dheonú le linn an nós imeachta ilchéime, fiú nuair a dhéantar é a dheonú do (fho-)chatagóir feithicle éagsúil.

Ní bheidh an cineálcheadú ilchéime dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 1 infheidhme ach maidir le feithiclí sna fochatagóirí L2e-U, L4e, L5e-B, L6e-BU agus L7e-CU.

7. Ní dhéanfaidh an nós imeachta ceadaithe a roghnófar difear do na ceanglais shubstainteacha is infheidhme nach mór don chineál feithicle ceadaithe a chomhlíonadh tráth a eisítear cineálcheadú na feithicle ina hiomláine.

8. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 maidir le socruithe mionsonraithe a bhaineann le nósanna imeachta cineálchea-daithe. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

*Airteagal 26*

**Iarratas ar chineálcheadú**

1. Déanfaidh an monaróir an t-iarratas ar chineálcheadú a chur faoi bhráid an údaráis ceadaithe.

2. Ní fhéadfar ach aon iarratas amháin a chur isteach i leith cineál ar leithligh feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, agus ní fhéadfar é a chur isteach ach in aon Bhallstát amháin.

3. Cuirfear isteach iarratas ar leithligh le haghaidh gach cineáil atá le ceadú.

*Airteagal 27*

**Fillteán faisnéise**

1. Soláthróidh an t-iarratasóir fillteán faisnéise don údarás ceadaithe.

2. Beidh na nithe seo a leanas san fhillteán faisnéise:

(a) doiciméad faisnéise;

(b) gach sonra, líníocht, grianghraf agus faisnéis eile;

(c) le haghaidh feithiclí, léiriú ar an nós imeachta/na nósanna imeachta a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 25(1);

(d) aon fhaisnéis bhreise a iarrann an t-údarás ceadaithe i gcomhthéacs an nós imeachta iarratais.

3. Féadfar an fillteán faisnéise a sholáthar ar pháipéar nó i bhformáid leictreonach ar formáid í atá inghlactha ag an tseirbhís theicniúil agus ag an údarás ceadaithe.

4. Déanfaidh an Coimisiún teimpléid a leagan síos don doiciméad faisnéise agus don fhillteán faisnéise trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

*Airteagal 28*

**Ceanglais shonracha maidir le faisnéis atá le soláthar san iarratas ar chineálcheadú faoi nósanna imeachta éagsúla**

1. Beidh ag gabháil le hiarratas ar chineálcheadú céim ar chéim fillteán faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 27 agus sraith iomlán na ndeimhnithe ar chineálcheadú is gá de bhun gach ceann de na gníomhartha is infheidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Maidir le cineálcheadú córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, de bhun na ngníomhartha is infheidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II, beidh rochtain ag an údarás ceadaithe ar an bhfillteán faisnéise gaolmhar go dtí go n-eiseofar an ceadú nó go dtí go ndiúltófar dó.

2. Beidh ag gabháil le hiarratas ar chineálcheadú aonchéime fillteán faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 27 ar fillteán é ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo i ndáil leis na gníomhartha sin is infheidhme.

3. I gcás nós imeachta cineálcheadaithe mheasctha, beidh ag gabháil leis an bhfillteán faisnéise ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe ar chineálcheadú a cheanglaítear a dhéanamh de bhun gach ceann de na gníomhartha is infheidhme a liostaítear in Iarscríbhinn II agus beidh ar áireamh san fhillteán sin, a mhéid is nach gcuirtear aon deimhniú ar chineálcheadú i láthair, an fhaisnéis ábhartha i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, maidir leis na gníomhartha sin is infheidhme.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 3, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas chun críocha cineálcheadaithe ilchéime:

(a) sa chéad chéim, na codanna sin den fhillteán faisnéise agus de na deimhnithe ar chineálcheadú AE a bhaineann le staid chríochnaithe na bonnfheithicle;

(b) sa dara céim agus sna céimeanna ina dhiaidh sin, na codanna sin den fhillteán faisnéise agus de na deimhnithe ar chineálcheadú AE a bhaineann leis an gcéim reatha tógála, maille le cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE don fheithicil a eisíodh sa chéim tógála roimhe sin mar aon le mionsonraí iomlána maidir le haon athruithe atá déanta ag an monaróir ar an bhfeithicil nó maidir le haon ní a chuir an monaróir léi.

Féadfar an fhaisnéis atá sonraithe i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo a sholáthar i gcomhréir le mír 3.

5. Féadfaidh an t-údarás ceadaithe, trí iarraidh réasúnaithe, a cheangal ar an monaróir aon fhaisnéis eile is gá a sholáthar chun go bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir leis na tástálacha nach mór a dhéanamh, nó chun déanamh na dtástálacha sin a éascú.

CAIBIDIL V

**NÓSANNA IMEACHTA CINEÁLCHEADAITHE AE A SHEOLADH**

*Airteagal 29*

**Forálacha ginearálta**

1. Ní dheonóidh na húdaráis ceadaithe cineálcheadú AE ach amháin tar éis dóibh comhréireacht na socruithe táirgeachta dá dtagraítear in Airteagal 33 a fhíorú agus tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an cineál feithicle, an cineál córais, an cineál comhpháirte nó an cineál aonaid theicniúil ar leithligh i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme.

2. Is i gcomhréir leis an gCaibidil seo a dheonófar cineálcheaduithe AE.

3. Má fhionnann údarás ceadaithe go ndéanann cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh, cé go gcomhlíonann siad na forálacha arna gceangal, riosca tromchúiseach a chothú don tsábháilteacht nó go bhféadfadh sé díobháil mhór a dhéanamh don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí, féadfaidh sé a dhiúltú cineálcheadú AE a dheonú. Sa chás sin, déanfaidh sé comhad mionsonraithe a sheoladh láithreach bonn chuig údaráis ceadaithe na mBallstát eile agus chuig an gCoimisiún ina míneofar na cúiseanna atá leis an gcinneadh agus ina leagfar amach an fhianaise lena fhionnachtana.

4. Déanfar deimhnithe ar chineálcheadú AE a uimhriú i gcomhréir le córas comhchuibhithe arna leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

5. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe, laistigh de mhí amháin ó eisiúint an deimhnithe ar chineálcheadú AE, cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE, chomh maith leis na ceangaltáin, a sheoladh trí chóras leictreonach malairte comhchoiteann slán chuig údaráis ceadaithe na mBallstát eile le haghaidh gach cineál feithicle atá ceadaithe aige. Féadfaidh an chóip sin a bheith i bhfoirm comhaid leictreonaigh shláin freisin.

6. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe údaráis ceadaithe na mBallstát eile ar an eolas gan mhoill maidir le haon cheadú feithicle a diúltaíodh nó a tarraingíodh siar, chomh maith leis na cúiseanna lena chinneadh.

7. Ar eatramh thrí mhí, seolfaidh an t-údarás ceadaithe chuig údaráis ceadaithe na mBallstát eile liosta de na cineálcheaduithe AE do chórais, do chomhpháirteanna agus d'aonaid theicniúla ar leithligh a dheonaigh sé, a leasaigh sé, a dhiúltaigh sé a dheonú nó a tharraing sé siar le linn na tréimhse roimhe sin.

8. Má iarrann údarás ceadaithe Ballstáit eile cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, an deimhniú cineálcheadaithe AE a iarradh, in éineacht leis na ceangaltáin, a sheoladh trí chóras leictreonach malairte comhchoiteann slán chuig údarás ceadaithe an Bhallstáit sin. Féadfaidh an chóip sin a bheith i bhfoirm comhaid leictreonaigh shláin freisin.

9. Má iarrann an Coimisiún amhlaidh, cuirfidh an t-údarás ceadaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 go mír 8 faoi bhráid an Choimisiúin freisin.

10. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe pacáiste faisnéise le chéile ina mbeidh an fillteán faisnéise maille leis na tuarascálacha ar na tástálacha agus gach doiciméad eile a chuir an tseirbhís theicniúil nó an t-údarás ceadaithe leis an bhfillteán faisnéise le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. San fhillteán faisnéise beidh innéacs ina liostófar inneachar agus uimhreacha cuí nó marcanna eile air chun na leathanaigh uile a dhéanamh so-aitheanta, agus leagfar amach an doiciméad sin i bhformáid a thaispeánfaidh na céimeanna i ndiaidh a chéile a tugadh i mbainistiú an chineálcheadaithe AE, go háirithe na dátaí ar a ndearnadh athbhreithnithe agus nuashonrú. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe an fhaisnéis atá sa phacáiste faisnéise a choimeád ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis críoch bhailíocht an cheadaithe lena mbaineann.

*Airteagal 30*

**Forálacha sonracha maidir leis an deimhniú ar chineálcheadú AE**

1. Beidh an méid seo a leanas, i bhfoirm cheangaltán, ag gabháil leis an deimhniú ar chineálcheadú AE:

(a) an pacáiste faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 29(10);

(b) torthaí na dtástálacha;

(c) ainm(neacha) agus cóip(eanna) shamplach(samplacha) de shíniú(shínithe) an duine(na ndaoine) atá údaraithe chun deimhnithe comhréireachta a shíniú agus ráiteas faoina bpost sa chuideachta;

(d) i gcás cineálcheadaithe AE don fheithicil ina hiomláine, cóip shamplach den deimhniú comhréireachta agus í comhlánaithe.

2. Eiseofar an deimhniú ar chineálcheadú AE ar bhonn an teimpléid arna leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

3. I leith gach cineál feithicle, déanfaidh an t-údarás ceadaithe na nithe seo a leanas:

(a) na ranna ábhartha uile den deimhniú ar chineálcheadú AE a chomhlánú, lena n-áirítear an bhileog le haghaidh thorthaí na dtástálacha atá i gceangal leis an deimhniú;

(b) an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise a thiomsú;

(c) an deimhniú comhlánaithe, chomh maith leis na ceangaltáin a ghabhann leis, a eisiúint don iarratasóir gan mhoill.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad a leagan síos do bhileog thorthaí na tástála dá dtagraítear i bpointe (a). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

4. I gcás chineálcheadú AE ar forchuireadh, i gcomhréir le hAirteagal 40, srianta ar a bhailíocht, nó a ndearnadh forálacha áirithe den Rialachán seo nó de na gníomhartha tarmligthe agus de na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a tharscaoileadh ina leith, sonrófar na srianta nó na tarscaoiltí sin sa deimhniú ar chineálcheadú AE.

5. I gcás ina ndéanann an monaróir nós imeachta an chineálcheadaithe mheasctha a roghnú, comhlánóidh an t-údarás ceadaithe sa phacáiste faisnéise na tagairtí do na tuarascálacha ar na tástálacha, arna mbunú leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 32(1), nach bhfuil aon deimhniú ar chineálcheadú AE ar fáil lena n-aghaidh.

6. I gcás ina roghnaíonn an monaróir nós imeachta an chineálcheadaithe aonchéime, bunóidh an t-údarás ceadaithe liosta ceanglas nó gníomhartha is infheidhme agus cuirfidh sé an liosta sin i gceangal leis an deimhniú ar chineálcheadú AE. Déanfaidh an Coimisiún teimpléad don liosta sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

*Airteagal 31*

**Forálacha sonracha maidir le córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh**

1. Deonófar cineálcheadú AE i leith córais atá i gcomhréir leis na sonraí san fhillteán faisnéise agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla a leagtar síos sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Deonófar cineálcheadú AE do chomhpháirteanna nó d'aonaid theicniúla ar leithligh i dtaca le comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá i gcomhréir leis na sonraí san fhillteán faisnéise agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla a leagtar síos sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

3. I gcás ina bhfuil comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, bídís ceaptha le haghaidh deisiúchán, seirbhísiú nó cothabháil nó ná bíodh, cumhdaithe freisin ag cineálcheadú córais a bhaineann le feithicil, ní bheidh gá le haon cheadú comhpháirte ná le haon cheadú aonaid theicniúil ar leithligh eile mura rud é go bhforáiltear dó sin sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

4. I gcás ina gcomhlíonann comhpháirt nó aonaid theicniúil ar leithligh an fheidhm atá leis nó léi nó mura bhfuil sé nó sí ina s(h)ainghné ach amháin nuair a oibríonn sé nó sí i gcomhcheangal le páirteanna eile de chuid na feithicile, rud a fhágann nach féidir a fhíorú go gcomhlíonann an t-aonad teicniúil ar leithligh nó an chomhpháirt na ceanglais ach amháin nuair a bhíonn sé nó sí ag obair i i gcomhcheangal leis na páirteanna eile sin de chuid na feithicile, cuirfear srian dá réir le raon feidhme chineálcheadú AE na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh sin.

Sna cásanna sin, sonrófar sa deimhniú ar chineálcheadú AE aon srianta ar úsáid na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh agus luafar ann na coinníollacha speisialta maidir lena suiteáil.

I gcás ina bhfeistíonn an monaróir feithiclí a leithéid de chomhpháirt nó d'aonad teicniúil ar leithligh, fíorófar le linn don fheithicil a bheith á ceadú go bhfuil an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh sin i gcomhréir le haon srianta is infheidhme maidir lena n-úsáid nó le haon choinníollacha is infheidhme maidir lena suiteáil.

*Airteagal 32*

**Tástálacha a cheanglaítear a dhéanamh le haghaidh cineálcheadú AE**

1. Léireofar go bhfuil na saintreoracha teicniúla a leagtar síos sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh trí bhíthin tástálacha iomchuí arna ndéanamh ag seirbhísí teicniúla ainmnithe.

Is sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II a leagfar síos na nósanna imeachta tástála dá dtagraítear sa chéad fhomhír maille leis an trealamh sonrach agus na huirlisí sonracha a fhorordaítear chun na tástálacha sin a dhéanamh.

Déanfaidh formáid na tuarascála ar an tástáil na ceanglais ghinearálta arna leagan síos ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

2. Cuirfidh an monaróir ar fáil don údarás ceadaithe a oiread sin feithiclí, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh a cheanglaítear air a chur ar fáil faoi na gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II chun na tástálacha a éilítear a dhéanamh.

3. Maidir leis na tástálacha a cheanglaítear a dhéanamh, déanfar iad ar fheithiclí, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh atá ionadaíoch don chineál atá le ceadú.

Féadfaidh an monaróir, áfach, le comhaontú an údaráis ceadaithe, feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh a roghnú nach bhfuil ionadaíoch don chineál atá le ceadú ar chuntar go mbeidh roinnt de na gnéithe is neamhfhabhraí inti ó thaobh an leibhéil feidhmíochta atá ag teastáil. Féadfar modhanna fíorúla tástála a úsáid chun cabhrú leis an gcinnteoireacht le linn an phróisis roghnúcháin.

4. Faoi réir chomhaontú an údaráis ceadaithe, féadfar modhanna fíorúla tástála a úsáid in ionad na nósanna imeachta tástála dá dtagraítear i mír 1 arna iarraidh sin don mhonaróir maidir leis na ceanglais sin a bhunaítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 6.

5. Comhlíonfaidh na modhanna fíorúla tástála na coinníollacha a bhunaítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 6.

6. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na torthaí a gheofar trí na modhanna fíorúla tástála chomh bailí céanna leis na torthaí a gheofar trí thástáil fhisiciúil, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais is féidir a chur faoi thástáil fhíorúil agus na dálaí a mbeidh an tástáil sin le déanamh fúthu. Nuair a ghlacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin, beidh mar bhonn aige na ceanglais agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Treoir 2007/46/CE, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 33*

**Socruithe maidir le comhréireacht táirgeachta**

1. Déanfaidh údarás ceadaithe a dheonaíonn cineálcheadú AE na bearta is gá, i gcomhar le húdaráis ceadaithe na mBallstát eile más gá, chun a fhíorú go bhfuil socruithe leordhóthanacha déanta lena áirithiú go mbeidh na feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtairgeadh, i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

2. Maidir le húdarás ceadaithe a dheonaíonn cineálcheadú d'fheithicil ina hiomláine, déanfaidh sé na bearta is gá chun a fhíorú go bhfuil na deimhnithe comhréireachta a eisíonn an monaróir i gcomhréir le hAirteagal 38. Chuige sin, fíoróidh an t-údarás ceadaithe go bhfuil líon dóthanach samplaí de dheimhnithe comhréireachta ann atá ar comhréir le hAirteagal 38 agus go bhfuil socruithe dóthanacha déanta ag an monaróir lena áirithiú go bhfuil na sonraí sna deimhnithe comhréireachta i gceart.

3. Maidir le húdarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, déanfaidh sé na bearta is gá, i gcomhar le húdaráis ceadaithe na mBallstát eile más gá, chun a fhíorú go bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 dóthanach i gcónaí ionas go leanfaidh feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtáirgeadh de bheith i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus go leanfaidh deimhnithe comhréireachta de bheith ag comhlíonadh Airteagal 38.

4. D'fhonn a fhíorú go bhfuil feithicil, córas, comhpháirt, nó aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, féadfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE aon cheann de na seiceálacha nó de na tástálacha, ar seiceálacha agus tástálacha iad a éilítear le haghaidh chineálcheadú AE, a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil in áitreabh an mhonaróra, lena n-áirítear saoráidí táirgthe.

5. Nuair a shuíonn údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE nach bhfuil na socruithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcur i bhfeidhm, nó go n-imíonn siad go mór ó na socruithe agus ó na pleananna rialaithe a comhaontaíodh, nó gur stopadh de bheith á gcur i bhfeidhm nó go meastar nach bhfuil siad dóthanach a thuilleadh, cé go bhfuiltear ag leanúint den táirgeadh, déanfaidh an t-údarás ceadaithe sin na bearta is gá chun a áirithiú go leanfar i gceart an nós imeachta um chomhréireacht táirgeachta, nó déanfaidh sé an cineálcheadú a tharraingt siar.

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 i dtaobh na socruithe mionsonraithe maidir le comhréireacht táirgeachta. Déanfar na chéad ghníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

CAIBIDIL VI

## LEASUITHE AR CHINEÁLCHEADUITHE AE

*Airteagal 34*

### Forálacha ginearálta

1. Déanfaidh an monaróir a dheonaigh cineálcheadú AE an t-údarás ceadaithe a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí atá taifeadta sa phacáiste faisnéise.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe sin cinneadh maidir le cé acu de na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 35 a leanfar.

I gcás inar gá, féadfaidh an t-údarás ceadaithe a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an monaróir, go ndeonófar cineálcheadú AE nua.

2. Is chuig an údarás ceadaithe a dheonaigh an bun-chineálcheadú AE, agus chuige sin amháin, a chuirfear iarratas ar chineálcheadú AE a leasú.

3. Má fhionnann an t-údarás ceadaithe, chun críocha leasú a dhéanamh, gur gá cigireachtaí nó tástálacha a athdhéanamh, cuirfidh sé é sin in iúl don mhonaróir.

Ní bheidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 35 ach amháin, ar bhonn na gcigireachtaí agus na dtástálacha, má thagann an t-údarás ceadaithe ar an tátal go bhfuil na ceanglais a bhaineann le cineálcheadú AE á gcomhlíonadh i gcónaí.

*Airteagal 35*

### Cineálcheaduithe AE a athbhreithniú agus a fhadú

1. Má athraíodh na sonraí a taifeadadh sa phacáiste faisnéise, agus gan gá cigireachtaí ná tástálacha a athdhéanamh, tabharfar "athbhreithniú" ar an athrú sin.

I gcásanna den sórt sin, eiseoidh an t-údarás ceadaithe na leathnaigh athbhreithnithe den phacáiste faisnéise de réir mar is gá, agus marcálfaidh sé gach ceann de na leathanaigh athbhreithnithe chun an cineál athraithe agus dáta na hatheisiúna a thaispeáint go soiléir. Measfar go ndéanfaidh leagan comhdhlúite, nuashonraithe den phacáiste faisnéise, maille le tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe, an ceanglas sin a chomhlíonadh.

2. "Fadú" a thabharfar ar an leasú nuair a athraítear sonraí a taifeadadh sa phacáiste faisnéise agus nuair a tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) tá gá le cigireachtaí nó tástálacha breise a dhéanamh;

(b) tá athrú déanta ar aon fhaisnéis sa deimhniú ar chineálcheadú AE, cé is moite d'fhaisnéis sna ceangaltáin;

(c) tagann ceanglais nua faoi aon ghníomh a liostaítear in Iarscríbhinn II chun bheith infheidhme maidir leis an gcineál feithicle nó maidir leis an gcóras, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh atá ceadaithe.

I gcás fadú, eiseoidh an t-údarás ceadaithe deimhniú uasdátaithe ar chineálcheadú AE a mbeidh uimhir an fhadaithe luaite air, ar uimhir í a ardaíonn de réir líon na bhfaduithe leantacha a deonaíodh. Taispeánfar go soiléir ar an deimhniú ceadaithe an chúis a bhí leis an bhfadú agus an dáta a atheisíodh é.

3. Aon uair a eisítear leathanaigh leasaithe nó leagan comhdhlúite, nuashonraithe, leasófar dá réir sin innéacs an phacáiste faisnéise a ghabhann leis an deimhniú ceadaithe chun dáta an fhadaithe nó an athbhreithnithe is déanaí a thaispeáint, nó chun dáta an chomhdhlúthaithe is déanaí den leagan nuashonraithe a thaispeáint.

4. Ní bheidh gá le haon leasú ar chineálcheadú feithicle más rud é, ó thaobh na teicneolaíochta de, nach mbaineann na ceanglais nua dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 leis an gcineál feithicle sin nó go mbaineann siad le catagóirí feithicle seachas an chatagóir ina bhfuil an cineál feithicle sin.

*Airteagal 36*

### Leasuithe a eisiúint agus a fhógairt

1. I gcás fadú, nuashonrófar gach roinn ábhartha den deimhniú ar chineálcheadú AE, na ceangaltáin a ghabhann leis, agus innéacs an phacáiste faisnéise. Déanfar an deimhniú nuashonraithe agus na ceangaltáin a ghabhann leis a eisiúint don iarratasóir gan mhoill.

2. I gcás athbhreithniú, déanfaidh an t-údarás ceadaithe na doiciméid athbhreithnithe nó an leagan comhdhlúite nuashonraithe, de réir mar is cuí, lena n-áirítear an t-innéacs athbhreithnithe a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise, a eisiúint don iarratasóir gan mhoill.

3. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 29, fógra maidir le haon leasú a dhéantar ar chineálcheaduithe AE a thabhairt d'údaráis ceadaithe na mBallstát eile.

CAIBIDIL VII

**BAILÍOCHT CINEÁLCHEADAITHE AE**

*Airteagal 37*

**An bhailíocht a fhoirceannadh**

1. Eiseofar cineálcheaduithe AE ar feadh tréimhse gan teorainn.

2. Beidh cineálcheadú AE feithicle neamhbhailí in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) más rud é, go dtagann ceanglais nua chun bheith éigeantach, ar ceanglais iad atá infheidhme maidir leis an gcineál feithicle ceadaithe maidir le feithicil a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís agus más rud é nach féidir an cineálcheadú a nuashonrú dá réir;

(b) má scoirtear go críochnúil agus go deonach de bheith ag táirgeadh na feithicle ceadaithe;

(c) má imíonn bailíocht an cheadaithe in éag de bhua sriain speisialta i gcomhréir le hAirteagal 40(6);

(d) má dhéantar an ceadú a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 33(5), le hAirteagal 49(1) nó le hAirteagal 52(4).

3. Mura dtagann ach malairt amháin laistigh de chineál nó leagan amháin laistigh de mhalairt chun bheith neamhbhailí, ní chaillfidh cineálcheadú AE na feithicle i gceist a bhailíocht ach a mhéid a bhaineann leis an malairt áirithe sin nó leis an leagan áirithe sin.

4. Nuair a scoirtear go críochnúil de bheith ag táirgeadh cineál áirithe feithicle, tabharfaidh an monaróir fógra ina leith sin don údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE don fheithicil sin.

Laistigh de mhí amháin tar éis dó an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE na feithicle é sin a chur in iúl d'údaráis ceadaithe na mBallstát eile.

5. Gan dochar do mhír 4, i gcásanna ina mbeidh cineálcheadú AE feithicle le teacht chun bheith neamhbhailí, tabharfaidh an monaróir fógra ina leith sin don údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE gach faisnéis ábhartha a chur gan mhoill chuig údaráis ceadaithe na mBallstát eile ionas go bhféadfar, i gcás inarb iomchuí, Airteagal 44 a chur i bhfeidhm.

Sonrófar san fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír, go háirithe, an dáta táirgthe agus an uimhir aitheantais feithicle don fheithicil is deireanaí a táirgeadh.

CAIBIDIL VIII

**DEIMHNIÚ COMHRÉIREACHTA AGUS MARCANNA**

*Airteagal 38*

**Deimhniú comhréireachta**

1. Déanfaidh an monaróir, ina cháil mar shealbhóir ar chineálcheadú feithicle, deimhniú comhréireachta a sheachadadh mar dhoiciméad páipéir a bheidh ag gabháil le gach feithicil, bíodh sí iomlán, neamhiomlán nó lánchríochnaithe, arna monarú i gcomhréir leis an gcineál feithicle ceadaithe.

Seachadfar deimhniú den sórt sin saor in aisce ar an gceannaitheoir in éineacht leis an bhfeithicil. Ní fhéadfaidh seachadadh an deimhnithe a bheith ag brath ar iarraidh shainráite nó ar fhaisnéis bhreise a chur isteach chuig an monaróir.

Ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis dháta táirgthe na feithicle, déanfaidh monaróir na feithicle, arna iarraidh sin ag úinéir na feithicle, dúblach den deimhniú comhréireachta a eisiúint ar íocaíocht nach mó ná costas na heisiúna. Beidh an focal "dúblach" le feiceáil go soiléir ar éadan aon deimhnithe dhúblaigh.

2. Úsáidfidh an monaróir an teimpléad le haghaidh deimhnithe comhréireachta arna ghlacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar an deimhniú comhréireachta a dhearadh chun brionnú a chosc. Chuige sin, forálfar sna gníomhartha cur chun feidhme go mbeidh an páipéar a úsáidtear sa deimhniú cosanta ag roinnt gnéithe éagsúla de chlódóireacht slándála. Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

3. Déanfar an deimhniú comhréireachta a tharraingt suas i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais. Féadfaidh aon Bhallstát a iarraidh go ndéanfaí an deimhniú comhréireachta a aistriú go dtí a theanga oifigiúil nó go dtí a theangacha oifigiúla féin.

4. Is in eagraíocht an mhonaróra a bheidh an duine/na daoine a bheidh údaraithe chun deimhnithe comhréireachta a shíniú agus beidh an duine/na daoine sin údaraithe go cuí ag an mbainistíocht chun freagracht dhlíthiúil an mhonaróra a ghlacadh chucu féin i ndáil le dearadh agus tógáil na feithicle nó i ndáil le comhréireacht táirgeachta na feithicle.

5. Déanfar an deimhniú comhréireachta a chomhlánú ina iomláine agus ní bheidh srianta ann maidir le húsáid na feithicle seachas na srianta sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó in aon cheann de na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

6. I gcás feithicle neamhiomláine nó i gcás feithicle lánchríochnaithe, ní chomhlánfaidh an monaróir ach na hítimí sin ar an deimhniú comhréireachta a cuireadh leis an deimhniú nó a athraíodh le linn na céime reatha ceadaithe agus, más infheidhme, cuirfidh sé i gceangal leis an deimhniú gach deimhniú comhréireachta a seachadadh ag na céimeanna roimhe sin.

7. I gcás feithiclí a cheadaítear i gcomhréir le hAirteagal 40(2), beidh i dteideal an deimhnithe comhréireachta an frása a leanas: "Le haghaidh feithiclí iomlána/feithiclí lánchríochnaithe arna gcineálcheadú trí bhíthin Airteagal 40(4) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair a chur i bhfeidhm (ceadú sealadach)".

8. I gcás feithiclí arna gcineálcheadú i gcomhréir le hAirteagal 42, beidh i dteideal an deimhnithe comhréireachta, amhail a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, an frása seo a leanas: "Le haghaidh feithiclí iomlána/feithiclí lánchríochnaithe arna gcineálcheadú i sraitheanna beaga", agus in aice leis sin an bhliain táirgthe agus uimhir sheicheamhach ina diaidh, uimhir idir 1 agus an teorainn atá sonraithe sa tábla in Iarscríbhinn III lena gcuirtear in iúl, maidir le gach bliain táirgthe, staid na feithicle sin laistigh den táirgíocht a leithdháileadh don bhliain sin.

9. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an monaróir an deimhniú comhréireachta a sheoladh go leictreonach chuig údarás clárúcháin aon Bhallstáit.

*Airteagal 39*

**Pláta reachtúil le marcáil iomchuí feithiclí agus marc cineálcheadaithe comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh**

1. Déanfaidh monaróir feithicle pláta reachtúil leis an marcáil iomchuí a éilítear leis an ngníomh cur chun feidhme ábhartha arna ghlacadh de bhun mhír 3 a ghreamú de gach feithicil arna monarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

2. Monaróir comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, bíodh an chomhpháirt nó an t-aonad sin ina chuid de chóras nó ná bíodh, déanfaidh sé marc an chineálcheadaithe a éilítear leis an ngníomh cur chun feidhme ábhartha arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo nó de bhun rialachán ábhartha CENAE a ghreamú de gach comhpháirt nó de gach aonad teicniúil ar leithligh arna monarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

I gcás nach n-éilítear marc cineálcheadaithe den sórt sin, déanfaidh an monaróir, ar a laghad, trádainm nó trádmharc an mhonaróra, uimhir an chineáil nó uimhir aitheantais a ghreamú.

3. Beidh pláta reachtúil agus marc an chineálcheadaithe AE i gcomhréir leis an tsamhail arna leagan amach ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2). Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2014.

CAIBIDIL IX

**DÍOLÚINTÍ DO THEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA NÓ DO CHOINCHEAPA NUA**

*Airteagal 40*

**Díolúintí do theicneolaíochtaí nua nó do choincheapa nua**

1. Féadfaidh an monaróir iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE maidir le cineál feithicle, cineál córais, cineál comhpháirte nó cineál aonaid theicniúil ar leithligh a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua nach bhfuil ag luí le ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Deonóidh an t-údarás ceadaithe cineálcheadú AE dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil luaite san iarratas na cúiseanna go bhfágann na teicneolaíochtaí nó na coincheapa atá i gceist an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh ar neamhluí le ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(b) go bhfuil tuairisc san iarratas ar na himpleachtaí sábháilteachta agus comhshaoil a ghabhann leis an teicneolaíocht nua agus ar na bearta a rinneadh chun a áirithiú go mbeidh ar a laghad leibhéal sábháilteachta agus leibhéal cosanta comhshaoil ann atá coibhéiseach leis an leibhéal dá bhforáiltear leis na ceanglais óna bhfuiltear ag lorg díolúine;

(c) go gcuirtear i láthair tuairiscí agus torthaí i dtaca leis na tástálacha a chruthaíonn go bhfuil an coinníoll i bpointe (b) á chomlíonadh.

3. Beidh deonú cineálcheadaithe AE den sórt sin, lena ndéantar díolúine a thabhairt maidir le teicneolaíochtaí nua nó le coincheapa nua, faoi réir a údaraithe ón gCoimisiún. Déanfar an t-udarú sin a thabhairt trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

4. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le húdarú, féadfaidh an t-údarás ceadaithe cineálcheadú AE a eisiúint idir an dá linn maidir le cineál feithicle a chuimsítear faoin díolúine atá á lorg, ach beidh an cineálcheadú sin sealadach agus ní bheidh sé bailí ach i gcríoch an Bhallstáit sin. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin gan mhoill trí bhíthin comhaid ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2.

Beidh an nádúr sealadach agus an bhailíocht theoranta chríochach le feiceáil ó cheannteideal an deimhnithe cineálcheadaithe agus ó cheannteideal an deimhnithe comhréireachta. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun foráil a dhéanamh do theimpléid chomhchuibhithe le haghaidh an deimhnithe cineálcheadaithe agus le haghaidh an deimhnithe comhréireachta chun críocha na míre seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

5. Féadfaidh údaráis ceadaithe eile a chinneadh glacadh i scríbhinn leis an gceadú sealadach dá dtagraítear i mír 4 laistigh dá gcríoch féin.

6. I gcás inarb iomchuí, sonrófar leis an údarú ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3 cé acu atá sé faoi réir srianta nó nach bhfuil. I ngach cás, beidh an cineálcheadú bailí go ceann 36 mhí ar a laghad.

7. Má chinneann an Coimisiún údarú a dhiúltú, tabharfaidh an t-údarás ceadaithe fógra láithreach do shealbhóir an chineálcheadaithe shealadaigh dá dtagraítear i mír 4 go ndéanfar an ceadú sealadach a chúlghairm sé mhí tar éis dháta an diúltaithe ón gCoimisiún.

Maidir le feithiclí a mhonarófar i gcomhréir leis an gceadú sealadach sula scoirfidh sé de bheith bailí, áfach, féadfar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís in aon Bhallstát a mbeidh an ceadú sealadach glactha acu.

*Airteagal 41*

**Oiriúnú iardain ar ghníomhartha tarmligthe agus ar ghníomhartha cur chun feidhme**

1. I gcás ina n-údaraíonn an Coimisiún díolúine a dheonú de bhun Airteagal 40, déanfaidh sé na céimeanna is gá a ghlacadh láithreach chun na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann a oiriúnú d'fhorbairtí teicneolaíocha.

I gcás ina mbaineann an díolúine faoi Airteagal 40 le Rialachán CENAE, molfaidh an Coimisiún leasú ar an Rialachán ábhartha CENAE i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme faoi Chomhaontú Leasaithe 1958.

2. A luaithe a bheidh na gníomhartha ábhartha leasaithe, cuirfear i leataobh aon srian sa chinneadh ón gCoimisiún lenar údaraíodh an díolúine.

Mura ndéantar na céimeanna is gá chun na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme a oiriúnú, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don Bhallstát a dheonaigh an ceadú, a údarú don Bhallstát an cineálcheadú a fhadú, trí chinneadh i bhfoirm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

CAIBIDIL X

**FEITHICLÍ A THÁIRGTEAR I SRAITHEANNA BEAGA**

*Airteagal 42*

**Cineálcheadú náisiúnta le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga**

1. Féadfaidh an monaróir iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú náisiúnta i leith sraithe bige de chineál feithicle laistigh de na teorainneacha cainníochtúla bliantúla a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Beidh feidhm ag na teorainneacha sin maidir le feithiclí den chineál ceadaithe a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís ar mhargadh gach Ballstáit in aon bhliain ar leith.

2. Maidir leis an gcineál feithiclí dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na ceanglais shubstainteacha a leagtar síos i gceann amháin nó níos mó de na gníomhartha tarmligthe a liostaítear in Iarscríbhinn II a tharscaoileadh, ar choinníoll go leagfaidh siad síos ceanglais mhalartacha ábhartha.

Ciallaíonn "ceanglais mhalartacha" forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla a bhfuil sé d'aidhm leo a áirithiú gur ann do leibhéal sábháilteachta feidhmiúla, leibhéal cosanta comhshaoil agus leibhéal sábháilteachta ceirde atá coibhéiseach a mhéid is féidir go praiticiúil leis an leibhéal dá bhforáiltear i gceann amháin nó níos mó de na gníomhartha tarmligthe a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Maidir leis an gcineál feithiclí dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh Ballstáit ceann amháin nó níos mó d'fhorálacha riaracháin an Rialacháin seo nó na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a tharscaoileadh.

Ní dhéanfar na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo a tharscaoileadh ach amháin sa chás go bhfuil forais réasúnacha aige lena déanamh.

3. Maidir le cineálcheadú náisiúnta feithiclí faoin Airteagal seo, glacfar le córais, le comhpháirteanna nó le haonaid theicniúla ar leithligh a dhéantar a chineálcheadú i gcomhréir leis na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

4. Déanfar an deimhniú ar chineálcheadú le haghaidh feithiclí a dhéantar a chineálcheadú i gcomhréir leis an Airteagal seo a dhréachtú i gcomhréir leis an teimpléad dá dtagraítear in Airteagal 30(2), ach ní bheidh "Deimhniú ar chineálcheadú feithicle AE" mar cheannteideal air agus sonrófar ann inneachar na dtarscaoiltí a dheonaítear de bhun mhír 2. Déanfar deimhnithe cineálcheadaithe a uimhriú i gcomhréir leis an gcóras comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 29(4).

5. Sonrófar sa deimhniú cineálcheadaithe nádúr na dtarscaoiltí a dheonaítear de bhun na chéad fhomhíre agus na tríú fomhíre de mhír 2.

6. Is i gcríoch an Bhallstáit ar dheonaigh a údarás ceadaithe an ceadú, agus sa chríoch sin amháin, a bheidh cineálcheadú náisiúnta le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga bailí.

7. Arna iarraidh sin ag an monaróir, áfach, déanfar cóip den deimhniú ar chineálcheadú agus de na ceangaltáin a ghabhann leis a sheoladh trí phost cláraithe nó trí phost leictreonach chuig údaráis ceadaithe na mBallstát a bheidh ainmnithe ag an monaróir.

8. Laistigh de trí mhí tar éis dóibh an iarraidh dá dtagraítear i mír 7 a fháil, cinnfidh údaráis ceadaithe na mBallstát a bheidh ainmnithe ag an monaróir cibé acu a ghlacfaidh siad leis an gcineálcheadú nó nach nglacfaidh. Cuirfidh siad a gcinneadh in iúl go foirmiúil don údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú náisiúnta le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga.

9. Glacfaidh údaráis ceadaithe na mBallstát leis an gcineálcheadú náisiúnta mura rud é go bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint nach bhfuil na ceanglais theicniúla náisiúnta ar i gcomhréir leo a ceadaíodh an fheithicil coibhéiseach lena gcuid forálacha teicniúla féin.

10. Arna iarraidh sin ag iarratasóir ar mian leis feithicil ag a bhfuil cineálcheadú náisiúnta le haghaidh feithiclí i sraitheanna beaga a chur ar an margadh nó a chlárú i mBallstát eile déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú náisiúnta le haghaidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga cóip den deimhniú ar chineálcheadú, lena n-áirítear an pacáiste faisnéise, a sholáthar d'údarás náisiúnta an Bhallstáit eile. Beidh feidhm ag mír 8 agus ag mír 9.

CAIBIDIL XI

## CUR AR FÁIL AR AN MARGADH, CLÁRÚ NÓ CUR I SEIRBHÍS

*Airteagal 43*

### Feithiclí a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís

Gan dochar d'Airteagal 46 agus d'Airteagal 47, na feithiclí sin a bhfuil cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine éigeantach lena n-aghaidh nó a bhfuil cineálcheadú den sórt sin faighte ag an monaróir lena n-aghaidh faoin Rialachán seo, ní dhéanfar iad a chur ar fáil ar an margadh, iad a chlárú, ná a chur i seirbhís, ach amháin má tá deimhniú comhréireachta bailí, arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 38, ag gabháil leo.

I gcás gur feithiclí neamhiomlána iad na feithiclí sin, ceadaítear feithiclí den sórt sin a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, ach féadfaidh na húdaráis atá freagrach as clárú feithiclí sna Ballstáit diúltú cead a thabhairt na feithiclí sin a chlárú nó iad a úsáid ar an mbóthar.

*Airteagal 44*

### Feithiclí ceann sraithe a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís

1. Faoi réir na dteorainneacha d'fheithiclí ceann sraithe agus faoi réir na teorann ama a shonraítear i mír 2 agus i mír 4, féadfar feithiclí atá i gcomhréir le cineál feithicle a bhfuil a gcineálcheadú AE tagtha chun bheith neamhbhailí de bhun Airteagal 37 a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir le feithiclí laistigh de chríoch an Aontais a bhí cumhdaithe ag cineálcheadú AE bailí tráth a dtáirgthe, ach nár cuireadh ar fáil ar an margadh, nár cláraíodh nó nár cuireadh i seirbhís sular scoir an cineálcheadú AE sin de bheith bailí.

2. I gcás feithiclí iomlána, beidh feidhm ag mír 1 go ceann tréimhse 24 mhí ón dáta a tháinig cineálcheadú AE chun bheith neamhbhailí agus, i gcás feithiclí lánchríochnaithe, go ceann tréimhse 30 mí ón dáta sin.

3. Aon mhonaróir ar mian leis leas a bhaint as mír 1, cuirfidh sé iarraidh chuig údarás náisiúnta gach Ballstáit ina bhfuil na feithiclí atá i gceist le cur ar fáil ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís. Sonrófar san iarraidh sin aon chúiseanna teicniúla nó eacnamaíocha a chuireann bac ar na feithiclí sin na ceanglais nua maidir le cineálcheadú a chomhlíonadh.

Laistigh de thrí mhí tar éis dó an iarraidh a fháil, cinnfidh an t-údarás náisiúnta lena mbaineann cibé acu a cheadóidh siad clárú na bhfeithiclí sin laistigh dá gcríoch nó nach gceadóidh agus, má cheadaíonn, cinnfidh siad líon na bhfeithiclí a chlárófar.

4. Ní bheidh líon na bhfeithiclí ceann sraithe níos airde ná 10 % den líon feithiclí a cláraíodh sa dá bhliain roimhe sin nó 100 feithicil in aghaidh an Bhallstáit, cibé acu sin is airde.

5. Déanfar iontráil speisialta lena gcáileofar na feithiclí sin mar fheithiclí "ceann sraithe" a chur ar dheimhniú comhréireachta na bhfeithiclí a chuirtear i seirbhís faoin nós imeachta seo.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán éifeachtach ar líon na bhfeithiclí atá le cur ar fáil ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís faoin nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo.

7. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin maidir le scor táirgthe de bharr foirceannadh bhailíocht an chineálcheadaithe sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 37(2).

*Airteagal 45*

### Comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís

1. Ní fhéadfar comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais na ngníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus go bhfuil siad marcáilte go cuí i gcomhréir le hAirteagal 39.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá tógtha nó deartha go sonrach le haghaidh feithiclí nua nach bhfuil cumhdaithe ag an Rialachán seo.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh Ballstáit cead a thabhairt comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís má bhí na comhpháirteanna nó na haonaid sin díolmhaithe ó cheann amháin nó níos mó d'fhorálacha an Rialacháin seo faoi Airteagal 40 nó má tá siad ceaptha lena suiteáil ar fheithiclí atá cumhdaithe ag ceaduithe arna ndeonú faoi Airteagal 42, ar ceaduithe iad a bhaineann leis an gcomhpháirt nó leis an aonad teicniúil ar leithligh atá i gceist.

4. De mhaolú ar mhír 1, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo nó i gceann de na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, féadfaidh Ballstáit cead a thabhairt comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís, más comhpháirteanna nó aonaid iad atá ceaptha lena suiteáil ar fheithiclí nach gceanglaítear leis an Rialachán seo ná le Treoir 2002/24/CE cineálcheadú AE a dhéanamh orthu tráth a dhéantar iad a chur ar fáil ar an margadh nó a chur i seirbhís.

CAIBIDIL XII

## CLÁSAIL CHOSANTA

*Airteagal 46*

### An nós imeachta chun déileáil le feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chothaíonn riosca tromchúiseach ar an leibhéal náisiúnta

1. I gcás ina ngníomhaíonn údaráis um fhaireachas margaidh de chuid Ballstáit amháin de bhun Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, nó i gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach acu lena chreidiúint go gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá cumhdaithe leis an Rialachán seo riosca tromchúiseach do shláinte nó sábháilteacht daoine nó do ghnéithe eile de chosaint leasanna poiblí atá cumhdaithe leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaíonn an ceadú measúnú i dtaca leis an bhfeithicil, leis an gcóras, leis an gcomhpháirt nó leis an aonad teicniúil ar leithligh atá i gceist, ar measúnú é a chumhdóidh na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha go hiomlán leis na húdaráis ceadaithe agus/nó leis na húdaráis um fhaireachas margaidh.

Más rud é, agus an measúnú sin á dhéanamh, go bhfionnann an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú nach gcomhlíonann an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh sé gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach gníomh ceartaitheach iomchuí, a bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca atá ann, a dhéanamh chun go gcomhlíonfaidh an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh na ceanglais sin, nó ceanglóidh siad ar an oibreoir an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a tharraingt siar ón margadh, nó a aisghlaoch laistigh de thréimhse réasúnach.

Beidh feidhm ag Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 maidir leis na bearta dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo.

2. I gcás ina measann na húdaráis ceadaithe nach bhfuil neamhchomhréireacht srianta dá gcríoch náisiúnta féin, déanfaidh siad torthaí an mheasúnaithe, chomh maith leis an ngníomhaíocht is gá don oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh, a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar gach beart ceartaitheach is iomchuí maidir leis na feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh neamhchomhlíontacha go léir a chuir sé ar an margaidh, a chláraigh sé nó a raibh sé freagrach as a gcur i seirbhís san Aontas.

4. I gcás nach ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch bearta ceartaitheacha dóthanacha laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, déanfaidh na húdaráis náisiúnta gach beart iomchuí chun cur ar fáil ar an margadh, clárú nó cur i seirbhís feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh atá neamhchomhlíontach a chosc nó a shrianadh ar a margadh náisiúnta, nó chun iad a tharraingt siar ón margadh sin nó chun iad a aisghlaoch.

5. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta, gan mhoill, an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na bearta dá bhforáiltear i mír 4.

Áiritheofar san fhaisnéis a sholáthrófar gach mionsonra atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh atá neamhchomhlíontach a aithint, tionscnamh na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh, an cineál neamhchomhréireachta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, mar aon le cineál agus fad na mbeart náisiúnta a glacadh agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh. Go háirithe, cuirfidh na húdaráis ceadaithe in iúl cibé ar ceachtar díobh seo a leanas is cúis leis an neamhchomhréireacht:

(a) an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh gan a bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le sláinte nó sábháilteacht daoine, le cosaint an chomhshaoil nó le gnéithe eile de chosaint leasanna poiblí atá cumhdaithe faoin Rialachán seo;

(b) easnaimh sna gníomhartha ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

6. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, laistigh de mhí amháin, aon bhearta atá glactha acu agus aon fhaisnéis bhreise atá ar fáil dóibh maidir le neamhchomhréireacht na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh atá i gceist agus, mura n-aontaíonn siad leis an mbeart náisiúnta ar tugadh fógra ina leith, cuirfidh siad a n-agóidí in iúl.

7. Más rud é, laistigh de mhí amháin tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a fháil, go ndéanann Ballstát eile nó an Coimisiún agóid maidir le beart a ghlac Ballstát, déanfaidh an Coimisiún an beart sin a mheas i gcomhréir le hAirteagal 47.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta sriantacha iomchuí maidir leis an bhfeithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh lena mbaineann, amhail an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a tharraingt siar ón margadh, gan mhoill.

*Airteagal 47*

### Nós imeachta cosanta an Aontais

1. Más rud é, le linn an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 46(3) agus (4), go ndéantar agóidí i gcoinne birt a ghlac Ballstát, nó má mheasann an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbeart náisiúnta gan mhoill tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin, cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2), an féidir a mheas go bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil.

Cuirfidh an Coimisiún a chinneadh in iúl do na Ballstáit uile agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

2. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh atá neamhchomhlíontach a tharraingt siar óna margadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas ina thaobh sin. Má mheastar nach bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart a tharraingt siar nó a oiriúnú, i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1.

3. I gcás ina meastar go bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta agus gur féidir é sin a chur síos d'easnaimh sa Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe nó sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, molfaidh an Coimisiún bearta iomchuí mar seo a leanas:

(a) sa chás gur gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo atá i gceist, molfaidh an Coimisiún na leasuithe is gá ar an ngníomh lena mbaineann;

(b) sa chás gur rialacháin CENAE atá i gceist, molfaidh an Coimisiún na dréacht-leasuithe is gá ar rialacháin ábhartha CENAE i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme faoi Chomhaontú Leasaithe 1958.

*Airteagal 48*

**Feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá comhlíontach agus a chothaíonn riosca tromchúiseach**

1. Más rud é, tar éis dó measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 46(1), go gcinneann Ballstát go gcothaíonn feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, cé go bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh acu nó cé go bhfuil an mharcáil cheart orthu, riosca tromchúiseach maidir le sábháilteacht nó go bhféadfaidís dochar mór a dhéanamh don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcothóidh na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh lena mbaineann riosca a thuilleadh nuair a dhéantar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís, agus ceanglófar ar an oibreoir an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh a tharraingt siar ón margadh nó a aisghlaoch laistigh de thréimhse réasúnach, a bheidh i gcomhréir le nádúr an riosca. Féadfaidh an Ballstát diúltú feithiclí den sórt sin a chlárú go dtí go mbeidh na bearta iomchuí sin go léir déanta ag monaróir na feithicle.

2. Maidir le feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar gníomh ceartaitheach maidir le gach feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh den sórt sin a chuirtear ar an margadh, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís san Aontas.

3. Cuirfidh an Ballstát dá dtagraítear i mír 1 an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas laistigh de mhí amháin maidir le gach mionsonra atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an fheithicil, an córas, an chomhpháirt nó an t-aonad teicniúil ar leithligh lena mbaineann a shainaithint, tionscnamh agus slabhra soláthair na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh, an cineál riosca lena mbaineann agus cineál agus fad na mbeart náisiúnta a glacadh.

4. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, gan mhoill, leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, agus, go háirithe, leis an údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú, agus déanfaidh sé measúnú ar an mbeart náisiúnta a glacadh. Ar bhonn na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún an féidir a mheas go bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 nó nach bhfuil agus, i gcás inar gá, molfaidh sé bearta iomchuí.

5. Déanfaidh an Coimisiún a chinneadh a dhíriú chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

*Airteagal 49*

**Feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh nach bhfuil i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe**

1. Maidir le feithiclí nua, córais nua, comhpháirteanna nua nó aonaid theicniúla ar leithligh nua lena ngabhann deimhniú comhréireachta nó ar a bhfuil marc ceadaithe, mura bhfuil siad i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE na bearta is gá, lena n-áirítear an cineálcheadú a tharraingt siar, chun a áirithiú go ndéantar feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtáirgeadh, a thabhairt i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

2. Chun críocha mhír 1, má imítear ó na sonraí sa deimhniú ar chineálcheadú AE nó sa phacáiste faisnéise, measfar gurb ionann sin agus gan a bheith i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe.

3. Má léiríonn údarás ceadaithe nach bhfuil feithiclí nua, comhpháirteanna nua nó aonaid theicniúla ar leithligh nua lena ngabhann deimhniú comhréireachta, nó ar a bhfuil marc ceadaithe a eisíodh i mBallstát eile, i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe, féadfaidh sé a iarraidh ar an údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE a fhíorú go bhfuil feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá á dtáirgeadh i gcomhréir i gcónaí leis an gcineál ceadaithe. Ar an iarraidh sin a fháil dó, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE gach beart is gá a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

4. Iarrfaidh an t-údarás ceadaithe ar an údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE do chóras, do chomhpháirt, d'aonad teicniúil ar leithligh nó d'fheithicil neamhiomlán an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar feithiclí atá á dtáirgeadh a thabhairt ar ais chun comhréireachta sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás cineálcheadú feithicle AE, más féidir neamhchomhréireacht feithicle a chur síos go heisiach do neamhchomhréireacht córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh;

(b) i gcás cineálcheadaithe ilchéime, más féidir neamhchomhréireacht feithicle lánchríochnaithe a chur síos go heisiach do neamhchomhréireacht córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh ar cuid den fheithicil neamhiomlán é nó más féidir í a chur síos go heisiach do neamhchomhréireacht na feithicle neamhiomláine féin.

5. Ar an iarraidh sin a fháil dó, déanfaidh an t-údarás ceadaithe lena mbaineann an ghníomhaíocht is gá, i gcomhar leis an údarás ceadaithe a rinne an iarraidh, más gá, a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

6. I gcás ina suitear gur ann do neamhchomhréireacht, déanfaidh údarás ceadaithe an Bhallstáit a dheonaigh cineálcheadú AE don chóras, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh nó don fheithicil neamhiomlán na bearta a leagtar amach i mír 1.

Cuirfidh na húdaráis ceadaithe a chéile ar an eolas laistigh de mhí amháin faoi aon tarraingt siar de chineálcheadú AE agus faoi na cúiseanna atá leis an tarraingt siar sin.

7. Má dhíospóideann an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE an neamhchomhréireacht ar tugadh fógra dó ina leith, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann a ndícheall an díospóid a réiteach. Coimeádfar an Coimisiún ar an eolas agus, i gcás inar gá, reáchtálfaidh sé comhairliúcháin iomchuí d'fhonn teacht ar réiteach.

*Airteagal 50*

**Páirteanna nó trealamh a chur ar an margadh agus a chur i seirbhís a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chothú do dhea-fheidhmiú córas atá fíor-riachtanach**

1. Páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chothú do dhea-fheidhmiú córas atá fíor-riachtanach ó thaobh shábháilteacht nó fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle de, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís agus déanfar iad a thoirmeasc, mura rud é go bhfuil siad údaraithe ag údarás ceadaithe i gcomhréir le hAirteagal 51(1) agus (4).

2. Chun a áirithiú go ndéanfar mír 1 a chur i bhfeidhm ar bhealach comhionann, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta de na páirteanna nó den trealamh sin a tharraingt suas bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus go háirithe faisnéis a bheidh curtha in iúl ag na Ballstáit maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a thromchúisí atá an riosca do shábháilteacht nó d'fheidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí ar a bhfuil na páirteanna nó an trealamh i gceist feistithe;

(b) an tionchar féideartha a bheadh ar thomhaltóirí agus ar mhonaróirí iarmhargaidh dá ndéanfaí ceanglas údaraithe féideartha maidir le páirteanna nó trealamh a fhorchur faoin Airteagal seo.

Glacfar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le páirteanna bunaidh nó trealamh bunaidh ná maidir le páirteanna nó trealamh a dhéantar a chineálcheadú i gcomhréir le haon cheann de na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II, ach amháin sa chás go mbaineann an ceadú le gnéithe eile seachas na gnéithe sin atá cumhdaithe faoi mhír 1.

Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le páirteanna ná trealamh a tháirgtear go heisiach d'fheithiclí rásaíochta agus nach bhfuil ceaptha lena n-úsáid ar bhóithre poiblí. Más rud é go mbíonn úsáid dhéach, eadhon le haghaidh rásaíochta agus le haghaidh úsáid ar bhóithre, ag páirteanna nó trealamh atá curtha ar liosta a bhunaítear trí ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, féadfar gan na páirteanna nó an trealamh sin a chur ar fáil don phobal i gcoitinne le haghaidh a n-úsáide i bhfeithiclí bóthair mura rud é go gcomhlíonann siad ceanglais an Airteagail seo. I gcás inarb iomchuí, glacfaidh an Coimisiún forálacha chun na páirteanna nó an trealamh dá dtagraítear sa mhír seo a shainaithaint.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 maidir leis na ceanglais a chaithfidh na páirteanna agus an trealamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

Féadfaidh na ceanglais sin a bheith bunaithe ar na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II nó d'fhéadfadh sé gurb éard a bheadh iontu ná comparáid a dhéanamh idir na páirteanna nó an trealamh agus feidhmíocht shábháilteachta nó chomhshaoil na feithicle bunaidh, nó aon cheann dá páirteanna, de réir mar is iomchuí. I gceachtar cás díobh, áiritheoidh na ceanglais nach ndéanfaidh na páirteanna nó an trealamh dochar d'fheidhmiú na gcóras sin atá fíor-riachtanach do shábháilteacht nó d'fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle.

*Airteagal 51*

**Páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh riosca tromchúiseach a chothú d'fheidhmiú ceart córas fíor-riachtanach — ceanglais ghaolmhara**

1. Chun críocha Airteagal 50(1), déanfaidh monaróir páirteanna nó trealaimh iarratas mar aon le tuarascáil ar thástálacha, arna dréachtú ag seirbhís theicniúil a ceapadh chuige sin, a chur chuig an údarás ceadaithe, lena ndeimhneofar go gcomhlíonann na páirteanna nó an trealamh dá bhfuiltear ag lorg údaraithe na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 50(4). Ní fhéadfaidh an monaróir ach aon iarratas amháin in aghaidh an chineáil i gcomhair gach páirte a chur faoi bhráid údaráis ceadaithe amháin.

Má iarrann údarás inniúil Ballstáit eile cóip den deimhniú ar chineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, an deimhniú ar chineálcheadú AE a iarradh, in éineacht leis na ceangaltáin, a sheoladh trí chóras leictreonach malairte comhchoiteann slán chuig an údarás inniúil sin. Féadfaidh an chóip sin a bheith i bhfoirm comhaid leictreonaigh shláin freisin.

2. Beidh san iarratas mionsonraí maidir le monaróir na bpáirteanna nó an trealaimh, cineál, uimhreacha aitheantais agus uimhreacha páirteanna na bpáirteanna nó an trealaimh, ainm mhonaróir na feithicle, an cineál feithicle agus, más iomchuí, an bhliain ina ndearnadh í nó aon fhaisnéis eile lena bhféadfar an fheithicil a bhfuil na páirteanna nó an trealamh le feistiú uirthi a shainaithint.

Nuair is deimhin leis an údarás ceadaithe, tar éis dó an tuarascáil ar thástálacha agus fianaise eile a chur san áireamh, go gcomhlíonann na páirteanna nó an trealamh atá i gceist na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 50(4), údaróidh sé na páirteanna nó an trealamh a chur ar an margadh agus a chur i seirbhís faoi réir an dara fomhír de mhír 4 den Airteagal seo.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe deimhniú a eisiúint gan mhoill don mhonaróir.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléad agus córas uimhríochta a leagan síos le haghaidh an deimhnithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

4. Cuirfidh an monaróir an t-údarás ceadaithe a thug an t-údarú ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar na coinníollacha faoinar eisíodh é. Cinnfidh an t-údarás ceadaithe sin cibé acu is gá an t-údarú a athbhreithniú nó a atheisiúint nó nach gá, agus cibé acu is gá tuilleadh tástálacha a dhéanamh nó nach gá.

Beidh an monaróir freagrach as a áirithiú go ndéantar na páirteanna nó an trealamh sin a tháirgeadh, nó go leantar de bheith á dtáirgeadh, faoi na coinníollacha faoinar eisíodh an t-údarú.

5. Sula ndéantar aon údarú a sheachadadh, fíoróidh an t-údarás ceadaithe go bhfuil socruithe agus nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm chun rialú éifeachtach ar chomhréireacht na táirgeachta a áirithiú.

I gcás ina bhfionnann an t-údarás ceadaithe nach bhfuil na coinníollacha faoinar eisíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh, iarrfaidh sé ar an monaróir na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na páirteanna nó an trealamh a thabhairt ar ais chun comhréireachta. Más gá, déanfaidh sé an t-údarú a tharraingt siar.

6. Cuirfidh údaráis ceadaithe ó Bhallstáit éagsúla an Coimisiún ar an eolas faoi aon easaontú maidir leis an údarú dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis ceadaithe, déanfaidh an Coimisiún na bearta is iomchuí chun an t-easaontú a réiteach, lena n-áirítear, i gcás inar gá, a cheangal go ndéanfar an t-údarú a tharraingt siar.

7. Go dtí go mbunófar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 50(2), féadfaidh na Ballstáit a gcuid forálacha náisiúnta a choimeád ar bun maidir le páirteanna nó trealamh a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú ceart córas atá fíor-riachtanach ó thaobh shábháilteacht nó feidhmíocht chomhshaoil na feithicle de.

*Airteagal 52*

**Feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a aisghlaoch**

1. Más rud é go gcuirtear d'oibleagáid ar mhonaróir ar deonaíodh chineálcheadú AE feithicle ina hiomláine dó, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, feithiclí a cuireadh ar an margadh, a cláraíodh nó a bhfuil an monaróir freagrach as a gcur i seirbhís a aisghlaoch, toisc gur riosca tromchúiseach do shábháilteacht, don tsláinte phoiblí nó do chosaint an chomhshaoil é córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh atá feistithe ar an bhfeithicil sin, bíodh siad ceadaithe mar is iomchuí i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ná bíodh, nó toisc gur riosca tromchúiseach do shábháilteacht, don tsláinte phoiblí nó do chosaint an chomhshaoil é páirt nach bhfuil faoi réir aon cheanglas sonrach faoin reachtaíocht cineálcheadaithe, cuirfidh an monaróir sin an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú feithicle ar an eolas láithreach.

2. Más rud é go gcuirtear d'oibleagáid ar mhonaróir córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh ar deonaíodh cineálcheadú AE dó, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a cuireadh ar an margadh nó a bhfuil an monaróir freagrach as a gcur i seirbhís a aisghlaoch mar go gcothaíonn siad riosca tromchúiseach do shábháilteacht, do shábháilteacht ceirde, don tsláinte phoiblí nó do chosaint an chomhshaoil, bíodh siad ceadaithe go cuí i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ná bíodh, cuirfidh an monaróir an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú ar an eolas faoi láithreach.

3. Molfaidh an monaróir tacar leigheasanna iomchuí don údarás ceadaithe chun an riosca tromchúiseach dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a réiteach. Cuirfidh an t-údarás ceadaithe na leigheasanna molta in iúl d'údaráis ceadaithe na mBallstát eile gan mhoill.

Áiritheoidh na húdaráis ceadaithe go ndéanfar na leigheasanna a chur chun feidhme go hiarbhír ina mBallstáit faoi seach.

4. Má mheasann an t-údarás ceadaithe lena mbaineann nach leor na leigheasanna nó nach bhfuil siad á gcur chun feidhme tapa go leor, cuirfidh sé an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE ar an eolas faoi gan mhoill.

Ina dhiaidh sin, cuirfidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE an monaróir ar an eolas faoi. Mura molann an monaróir bearta ceartaitheacha éifeachtacha, agus mura gcuireann sé chun feidhme iad, déanfaidh an t-údarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE gach beart cosanta is gá, lena n-áirítear cineálcheadú AE a tharraingt siar. I gcás ina ndéantar cineálcheadú AE a tharraingt siar, déanfaidh an t-údarás ceadaithe, laistigh de mhí amháin ón tarraingt siar sin, fógra a thabhairt don mhonaróir, d'údaráis ceadaithe na mBallstát eile agus don Choimisiún i litir chláraithe nó trí mhodh coibhéiseach leictreonach.

*Airteagal 53*

**Fógra faoi chinntí agus faoi leigheasanna atá ar fáil**

1. Maidir le gach cinneadh a dhéantar de bhun an Rialacháin seo agus gach cinneadh lena ndéantar cineálcheadú AE a dhiúltú nó a tharraingt siar, lena ndéantar cur ar an margadh, clárú nó cur i seirbhís feithicle a dhiúltú, a thoirmeasc nó a shrianadh nó lena n-éilítear feitihicil a tharraingt siar ón margadh, luafar iontu go mionchruinn na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe.

2. Tabharfar fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don pháirtí lena mbaineann agus cuirfear an páirtí sin ar an eolas, ag an am céanna, faoi na leigheasanna atá ar fáil dó faoi na dlíthe atá i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann agus faoi na teorainneacha ama a cheadaítear chun na leigheasanna sin a fheidhmiú.

CAIBIDIL XIII

**RIALACHÁIN IDIRNÁISIÚNTA**

*Airteagal 54*

**Rialacháin CENAE atá riachtanach le haghaidh cineálcheadú AE**

1. Na rialacháin CENAE, nó leasuithe orthu, ar vótáil an tAontas ina bhfabhar nó dá bhfuil an tAontas aontaithe agus a liostaítear sa Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, beidh siad mar chuid de na ceanglais do chineálcheadú AE i gcomhair feithicle.

2. Glacfaidh údaráis ceadaithe na mBallstát le ceaduithe a dheonaítear i gcomhréir leis na rialacháin CENAE dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, leis na marcanna ceadaithe ábhartha, in ionad na gceaduithe comhfhreagracha agus na marcanna ceadaithe comhfhreagracha a dheonaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

3. Nuair a bheidh vótáil déanta ag an Aontas i bhfabhar rialacháin CENAE nó na leasuithe a ghabhann leis ar mhaithe le cineálcheadú feithicle AE, déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an rialachán CENAE nó leasuithe a rinneadh air, a dhéanamh éigeantach agus chun an Rialachán seo a leasú nó na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a leasú, de réir mar is iomchuí.

Déanfar na dátaí ar a gcuirfear an rialachán CENAE nó na leasuithe a rinneadh air i bhfeidhm go sainordaitheach a shonrú sa ghníomh tarmligthe sin agus déanfar forálacha idirthréimhseacha a áireamh ann i gcás inarb iomchuí.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe ar leithligh a ghlacadh ina léireofar cur i bhfeidhm sainordaitheach rialachán CENAE.

## CAIBIDIL XIV

## FAISNÉIS THEICNIÚIL A SHOLÁTHAR

### *Airteagal 55*

### Faisnéis atá ceaptha d'úsáideoirí

1. Ní fhéadfaidh an monaróir aon fhaisnéis theicniúil a sholáthar a bhaineann leis na sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, nó sna gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo ar faisnéis í a imíonn ó na sonraí atá ceadaithe ag an údarás ceadaithe.

2. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ngníomh tarmligthe nó i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, cuirfidh an monaróir ar fáil d'úsáideoirí an fhaisnéis ábhartha uile agus gach treoir riachtanach ina dtugtar tuairisc ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon shrianta a bhaineann le húsáid feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh.

3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an fheithicil le cur ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís. Soláthrófar í, tar éis don údarás ceadaithe glacadh léi, i lámhleabhar an úinéara.

### *Airteagal 56*

### Faisnéis atá ceaptha do mhonaróirí comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leith

1. Cuirfidh an monaróir feithicle ar fáil do mhonaróirí comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh na sonraí uile atá riachtanach le haghaidh cineálcheadú AE comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh, nó atá riachtanach chun údarú a fháil faoi Airteagal 50, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, líníochtaí dá dtagraítear sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

Féadfaidh an monaróir feithiclí comhaontú ceangailteach a fhorchur ar mhonaróirí na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh chun rúndacht aon fhaisnéise nach bhfuil san fhearann poiblí, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, a chosaint.

2. Maidir le monaróir na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leith, ina cháil mar shealbhóir deimhnithe ar chineál-cheadú AE, ar cuid de, i gcomhréir le hAirteagal 31(4), srianta ar úsáid nó coinníollacha speisialta suiteála nó an dá rud, déanfaidh sé an fhaisnéis mhionsonraithe uile i leith an deimhnithe a sholáthar don mhonaróir feithiclí.

I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, soláthróidh monaróir na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leith, in éineacht leis na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh a tháirgtear, treoracha a bhaineann le srianta ar úsáid nó le coinníollacha speisialta suiteála nó leis an dá rud.

## CAIBIDIL XV

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOI DHEISIÚ AGUS FAOI CHOTHABHÁIL

### *Airteagal 57*

### Oibleagáidí na monaróirí

1. Déanfaidh monaróirí, ar bhealach sorochtana agus pras, rochtain neamhshrianta ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a sholáthar d'oibreoirí neamhspleácha trí shuíomhanna gréasáin ina n-úsáidtear formáid chaighdeánaithe. Go sonrach, deonófar an rochtain sin ar dhóigh atá neamh-idirdhealaitheach i gcomparáid leis an soláthar a thugtar nó an rochtain a dheonaítear do dhéileálaithe údaraithe agus do dheisitheoirí údaraithe. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid seo má tá feithicil ceadaithe mar fheithicil a tháirgtear i sraith bheag.

2. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún caighdeán coiteann, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach ar bhealach comhsheasmhach ar féidir le hoibreoirí neamhspleácha í a phróiseáil le hiarracht réasúnach.

Cuirfidh na monaróirí ábhar oiliúna ar fáil freisin d'oibreoirí neamhspleácha agus do dhéileálaithe údaraithe agus do dheisi-theoirí údaraithe.

3. Áiritheofar an méid seo a leanas, ar a laghad, san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1:

(a) uimhir aitheantais aonchiallach feithicle;

(b) lámhleabhair seirbhíse, lena n-áirítear taifid do dheisiú agus do chothabháil agus sceidil seirbhíse;

(c) lámhleabhair theicniúla agus feasacháin don tseirbhís theicniúil;

(d) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (amhail íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(e) léaráidí den sreangú;

(f) cóid dhiagnóiseacha ainghléis, lena n-áirítear cóid atá sonrach don mhonaróir;

(g) an uimhir aitheantais bogearraí agus an uimhir fíoraithe calabrúcháin is infheidhme maidir le cineál feithicle;

(h) faisnéis a bhaineann le huirlisí agus trealamh dílsithe agus a chuirtear ar fáil tríothu;

(i) faisnéis faoi thaifead sonraí agus sonraí an fhaireacháin déthreo agus na tástála;

(j) aonaid oibre.

4. Maidir le déileálaithe údaraithe nó deisitheoirí údaraithe a bhaineann le córas dáileacháin monaróra áirithe feithiclí, measfar gur oibreoirí neamhspleácha iad chun críocha an Rialacháin seo a mhéid a sholáthraíonn siad seirbhísí deisithe nó cothabhála le haghaidh feithiclí nuair nach comhaltaí iad de chóras dáileacháin an mhonaróra feithiclí sin.

5. Beidh faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil i gcónaí, ach amháin nuair is gá an córas faisnéise a chothabháil.

6. Chun páirteanna athsholáthair nó páirteanna seirbhíse atá comhoiriúnach le DAB, mar aon le huirlisí diagnóiseacha agus trealamh tástála, a mhonarú agus a sheirbhísiú, cuirfidh na monaróirí an fhaisnéis ábhartha DAB agus an fhaisnéis ábhartha faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach d'aon mhonaróir nó deisitheoir leasmhar comhpháirteanna, uirlisí diagnóiseacha nó trealaimh tástála.

7. Chun trealamh mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí breosla ionadúil a dhearadh agus a mhonarú, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis ábhartha DAB agus an fhaisnéis ábhartha faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach d'aon mhonaróir, suiteálaí nó deisitheoir leasmhar trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ionadúil.

8. Agus iarratas ar chineálcheadú AE á dhéanamh aige, cuirfidh an monaróir cruthúnas ar fáil don údarás ceadaithe go gcomhlíonann sé an Rialachán seo maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoin Airteagal seo.

Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, nó sa chás nach bhfuil sí i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, tráth a bheidh iarratas á dhéanamh ar chineálcheadú AE ag an monaróir, déanfaidh sé an fhaisnéis sin a sholáthar laistigh de shé mhí ó dháta an chineálcheadaithe.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléad a leagan síos le haghaidh deimhniú do rochtain ar fhaisnéis DAB agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí lena soláthraítear an cruthúnas comhréireachta sin don údarás ceadaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2).

9. Mura ndéanfar an cruthúnas sin ar chomhlíonadh a sholáthar laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 8, déanfaidh an t-údarás ceadaithe bearta iomchuí a ghlacadh chun comhlíonadh a áirithiú.

10. Cuirfidh an monaróir leasuithe agus forlíontaí ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar a shuíomhanna gréasáin an tráth céanna a chuirfear ar fáil do dheisitheoirí údaraithe iad.

11. I gcás ina gcoimeádtar taifid deisithe agus chothabhála feithicle i mbunachar sonraí lárnach de chuid an mhonaróra feithiclí nó thar a cheann, beidh rochtain shaor in aisce ag deisitheoirí neamhspleácha ar na taifid sin agus beidh siad in ann faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a rinne siad féin a iontráil ann.

12. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena leagtar síos mionsonraí na gceanglas maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil, go háirithe sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leis an gcaoi a soláthrófar faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí.

*Airteagal 58*

**Oibleagáidí maidir le sealbhóirí éagsúla cineálcheadaithe**

1. I gcás cineálcheadaithe céim ar chéim nó cineálcheadaithe ilchéime, beidh an monaróir atá freagrach as an gcineálcheadú faoi seach freagrach freisin as an monaróir deiridh agus as oibreoirí neamhspleácha araon a chur ar an eolas maidir le faisnéis faoi dheisiú a bhaineann leis an gcóras áirithe sin, leis an gcomhpháirt áirithe sin nó leis an aonad teicniúil ar leithligh áirithe sin nó a bhaineann leis an gcéim áirithe sin.

2. Beidh an monaróir deiridh freagrach as faisnéis faoin bhfeithicil ina hiomláine a chur ar fáil do na hoibreoirí neamhspleácha.

*Airteagal 59*

**Táillí rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí**

1. Féadfaidh monaróirí táillí réasúnta agus comhréireacha a ghearradh ar rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí atá cumhdaithe ag an Rialachán seo. Ní mheasfar táille a bheith réasúnta ná comhréireach má dhéanann sí rochtain a dhíspreagadh toisc nach gcuirtear san áireamh léi an méid a úsáideann an t-oibreoir neamhspleách an fhaisnéis sin.

2. Cuirfidh monaróirí faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn laethúil, míosúil agus bliantúil, agus athrófar na táillí don rochtain ar an bhfaisnéis sin de réir na dtréimhsí faoi seach a ndeonaítear rochtain ina leith.

*Airteagal 60*

**Fóram maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoi Fheithiclí**

Déanfar raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanann an Fóram maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoi Fheithiclí, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ([1]) a leathnú go dtí feithiclí atá clúdaithe ag an Rialachán seo.

Ar bhonn fianaise ar mhí-úsáid faisnéise faoi DAB feithicle agus faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithicle, bíodh an mhí-úsáid sin d'aon ghnó nó go neamhthoiliúil, tabharfaidh an Fóram dá dtagraítear sa chéad mhír comhairle don Choimisiún faoi bhearta a chuirfeadh cosc ar mhí-úsáid faisnéise den sórt sin.

CAIBIDIL XVI

**SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA A AINMNIÚ AGUS A FHÓGAIRT**

*Airteagal 61*

**Ceanglais a bhaineann le seirbhísí teicniúla**

1. Déanfaidh údaráis ceadaithe ainmniúcháin, sula n-ainmneoidh siad seirbhís theicniúil de bhun Airteagal 63, a áirithiú go gcomhlíonann an tseirbhís theicniúil sin na ceanglais a leagtar síos i mír 2 go mír 9 den Airteagal seo.

2. Gan dochar d'Airteagal 64(1), bunófar seirbhís theicniúil faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

3. Beidh seirbhís theicniúil ina comhlacht tríú páirtí atá neamhspleách ar phróiseas deartha, monaraithe, soláthair nó cothabhála na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh atá á mheasúnú aici.

Maidir le comhlacht a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais atá páirteach i ndearadh, monarú, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh atá á measúnú, á dtástáil nó á n-imscrúdú ag an gcomhlacht, féadfar a mheas go bhfuil an comhlacht sin ag comhlíonadh cheanglais na chéad fhomhíre, ar choinníoll go léireofar go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa i gceist.

4. Maidir le seirbhís theicniúil, lucht a hardbhainistíochta nó an pearsanra atá freagrach as na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil siad ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 63(1) a dhéanamh, ní hiad a bheidh mar dhearthóir, monaróir, soláthróir nó cothabhálaí na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh atá á measúnú acu, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtithe a ghabhann do na gníomhaíochtaí sin. Ní chuirfidh sé sin bac ar úsáid a bhaint as feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, a bhfuil measúnú déanta orthu agus a bhfuil gá leo le haghaidh oibriú na seirbhíse teicniúla ná úsáid a bhaint as feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh den sórt sin chun críocha pearsanta.

Áiritheoidh seirbhís theicniúil nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a fochuideachtaí nó a fochonraitheoirí difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht nó do neamhchlaontacht na gcatagóirí gníomhaíochtaí ar ina leith a ainmníodh í.

5. Déanfaidh seirbhís theicniúil agus a pearsanra na catagóirí gníomhaíochtaí a bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair leis an oiread ionracais ghairmiúil agus is féidir agus leis an inniúlacht theicniúil is fearr sa réimse sonrach atá i gceist agus beidh sí saor ó gach brú nó gach aslach, go háirithe de chineál airgeadais, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a breithiúnas nó ar thorthaí a cuid gníomhaíochtaí measúnaithe, go háirithe aon bhrú nó aon aslach ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh seirbhís theicniúil ábalta na catagóirí gníomhaíochtaí uile á bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair, i gcomhréir le hAirteagal 63(1), a chomhlíonadh, trína léiriú chun sástachta an údaráis ceadaithe ainmniúcháin, go bhfuil an méid seo a leanas aici:

(a) pearsanra ag a bhfuil na scileanna iomchuí, eolas teicniúil sainiúil agus gairmoiliúint mar aon le taithí leordhóthanach agus iomchuí chun an cúram a dhéanamh;

(b) tuairiscí ar nósanna imeachta is ábhartha do na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ag lorg ainmniúcháin, lena n-áiritheofar trédhearcacht agus in-atáirgeacht na nósanna imeachta sin;

(c) nósanna imeachta maidir le feidhmíocht na gcatagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ag lorg ainmniúcháin, ar nósanna imeachta iad ina dtugtar aird chuí ar a chasta atá teicneolaíocht na feithicle, an chórais, na comhpháirte nó an aonaid theicniúil ar leithligh atá i gceist agus ar nádúr olltáirgthe nó sraitheach an phróisis táirgeachta; agus

(d) an acmhainn is gá chun na cúraimí a bhaineann leis na catagóirí gníomhaíochtaí dá bhfuil sí ag lorg ainmniúcháin a dhéanamh mar is iomchuí agus go bhfuil rochtain aici ar gach trealamh nó saoráid is gá.

Chomh maith leis sin, léireoidh sí don údarás ceadaithe ainmniúcháin go bhfuil sí ag comhlíonadh na gcaighdeán a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 65 agus atá ábhartha do na catagóirí gníomhaíochtaí ar ina leith a ainmníodh í.

7. Ráthófar neamhchlaontacht na seirbhísí teicniúla, lucht a hardbhainistíochta agus an phearsanra measúnaithe. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le neamhspleáchas a mbreithiúnais nó a n-ionracas i ndáil le catagóirí gníomhaíochtaí ar ina leith a ainmníodh iad.

([1]) IO L 199, 28.7.2008, lch. 1.

8. Gheobhaidh seirbhísí teicniúla árachas dliteanais a bhaineann lena ngníomhaíochtaí mura rud é go ngabhann an Ballstát dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó go bhfuil an Ballstát féin freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.

9. Déanfaidh pearsanra seirbhíse teicniúla rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear i gcomhlíonadh a gcuid gcúraimí dóibh faoin Rialachán seo nó faoi aon fhoráil de chuid an dlí náisiúnta a thugann éifeacht dó, ach amháin a mhéid a bhaineann leis an údarás ceadaithe ainmniúcháin nó i gcás ina n-éilítear an fhaisnéis le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta. Déanfar cearta dílseánaigh a chosaint.

*Airteagal 62*

**Fochuideachtaí seirbhísí teicniúla agus fochonraitheoireacht na seirbhísí teicniúla**

1. Féadfaidh seirbhísí teicniúla cuid dá ngníomhaíochtaí dá bhfuil siad ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 63(1) a chur ar fhochonradh nó féadfaidh siad na gníomhaíochtaí sin a chur á ndéanamh ag fochuideachta, ach is le comhaontú a n-údarás ceadaithe ainmniúcháin amháin a fhéadfar an méid sin a dhéanamh.

2. I gcás ina gcuireann seirbhís theicniúil cúraimí sonracha a bhaineann leis an gcatagóir gníomhaíochtaí dá bhfuil sé ainmnithe ar fochonradh nó i gcás ina dtéann sí ar iontaoibh fochuideachta, áiritheoidh sí go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 61 agus cuirfidh sí an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin ar an eolas dá réir sin.

3. Glacfaidh seirbhísí teicniúla lánfhreagracht as na cúraimí a dhéanann aon cheann dá gcuid fochonraitheoirí nó dá gcuid fochuideachtaí, cibé áit ina bhfuil siad bunaithe.

4. Déanfaidh seirbhísí teicniúla na doiciméid ábhartha a bhaineann le measúnú cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus a bhaineann leis na cúraimí a dhéanann siad a choimeád ar fáil don údarás ceadaithe ainmniúcháin.

*Airteagal 63*

**Seirbhísí teicniúla a ainmniú**

1. Déanfar seirbhísí teicniúla a ainmniú do cheann amháin nó níos mó de na catagóirí gníomhaíochta seo a leanas, ag brath ar a réimse inniúlachta:

(a) catagóir A: seirbhísí teicniúla a dhéanann na tástálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II ina saoráidí féin;

(b) catagóir B: seirbhísí teicniúla a dhéanann maoirseacht ar na tástálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II i gcás ina ndéantar na tástálacha sin i saoráidí an mhonaróra nó i saoráidí de chuid tríú páirtí;

(c) catagóir C: seirbhísí teicniúla a dhéanann measúnú agus faireachán ar bhonn rialta ar nósanna imeachta an mhonaróra maidir le comhréireacht táirgeachta a rialú;

(d) catagóir D: seirbhísí teicniúla a dhéanann tástálacha nó cigireacht, nó a dhéanann maoirseacht ar thástálacha nó ar chigireacht, maidir le faireachas ar chomhréireacht táirgeachta.

2. Féadfar údarás ceadaithe a ainmniú mar sheirbhís theicniúil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le seirbhísí teicniúla tríú tír, cé is moite díobh sin arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 64, féadfar fógra a thabhairt ina leith chun críocha Airteagal 67, ach ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach amháin má fhoráiltear do ghlacadh seirbhísí teicniúla den sórt sin le comhaontú déthaobhach idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann. Ní choiscfear leis an méid sin seirbhís theicniúil arna bunú faoi dhlí náisiúnta Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 61(2) ó fhochuideachtaí a bhunú i dtríú tíortha, ar choinníoll go ndéanann an tseirbhís theicniúil ainmnithe na fochuideachtaí sin a bhainistiú agus a rialú go díreach.

*Airteagal 64*

**Seirbhísí teicniúla creidiúnaithe intí an mhonaróra**

1. Ní fhéadfar seirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí monaróra a ainmniú ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí de chatagóir A maidir le ceanglais theicniúla a bhfuil féintástáil ceadaithe lena n-aghaidh trí bhíthin gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo. Beidh an tseirbhís theicniúil sin ina cuid leithleach agus sainiúil den ghnóthas agus ní bheidh baint aici le dearadh, monarú, soláthar ná cothabháil na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh atá á measúnú aici.

2. Comhlíonfaidh seirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí na ceanglais seo a leanas:

(a) sa bhreis ar a bheith ainmnithe ag údarás ceadaithe Ballstáit, beidh sí creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta de réir mar a shainítear é i bpointe 11 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus i gcomhréir leis na caighdeáin agus an leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 65 den Rialachán seo;

(b) beidh an tseirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí agus a pearsanra inaitheanta ó thaobh eagraíochta de agus beidh modhanna tuairiscithe acu, laistigh den ghnóthas ar cuid de iad, a áiritheoidh go bhfuil siad neamhchlaonta agus a léireoidh a neamhchlaontacht don chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta ábhartha;

(c) ní ghabhfaidh an tseirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí ná a pearsanra d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le neamhspleáchas a mbreithiúnais nó a n-ionracas i ndáil leis na catagóirí gníomhaíochtaí ar ina leith a ainmnítear iad;

(d) ní chuirfidh an tseirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí a cuid seirbhísí ar fáil ach amháin don ghnóthas ar cuid de í.

3. Ní gá fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sheirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí chun críocha Airteagal 67 ach déanfaidh an gnóthas ar cuid de í nó an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta faisnéis maidir le creidiúnú na seirbhíse teicniúla creidiúnaithe intí a thabhairt don údarás ceadaithe ainmniúcháin, arna iarraidh sin don údarás sin.

*Airteagal 65*

**Nósanna imeachta maidir le caighdeáin feidhmíochta agus le measúnú seirbhísí teicniúla**

Chun a áirithiú go mbaineann na seirbhísí teicniúla sin an t-ardleibhéal céanna caighdeán feidhmíochta amach i ngach Ballstát, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 maidir leis na caighdeáin nach mór do na seirbhísí teicniúla a chomhlíonadh agus maidir leis an nós imeachta chun iad a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 66 agus chun iad a chreidiúnú i gcomhréir le hAirteagal 64.

*Airteagal 66*

**Measúnú a dhéanamh ar scileanna na seirbhísí teicniúla**

1. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin tuarascáil measúnúcháin a tharraingt suas lena léireofar go bhfuil measúnú déanta ar an tseirbhís theicniúil is iarrthóir maidir lena bheith ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo agus ceanglais na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Féadfar deimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe a áireamh sa tuarascáil sin.

2. An measúnú ar a bhfuil an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 bunaithe, déanfar é i gcomhréir leis na forálacha a bheidh leagtha síos i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 65. Déanfar athbhreithniú ar an tuarascáil measúnúcháin gach trí bliana ar a laghad.

3. Má iarrtar amhlaidh, cuirfear an tuarascáil measúnúcháin in iúl don Choimisiún. I gcásanna den sórt sin, agus i gcás nach bhfuil an measúnú bunaithe ar dheimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta lena bhfianaítear go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag an tseirbhís theicniúil, déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin fianaise dhoiciméadach a sholáthar don Choimisiún lena bhfianaítear inniúlacht na seirbhíse teicniúla agus na socruithe atá ann lena áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin faireachán rialta ar an tseirbhís theicniúil agus go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo agus ceanglais na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo á gcomhlíonadh.

Déanfaidh an t-údarás ceadaithe a bhfuil sé i gceist aige a bheith ainmnithe mar sheirbhís theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 63(2) a chruthú le doiciméid go bhfuil sé ag comhlíonadh na gceanglas trí mheasúnú arna dhéanamh ag iniúchóirí neamhspleácha ar an ngníomhaíocht atá faoi mheasúnú. Féadfaidh na hiniúchóirí sin a bheith ag obair san eagraíocht chéanna ar choinníoll go ndéantar iad a bhainistiú ar leithligh ón bpearsanra atá i mbun na gníomhaíochta atá á measúnú.

4. Comhlíonfaidh seirbhís theicniúil chreidiúnaithe intí forálacha ábhartha an Airteagail seo.

*Airteagal 67*

**Nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt**

1. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh ainm, seoladh lena n-áirítear seoladh leictreonach, na daoine atá freagrach agus an chatagóir gníomhaíochta i ndáil le gach seirbhís theicniúil atá ainmnithe acu, chomh maith le haon mhodhnuithe a dhéantar ina dhiaidh sin ar na hainmnithe sin. Luafar san fhógra cé na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn II ar ainmníodh na seirbhísí teicniúla lena n-aghaidh.

2. Ní fhéadfaidh seirbhís theicniúil na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 63(1) a dhéanamh thar ceann an údaráis ceadaithe ainmniúcháin atá freagrach as an gcineál-cheadú ach amháin i gcás ina dtugtar fógra ina leith don Choimisiún roimh ré i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

3. Féadfaidh roinnt údarás ceadaithe ainmniúcháin an tseirbhís theicniúil chéanna a ainmniú agus féadfaidh Ballstáit na n-údarás ceadaithe ainmniúcháin sin fógra a thabhairt ina leith, gan spleáchas don chatagóir gníomhaíochta nó do na catagóirí gníomhaíochta a dhéanfaidh sí i gcomhréir le hAirteagal 63(1).

4. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon athruithe ábhartha a dhéantar ar an ainmniúchán ina dhiaidh sin.

5. Más rud é gur gá eagraíocht shonrach nó comhlacht inniúil a dhéanann gníomhaíocht nach n-áirítear i measc na ngníomhaíochtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 63(1) a ainmniú agus gníomh a liostaítear in Iarscríbhinn II á chur i bhfeidhm, déanfar an fógra sin i gcomhréir leis an Airteagal seo.

6. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta de na seirbhísí teicniúla a dtugtar fógra ina dtaobh i gcomhréir leis an Airteagal seo, mar aon le mionsonraí ina dtaobh.

*Airteagal 68*

**Athruithe ar ainmnithe**

1. I gcás ina suíonn údarás ceadaithe ainmniúcháin, nó i gcás ina gcuirtear in iúl dó, nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh a thuilleadh ag seirbhís theicniúil atá ainmnithe aige, nó go mainníonn sí a hoibleagáidí a chomhlíonadh, déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin an t-ainmniú a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, ag brath ar a thromchúisí atá an mhainneachtain na ceanglais sin nó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Cuirfidh an Ballstát a thug fógra i leith na seirbhíse teicniúil sin an Coimisiún ar an eolas dá réir láithreach. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis fhoilsithe dá dtagraítear in Airteagal 67(6) a mhodhnú dá réir sin.

2. I gcás ina ndéantar ainmniú a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, nó i gcás ina scoireann seirbhís theicniúil dá gníomhaíochtaí, glacfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin céimeanna iomchuí chun a áirithiú go mbeidh comhaid na seirbhíse teicniúla sin á bpróiseáil ag seirbhís theicniúil eile nó go gcoimeádfar ar fáil iad don údarás ceadaithe ainmniúcháin nó do na húdaráis inniúla um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh.

*Airteagal 69*

**Inniúlacht seirbhísí teicniúla a chonspóid**

1. Imscrúdóidh an Coimisiún gach cás ina bhfuil amhras air, nó ina dtugtar le fios dó go bhfuil amhras ann, maidir le hinniúlacht seirbhíse teicniúla nó maidir leis an gcaoi a bhfuil na ceanglais agus na freagrachtaí atá ar an tseirbhís theicniúil á gcomhlíonadh go leanúnach aici.

2. Déanfaidh Ballstát an údaráis ceadaithe ainmniúcháin gach faisnéis a bhaineann le bunús an ainmnithe nó le coinneáil ainmniú na seirbhíse teicniúla lena mbaineann a chur ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin air.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéileálfar leis an bhfaisnéis íogair uile a fhaightear le linn a chuid imscrúduithe ar mhodh rúin.

4. I gcás ina suíonn an Coimisiún nach gcomhlíonann seirbhís theicniúil na ceanglais dá ainmniú, nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh aici a thuilleadh, cuirfidh sé Ballstát an údaráis ceadaithe ainmniúcháin ar an eolas dá réir, d'fhonn go ndéanfaí, i gcomhar leis an mBallstát sin, na bearta ceartaitheacha is gá a bhunú, agus iarrfaidh sé ar an mBallstát sin na bearta ceartaitheacha sin a dhéanamh, lena n-áirítear an t-ainmniú a tharraingt siar más gá.

*Airteagal 70*

**Oibleagáidí oibriúcháin na seirbhísí teicniúla**

1. Déanfaidh seirbhísí teicniúla, thar ceann an údaráis ceadaithe ainmniúcháin, na catagóirí gníomhaíochta dá bhfuil siad ainmnithe agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta measúnaithe agus tástála dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus sna gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Is iad na seirbhísí teicniúla féin a dhéanfaidh na tástálacha nó a dhéanfaidh maoirseacht ar na tástálacha a cheanglaítear le haghaidh ceadaithe nó le haghaidh cigireachta faoi mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad nó i gceann de na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II, ach amháin i gcás ina gceadaítear a mhalairt de nósanna imeachta. Ní dhéanfaidh na seirbhísí teicniúla tástálacha, measúnúcháin ná cigireachtaí a sheoladh nach bhfuil siad ainmnithe go cuí ag a n-údarás ceadaithe lena ndéanamh.

2. Déanfaidh na seirbhísí teicniúla ag gach tráth:

(a) a cheadú dá n-údarás ceadaithe ainmniúcháin an tseirbhís theicniúil a fhianú le linn an mheasúnaithe comhréireachta, de réir mar is iomchuí; agus

(b) gan dochar d'Airteagal 61(9) agus d'Airteagal 71, cibé faisnéis maidir lena gcatagóirí gníomhaíochtaí a thig faoi raon feidhme an Rialacháin seo, de réir mar a fhéadfar é sin a iarraidh, a sholáthar dá n-údarás ceadaithe ainmniúcháin.

3. I gcás ina bhfionnann seirbhís theicniúil nár chomhlíon monaróir na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfaidh sí an méid sin a thuairisciú chuig an údarás ceadaithe ainmniúcháin d'fhonn go gcuirfidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin de cheangal ar an monaróir bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus dá éis gan deimhniú ar chineálcheadú a eisiúint mura rud é go mbeidh na bearta ceartaitheacha iomchuí déanta chun sástachta an údaráis ceadaithe.

4. Más rud é, agus faireachán á dhéanamh ar chomhréireacht na táirgeachta i ndiaidh deimhniú ar chineálcheadú a eisiúint, go bhfionnann seirbhís theicniúil, ag gníomhú di thar ceann an údaráis ceadaithe ainmniúcháin, nach bhfuil feithicil, córas, comhpháirt ná aonad teicniúil ar leithligh ag comhlíonadh an Rialacháin seo a thuilleadh, déanfaidh sí an méid sin a thuairisciú don údarás ceadaithe ainmniúcháin. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe na bearta iomchuí amhail dá bhforáiltear in Airteagal 33.

*Airteagal 71*

**Oibleagáidí faisnéise na seirbhísí teicniúla**

1. Cuirfidh seirbhísí teicniúla a n-údarás ceadaithe ainmniúcháin ar an eolas faoin méid seo a leanas:

(a) aon neamhchomhréireacht a thagann chun cinn a d'fhéadfadh a fhágáil gur gá deimhniú ar chineálcheadú a dhiúltú, a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar;

(b) aon tosca a dhéanfaidh difear do raon feidhme a n-ainmnithe agus do na coinníollacha faoina dtugtar ainmniú dóibh;

(c) aon iarraidh ar fhaisnéis a gheobhaidh siad ó údaráis um fhaireachas margaidh maidir lena ngníomhaíochtaí.

2. Arna iarraidh sin dá n-údarás ceadaithe ainmniúcháin, soláthróidh seirbhísí teicniúla faisnéis faoina n-gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme a n-ainmnithe agus faoi aon ghníomhaíocht eile a dhéantar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus fochonraitheoireachta.

CAIBIDIL XVII

**GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME AGUS GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE**

*Airteagal 72*

**Gníomhartha cur chun feidhme**

Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus chun coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan síos chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 73(2), gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) an teimpléad le haghaidh ráiteas an mhonaróra maidir le seasmhacht na gcóras, na gcodanna agus an trealaimh atá fíor-riachtanach don tsábháilteacht fheidhmiúil agus dá dtagraítear in Airteagal 22(7);

(b) na teimpléid don doiciméad faisnéise agus don fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 27(4);

(c) an córas uimhrithe le haghaidh deimhnithe ar chineálcheadú AE dá dtagraítear in Airteagal 29(4);

(d) an teimpléad le haghaidh deimhnithe ar chineálcheadú AE dá dtagraítear in Airteagal 30(2);

(e) an teimpléad le haghaidh bileog thorthaí na tástála a chuirtear i gceangal le deimhniú ar chineálcheadú AE agus dá dtagraítear in Airteagal 30(3);

(f) an teimpléad le haghaidh an liosta ceanglas nó gníomhartha infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 30(6);

(g) na ceanglais ghinearálta d'fhormáid na tuarascála tástála dá dtagraítear in Airteagal 32(1);

(h) an teimpléad don deimhniú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 38(2);

(i) an tsamhail don mharc cineálcheadaithe AE dá dtagraítear in Airteagal 39(3);

(j) na húdaruithe chun cineálcheaduithe AE a dheonú lena ndéantar teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua a dhíolmhú, dá dtagraítear in Airteagal 40(3);

(k) an teimpléad don deimhniú ar chineálcheadú agus don deimhniú comhréireachta do theicneolaíochtaí nua agus do choincheapa nua dá dtagraítear in Airteagal 40(4);

(l) na húdaruithe do Bhallstáit chun cineálcheadú a fhadú, dá dtagraítear in Airteagal 41(2);

(m) an liosta de na páirteanna agus den trealamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 50(2);

(n) an tsamhail agus an córas uimhrithe don deimhniú, dá dtagraítear in Airteagal 51(3), maille le gach gné a bhaineann leis an nós imeachta maidir le húdarú, dá dtagraítear san Airteagal sin;

(o) an teimpléad don deimhniú lena soláthraítear cruthúnas comhréireachta don údarás ceadaithe, amhail dá dtagraítear in Airteagal 57(8).

*Airteagal 73*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste Teicniúil — Mótarfheithiclí, arna bhunú le hAirteagal 40 de Threoir 2007/46/CE cúnamh don Choimisiún. Tá an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 74*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Gan dochar d'fhorálacha eile an Rialacháin seo a bhaineann lena Iarscríbhinní a leasú, cumhachtófar don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, maidir le leasuithe ar an méid seo a leanas:

(i) Iarscríbhinn II (B) agus (C) a mhéid a bhaineann le sábháilteacht fheidhmiúil bhreise a thabhairt isteach do chuaid bhóthair throma d'fhochatagóir L7e-A, agus a mhéid a bhaineann le ceanglais tógála feithiclí do na feithiclí sin;

(ii) Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn V chun tagairtí do ghníomh rialúcháin agus chun ceartúcháin a thabhairt isteach;

(iii) Iarscríbhinn V (B) chun na breoslaí tagartha is infheidhme a athrú;

(iv) Iarscríbhinn VI (C) agus (D) chun torthaí an staidéir dá dtagraítear in Airteagal 23(4) a chur san áireamh agus chun rialacháin CENAE a ghlacadh.

*Airteagal 75*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 18(3), Airteagal 20(2), Airteagal 21(5), Airteagal 22(5) agus (6), Airteagal 23(6) agus (12), Airteagal 24(3), Airteagal 25(8), Airteagal 32(6), Airteagal 33(6), Airteagal 50(4), Airteagal 54(3), Airteagal 57(12), Airteagal 65 agus Airteagal 74 a ghlacadh go ceann tréimhse cúig bliana ón 22 Márta 2013.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18(3), Airteagal 20(2), Airteagal 21(5), Airteagal 22(5) agus (6), Airteagal 23(6) agus (12), Airteagal 24(3), Airteagal 25(8), Airteagal 32(6), Airteagal 33(6), Airteagal 50(4), Airteagal 54(3), Airteagal 57(12), Airteagal 65 agus Airteagal 74 a chúlghairm tráth ar bith. Maidir leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18(3), Airteagal 20(2), Airteagal 21(5), Airteagal 22(5) agus (6), Airteagal 23(6) agus (12), Airteagal 24(3), Airteagal 25(8), Airteagal 32(6), Airteagal 33(6), Airteagal 50(4), Airteagal 54(3), Airteagal 57(12), Airteagal 65 agus Airteagal 74 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin á fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL XVIII

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 76*

**Pionóis**

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis ar oibreoirí eacnamaíocha i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus ar na gníomhartha tarmligthe nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirtear na pionóis i bhfeidhm. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin 23 Márta 2015 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear do na forálacha sin.

2. Áiritheofar ar na cineálacha sáruithe a bheidh faoi réir pionóis:

(a) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh le linn na nósanna imeachta ceadaithe nó le linn nósanna imeachta as a leanann aisghlaoch;

(b) torthaí tástála do cineálcheadú a fhalsú;

(c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla a choinneáil siar a bhféadfadh aisghlaoch nó diúltú nó tarraingt siar an chineálcheadaithe leanúint astu;

(d) feistí sáraithe a úsáid;

(e) diúltú rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil;

(f) feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá faoi réir a gceadaithe a bheith á gcur ar fáil ar an margadh ag oibreoirí eacnamaíocha agus gan an ceadú sin a bheith acu, nó doiciméid nó marcálacha a bheith á bhfalsú acu chun na críche sin.

*Airteagal 77*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Gan dochar d'fhorálacha eile an Rialacháin seo, ní dhéanfaidh an Rialachán seo aon chineálcheadú AE arna dheonú d'fheithiclí nó do chórais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh roimh an 1 Eanáir 2016.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt i gcás cineálacha feithiclí atá cheana ann, leanfaidh cineálcheaduithe AE a dheonaítear d'fheithiclí, do chórais, do chomhpháirteanna nó d'aonaid theicniúla ar leithligh faoi na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 81(1) de bheith bailí go dtí na dátaí a shonraítear in Iarscríbhinn IV.

3. De mhaolú ar an Rialachán seo, maidir le cineálacha nua feithicle chatagóirí L1e, L2e agus L6e, nó le córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha do na cineálacha feithicle sin, leanfar de bheith á gcineálcheadú faoi Threoir 2002/24/CE go dtí an 31 Nollaig 2016.

4. Leanfaidh údaráis ceadaithe d'fhadú a dheonú maidir le ceaduithe na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le Treoir 2002/24/CE agus i gcomhréir le haon cheann de na treoracha a liostaítear in Airteagal 81(1). Ní dhéanfar na ceaduithe sin a úsáid, áfach, chun cineálcheadú feithicle ina hiomláine a fháil faoin Rialachán seo.

5. De mhaolú ar Threoir 2002/24/CE, déanfar, faoin 31 Nollaig 2015, cineálcheadú a dheonú freisin le haghaidh feithiclí a chomhlíonann an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmlighte arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo maidir leis na ceanglais comhshaoil agus modha tiomána amhail dá dtagraítear in Iarscríbhinn II (A).

I gcás den sórt sin, ní dhéanfaidh údaráis náisiúnta clárú, cur ar an margadh nó cur i seirbhís na bhfeithiclí a chomhlíonann an cineálcheadú a thoirmeasc, a shrianadh ná a bhac.

*Airteagal 78*

**Tuarascáil**

1. Faoin 31 Nollaig 2020, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chur i bhfeidhm na nósanna imeachta cineálcheadaithe a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. Ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear faoi mhír 1, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 31 Nollaig 2021 faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Bunaithe ar an taithí a bheidh faighte de bharr cur chun feidhme an Rialacháin seo, déanfar go háirithe sa tuarascáil a mheas cibé an mbeadh sé cuí foráil a dhéanamh freisin i gCaibidil X do chineálcheadú AE i gcomhair feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga. Má mheasann an Coimisiún gur gá sin, déanfaidh sé togra a thíolacadh chuige sin.

*Airteagal 79*

**Athbhreithniú ar ardchórais choscánaithe**

1. Faoin 31 Nollaig 2019, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Déanfar scrúdú sa tuarascáil sin ar chóras coscánaithe frithghlasála agus ar chóras comhcheangailte coscánaithe breise, de rogha an mhonaróra, a fheistiú go héigeantach ar ghluaisrothair de fhochatagóir L3e-A1. Beidh an tuarascáil bunaithe ar mheasúnú ar fhéidearthacht theicniúil cheanglais den sórt sin, ar anailís chostéifeachtachta, ar anailís thionóiscí bóthair agus ar chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha. Thairis sin, cuirfear san áireamh ann na caighdeáin ghaolmhara Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin.

3. Chun críche na tuarascála dá bhforáiltear i mír 2, déanfaidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2017, staidreamh maidir le tionóiscí bóthair a bhí ag na gluaisrothair i dtrácht do na ceithre bliana roimhe sin atá bunaithe ar an aicmiú feithicle amhail a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus ar an gcineál ardchórais coscánaithe atá suiteáilte a sholáthar don Choimisiún.

4. Bunaithe ar thorthaí na tuarascála, breithneoidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh maidir le hardchóras coscánaithe a fheistiú go héigeantach ar na fochatagóirí feithicle atá i gceist.

*Airteagal 80*

**Athbhreithniú ar cheaduithe aonair d'fheithiclí**

1. Faoin 31 Nollaig 2022; cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na hábhair dá dtagraítear i mír 3.

2. Déanfar an tuarascáil a bhunú ar chomhairliúchán le geallsealbhóirí ábhartha agus déanfar caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta gaolmhara atá ann cheana a chur san áireamh inti.

3. Faoin 31 Nollaig 2021, tuairisceoidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) líon na gceaduithe aonair, in aghaidh na bliana, ón 1 Eanáir 2016, a ndearna údaráis an Bhallstáit sin iad a dheonú d'fheithiclí de chatagóir L roimh a gcéadchlárú;

(b) na critéir náisiúnta ar a raibh na ceaduithe sin bunaithe a mhéid gur imigh na critéir sin ó na ceanglais éigeantacha le haghaidh cineálcheadú AE.

4. Beidh tograí reachtacha, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil sin agus scrúdófar inti cibé a dhéanfar, ar bhonn ceanglas comhchuibhithe, ceaduithe aonair a áireamh sa Rialachán.

*Airteagal 81*

**Aisgairm**

1. Gan dochar d'Airteagal 77 den Rialachán seo, déanfar Treoir 2002/24/CE chomh maith le Treoracha 93/14/CEE, 93/30/CEE, 93/33/CEE, 93/93/CEE, 95/1/CE, 97/24/CE, 2000/7/CE, 2002/51/CE, 2009/62/CE, 2009/67/CE, 2009/78/CE, 2009/79/CE, 2009/80/CE agus 2009/139/CE a aisgairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2016.

2. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad, maidir le Treoir 2002/24/CE, i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

*Airteagal 82*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

2. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2016.

Ón 22 Márta 2013, ní dhiúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheadú AE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú do chineál nua feithicle ná ní dhéanfaidh siad clárú, cur ar an margadh nó cur i seirbhís a thoirmeasc i gcás feithicle nua más rud é go gcomhlíonann an fheithicil i dtrácht an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, má iarrann monaróir an deonú, an clárú, an cur ar an margadh nó an cur i seirbhís sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 15 Eanáir 2013.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
L. CREIGHTON

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN I — Aicmiú feithiclí

IARSCRÍBHINN II — Liosta cuimsitheach de cheanglais chun críocha cineálcheadú feithicle AE

IARSCRÍBHINN III — Teorainneacha d'fheithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga

IARSCRÍBHINN IV — Clár ama do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ó thaobh cineálcheadú

IARSCRÍBHINN V (A) — Tástálacha agus ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol

IARSCRÍBHINN V (B) — Cur i bhfeidhm na gceanglas um thástáil feidhmíochta comhshaoil i gcomhair cineálcheadú agus faduithe

IARSCRÍBHINN VI — Luachanna teorann astaíochtaí truailleán, tairseacha DAB agus luachanna teorainneacha maidir le leibhéal fuaime maidir le cineálcheadú agus comhréireacht táirgeachta

(A) Teorainneacha astaíochtaí sceithphíopa i ndiaidh fuarthosú

(B) Tairseacha astaíochtaí na gcóras diagnóiseach ar bord

(C) Teorainneacha astaíochtaí galaithe

(D) Teorainneacha maidir le leibhéal fuaime - Euro 4 agus Euro 5

IARSCRÍBHINN VII — Marthanacht feistí rialaithe truaillithe

IARSCRÍBHINN VIII — Ceanglais maidir le sábháilteacht fheidhmiúil fheabhsaithe

IARSCRÍBHINN IX — Tábla comhghaoil

*IARSCRÍBHINN I*

**Aicmiú feithiclí**

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L1e-L7e | Gach feithicil de chatagóir L | (1) fad ≤ 4 000 mm nó ≤ 3 000 mm d'fheithicil L6e-B nó ≤ 3 700 mm d'fheithicil L7e-C, agus<br>(2) leithead ≤ 2 000 mm, nó ≤ 1 000 mm d'fheithicil L1e, nó ≤ 1 500 mm d'fheithicil L6e-B nó L7e-C, agus<br>(3) airde ≤ 2 500 mm, agus |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L1e | Feithicil chumhachtaithe éadrom dhá roth | (4) dhá roth agus cumhachtaithe le modh tiomána mar a liostaítear faoi Airteagal 4(3), agus<br>(5) toilleadh innill ≤ 50 $cm^3$ má tá inneall dócháin inmheánaigh PI mar chuid de chumraíocht tiomána na feithicle, agus<br>(6) uasluas dearaidh feithicle ≤ 45 km/h, agus<br>(7) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht [1] ≤ 4 000 W, agus<br>(8) uasmhais = mais ceadaithe go teicniúil arna dhearbhú ag an monaróir, agus |
| **Fo-chatagóirí** | **Ainm na fochatagóire** | **Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú** |
| L1e-A | Rothar cumhachtaithe | (9) rothair atá deartha don troitheáil, iad feistithe le modh tiomána cúnta arb é an phríomhaidhm atá leis ná cabhrú leis an troitheáil, agus<br>(10) déantar aschur an mhodha tiomána cúnta a stopadh ag luas feithicle ≤ 25 km/h, agus<br>(11) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht [1] ≤ 1 000 W, agus<br>(12) déantar rothar chumhachtaithe trí nó ceithre roth a chomhlíonann pointe (9) go pointe (11) de na critéir shonracha bhreise maidir le fo-aicimiú a aicmiú mar fheithicil ar coibhéiseach go teicniúil é le feithicil dhá roth L1e-A. |
| L1e-B | Móipéid dhá roth | (9) aon fheithicil eile de chatagóir L1e nach féidir a aicmiú de réir chritéir (9) go (12) d'fheithicil L1e-A. |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L2e | Móipéid trí roth | (4) trí roth agus cumhachtaithe le modh tiomána a liostaítear in Airteagal 4(3), agus<br>(5) toilleadh innill ≤ 50 $cm^3$ má tá inneall dócháin inmheánach PI mar chuid de chumraíocht tiomána na feithicle nó toilleadh innill ≤ 500 $cm^3$ má tá inneall dócháin CI mar chuid de chumraíocht tiomána na feithicle, agus<br>(6) uasluas dearaidh feithicle ≤ 45 km/h, agus<br>(7) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht [1] ≤ 4 000 W, agus<br>(8) mais in ord reatha ≤ 270 kg agus<br>(9) feistithe le dhá ionad suí, ar a mhéid, lena n-áirítear an t-ionad suí don tiománaí, agus |
| **Fo-chatagóirí** | **Ainm na fochatagóire** | **Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú** |
| L2e-P | Móipéid trí roth chun paisinéirí a iompar | (10) feithicil L2e, seachas iad sin a chomhlíonann na critéir shonracha maidir le haicmiú d'fheithicil L2e-U. |
| L2e-U | Móipéid trí roth chun críocha fóntais | (10) feithiclí atá deartha go heisiach chun earraí a iompar agus a bhfuil láthair lódála acu atá oscailte nó iata, atá nach mór cothrom agus cothrománach agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:<br>(a) $fad_{\text{láthair lódála}} \times leithead_{\text{láthair lódála}} \geq 0{,}3 \times Fad_{\text{feithicil}} \times Leithead\ uasta_{\text{feithicil}}$, nó<br>(b) limistéar coibhéiseach don láthair lódála mar a shainmhínítear thuas é chun meaisíní agus/nó trealamh a shuiteáil, agus<br>(c) deartha le limistéar don láthair lódála atá deighilte go soiléir ag laindéal docht ón limistéar atá coinnithe do na daoine san fheithicil, agus<br>(d) beidh an limistéar don láthair lódála in ann toirt íosta, a léirítear le ciúb 600 mm, a iompar. |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L3e ([2]) | Gluaisrothar dhá roth | (4) dhá roth agus cumhachtaithe le modh tiomána a liostaítear in Airteagal 4(3), agus<br>(5) uasmhais = mais ceadaithe go teicniúil arna dhearbhú ag an monaróir, agus<br>(6) feithicil dhá roth nach féidir a aicmiú mar mhóipéid dhá roth de chatagóir L1e. |
| **Fo-chatagóirí** | **Ainm na fochatagóire** | **Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú** |
| L3e-A1 | Gluaisrothar ísealfheidhmíochta | (7) toilleadh innill ≤ 125 $cm^3$, agus<br>(8) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht ([1]) ≤ 11 kW, agus<br>(9) cóimheas cumhachta ([1])/meáchain ≤ 0,1 kW/kg. |
| L3e-A2 | Gluaisrothar meánfheidhmíochta | (7) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht ([1]) ≤ 35 kW, agus<br>(8) cóimheas cumhachta ([1])/meáchain ≤ 0,2 kW/kg, agus<br>(9) níl sé díorthaithe ó fheithicil atá feistithe le hinneall a bhfuil níos mó ná a dhá oiread cumhachta aige ([1]), agus<br>(10) feithicil L3e nach féidir a aicmiú de réir chritéir (7), (8) agus (9) d'fheithicil L3e-A1. |
| L3e-A3 | Gluaisrothar ardfheidhmíochta | (7) aon fheithicil L3e eile nach féidir a aicmiú de réir chritéir aicmiúcháin d'fheithicil L3e-A1 nó d'fheithicil L3e-A2. |

| Fo-fho-chatagóirí | Ainm na fo-fho-chatagóire | Critéir fho-fho-aicmiúcháin sa bhreise ar chritéir fho-aicmiúcháin fheithiclí L3e-A1, L3e-A2 nó L3e-A3 |
|---|---|---|
| L3e-AxE<br>(x = 1, 2 nó 3) | Gluaisrothair "enduro" | (a) airde an tsuíocháin ≥ 900 mm, agus<br>(b) scóip ón talamh ≥ 310 mm, agus<br>(c) cóimheas foriomlán giaranna sa ghiar is airde (cóimheas giair phríomhúil × cóimheas giair tháinistigh ag an luas is airde × cóimheas tiomána deiridh) ≥ 6,0, agus<br>(d) mais in ord reatha móide mais an cheallra tiomána más ann do mhodh tiomána leictreach nó do mhodh tiomána leictreach hibrideach < 140 kg, agus<br>(e) gan aon ionad suí do phaisinéir. |
| L3e-AxT<br>(x = 1, 2 nó 3) | Triail-ghluaisrothair | (a) airde an tsuíocháin ≤ 700 mm, agus<br>(b) scóip ón talamh ≥ 280 mm, agus<br>(c) toilleadh an umair bhreosla ≤ 4 lítear, agus<br>(d) cóimheas foriomlán giaranna sa ghiar is airde (cóimheas giair phríomhúil × cóimheas giair tháinistigh ag an luas is airde × cóimheas tiomána deiridh) ≥ 7,5, agus<br>(e) mais in ord reatha ≤ 100 kg, agus<br>(f) gan aon ionad suí do phaisinéir. |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L4e | Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr | (4) bonnfheithicil chumhachtaithe a chomhlíonann na critéir maidir le haicmiú agus le fo-aicmiú d'fheithiclí de chatagóir L3e agus<br>(5) bonnfheithicil chumhachtaithe atá feistithe le taobhcharr amháin agus<br>(6) ag a bhfuil uasmhéid de cheithre ionad suí, an tiománaí san áireamh, ar an ngluaisrothar le taobhcharr agus<br>(7) uasmhéid de dhá ionad suí do phaisinéirí sa taobhcharr agus<br>(8) uasmhais = mais ceadaithe go teicniúil arna dhearbhú ag an monaróir. |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L5e | Trírothach cumhachtaithe | (4) trí roth agus cumhachtaithe le modh tiomána mar a liostaítear in Airteagal 4(3), agus<br>(5) mais in ord reatha ≤ 1 000 kg, agus<br>(6) feithicil trí roth nach féidir a aicmiú mar fheithicil L2e, agus |
| **Fo-chatagóirí** | **Ainm na fochatagóire** | **Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú** |
| L5e-A | Trírothach | (7) feithicil L5e seachas iad sin a chomhlíonann na critéir shonracha maidir le haicmiú d'fheithicil L5e-B, agus<br>(8) ag a bhfuil uasmhéid de chúig ionad suí, ionad suí an tiománaí san áireamh. |
| L5e-B | Trírothach tráchtála | (7) deartha mar fheithicil fóntais agus a bhfuil aici mar shaintréith urrann iata don tiománaí agus do phaisinéirí a bhfuil teacht air trí thrí thaobh ar a mhéid, agus<br>(8) atá feistithe le huasmhéid de dhá ionad suí, ionad suí an tiománaí san áireamh, agus<br>(9) atá deartha go heisiach chun earraí a iompar agus a bhfuil láthair lódála acu atá oscailte nó iata, atá nach mór cothrom agus cothrománach agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:<br>(a) $\text{fad}_{\text{láthair lódála}} \times \text{leithead}_{\text{láthair lódála}} \geq 0{,}3 \times \text{fad}_{\text{feithicil}} \times \text{leithead}_{\text{feithicil}}$, nó<br>(b) limistéar coibhéiseach don láthair lódála mar a shainmhínítear thuas é atá deartha chun meaisíní agus/nó trealamh a shuiteáil, agus<br>(c) atá deartha le limistéar don láthair lódála atá deighilte go soiléir ag laindéal docht ón limistéar atá coinnithe do na daoine san fheithicil, agus<br>(d) beidh an limistéar don láthair lódála in ann toirt íosta, a léirítear le ciúb 600 mm, a iompar. |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L6e | Cuadrothar éadrom | (4) ceithre roth agus cumhachtaithe le modh tiomána a liostaítear in Airteagal 4(3), agus<br>(5) uasluas dearaidh feithicle ≤ 45 km/h, agus<br>(6) an mhais in ord reatha ≤ 425 kg, agus<br>(7) toilleadh innill ≤ 50 $cm^3$ má tá inneall PI mar chuid de chumraíocht tiomána na feithicle nó toilleadh innill ≤ 5 $00cm^3$ má tá inneall CI mar chuid de chumraíocht tiomána na feithicle, agus<br>(8) atá feistithe le huasmhéid de dhá ionad suí, ionad suí an tiománaí san áireamh, agus |
| Fo-chatagóirí | Ainm na fochatagóire | Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú |
| L6e-A | Cuad bóthair éadrom | (9) feithiclí L6e nach gcomhlíonann na critéir aicmiúcháin shonracha le haghaidh feithiclí L6e-B, agus<br>(10) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht (1) ≤ 4 000 W. |
| L6e-B | Cuadghluaisteán éadrom | (9) urrann iata don tiománaí agus do phaisinéirí a bhfuil teacht air trí thrí thaobh ar a mhéid, agus<br>(10) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht (1) ≤ 6 000 W, agus |
| Fo-fho-chatagóirí | Ainm na fo-fho-chatagóire | Critéir fho-fho-aicmiúcháin sa bhreise ar chritéir fho-aicmiúcháin d'fheithicil L6e-B |
| L6e-BP | Cuadghluaisteán éadrom chun paisinéirí a iompar | (11) feithiclí L6e-B atá deartha go príomha chun paisinéirí a iompar, agus<br>(12) feithicil L6e-B seachas iad sin a chomhlíonann na critéir shainiúla aicmiúcháin d'fheithicil L6e-BU. |
| L6e-BU | Cuadghluaisteán éadrom chun críocha fóntais | (11) atá deartha go heisiach chun earraí a iompar agus a bhfuil láthair lódála acu atá oscailte nó iata, atá nach mór cothrom agus cothrománach agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:<br>(a) $fad_{láthair\ lódála} \times leithead_{láthair\ lódála} \geq 0{,}3 \times Fad_{feithicil} \times leithead_{feithicil}$, nó<br>(b) limistéar coibhéiseach don láthair lódála mar a shainmhínítear thuas é chun meaisíní agus/nó trealamh a shuiteáil, agus<br>(c) atá deartha le limistéar don láthair lódála atá deighilte go soiléir ag laindéal docht ón limistéar atá coinnithe do na daoine san fheithicil, agus<br>(d) beidh an limistéar don láthair lódála in ann toirt íosta, a léirítear le ciúb 600 mm, a iompar. |

| Catagóir | Ainm na catagóire | Critéir choiteanna maidir le haicmiú |
|---|---|---|
| L7e | Cuadrothar trom | (4) ceithre roth agus cumhachtaithe le modh tiomána a liostaítear in Airteagal 4(3), agus<br>(5) mais in ord reatha:<br>(a) ≤ 450 kg chun paisinéirí a iompar;<br>(b) ≤ 600 kg chun earraí a iompar.<br>agus<br>(6) feithicil L7e nach féidir a aicmiú mar fheithicil L6e, agus |
| Fo-chatagóirí | Ainm na fochatagóire | Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú |
| L7e-A | Cuad bóthair trom | (7) feithiclí de chatagóir L7e nach gcomhlíonann na critéir shonracha aicmiúcháin le haghaidh feithiclí L7e-B agus L7e-C, agus<br>(8) feithicil atá deartha chun paisinéirí a iompar, agus chuige sin amháin, agus<br>(9) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht (1) ≤ 15 kW, agus |
| Fo-fho-chatagóirí | Ainm na fo-fho-chatagóire | Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú |
| L7e-A1 | Cuad bóthair trom A1 | (10) uasmhéid de dhá ionad suí i gcos dá leith, ionad suí don mharcach san áireamh, agus<br>(11) hanla don stiúradh. |
| L7e-A2 | Cuad bóthair trom A2 | (10) feithiclí L7e-A nach gcomhlíonann na critéir shonracha aicmiúcháin le haghaidh feithiclí L7e-A1, agus<br>(11) uasmhéid de dhá ionad suí nach i gcos dá leith iad, ionad suí don tiománaí san áireamh. |
| Fo-chatagóir | Ainm na fochatagóire | Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú |
| L7e-B | Cuad uileraoin trom | (7) feithiclí L7e nach gcomhlíonann na critéir shonracha aicmiúcháin le haghaidh feithiclí d'fhochatagóir L7e-C, agus<br>(8) scóip ón talamh ≥ 180 mm, agus |
| Fo-fho-chatagóirí | Ainm na fo-fho-chatagóire | Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú |
| L7e-B1 | Cuad uileraoin | (9) uasmhéid de dhá ionad suí i gcos dá leith, ionad suí don mharcach san áireamh, agus<br>(10) feistithe le hanla don stiúradh, agus<br>(11) uasluas dearaidh feithicle ≤ 90 km/h agus<br>(12) cóimheas an rothfhaid leis an scóip ón talamh ≤ 6. |
| L7e-B2 | Bugaí taobh le taobh | (9) feithicil L7e-B seachas feithicil L7e-B1, agus<br>(10) uasmhéid de thrí shuíochán nach i gcos dá leith iad, a bhfuil dhá cheann díobh suite taobh le taobh, ionad suí don tiománaí san áireamh, agus<br>(11) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht (1) ≤ 15 kW, agus<br>(12) cóimheas an rothfhaid leis an scóip ón talamh ≤ 8. |

| Fo-chatagóir | Ainm na fochatagóire | Critéir bhreise maidir le fo-aicmiú |
|---|---|---|
| L7e-C | Cuadghluaisteán trom | (7) feithicil L7e nach gcomhlíonann na critéir shonracha aicmiúcháin le haghaidh feithicil L7e-B, agus<br>(8) uaschumhacht rátaithe leantach nó uas-ghlanchumhacht [1] ≤ 15 kW, agus<br>(9) uasluas dearaidh feithicle ≤ 90 km/h, agus<br>(10) urrann iata don tiománaí agus do phaisinéirí a bhfuil teacht air trí thrí thaobh ar a mhéid, agus |
| **Fo-fho-chatagóirí** | **Ainm na fo-fho-chatagóire** | **Critéir fho-fho-aicmiúcháin sa bhreis ar chritéir fho-aicmiúcháin d'fheithicil L7e-C** |
| L7e-CP | Cuadghluaisteán trom chun paisinéirí a iompar | (11) feithicil L7e-C nach gcomhlíonann na critéir shonracha aicmiúcháin le haghaidh feithicil L7e-CU, agus<br>(12) uasmhéid de cheithre shuíochán nach i gcos dá leith iad, ionad suí don tiománaí san áireamh. |
| L7e-CU | Cuadghluaisteán trom chun críocha fóntais | (11) atá deartha go heisiach chun earraí a iompar agus a bhfuil láthair lódála acu atá oscailte nó iata, atá nach mór cothrom agus cothrománach agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:<br>(a) $fad_{láthair\ lódála} \times leithead_{láthair\ lódála} \geq 0,3 \times Fad_{feithicil} \times Leithead_{feithicil}$, nó<br>(b) limistéar coibhéiseach don láthair lódála mar a shainmhínítear thuas é atá deartha chun meaisíní agus/nó trealamh a shuiteáil, agus<br>(c) atá deartha le limistéar don láthair lódála atá deighilte go soiléir ag laindéal docht ón limistéar atá coinnithe do na daoine san fheithicil, agus<br>(d) beidh an limistéar don láthair lódála in ann toirt íosta, a léirítear le ciúb 600 mm, a iompar, agus<br>(12) uasmhéid de dhá ionad suí nach i gcos dá leith iad, ionad suí don tiománaí san áireamh. |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

*IARSCRÍBHINN II*

**Liosta cuimsitheach de cheanglais chun críocha cineálcheadú feithicle AE [3]**

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Catagóirí Feithiclí | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | L1e-A | L1e-B | L2e | L3e | L4e | L5e-A | L5e-B | L6e-A | L6e-B | L7e-A | L7e-B | L7e-C |
| A | CEANGLAIS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT CHOMHSHAOIL AGUS TIOMÁNA | | | | | | | | | | | | | | |
| 1 | 23 & 24 | nósanna imeachta maidir le tástálacha comhshaoil a bhaineann le hastaíochtaí sceite, astaíochtaí galaithe, astuithe gás ceaptha teasa agus breoslaí tagartha | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 2 | | uasluas dearaidh feithicle, uas-chasmhóimint, uaschumhacht leantach iomlán innill an mhodha tiomána | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 3 | | nósanna imeachta tástála maidir le fuaim | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Catagóirí Feithiclí | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | L1e-A | L1e-B | L2e | L3e | L4e | L5e-A | L5e-B | L6e-A | L6e-B | L7e-A1 | L7e-A2 | L7e-B1 | L7e-B2 | L7e-C |
| B | CEANGLAIS UM SHÁBHÁILTEACHT FHEIDHMIÚIL FEITHICLÍ | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 1 | 22 | feistí rabhaidh inchloiste | | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 2 | | coscánú, lena n-áirítear córais choscánaithe frithghlasála agus córais chomhcheangailte choscánaithe | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 3 | | sábháilteacht leictreach | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 4 | | ceanglais dhearbhú an mhonaróra maidir le tástáil seasmhachta córas, páirteanna agus trealamh sábháilteachta feidhmiúla | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 5 | | struchtúir chosanta tosaigh agus cúil | | | | IF | | | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF |
| 6 | | gloiniú, cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha, feistí dí-oighrithe agus feistí dínéalaithe | | | IF | IF | IF | IF | IF | X | IF | X | IF | IF | IF | IF | X |
| 7 | | rialuithe arna n-oibriú ag an tiománaí lena n-áirítear sainaithint rialaitheoirí, nodchomharthaí agus táscairí | | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 8 | | suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí solaschomharthaíochta, lena n-áirítear feistí chun soilse a lasadh go huathoibríoch | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 9 | | infheictheacht chun cúil | | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 10 | | struchtúr cosanta iompaithe (ROPS) | | | | | | | | | | | | | | X | |
| 11 | | pointí ancaireachta criosanna sábhála agus criosanna sábhála | | | | IF | | | | X | IF | IF | IF | X | | X | X |
| 12 | | ionad suí (diallaití agus suíocháin) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 13 | | cumas stiúrtha, airíonna cúinneála agus cumas casta | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 14 | | suiteáil bonn | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 15 | | pláta maidir le huas-luasteorainn agus suíomh an phláta sin ar an bhfeithicil | | | | IF | | | | IF | IF | IF | IF | IF | X | X | IF |
| 16 | | cosaint do dhaoine atá i bhfeithicil, lena n-áirítear feistí inmheánacha, ceannbhaic agus doirse na feithicle | | | | IF | | | IF | IF | IF | IF | | IF | | IF | IF |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Catagóirí Feithiclí | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | L1e-A | L1e-B | L2e | L3e | L4e | L5e-A | L5e-B | L6e-A | L6e-B | L7e-A1 | L7e-A2 | L7e-B1 | L7e-B2 | L7e-C |
| 17 | | uaschumhacht leantach rátaithe nó uas-ghlanchumhacht agus/nó luasteorann na feithicle de réir dearaidh | | X | X | X | IF | IF | | | X | X | X | X | X | X | X |
| 18 | | sláine struchtúr na feithicle | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |

| Uimh. | Airteagal | Ábhar | Tagairt do ghníomh rialála | Catagóirí Feithiclí | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | L1e-A | L1e-B | L2e | L3e | L4e | L5e-A | L5e-B | L6e-A | L6e-B | L7e-A1 | L7e-A2 | L7e-B1 | L7e-B2 | L7e-C |
| C | CEANGLAIS MAIDIR LE TÓGÁIL FEITHICLÍ AGUS CEANGLAIS GHINEARÁLTA MAIDIR LE CINEÁLCHEADÚ | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 1 | 20 | bearta i gcoinne cur isteach | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 2 | 25 | socruithe i gcomhair nósanna imeachta cineálcheadaithe | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 3 | 33 | ceanglais maidir le comhréireacht táirgeachta | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 4 | 18 | feistí cúpláin agus forbhaill | | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF |
| 5 | 18 | feistí chun úsáid neamhúdaraithe a chosc | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 6 | 18 | comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (EMC) | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 7 | 18 | starráin sheachtracha | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 8 | 18 | stóráil breosla | | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF | IF |
| 9 | 18 | ardáin lódála | | | | IF | | | | X | | IF | | | IF | IF | IF |
| 10 | 18 | maiseanna agus toisí | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 11 | 21 | córas diagnóiseach ar bord | | | | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 12 | 18 | greamáin agus tacaí cos don phaisinéir | | | X | IF | IF | IF | IF | IF | X | | IF | IF | IF | IF | |
| 13 | 18 | spás do phláta clárúcháin | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 14 | 18 | faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| 15 | 18 | seastáin | | X | X | | X | | | | | | | | | | |
| C2 | CEANGLAIS AR SHEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 16 | 65 | caighdeáin feidhmíochta agus measúnú seirbhísí teicniúla | | | | | | | | | | | | | | | |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

*IARSCRÍBHINN III*

**Teorainneacha d'fheithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga**

| (Fo-)chatagóir | Ainm na (fo-)chatagóire feithicle | Sraitheanna beaga (aonaid le haghaidh gach cineáil a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear agus a chuirtear i seirbhís in aghaidh na bliana) |
|---|---|---|
| L1e-A | Rothar cumhachtaithe | 50 |
| L1e-B | Móipéid dhá roth | |
| L2e | Móipéid trí roth | |
| L3e | Gluaisrothar dhá roth | 75 |
| L4e | Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr | 150 |
| L5e-A | Trírothach | 75 |
| L5e-B | Trírothach tráchtála | 150 |
| L6e-A | Cuad bóthair éadrom | 30 |
| L6e-B | Cuadghluaisteán éadrom | 150 |
| L7e-A | Cuad bóthair trom | 30 |
| L7e-B | Cuad uileraoin trom | 50 |
| L7e-C | Cuadghluaisteán trom | 150 |

*IARSCRÍBHINN IV*

**Clár ama le haghaidh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le cineálcheadú**

| Pointe | Tuairisc | (Fo-)chatagóir | Cineálacha nua feithiclí. Cur i bhfeidhm éigeantach | Cineálacha feithiclí atá ann cheana. Cur i bhfeidhm éigeantach. | An dáta clárúcháin deiridh i gcomhair feithiclí comhlíontacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Cur i bhfeidhm ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus an mhodha tiomána, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (A) | | | | |
| 1.1. | Cineál tástála I, tástáil d'astaíochtaí sceithphíopa i ndiaidh fuarthosú | — | — | — | — |
| 1.1.1. | Timthriall tástála | — | — | — | — |
| 1.1.1.1. | Cineál tástála I, Timthriall tástála ECE R 47 | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | 31.12.2020 |
| 1.1.1.2. | Cineál tástála I, ECE R 40 (le timthriall breise de thiomáint uirbeach, más infheidhme) | L5e-B, L7e-B, L7e-C | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| 1.1.1.3. | Cineál tástála I, WMTC, céim 2 | L3e, L4e, L5e-A, L7e-A | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| 1.1.1.4. | Cineál tástála I, Timthriall tástála athbhreithnithe bunaithe ar WMTC | L1e-L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| 1.1.2. | Cineál tástála I, teorainneacha astaíochtaí sceithphíopa | | — | — | — |
| 1.1.2.1. | Euro 4: Iarscríbhinn VI (A1) | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | 31.12.2020 |
| 1.1.2.2. | Euro 4: Iarscríbhinn VI (A1) | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| 1.1.2.3. | Euro 5: Iarscríbhinn VI (A2) | L1e-L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| 1.2. | Cineál tástála II, tástáil astaíochtaí ag réchasadh (méadaithe)/saor-luasghéarú | | | | |
| 1.2.1. | Cineál tástála II, tástáil astaíochtaí ag réchasadh (méadaithe)/saor-luasghéarú | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 1.2.2. | Cineál tástála II, tástáil astaíochtaí ag réchasadh (méadaithe)/saor-luasghéarú | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |
| 1.3. | Cineál tástála III, gan aon astaíochtaí gáis ó chás an chromáin | | | | |
| 1.3.1. | Cineál tástála III, gan aon astaíochtaí gáis ó chás an chromáin | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 1.3.2. | Cineál tástála III, gan aon astaíochtaí gáis ó chás an chromáin | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |
| 1.4. | Cineál tástála IV, astaíochtaí galaithe | | — | — | — |
| 1.4.1. | Tástáil tréscaoilteachta an umair bhreosla | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2017 | |

| Pointe | Tuairisc | (Fo-)chatagóir | Cineálacha nua feithiclí. Cur i bhfeidhm éigeantach | Cineálacha feithiclí atá ann cheana. Cur i bhfeidhm éigeantach. | An dáta clárúcháin deiridh i gcomhair feithiclí comhlíontacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.4.2. | Tástáil tréscaoilteachta an umair bhreosla | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2016 | |
| 1.4.3. | Nós imeachta tástála (SHED) | L3e, L4e, L5e-A, L7e-A | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |
| 1.4.4. | Nós imeachta tástála (SHED) | L6e-A | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 1.4.5. | Teorainneacha tástála SHED, Iarscríbhinn VI (C1) | L3e, L4e, L5e-A, L7e-A | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| 1.4.6. | Teorainneacha tástála SHED, Iarscríbhinn VI (C1) | L6e-A | 1.1.2017 | 1.1.2018 | 31.12.2020 |
| 1.4.7. | Tástáil SHED nó tástáil tréscaoilteachta bresola, ag brath ar thorthaí an staidéir dá dtagraítear in Airteagal 23(4) agus (5) | L1e-A, L1e-B, L2e, L5e-B, L6e-B, L7e-B, L7e-C | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| 1.4.8. | Teorainneacha tástála SHED, Iarscríbhinn VI (C2), ag brath ar thorthaí an staidéir dá dtagraítear in Airteagal 23(4) agus (5) | L1e-L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| 1.5. | Cineál tástála V, tástáil mharthanachta ([3]) | | | | |
| 1.5.1. | Euro 4 míleáiste marthanachta, Iarscríbhinn VII (A) agus (B) | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | 31.12.2020 |
| 1.5.2. | Euro 4 míleáiste marthanachta, Iarscríbhinn VII (A) agus (B) | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| 1.5.3. | Euro 5 míleáiste marthanachta, Iarscríbhinn VII (A) agus (B) | L1e-L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| 1.6. | Níl cineál tástála VI sannta | — | — | — | — |
| 1.7. | Cineál tástála VII, dearbhú agus tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa/ídiú breosla nó fuinnimh | | | — | |
| 1.7.1. | Cineál tástála VII, dearbhú agus tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa/ídiú breosla nó fuinnimh | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 1.7.2. | Cineál tástála VII, dearbhú agus tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa/ídiú breosla nó fuinnimh | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |
| 1.8. | Cineál tástála VIII, tástáil chomhshaoil OBD | | — | — | |
| 1.8.1. | OBD céim I, ceanglais fheidhmiúla | L3e, L4e, L5e-A, L6e-A, L7e-A | 1.1.2016; le haghaidh L6e-A:1.1.2017 | 1.1.2017; le haghaidh L6e-A:1.1.2018 | 31.12.2020 |
| | OBD céim I, nós imeachta don tástáil chomhshaoil (cineál tástála VIII) | | | | |
| | OBD céim I, tairseacha don tástáil chomhshaoil, Iarscríbhinn VI (B1) | | | | |

| Pointe | Tuairisc | (Fo-)chatagóir | Cineálacha nua feithiclí. Cur i bhfeidhm éigeantach | Cineálacha feithiclí atá ann cheana. Cur i bhfeidhm éigeantach. | An dáta clárúcháin deiridh i gcomhair feithiclí comhlíontacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.8.2. | OBD céim I, ceanglais fheidhmiúla | L3e-L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| | OBD céim I, nós imeachta don tástáil chomhshaoil (cineál tástála VIII) | | | | |
| | OBD céim I, tairseacha don tástáil chomhshaoil, Iarscríbhinn VI (B2) | | | | |
| 1.8.3. | OBD céim II, ceanglais fheidhmiúla, ag feitheamh ar Airteagal 23(4) agus (5) | L3e, L5e-A, L6e-A, L7e-A | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| | OBD céim II, nósanna imeachta don tástáil chomhshaoil (cineál tástála VIII), ag feitheamh ar Airteagal 23(4) agus (5) | | | | |
| | OBD céim II, tairseacha don tástáil chomhshaoil, Iarscríbhinn VI (B2), ag feitheamh ar Airteagal 23(4) agus (5) | | | | |
| 1.9. | Cineál tástála IX, leibhéal fuaime ([3]) | | | | |
| 1.9.1. | Nós imeachta tástála agus luachanna teorann don leibhéal fuaime Iarscríbhinn VI (D) | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | 31.12.2020 |
| 1.9.2. | Nós imeachta tástála agus luachanna teorann ([3]) don leibhéal fuaime, Iarscríbhinn VI (D) | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | 31.12.2020 |
| 1.9.3. | Rialacháin CENAE Uimh. 9, 41, 63, 92 agus teorainneacha Iarscríbhinn VI (D) | L1e-L7e | | | |
| 1.9.4. | Rialacháin CENAE Uimh. 9, 41, 63, 92 agus na luachanna teorann gaolmhara nua arna moladh ag an gCoimisiún | L1e-L7e | 1.1.2020 | 1.1.2021 | |
| 1.10. | Tástálacha agus ceanglais d'fheidhmíocht an mhodha tiomána maidir leis an uasluas deartha feithicle, leis an uas-chasmhóimint, leis an uaschumhacht leantach rátaithe nó leis an uas-ghlanchumhacht agus leis an uaschumhacht buaice | | | | |
| 1.10.1. | Tástálacha agus ceanglais d'fheidhmíocht an mhodha tiomána | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 1.10.2. | Tástálacha agus ceanglais d'fheidhmíocht an mhodha tiomána | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |

| Pointe | Tuairisc | (Fo-)chatagóir | Cineálacha nua feithiclí. Cur i bhfeidhm éigeantach | Cineálacha feithiclí atá ann cheana. Cur i bhfeidhm éigeantach. | An dáta clárúcháin deiridh i gcomhair feithiclí comhlíontacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 2. | Cur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais um shábháilteacht fheidhmiúil feithiclí, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (B) ([3]) | | | | |
| 2.1. | Cur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais um shábháilteacht fheidhmiúil feithiclí, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (B) ([3]) | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 2.2. | Cur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais um shábháilteacht fheidhmiúil feithiclí, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (B) ([3]) | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |
| 2.3. | Iarscríbhinn VIII, gnéithe sábháilteachta feabhsaithe ([3]) | | — | — | |
| 2.3.1. | Soilsiú á lasadh go huathoibríoch | L1e-L7e | 1.1.2016 | 1.1.2016 | |
| 2.3.2. | Feiste do chúinneáil shábháilte (difreálach nó coibhéiseach) | L1e-L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |
| 2.3.3. | Ardchóras coscánaithe, feistiú éigeantach | L3e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | — |

| Pointe | Tuairisc | (Fo-)chatagóir | Cineálacha nua feithiclí. Cur i bhfeidhm éigeantach | Cineálacha feithiclí atá ann cheana. Cur i bhfeidhm éigeantach. | An dáta clárúcháin deiridh i gcomhair feithiclí comhlíontacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 3. | Cur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais maidir le feidhmíocht tógála, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (C) ([3]) | | | | |
| 3.1. | Cur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais maidir le feidhmíocht tógála, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (C) ([3]) | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 3.2. | Cur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe i ndáil leis na ceanglais maidir le feidhmíocht tógála, ítimí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (C) ([3]) | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |

| Pointe | Tuairisc | (Fo-)chatagóir | Cineálacha nua feithiclí. Cur i bhfeidhm éigeantach | Cineálacha feithiclí atá ann cheana. Cur i bhfeidhm éigeantach. | An dáta clárúcháin deiridh i gcomhair feithiclí comhlíontacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 4. | Cur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme i ndáil le ceanglais riaracháin | | | | |
| 4.1. | Cur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme i ndáil le ceanglais riaracháin | L1e, L2e, L6e | 1.1.2017 | 1.1.2018 | |
| 4.2. | Cur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme i ndáil le ceanglais riaracháin | L3e, L4e, L5e, L7e | 1.1.2016 | 1.1.2017 | |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

*IARSCRÍBHINN V*

(A) Tástálacha agus ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol

Ní fhéadfar feithiclí de chatagóir L a chineálcheadú ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas maidir leis an gcomhshaol:

| Cineál na tástála | Tuairisc | Ceanglais: luachanna teorann | Critéir fho-aicmiúcháin sa bhreis ar Airteagal 2 agus ar Iarscríbhinn I | Ceanglais: nósanna imeachta tástála |
|---|---|---|---|---|
| I | Astaíochtaí sceithphíopa i ndiaidh fuarthosú | Iarscríbhinn VI (A) | Rialachán teicniúil domhanda CENAE Uimh. 2, caibidil 6.3. Déanfar feithiclí de chatagóir L atá feistithe le hinneall dócháin ag a bhfuil scuab-thoirt sna socróirí < 50 $cm^3$ agus iad ag taisteal le $v_{uasta}$ < 50 km/h a shannadh chuig feithiclí d'aicme I. | |
| II | — Inneall PI nó feithicil hibrideach ([5]) atá feistithe le hinneall PI: astaíochtaí ag luas réchasta agus ag luas méadaithe réchasta<br>— Inneall CI nó feithicil hibrideach atá feistithe le hinneall CI: tástáil saor-luasghéaraithe | Teoir 2009/40/CE ([6]) | | |
| III | Astaíochtaí gás ó chás an chromáin | Gan astaíochtaí, cás an chromáin dúnta. Ní bheidh astaíochtaí ó chás an chromáin a sceitheadh amach go díreach san atmaisféar comhthimpeallach ó aon fheithicil i rith shaol úsáideach na feithicle sin. | | |
| IV | Astaíochtaí galaithe | Iarscríbhinn VI (C) | | |
| V | Marthanacht feistí rialaithe truaillithe | Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII | | |
| VI | Níl cineál tástála VI sannta | Neamhbhainteach | | Neamhbhainteach |
| VII | Astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla agus/nó ídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach | Tomhas agus tuairisciú, gan luach teorantach chun críocha cineálcheadú. | Rialachán Teicniúil Domhanda CENAE Uimh. 2, caibidil 6.3. Déanfar feithiclí de chatagóir L atá feistithe le hinneall dócháin ag a bhfuil scuab-thoirt sna socróirí < 50 $cm^3$ agus iad ag taisteal le $v_{uasta}$ < 50 km/h a shannadh chuig feithiclí d'aicme I. | |
| VIII | Córas diagnóiseach ar bord (DAB) tástálacha comhshaoil | Iarscríbhinn VI (B) | Rialachán Teicniúil Domhanda CENAE Uimh. 2, caibidil 6.3. Déanfar feithiclí de chatagóir L atá feistithe le hinneall dócháin ag a bhfuil scuab-thoirt sna socróirí < 50 $cm^3$ agus iad ag taisteal le $v_{uasta}$ < 50 km/h a shannadh chuig feithiclí d'aicme I. | |
| IX | Leibhéal fuaime | Iarscríbhinn VI (D) | Nuair a thiocfaidh rialacháin CENAE Uimh. 9, 41, 63 nó 92 in ionad na gceanglas dílsithe AE a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe i ndáil le ceanglais maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus tiomána, déanfar na critéir maidir le (fo-)aicmiúchán a leagtar síos sna rialacháin CENAE sin (Iarscríbhinn 6) a roghnú faoi threoir na dtástálacha don leibhéal fuaime i gcineál tástála IX. | |

(B) Cur i bhfeidhm na gceanglas um thástáil feidhmíochta comhshaoil i gcomhair cineálcheadú agus faduithe

| | Feithicil le hinnill PI, lena n-áirítear hibridí | | | | | | | | | Feithiclí le hinnill CI, lena n-áirítear hibridí | | Feithicil iomlán leictreach nó feithicil le modh tiomána aeir chomhbhrúite (CA) | Feithicil bhreosla-chille hidrigine |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Monabhreosla [20] | | | | Bithbhreosla | | | Fleiscbhreosla | | Fleiscbhreosla | Monabhreosla | | |
| | Peitreal (E5) [21] | LPG | NG/ Bithmheatán | $H_2$ | Peitreal (E5) | Peitreal (E5) | Peitreal (E5) | Peitreal (E5) | NG/ Bithmheatán | Díosal (B5) | Díosal (B5) | | |
| | | | | | LPG | NG/ Bithmheatán | $H_2$ | Eatánól (E85) | $H_2NG$ | Bithdhíosal | | | |
| Cineál Tástála I [19] | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (B5 amháin) | Tá | Níl | Níl |
| Cineál Tástála I [19] Mais cháithníneach (Euro 5 amháin) [6] | Tá | Níl | Níl | Níl | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Níl | Tá (B5 amháin) | Tá | Níl/Tá don CA | Níl |
| Cineál tástála II [19], lena n-áirítear teimhneacht deataigh don CI amháin | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (peitreal amháin) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (NG/bithmheatán amháin) | Tá (B5 amháin) | Tá | Níl | Níl |
| Cineál Tástála III [19] | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Níl | Níl |
| Cineál Tástála IV [19] | Tá | Níl | Níl | Níl | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl |
| Cineál Tástála V [19] | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (NG/bithmheatán amháin) | Tá (B5 amháin) | Tá | Níl | Níl |
| Cineál Tástála VII [19] | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá (an dá bhreosla) | Tá | Tá (ídiú fuinnimh amháin) | Tá (ídiú fuinnimh amháin) |

| | Feithicil le hinnill PI, lena n-áirítear hibridí | | | | | | | | | Feithiclí le hinnill CI, lena n-áirítear hibridí | | Feithicil iomlán leictreach nó feithicil le modh tiomána aeir chomhbhrúite (CA) | Feithicil bhreosla-chille hidrigine |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Monabhreosla ([20]) | | | | Bithbhreosla | | | Fleiscbhreosla | | Fleiscbhreosla | Monabhreosla | | |
| | Peitreal (E5) ([21]) | LPG | NG/ Bithmheatán | $H_2$ | Peitreal (E5) | Peitreal (E5) | Peitreal (E5) | Peitreal (E5) | NG/ Bithmheatán | Díosal (B5) | Díosal (B5) | | |
| | | | | | LPG | NG/ Bithmheatán | $H_2$ | Eatánól (E85) | $H_2NG$ | Bithdhíosal | | | |
| Cineál Tástála VIII ([19]) | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (peitreal amháin) | Tá (NG/bithm-heatán amháin) | Tá (B5 amháin) | Tá | Níl | Níl |
| Cineál Tástála IX ([19]) | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Níl<br>Tá do CA | Níl |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

*IARSCRÍBHINN VI*

**Luachanna teorann astaíochtaí truailleán, tairseacha DAB agus luachanna teorann do leibhéal fuaime maidir le cineálcheadú agus comhréireacht táirgeachta**

(A) Teorainneacha astaíochtaí sceithphíopa i ndiaidh fuarthosú

(A1) Euro 4

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Aicme an mhodha tiomána | An leibhéal euro | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | Mais d'iomlán na hidreacharbón (THC) | Mais na n-ocsaídí nitrigine ($NO_x$) | Mais an ábhair cháithnínigh (PM) | Timthriall tástála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | $L_1$ (mg/km) | $L_2$ (mg/km) | $L_3$ (mg/km) | $L_4$ (mg/km) | |
| L1e-A | Rothar cumhachtaithe | PI/CI/Hibrideach | Euro 4 | 560 | 100 | 70 | | ECE R47 |
| L1e-B | Móipéid dhá roth | PI/CI/Hibrideach | Euro 4 | 1 000 | 630 | 170 | — | ECE R47 |
| L2e | Móipéid trí roth | PI/CI/Hibrideach | Euro 4 | 1 900 | 730 | 170 | — | ECE R47 |
| L3e<br>L4e (7)<br>L5e-A<br>L7e-A | — Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr nó gan taobhcharr<br>— Trírothach<br>— Cuad bóthair trom | PI/Hibrideach PI, $v_{uasta}$ < 130 km/h | Euro 4 | 1 140 | 380 | 70 | — | WMTC, céim 2 |
| | | PI/Hibrideach PI, $v_{uasta}$ < 130 km/h | Euro 4 | 1 140 | 170 | 90 | — | WMTC, céim 2 |
| | | CI/Hibrideach CI | Euro 4 | 1 000 | 100 | 300 | 80 (8) | WMTC, céim 2 |
| L5e-B | Trírothach tráchtála | PI/Hibrideach PI | Euro 4 | 2 000 | 550 | 250 | — | ECE R40 |
| | | CI/Hibrideach CI | Euro 4 | 1 000 | 100 | 550 | 80 (8) | ECE R40 |
| L6e-A<br>L6e-B | Cuad bóthair éadrom<br>Cuadghluaisteán éadrom | PI/Hibrideach PI | Euro 4 | 1 900 | 730 | 170 | | ECE R47 |
| | | CI/Hibrideach CI | Euro 4 | 1 000 | 100 | 550 | 80 (8) | ECE R47 |
| L7e-B<br>L7e-C | Cuad uileraoin trom<br>Cuadghluaisteán trom | PI/Hibrideach PI | Euro 4 | 2 000 | 550 | 250 | — | ECE R40 |
| | | CI/Hibrideach CI | Euro 4 | 1 000 | 100 | 550 | 80 (8) | ECE R40 |

(A2) Euro 5

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Aicme an mhodha tiomána | An leibhéal euro ([4]) | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | Mais d'iomlán na hidreacharbón (THC) | Mais Hidreacarbón neamh-mheatáin (NMHC) | Mais na n-ocsaídí nitrigine ($NO_x$) | Mais an ábhair cháithnínigh (PM) | Timthriall tástála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | $L_1$ (mg/km) | $L_{2A}$ (mg/km) | $L_{2B}$ (mg/km) | $L_3$ (mg/km) | $L_4$ (mg/km) | |
| L1e-A | Rothar cumhachtaithe | PI/CI/Hibrideach | Euro 5 | 500 | 100 | 68 | 60 | 4,5 ([9]) | WMTC ([10]) leasaithe |
| L1e-B-L7e | Gach feithicil eile de chatagóir L | PI/Hibrideach PI | Euro 5 | 1 000 | 100 | 68 | 60 | 4,5 ([9]) | WMTC leasaithe |
| | | CI/Hibrideach CI | | 500 | 100 | 68 | 90 | 4,5 | WMTC leasaithe |

(B) Tairseacha astaíochtaí don chóras diagnóiseach ar bord

(B1) Euro 4, DAB céim I

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Aicme an mhodha tiomána | An leibhéal euro | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | Mais d'iomlán na hidreacharbón (THC) | Mais na n-ocsaídí nitrigine ($NO_x$) | Timthriall tástála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | $OT_1$ (mg/km) | $OT_2$ (mg/km) | $OT_3$ (mg/km) | |
| L6e-A | — Cuad bóthair éadrom | PI, CI, nó Hibrideach | Euro 4 | 3 610 | 2 690 | 850 | ECE R47 |
| L3e ([5])<br>L4e ([7])<br>L5e-A<br>L7e-A | — Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr nó gan taobhcharr<br>— Trírothach<br>— Cuad bóthair trom | PI/Hibrideach PI, $v_{uasta} < 130$ km/h | Euro 4 | 2 170 | 1 400 | 350 | WMTC, céim 2 |
| | | PI/Hibrideach PI, $v_{uasta} \geq 130$ km/h | | 2 170 | 630 | 450 | WMTC, céim 2 |
| | | CI/Hibrideach CI | | 2 170 | 630 | 900 | WMTC, céim 2 |

(B2) Euro 5, DAB céim I, agus DAB céim II ([4])

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Aicme an mhodha tiomána | An leibhéal euro | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | Mais Hidrea-carbón neamh-mheatáin (NMHC) | Mais na n-ocsaídí nitrigine ($NO_x$) | Mais an ábhair cháithnínigh (PM) | Timthriall tástála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | $OT_1$ (mg/km) | $OT_2$ (mg/km) | $OT_3$ (mg/km) | $OT_4$ (mg/km) | |
| L3e-L7e ([6]) | Gach feithicil de chatagóir L seachas catagóir L1e agus L2e | PI/Hibrideach PI | Euro 5 | 1 900 | 250 | 300 | 50 | WMTC leasaithe |
| | | CI/Hibrideach CI | Euro 5 | 1 900 | 320 | 540 | 50 | WMTC leasaithe |

(C) Teorainneacha astaíochtaí galaithe

(C1) Euro 4

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Aicme an mhodha tiomána | An leibhéal euro | Mais d'iomlán na hidreacarbón (THC) (mg / tástáil) | Timthriall tástála |
|---|---|---|---|---|---|
| L3e<br>L4e (7) | Gluaisrothar dhá roth (13) le taobhcharr nó gan taobhcharr | PI (11) | Euro 4 | 2 000 | SHED |
| L5e-A | Tríróthach | PI (11) | Euro 4 | | |
| L6e-A | Cuad bóthair éadrom | PI (11) | Euro 4 | | |
| L7e-A | Cuad bóthair trom | PI (11) | Euro 4 | | |

(C2) Euro 5

| Aicme Feithicle ([12]) | Ainm na catagóire feithicle | Aicme an mhodha tiomána | An leibhéal euro | Tástáil tréscaoilteachta (mg/m²/lá) | | Mais d'iomlán na hidreacarbón (THC) i dtástáil SHED (mg/tástáil) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Umar breosla | Feadánra breosla | Feithicil |
| L1e-A | Rothar cumhachtaithe | PI ([11]) | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |
| L1e-B | Móipéid dhá roth | | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |
| L2e | Móipéid trí roth | | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |
| L3e<br>L4e ([7]) | Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr agus gan taobhcharr | | Euro 5 | | | 1 500 |
| L5e-A | Trírothach | | Euro 5 | | | 1 500 |
| L5e-B | Trírothach tráchtála | | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |
| L6e-A | Cuad bóthair éadrom | | Euro 5 | | | 1 500 |
| L6e-B | Cuadghluaisteán éadrom | | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |
| L7e-A | Cuad bóthair trom | | Euro 5 | | | 1 500 |
| L7e-B | Cuaid uileraoin | | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |
| L7e-C | Cuadghluaisteán trom | | Euro 5 | 1 500 | 15 000 | 1 500 |

(D) Teorainneacha maidir le leibhéal fuaime — Euro 4 agus Euro 5

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Euro 4 Leibhéal fuaime ([14]) (dB(A)) | Euro 4 Nós imeachta tástála ([16]) | Euro 5 Leibhéal fuaime ([15]) (dB(A)) | Euro 5 Nós imeachta tástála |
|---|---|---|---|---|---|
| L1e-A | Rothar cumhachtaithe | 63 ([14]) | Gníomh tarmligthe/Rialachán CENAE Uimh. 63 | | Rialachán CENAE Uimh. 63 |
| L1e-B | Móipéid dhá roth $v_{uasta}$ ≤ 25 km/h | 66 | | | |
| | Móipéid dhá roth $v_{uasta}$ ≤ 45 km/h | 71 | | | |
| L2e | Móipéid trí roth | 76 | Gníomh tarmligthe/Rialachán CENAE Uimh. 9 | | Rialachán CENAE Uimh. 9 |
| L3e | Gluaisrothar dhá roth<br>Toilleadh innill ≤ 80 $cm^3$ | 75 | Gníomh tarmligthe/Rialachán CENAE Uimh. 41 | | Rialachán CENAE Uimh. 41 |
| | Gluaisrothar dhá roth<br>80 $cm^3$ < Toilleadh innill ≤ 175 $cm^3$ | 77 | | | |
| | Gluaisrothar dhá roth<br>Toilleadh innill > 175 $cm^3$ | 80 | | | |
| L4e | Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr | 80 | | | |
| L5e-A | Trírothach | 80 | Gníomh tarmligthe/Rialachán CENAE Uimh. 9 | | Rialachán CENAE Uimh. 9 |
| L5e-B | Trírothach tráchtála | 80 | | | |
| L6e-A | Cuad bóthair éadrom | 80 | Gníomh tarmligthe/Rialachán CENAE Uimh. 63 | | Rialachán CENAE Uimh. 63 |
| L6e-B | Cuadghluaisteán éadrom | 80 | Gníomh tarmligthe/Rialachán CENAE Uimh. 9 | | Rialachán CENAE Uimh. 9 |
| L7e-A | Cuad bóthair trom | 80 | | | |
| L7e-B | Cuad uileraoin trom | 80 | | | |
| L7e-C | Cuadghluaisteán trom | 80 | | | |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

*IARSCRÍBHINN VII*

**Marthanacht feistí rialaithe truaillithe**

(A) Míleáiste marthantachta feithiclí de chatagóir L

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Euro 4 míleáiste marthantacha (km) agus Euro 5 míleáiste marthantachta (4) (km) |
|---|---|---|
| L1e-A | — Rothar cumhachtaithe | 5 500 |
| L3e-AxT (x = 1, 2 nó 3) | — Trial-ghluaisrothar dhá roth | |
| L1e-B | — Móipéid dhá roth | 11 000 |
| L2e | — Móipéid trí roth | |
| L3e-AxE (x = 1, 2 nó 3) | — Trial-ghluaisrothar dhá roth | |
| L6e-A | — Cuad bóthair éadrom | |
| L7e-B | — Cuad uilearaoin trom | |
| L3e | — Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr agus gan taobhcharr | 20 000 |
| L4e (7) | ($v_{uasta}$ < 130 km/h) | |
| L5e | — Trírothach | |
| L6e-B | — Cuadghluaisteán éadrom | |
| L7e-C | — Cuadghluaisteán trom | |
| L3e | Gluaisrothar dhá roth le taobhcharr agus gan taobhcharr | 35 000 |
| L4e (7) | ($v_{uasta}$ ≥ 130 km/h) | |
| L7e-A | Cuad bóthair trom | |

(B) Tosca Meatha (DF)

| Catagóir feithicle | Ainm na catagóire feithicle | Euro 4<br>DF (-)<br>DF (-) | | | | Euro 5<br>$DF^{+}$(4) (-) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | CO | HC | $NO_x$ | PM | CO | THC | | NMHC | | $NO_x$ | | PM(17) (4) |
| | | | | | | | PI | CI (18) | PI | CI | PI | CI | CI |
| L1e-L7e | Gach ceann | 1,3 | 1,2 | 1,2 | 1,1 | 1,3 | 1,3 | 1,1 | 1,3 | 1,1 | 1,3 | 1,1 | 1,0 |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

*IARSCRÍBHINN VIII*

**Ceanglais maidir le sábháilteacht fheidhmiúil fheabhsaithe**

| Topaic | Ceanglais |
|---|---|
| Feistiú éigeantach ardchóras coscánaithe | (a) tá córas coscánaithe frithghlasa nó córas comhcheangailte coscánaithe, nó an dá chineál ardchórais choscánaithe, ar rogha an mhonaróra, le feistiú ar ghluaisrothair nua[22] d'fhochatagóir L3e-A1 a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear agus a chuirtear i seirbhís;<br><br>(b) tá córas coscánaithe frithghlasa le feistiú ar ghluaisrothair nua d'fhochatagóirí L3e-A2 agus L3e-A3 a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear agus a chuirtear i seirbhís.<br><br>Díolúine:<br><br>Díolmhaítear L3e-AxE (x = 1, 2, nó 3, gluaisrothair "Enduro" dhá roth) agus L3e-AxT (x = 1, 2 nó 3, trial-ghluaisrothair dhá roth) ó oibleagáid ardchórais coscánaithe a fheistiú. |
| Cúinneáil shábháilte ar bhóithre a bhfuil dromchla crua orthu | Ní mór feithiclí de chatagóir L a thógáil sa dóigh gur féidir le gach ceann de na rothaí rothlú ag luasanna éagsúla i gcónaí chun cúinneáil shábháilte a áirithiú ar bhóithre a bhfuil dromchla crua orthu. Má tá feithicil feistithe le difreálach inghlasaithe, ní mór é sin a bheith deartha le gur féidir é a dhíghlasáil ar an ngnáthbhealach. |
| Infheictheacht na feithicle agus an mharcaigh a fheabhsú trí shoilse a lasadh go huathoibríoch | Chun infheictheacht feithiclí de chatagóir L a fheabhsú, ní mór na nithe seo a leanas a bheith feistithe orthu:<br><br>(a) d'fheithiclí L1e: feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta i gcomhréir le rialachán CENAE Uimh. 74 Rev. 2, lena gceanglaítear go lastar an córas soilsiúcháin go huathoibríoch;<br><br>(b) d'fheithiclí L3e: ar rogha an monaróra feithiclí, feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta i gcomhréir le rialachán CENAE Uimh. 53 Rev. 2, agus leasú 1 agus leasú 2 a rinneadh air, nó, lasadh tiomnaithe soilse i rith an lae (DRL) i gcomhréir le rialachan CENAE Uimh. 87 Rev. 2, agus leasú 1 agus leasú 2 a rinneadh air;<br><br>(c) do gach fo-chatagóir eile d'feithiclí de chatagóir L: córas soilsiúcháin a lastar go huathoibríoch nó, ar rogha an mhonaróra, lasadh tiomnaithe soilse i rith an lae a lastar go huathoibríoch[23]. |

| Topaic | Ceanglais |
|---|---|
| (Iarscríbhinn II (B) 3) Sábháilteacht leictreach | Maidir le feithiclí de chatagóir L, a mhéid a bhaineann leis an ngléasra cumhachta nuair atá siad feistithe le ceann amháin nó níos mó de mhótair tarraingthe arna n-oibriú le cumhacht leictreach agus nach bhfuil nasctha go buan leis an eangach, agus a mhéid a bhaineann lena gcomhpháirteanna agus córais ardvoltais atá nasctha go galbhánach le busbarra ardvoltais an ghléasra cumhachta leictrigh, déanfar iad a dhearadh sa chaoi agus go seachnófar aon riosca do shábháilteacht leictreach trí leas a bhaint as na ceanglais ábhartha de Rialachán CENAE Uimh. 100 agus ISO 13063. |
| (Iarscríbhinn II (B) 4) Ceanglais maidir le dearbhú an mhonaróra i ndáil le tástáil seasmhachta córas, páirteanna agus trealamh sábháilteachta feidhmiúla | Déanfaidh monaróir na feithicle, laistigh de 5 bliana ó chéadchlárú na bhfeithiclí, a dhearbhú go mbeidh feithiclí a tháirgtear i gcomhréir le hAirteagal 22(2) in ann an ghnáthúsáid atá beartaithe di a sheasamh, ar a laghad, ar feadh an achair taistil mar atá sonraithe thíos.<br><br>Is é an t-achar a bheidh ann ná 1,5 oiread an achair amhail a shonraítear in Iarscríbhinn VII i gcoibhneas díreach leis an gcatagóir feithicle atá i gceist agus an chéim astaíochta (i.e. an leibhéal euro) ar dá réir atá an fheithicil le cineálcheadú; ní bheidh an fad a éilítear níos mó ná 60 000 km, áfach, d'aon chatagóir feithicle. |
| (Iarscríbhinn II (B) 5) Ceanglais maidir le struchtúir chosanta tosaigh agus cúil | Déanfar feithiclí de chatagóir L, i dtaca lena struchtúir tosaigh agus lena struchtúir cúil, a dhearadh sa chaoi go seachnaítear aon pháirteanna nó starráin, atá gobach nó géar, a bheith orthu a bhfuil a n-aghaidh amach agus ar dóchúil, i gcás imbhuailte, go ngabhfaidís i bhfostú in úsáideoirí bóthair íogaireacha nó go méadóidís go suntasach tromchúise na ngortuithe nó an riosca stollta do na húsáideoirí sin.<br><br>Tá sé seo infheidhme do struchtúr tosaigh chomh maith le struchtúr cúil na feithicle. |
| (Iarscríbhinn II (B) 10) Pointí ancaireachta criosanna sábhála agus criosanna sábhála | Ceanglais éigeantacha maidir le pointí ancaireachta criosanna sábhála agus le criosanna sábhála a shuiteáil ar fheithiclí de chatagóirí L2e, L5e, L6e agus L7e atá feistithe le cabhail. |
| (Iarscríbhinn II (B) 15) Ceanglais maidir le cosaint do dhaoine atá i bhfeithiclí, lena n-áirítear feistí inmheánacha agus doirse na feithicle | Déanfar feithicilí de chatagóirí L2e, L5e, L6e agus L7e, atá feistithe le cabhail, a dhearadh sa chaoi go seachnaítear aon pháirteanna nó starráin, atá gobach nó géar, a bheith orthu ar dóchúil go méadóidís go suntasach tromchúise na ngortuithe don tiománaí agus do na paisinéirí.<br><br>Déanfar feithiclí a bhfuil doirse feistithe orthu a dhearadh sa chaoi go gcinnteofar go ndéanfar na doirse sin a thógáil leis na laistí agus insí ábhartha orthu. |
| (Iarscríbhinn II (B) 17) Ceanglais maidir le sláine struchtúr na feithicle | I gcás aisghlao de bharr riosca thromchúisigh sábháilteachta, dearbhóidh monaróir na feithicle go ndéanfar sain-anailís ar struchtúir, comhpháirteanna agus/nó páirteanna na feithicle trí bhíthin ríomhanna innealtóireachta, modhanna tástála fíorúla agus/nó tástáil struchtúracha a chur ar fáil láithreach don údarás cineálcheadaithe agus don Choimisiún, arna iarraidh sin dóibh. Ní dhéanfar cineálcheadú feithicle a dheonú má tá cúis amhrais ann faoin monaróir feithiclí a bheith in ann an anailís sin a sholáthar. |

NB: féach deireadh Iarscríbhinn VIII chun forléargas a fháil ar na nótaí a ghabhann leis na hIarscríbhinní.

**Nótaí míniúcháin d'Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn VIII**

(1) Tá na teorainneacha cumhachta in Iarscríbhinn I bunaithe ar uaschumhacht rátaithe leantach le haghaidh feithiclí le modh tiomána leictreach agus ar uas-ghlanchumhacht le haghaidh feithiclí le modh tiomána innill dócháin. Meastar meáchan feithicle a bheith comhionann lena mhais in ord reatha.

(2) Maidir le feithicil de chatagóir L3e a fho-aicmiú de réir a luas dearaidh feithicle a bheith níos lú ná nó comhionann le 130 km/h nó níos mó ná 130 km/h, tá sé sin neamhspleách ar í a fho-aicmiú in aicmí feidhmíochta tiomána L3e-A1 (cé nach dócha go mbainfidh na feithiclí sin luas 130 km/h amach), L3e-A2 nó L3e-A3.

(3) Ciallaíonn "X" go leagtar síos ceanglais éigeantacha sa Rialachán seo maidir leis an ábhar agus leis an gcatagóir lena mbaineann; tá na ceanglais mhionsonraithe leagtha síos sna hairteagail thagartha agus sna tagairtí do dhoiciméid sa tábla seo.

Ciallaíonn "IF" "má tá sé feistithe". Má tá an córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh dá dtagraítear sa tábla feistithe ar an bhfeithicil, ach nach bhfuil sé sin éigeantach ach do chuid de na feithiclí a thagann faoi réim na catagóire seo, comhlíonfaidh an córas, comhpháirt nó aonad teicniúl ar leithligh sin na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe agus i ngníomhartha cur chun feidhme. Ar an gcaoi chéanna, má roghaníonn an monaróir feithiclí, ar bhonn deonach, an fheithicil a fheistiú leis an gcóras, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh, comhlíonfaidh an córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh sin na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe agus i ngníomhartha cur chun feidhme.

Nuair a bheidh réimse den tábla fágtha folamh, ciallaíonn sé nach leagtar síos aon cheanglais sa Rialachán seo maidir leis an ábhar agus leis an gcatagóir lena mbaineann.

(4) Féach Airteagal 23(4) agus (5).

(5) Má tá gné stoptha/tosaithe feistithe san inneall (hibrideach)/sna hinnill (hibrideacha), ní mór don mhonaróir a áirithiú go bhfuil an t-inneall dócháin ag rith ag luas réchasta agus ag luas méadaithe réchasta. Ní mór an fheithicil a bheith in ann an tástáil shaor-luasghéaraithe a rith maidir le modhanna tiomána ina bhfuil inneall CI.

(6) Treoir 2009/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le trialacha ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí (IO L 141, 6.6.2009, lch. 12).

(7) Is é an bonn-ghluaisrothair dhá roth ar a bhfuil taobhcharr feisithe amháin a chaithfidh teorainneacha astaíochtaí a chomhlíonadh.

(8) CI amháin, freisin, mar shampla, má tá inneall CI i bhfeithicil hibrideach.

(9) Infheidhme maidir le hinnill insteallta dírigh (DI) peitril amháin.

(10) Sa staidéar ar an tionchar ar an gcomhshaol in Airteagal 23(4) agus (5), tuairsceofar freisin ar a indéanta atá sé tástálacha ar astaíochtaí a dhéanamh ar fheithiclí de chatagóir L nach feithiclí de chatagóirí L3e, L5e-A agus L7e-A iad de réir an timthrialla WMTC athbhreithnithe.

(11) Innill PI a imíonn le peitreal, le cumaisc pheitril nó le heatánól.

(12) Déanfar a chostéifeachtaí atá rialú ar astaíochtaí galaithe a mheasúnú sa staidéar ar an tionchar ar an gcomhshaol atá le cur i gcrích don Choimisiún, amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(4) agus (5). Sa staidéar céanna sin, déanfar measúnú an bhféadfadh tástáil chostéifeachtach i dtaca le humar galaitheach breosla agus le tréscaoileadh soláthair breosla a mheasúnú ionad na tástála SHED a ghlacadh i gcás feithiclí d'fhochatagóirí nach raibh faoi réir tástála d'astaíochtaí galaithe roimhe sin, féach Airteagal 23(4) agus (5).

(13) $v_{uasta} \geq 130$ km/h.

(14) Go dtí go n-aontóidh an tAontas do rialacháin CENAE Uimh. 9, 41, 63 agus 92 agus go nglacann sé na rialacháin sin in UNECE WP29 agus san Aontas, lena n-áirítear na teorainneacha fuaime coibhéiseacha i gcomhair chéim Euro 4 (e.g. mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le rialachán CENAE Uimh. 41 le haghaidh gluaisrothair L3e agus L4e é), comhlíonfaidh feithiclí de chatagóir L na teorainneacha amhail mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI (D). Nuair a ghlacfaidh an tAontas rialacháin CENAE Uimh. 9, 41, 63 agus 92, beidh siad éigeantach agus áiritheofar teorainneacha fuaime coibhéiseacha i measc na dteorainneacha a liostaítear in Iarscríbhinn VI (D) agus glacfaidh siad ionad na nósanna imeachta tástála sa ghníomh tarmligthe maidir leis na ceanglais ar fheidhmíocht chomhshaoil agus an mhodha tiomána.

(15) Tá teorainneacha fuaime Euro 5 TBD le modhnú i ngníomh ar leithligh arna ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(16) Tá na nósanna imeachta maidir leis an tástáil fuaime le fáil i ngníomh tarmligthe a glacadh de bhun an Rialacháin seo agus glacfaidh rialacháin CENAE uimh. 9, 41, 63 agus 92 ionad an ghnímh sin.

(17) D'innill PI, DI agus CI amháin.

(18) Tá feidhm aige freisin maidir le feithiclí hibrideacha.

(19) Féach Iarscríbhinn V mar a bhfuil tuairisc ar an gcineál tástála, na tagairtí do na luachanna teorann agus na nósanna imeachta do chineál tástála I go IX.

(20) D'fheithiclí faoi thiomáint leictreach/d'fheithiclí hibrideacha leictreacha: ní ann do cheanglais fuaime ach amháin d'fheithiclí tostacha.

(21) Féach Iarscríbhinn IV mar a bhfuil na dátaí cur i bhfeidhm do na ceanglais maidir le sábháilteacht fheabhsaithe.

(22) Tá feithiclí de chatagóir L4e (gluaisrothair le taobhcharr) eisiata ó cheanglais (a) agus (b) maidir le feistiú éigeantach ardchóras coscánaithe.

(23) Chun inneall dócháin a chur ar siúl, féadfar an córas soilsiúcháin a mhúchadh le linn tréimhse chasadh an innill ar feadh tréimhse leantach atá níos lú ná nó comhionann le 10 s.

*IARSCRÍBHINN IX*

**Tábla comhghaoil**

**(dá dtagraítear in Airteagal 81)**

| Treoir 2002/24/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1(1), an chéad fhomhír | Airteagal 2(1) |
| Airteagal 1(1), an dara fomhír | Airteagal 2(2) |
| Airteagal 1(1), an tríú fomhír | Airteagal 1(1), an dara fomhír |
| Airteagal 1(2) agus (3) | Airteagal 2(1), Airteagal 4, Iarscríbhinn I |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 | Airteagal 26 agus Airteagal 27 |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 29(1) agus (2), Airteagal 18 |
| Airteagal 4(2) | Airteagal 29(1), Airteagal 33 |
| Airteagal 4(3) | Airteagal 33(3) |
| Airteagal 4(4) | — |
| Airteagal 4(5) | Airteagal 33(1) agus (3) |
| Airteagal 4(6) | Airteagal 29(3) |
| Airteagal 5(1) | Airteagal 29(10) agus Airteagal 30(3) |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 29(10) |
| Airteagal 5(3) | Airteagal 29(4) |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 29(5) |
| Airteagal 6(2), an chéad fhomhír | Airteagal 29(7) |
| Airteagal 6(2), an dara fomhír | Airteagal 29(8) |
| Airteagal 7(1), an chéad fhomhír | Airteagal 38(1) |
| Airteagal 7(1), an dara fomhír | Airteagal 38(2) |
| Airteagal 7(2) | — |
| Airteagal 7(3) | Airteagal 56(2) |
| Airteagal 7(4) | Airteagal 39(2) |
| Airteagal 7(5) | Airteagal 56(2), an chéad fhomhír |
| Airteagal 7(6) | Airteagal 56(2), an dara fomhír |
| Airteagal 8(1) | Airteagal 39(1) |
| Airteagal 8(2) | Airteagal 39(2) |
| Airteagal 9(1) | Airteagal 9 agus Airteagal 37(4) |
| Airteagal 9(2) | Airteagal 34(1) |
| Airteagal 9(3) | Airteagal 34(1) agus (3) |
| Airteagal 9(4) | Airteagal 35 agus Airteagal 36 |

| Treoir 2002/24/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 9(5) | Airteagal 37(4) |
| Airteagal 10(1) | Airteagal 49(1) |
| Airteagal 10(2) | Airteagal 49(3) |
| Airteagal 10(3) | Airteagal 49(6) |
| Airteagal 10(4) | Airteagal 49(7) |
| Airteagal 11 | — |
| Airteagal 12 | Airteagal 48 |
| Airteagal 13 | — |
| Airteagal 14(1)(a) | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 14(1)(b)(i) | Airteagal 67(1), Airteagal 64 |
| Airteagal 14(1)(b)(ii) | — |
| Airteagal 14(2), an chéad fhomhír | — |
| Airteagal 14(2), an dara fomhír | Airteagal 63(3) |
| Airteagal 15(1) agus (2) | Airteagal 6(2) agus (3) |
| Airteagal 15(3), an chéad fhomhír, pointe (a)(i) | Airteagal 42 |
| Airteagal 15(3), an chéad fhomhír, pointe (a)(ii) | Airteagal 2(2)(e) |
| Airteagal 15(3), an dara fomhír | — |
| Airteagal 15(3)(b) | — |
| Airteagal 15(4) | — |
| Airteagal 16(1) agus (2) | Airteagal 44 |
| Airteagal 16(3) | Airteagal 40 |
| Airteagal 17 | Airteagal 72, Airteagal 74 agus Airteagal 75 |
| Airteagal 18(1) | Airteagal 73(1) |
| Airteagal 18(2) | Airteagal 73(2) |
| Airteagal 19 | — |
| Airteagal 20 | — |
| Airteagal 21 | Airteagal 77(1) |
| Airteagal 22 | — |
| Airteagal 23 | — |
| Airteagal 24 | — |

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

## an 11 Bealtaine 2012

## maidir le comhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát do dhéanamh scrúdú ar an leasú ar na Conarthaí arna mholadh ag Rialtas na hÉireann i bhfoirm Prótacail maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan Coinbhinsiún a chomóradh

(2013/106/AE)

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 48(3) de,

Ag féachaint don togra le haghaidh leasaithe ar na Conarthaí a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ag Rialtas na hÉireann an 20 Iúil 2011 agus a cuireadh faoi bhráid na Comhairle Eorpaí ag an gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2011,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa gan Coinbhinsiún a thionól ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([2]),

Tar éis di an togra a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 18-19 Meitheamh 2009, rinne Ceannairí Stáit nó Rialtais 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí, Cinneadh a ghlacadh maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann i dtaca le Conradh Liospóin agus dhearbhaigh siad, tráth a dtabharfar an chéad Chonradh aontachais eile i gcrích, go leagfaidís amach forálacha an Chinnidh sin i bprótacal a chuirfear i gceangal, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach, leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(2) An 20 Iúil 2011, rinne Rialtas na hÉireann togra a thíolacadh i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 48(2) CAE, ar togra é chun na Conarthaí a leasú i bhfoirm Prótacail maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin.

(3) An 12 Deireadh Fómhair 2011, i gcomhréir leis an tríú habairt d'Airteagal 48(2) CAE, chuir an Chomhairle togra Rialtas na hÉireann chuig an gComhairle Eorpach. Cuireadh in iúl é do na parlaimintí náisiúnta freisin.

(4) Ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Deireadh Fómhair 2011, chinn an Chomhairle Eorpach, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 48(3) CAE, go rachadh sí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún maidir leis na leasuithe arna mbeartú. Chinn sí freisin, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 48(3) CAE, toiliú a iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa gan Coinbhinsiún a chomóradh toisc, ina tuairim, nach raibh bonn cirt le Coinbhinsiún den sórt sin a chomóradh de bharr raon na leasuithe arna mbeartú.

(5) An 18 Aibreán 2012, ghlac Parlaimint na hEorpa tuairim fhabhrach maidir leis na leasuithe arna mbeartú. Thug sí a toiliú freisin gan Coinbhinsiún a chomóradh toisc nach bhfuil bonn cirt leis de bharr raon na leasuithe arna mbeartú. An 4 Bealtaine 2012, ghlac an Coimisiún tuairim fhabhrach maidir leis na leasuithe arna mbeartú.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 48(3) CAE, go gcinnfidh an Chomhairle Eorpach gur cheart go ndéanfadh comhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát scrúdú ar na leasuithe arna mbeartú ag Rialtas na hÉireann, téarmaí tagartha na comhdhála a shainiú agus a chinneadh gan Coinbhinsiún a chomóradh,

([1]) Toiliú an 18 Aibreán 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Tuairim an 18 Aibreán 2012 ( nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([3]) Tuairim an 4 Bealtaine 2012 ( nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cinneann an Chomhairle Eorpach leis seo go ndéanfaidh comhdháil d'ionadaithe rialtais na mBallstát scrúdú ar na leasuithe arna mbeartú ag Rialtas na hÉireann i bhfoirm Prótacail maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa fhriotal mar atá i gceangal leis an gCinneadh seo, a bheidh mar théarmaí tagartha na comhdhála sin. I bhfianaise raon na leasuithe arna mbeartú, ní chomórfar Coinbhinsiún faoi Airteagal 48(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a nglacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil 11 Bealtaine 2012.

*Thar ceann na Comhairle Eorpaí*

*An tUachtarán*

H. VAN ROMPUY

## PRÓTACAL

### maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin

TÁ RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

dá ngairtear "NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA" anseo feasta,

AG MEABHRÚ DÓIBH an Chinnidh ó Cheannairí Stáit nó Rialtais 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí, an 18-19 Meitheamh 2009, maidir leis an imní atá ar mhuintir na hÉireann faoi Chonradh Liospóin;

AG MEABHRÚ DÓIBH an dearbhaithe ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí, an 18-19 Meitheamh 2009, go ndéanfaidís, an tráth a thabharfaí an chéad Chonradh Aontachais eile i gcrích, forálacha an Chinnidh sin a leagan amach i bPrótacal a chuirfí ag gabháil, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach, leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur shínigh na hArdpháirtithe Conarthacha an Conradh idir na hArdpháirtithe Conarthacha agus Poblacht na Cróite i dtaobh aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

TEIDEAL I

## AN CEART CHUN NA BEATHA, AN TEAGHLACH AGUS OIDEACHAS

*Airteagal 1*

Ní dhéanann aon ní i gConradh Liospóin lena dtugtar stádas dlíthiúil do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ná aon ní i bhforálacha an Chonartha sin i réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais, difear ar aon dóigh do raon feidhme ná d'infheidhmeacht chaomhnú an chirt chun na beatha in Airteagal 40.3.1, 40.3.2 agus 40.3.3, do raon feidhme ná d'infheidhmeacht chaomhnú an teaghlaigh in Airteagal 41 ná do raon feidhme ná d'infheidhmeacht chaomhnú na gceart i leith oideachais in Airteagail 42 agus 44.2.4 agus 44.2.5 a thugtar le Bunreacht na hÉireann.

TEIDEAL II

## CÁNACHAS

*Airteagal 2*

Ní dhéanann aon ní i gConradh Liospóin aon athrú d'aon saghas, le haghaidh aon Bhallstáit, ar réim ná ar oibriú inniúlacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le cánachas.

TEIDEAL III

## SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

*Airteagal 3*

Tá gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar phrionsabail an daonlathais, an smachta reachta, uilechoitinne agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí, an mheasa ar dhínit an duine, ar phrionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus ar an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

Is cuid dhílis den chomhbheartas eachtrach agus slándála é comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais agus cuireann sé cumas oibríochtúil ar fáil don Aontas chun tabhairt faoi mhisin lasmuigh den Aontas a bhaineann leis an tsíochánaíocht, le coinbhleachtaí a chosc agus leis an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

Ní dhéanann sé dochar do bheartas slándála agus cosanta gach Ballstáit, lena n-áirítear Éire, ná d'oibleagáidí aon Bhallstáit.

Ní dhéanann Conradh Liospóin difear ná dochar do bheartas traidisiúnta na hÉireann maidir le neodracht mhíleata.

Is faoi Bhallstáit — lena n-áirítear Éire, ag gníomhú di de mheon na dlúthpháirtíochta agus gan dochar dá beartas traidisiúnta maidir le neodracht mhíleata — a bheidh sé cineál an chúnaimh nó na cabhrach a chinneadh a chuirfear ar fáil do Bhallstát a fhulaingíonn ionsaí sceimhlitheoireachta nó a ndéantar ionsaí armtha ar a chríoch air.

Is gá cinneadh d'aon toil ón gComhairle Eorpach chun go ndéanfaí aon chinneadh gluaiseacht chuig comhchosaint. Is faoi na Ballstáit, lena n-áirítear Éire, a bheadh sé a chinneadh, i gcomhréir le forálacha Chonradh Liospóin agus lena rialacha bunreachtúla faoi seach, an nglacfar nó nach nglacfar comhchosaint.

Ní dhéanann aon ní sa Teideal seo difear ná dochar do sheasamh ná do bheartas aon Bhallstáit eile maidir le slándáil agus cosaint.

Is faoi gach Ballstát atá sé freisin a chinneadh, i gcomhréir le forálacha Chonradh Liospóin agus le haon cheanglais dhlíthiúla baile, an nglacfar páirt i mbuanchomhar struchtúrtha nó sa Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

Ní dhéantar foráil le Conradh Liospóin maidir le harm Eorpach a chruthú ná maidir le coinscríobh chun aon eagair mhíleata.

Ní dhéanann sé difear do cheart na hÉireann ná aon Bhallstáit eile cineál agus méid a caiteachais nó a chaiteachais cosanta agus slándála agus cineál a cumas nó a chumas cosanta a chinneadh.

Is faoi Éirinn nó faoi aon Bhallstát eile a bheidh sé a chinneadh, i gcomhréir le haon cheanglais dhlíthiúla baile, an nglacfaidh nó nach nglacfaidh sí nó sé páirt in aon oibríocht mhíleata.

TEIDEAL IV

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 4*

Fanfaidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag na hArdpháirtithe Conarthacha go dtí an 30 Meitheamh 2012.

Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an bPrótacal seo, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach, agus, mura mbeidh an Prótacal seo tagtha i bhfeidhm faoi dháta aontachais Phoblacht na Cróite leis an Aontas

Eorpach, déanfaidh Poblacht na Cróite daingniú ar an bPrótacal seo i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an 30 Meitheamh 2013 más féidir, ar an gcoinníoll go mbeidh gach ionstraim daingniúcháin taiscthe, nó, ina éagmais sin, ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de na Ballstáit a dhéanfaidh an taisceadh sin.

*Airteagal 5*

Tarraingíodh an Prótacal seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs acu sin; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an rialtas sin cóip dheimhnithe chuig rialtas gach ceann eile de na Ballstáit.

A luaithe a bheidh Poblacht na Cróite tar éis teacht faoi cheangal ag an bPrótacal seo de bhun Airteagal 2 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite, déanfar téacs an Phrótacail seo sa Chróitis, a mbeidh comhúdarás aige leis na téacsanna dá dtagraítear sa chéad mhír, a thaisceadh freisin i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an rialtas sin cóip dheimhnithe chuig rialtas gach ceann eile de na Ballstáit.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

Съставено в Брюксел на тринадесети юни две хиляди и дванадесета година.

Hecho en Bruselas, el trece de junio de dos mil doce.

V Bruselu dne třináctého června dva tisíce dvanáct.

Udfærdiget i Bruxelles den trettende juni to tusind og tolv.

Geschehen zu Brüssel am dreizehnten Juni zweitausendzwölf.

Kahe tuhande kaheteistkümnenda aasta juunikuu kolmeteistkümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκα τρεις Ιουνίου δύο χιλιάδες δώδεκα.

Done at Brussels on the thirteenth day of June in the year two thousand and twelve.

Fait à Bruxelles, le treize juin deux mille douze.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an tríú lá déag de Mheitheamh an bhliain dhá mhíle agus a dó dhéag.

Fatto a Bruxelles, addì tredici giugno duemiladodici.

Briselē, divi tūkstoši divpadsmitā gada trīspadsmitajā jūnijā.

Priimta du tūkstančiai dvyliktų metų birželio tryliktą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-tizenkettedik év június havának tizenharmadik napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tlettax-il jum ta’ Ġunju tas-sena elfejn u tnax.

Gedaan te Brussel, de dertiende juni tweeduizend twaalf.

Sporządzono w Brukseli dnia trzynastego czerwca roku dwa tysiące dwunastego.

Feito em Bruxelas, em treze de junho de dois mil e doze.

Întocmit la Bruxelles la treisprezece iunie două mii doisprezece.

V Bruseli dňa trinásteho júna dvetisícdvanásť.

V Bruslju, dne trinajstega junija leta dva tisoč dvanajst.

Tehty Brysselissä kolmantenatoista päivänä kesäkuuta vuonna kaksituhattakaksitoista.

Som skedde i Bryssel den trettonde juni tjugohundratolv.

Voor het Koninkrijk België
Pour le Royaume de Belgique
Für das Königreich Belgien



Deze handtekening verbindt eveneens de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschap, de Duitstalige Gemeenschap, het Vlaamse Gewest, het Waalse Gewest en het Brussels Hoofdstedelijk Gewest.


Cette signature engage également la Communauté française, la Communauté flamande, la Communauté germanophone, la Région wallone, la Région flamande et la Région de Bruxelles-Capitale.

Diese Unterschrift bindet zugleich die Deutschsprachige Gemeinschaft, die Flämische Gemeinschaft, die Französische Gemeinschaft, die Wallonische Region, die Flämische Region und die Region Brüssel-Hauptstadt.

За Република България



Za Českou republiku




For Kongeriget Danmark



Für die Bundesrepublik Deutschland



Eesti Vabariigi nimel



Thar cheann Na hÉireann
For Ireland




Για την Ελληνική Δημοκρατία



Por el Reino de España



Pour la République française



Per la Repubblica italiana



Για την Κυπριακή Δημοκρατία




Latvijas Republikas vārdā –



Lietuvos Respublikos vardu




Pour le Grand-Duché de Luxembourg




Magyarország részéről



Għal Malta



Voor het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Republik Österreich



W imieniu Rzeczypospolitej Polskiej



Pela República Portuguesa



Pentru România



Za Republiko Slovenijo



Za Slovenskú republiku



Suomen tasavallan puolesta
För Republiken Finland



För Konungariket Sverige



For the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland

## CEARTÚCHÁN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 201 an 27 Iúil 2012)*

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)*

Ar leathanach 132, Airteagal 78(1):

*in ionad:* “1. Faoin 16 Eanáir 2014, cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas i bhfios don Choimisiún: …”,

*léitear:* “1. Faoin 16 Samhain 2014, cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas i bhfios don Choimisiún: …”.

## COSTAS SÍNTIÚIS 2013 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 300 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 420 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 910 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 100 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heagráin Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh ar an Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

## Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA